

‘An bhfuil athghabháil na Gaeilge mar skopos i
ndrámaí aistrithe na Gaeilge?
Anailís fheidhmiúlach ar chnuasach aistriúchán
Gaeilge ó dhrámaí de chuid Martin McDonagh agus
J.M. Synge.’

An Dr Jamie Murphy BINT, MA, PhD


Tráchtas PhD a cuireadh faoi bhráid Fiontar & Scoil na
Gaeilge, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Stiúrthóirí: An tOllamh Ciarán Mac Murchaidh &
an Dr Éadaoin Ní Mhuircheartaigh

Iúil 2023

Ráiteas bradaíola/Declaration

Dearbháim leis seo gurb é mo shaothar féin amháin an t-ábhar seo atá á leagan isteach agam i gcomhair measúnaithe ar an gclár staidéir le haghaidh na dámhachtana PhD, agus go bhfuil gach cúram réasúnach glactha agam a dheimhniú, ar feadh m'eolais, gur saothar bunaidh é seo nach sáraíonn aon dlí cóipchirt, agus nár baineadh as saothar aon duine eile é ach amháin agus a mhéid go luaitear agus go n-aithnítear an saothar sin laistigh de théacs mo shaothairse.

Sínithe:  (Iarrthóir)

Uimhir aitheantais: 14210446

Dáta: 18/7/2023

Buíochas

Agus an tráchtas seo á chur i gcrích agam, ní mór dom ag an bpointe seo, buíochas a ghabháil le mo thuismitheoirí, Patrick agus Maria Murphy, mar is leis an gcabhair, tuiscint agus tacaíocht uathu siúd a bhí mé in ann mo chuid oideachais go dtí seo a bhaint amach. Duine eile ar mhaith liom buíochas a ghabháil léi is ea mo sheanmháthair, a chuaigh ar shlí na fírinne an 22 Bealtaine 2020, mar is í siúd an té a spreag grá don Ghaeilge ionam agus a mhol dom leanúint leis an teanga álainn, shoilbhir seo.

Ina theannta sin, gabhaim buíochas leis an Ollamh Ciarán Mac Murchaidh agus leis an Dr Éadaoin Ní Mhuircheartaigh as a gcuid cabhrach, tacaíochta agus na moltaí go léir a thug siad dom le linn dom an tráchtas seo a scríobh. Beidh mé buíoch díbh as sin de shíor.

Chomh maith leo siúd, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis na daoine seo a leanas:

An tOllamh Dorothy Kenny
An tOllamh Máirín Nic Eoin
An Dr Caoimhe Nic Lochlainn
An Dr Gearóidín Uí Laighléis
An Dr Pádraigín Riggs
Ursa Kimovec
Micheál Ó Conghaile
Seán Ó Morónaigh
An Grúpa Taighde, Gaois
An fhoireann go léir in Fiontar & Scoil na Gaeilge
An fhoireann go léir in The Abbey Theatre Digital Archive, Ollscoil na Gaillimhe
An fhoireann go léir sna Bailiúcháin Speisialta, DCU
Carlann Náisiúnta na hÉireann

Nóta eagarthóireachta

Anuas ar an ngluais seo, is fiú a lua go mbainfear úsáid as inscne ghramadaí an fhocail síos tríd sa tráchtas. I gcás go mbeidh an forainm firinscneach in úsáid, ní chiallaíonn sé sin gur ag tagairt d'fhear amháin atáthar ach d'inscne ghramadaí Ghaeilge an fhocail féin. Féach seo, mar shampla:

*If a **translator** decides to opt for a functionalist approach when translating, **s/he** could employ Skopos theory thinking before translating the text.*

*Má bheartaíonn **aistritheoir** cur chuige an fheidhmiúlachais a chur i bhfeidhm agus é ag aistriú, seans go bhféadfadh **sé** úsáid a bhaint as smaointeoireacht theoric Skopos roimh **dó** an téacs a aistriú.*

San abairt roimhe seo, creidtear go bhféadfadh **bean** nó **fear** a bheith i gceist cé nach léirítear a leithéid. Níl i gceist anseo ach slachtmhaireacht ó thaobh leagan amach de sa Ghaeilge síos tríd sa tráchtas.

Mar aon leis sin, i roinnt de na samplaí arna n-anailísiú i gCaibidlí 4 agus 5, bhí botúin fhollasacha i gcuid acu. Ar mhaithe le héascaíocht na léitheoireachta agus chun nach mbeidh an téacs a phlódú le '[sic]', fágadh na botúin ann ach amháin má bhí míthuiscint shoiléir ann. De cheal caighdeán oifigiúil nuair a aistríodh cuid de na drámaí aistrithe, ba dheacair leanúnachas a dheimhniú ó thaobh litrithe nó gramadaí de i gcásanna áirithe. Níl an ghné sin mar chuid den anailís chomparáide seo, ach ní mór an pointe sin a chur in iúl anseo.

Ráiteas bradaíola/Declaration	2
Buíochas	3
Nóta eagarthóireachta	4
Gluais agus giorrúcháin	7
Tábla A	10
Abstract	11
Caibidil 1	15
1.1 Aistriúchán a mhíniú	15
1.2 An choibhéis san aistriúchán	22
1.3 Teoiric Skopos — an Feidhmiúlachas	29
1.3.1 Critic ar theoiric Skopos	45
1.4 Feidhm móide Dílseacht san Aistriúchán	50
Caibidil 2	57
2.1 Aistriúchán i gcomhthéacs mionteangacha	57
2.2 Comhthéacsú na ndrámaí aistrithe	62
2.3 Léargas ar Dhrámaí Aistrithe na Gaeilge	64
2.3.1 Aistriúchán i ndrámáíocht na Gaeilge sa 20ú haois	65
Tábla B	70
2.3.2 An caidreamh leis an aistriúchán i litríocht na Gaeilge	71
2.3.3 Dearcadh i leith an aistriúcháin sa drámáíocht	73
2.3.4 An t-oideachas, an bholscaireacht agus an náisiúnachas mar aidhmeanna	77
2.3.5 Bréagnú na steiréitíopála diúltaí mar aidhm	80
2.3.6 An fhéin-sainaitheint mar aidhm	81
2.3.7 An pointe tagartha mar aidhm	82
2.3.8 Athghabháil na teanga mar aidhm	83
Caibidil 3	87
3 Modheolaíocht na hAnailíse	87
3.1 Príomhcheisteanna an Tráchtais	87
3.2 Réamhrá Modheolaíochta agus Aidhmeanna Sonracha an Tráchtais	88
3.3 Fráma anailíse cuí a roghnú	90
3.4 Cur Síos ar Mhodheolaíocht Nord	98
Tábla C	101
Tábla D	108
3.5 Cur chuige sainleasaithe don tráchtas seo	109
Tábla E	111
Caibidil 4	118
Anailís	118
4 Martin McDonagh	118
4.1 Gnéithe seachthéacsúla — <i>The Beauty Queen of Leenane</i> , <i>The Lonesome West</i> agus <i>The Cripple of Inishmaan</i>	118
4.2 Gnéithe seachthéacsúla — <i>Banríon Álainn an Líonáin</i> , <i>Ualach an Uaignis</i> agus	

<i>Cripil Inis Meáin</i>	122
4.3 Glacadh na mbundrámaí	126
4.4 Glacadh na n-aistriúcháin	129
4.5 Léargas ar na bundrámaí	131
4.6 Léargas ar na haistriúcháin	135
4.7 Nótaí faoi na gnéithe neamhbhriathartha agus osteascánacha sna buntéacsanna agus sna aistriúcháin	140
4.8 Foclaíocht agus comhréir na mbuntéacsanna agus na n-aistriúcháin	148
4.8.1 Réamhrá	148
4.8.2 Eiseamláirí den fhoclaíocht sna buntéacsanna agus sna haistriúcháin	152
4.8.3 Eiseamláirí den chomhréir sna buntéacsanna agus sna haistriúcháin	164
4.9 Plé ar athghabháil na Gaeilge mar skopos i saothair aistrithe McDonagh	175
Caibidil 5	191
5 John Millington Synge	191
5.1 Gnéithe seachthéacsúla — <i>The Playboy of the Western World, Deirdre of the Sorrows, In the Shadow of the Glen, Riders to the Sea</i> agus <i>The Tinker's Wedding</i>	191
5.2 Gnéithe seachthéacsúla — Aistritheoirí shaothair Synge	207
5.3 Glacadh na mbundrámaí	216
5.4 Glacadh na n-aistriúcháin	224
5.5 Léargas ar na bundrámaí	228
5.6 Léargas ar na haistriúcháin	239
5.7 Nótaí faoi na gnéithe neamhbhriathartha agus na gnéithe osteascánacha sna buntéacsanna agus sna aistriúcháin	245
5.8 Foclaíocht agus comhréir na mbuntéacsanna agus na n-aistriúcháin	251
5.8.1 Réamhrá	251
5.8.2 Eiseamláirí den fhoclaíocht sna bundrámaí agus aistriúcháin	252
5.8.3 Eiseamláirí den chomhréir sna buntéacsanna agus sna aistriúcháin	262
5.9 Plé ar athghabháil na Gaeilge mar skopos i saothair aistrithe Synge	294
Conclúid	308
Leabharliosta	312
Foinsí príomha	312
Foinsí tánaisteacha	313
Suíomhanna Gréasáin	327
Nuachtáin chlóite & ar líne agus tagairtí cartlainne	327

Gluais agus giorrúcháin

Gaeilge/Giorrúchán	Béarla/Giorrúchán
Abairt ábhair	Topic sentence
ÁNDT / Áilteoir	Áilteoir na Dúiche Thiar
Athghabháil teanga	Language reclamation
Aistreolaí	Translatologist
Aistriúchán comhfheidhmeach	Equifunctional translation
Aistriúchán doiciméadach	Documentary translation
Aistriúchán follas	Overt translation
Aistriúchán friotaíoch	Resistant translation
Aistriúchán frith-mheabhlach	Anti-illusory translation
Aistriúchán heitrefheidhmeach	Heterofunctional translation
Aistriúchán homalógach	Homologous translation
Aistriúchán ionstraimeach	Instrumental translation
Aistriúchán líofa	Fluent translation
Aistriúchán meabhlach	Illusory translation
Aistriúchán neamhfhollas	Covert translation
Aistriúchán poileimiciúil	Polemical translation
An dúchasú	Domestication
An t-eachtrannú	Foreignisation
Anailís dhiúltach	Negative analytic
Anailís Téacsanna san Aistriúchán	Text Analysis in Translation
Bá guta	Vowel elision
BÁL	<i>Banríon Álainn an Líonáin</i>
BQL	<i>The Beauty Queen of Leenane</i>
Buntéacs	Source text
CIM	<i>Cripil Inis Meáin</i>
Cóiriú	Adaptation
Comhairleoir amharclainne	Dramaturg
Coibhéis dhinimiciúil	Dynamic equivalence
Coibhéis fhoirmiúil	Formal equivalence
Coibhéis séimeantaice	Semantic equivalence
Coibhéis théacsúil	Textual equivalence

<i>Déirdre</i>	<i>Déirdre an Bhróin</i>
<i>Deirdre</i>	<i>Deirdre of the Sorrows</i>
Dílseacht	Loyalty
Dílseacht théacsúil	Fidelity
Dímhíotasú	Demythologisation
Dofheictheacht an aistritheora	Translator's invisibility
Drámaíocht chlóiséid	Closet drama
DTS feidhm-dhírithé ¹	Function-oriented DTS
DTS próiseas-dírithé	Process-oriented DTS
DTS táirge-dhírithé	Product-oriented DTS
Seachthéacsúil	Extratextual
Eilimint neamhbhriathartha téacs	Non-verbal element of a text
EN	Béarla
Fachtóir staide	Situational factor
Faighteoir (an aistriúcháin)/lucht éisteachta, féachana nó léitheoireachta	Receiver (of a translation)/audience, listener or readership
<i>Fairrge</i>	<i>Chun na Fairrge Síos le Ó Muircheartaigh agus Ó Séaghdha</i>
<i>Farraige</i>	<i>Chun na Farraige Síos le Ó Flaithearta</i>
Feidhm eispriseach	Expressive function
Feidhm fhatach	Phatic function
Feidhm ghlaointeach	Appellative function
Feidhm oibríoch	Operative function
Feidhm thagrach	Referential function
Feidhmiúlachas	Functionalism
Féin-sainaitheint	Self-identification
Foshocraithe (i gcomhthéacs teanga)	Underdetermined (in the context of language)
GA	Gaeilge
Gné osteascánach	Suprasegmental feature
Gné thraidisiúnta	Meme
Iarphosaitíbeachas	Postpositivism
Iarthagra	Anaphora
Ideadhlíseacht	Idio-loyalty

¹ Descriptive Translation Studies

Ilghnéitheacht	Heterogeneity
Inlabharthacht	Speakability
Intaibhitheacht	Performability
<i>Shadow</i>	<i>In the Shadow of the Glen</i>
Íomhánna an tsaoil	Images of life
Intéacsúil	Intratextual
lomaistriúchán	Gloss translation/calque
Macraicheist	Macro-issue
Meititheangeolaíoch	Metalinguistic
Micricheist	Micro-issue
<i>Muir</i>	<i>An Mhuir</i>
Noirm oibríochtúla	Operational norms
Noirm théacsúla	Textual norms
Noirm thosaigh	Initial norms
Parafrás	Paraphrase
Plean gnímh	Plan of action
Posaitíbeachas	Positivism
Réamhghlacan	Presupposition
Réamhnoirm	Preliminary norms
Réamhthagra	Cataphora
<i>Riders</i>	<i>Riders to the Sea</i>
Róshocraithe (i gcomhthéacs teanga)	Overdetermined (in the context of language)
Scoil smaointeoireachta	School of thought
Séamataicí(ithe)	Semiotician(s)
Seamóise	Semiosis
Seoltóir (an aistriúcháin)/scríbhneoir, drámadóir, file srl.	Sender (of a translation)/writer, playwright, poet etc
Skopos/aidhm	Skopos/aim
SL	Bunteanga
Soláthar faisnéise	Offer of information
Spriothéacs/téacs an aistriúcháin	Target text
ST	Buntéacs
Staidéar tuairisciúil an aistriúcháin	Descriptive translation studies (DTS)
Bréagnú na steiréitíópála diúltaí	Debunking a negative stereotype
Struchtúr comhréire	Syntactic structure

Struchtúr tacair	Pleonasm
TCOI	<i>The Cripple of Inishmaan</i>
Teagascach	Didactic
Teoiric gníomhaíochta diongbháilte	Theory of purposeful action
Teoiric na n-ilchóras	Polysystem theory
<i>Playboy</i>	<i>The Playboy of the Western World</i>
Tíopeolaíocht théacsúil/an téacs	Text typology
TL	Spriotheanga
TLW	<i>The Lonesome West</i>
Ton an téacs	Tone of the text
Tras-seolaí gnéithe traidisiúnta	Meme transmitter
Treoir an aistriúcháin	Translation brief
TT	Sprioithéacs
<i>Tinkers</i>	<i>The Tinker's Wedding</i>
UAU	<i>Ualach an Uaignis</i>

Tábla A

Abstract

‘An bhfuil athghabháil na Gaeilge mar skopos i ndrámaí aistrithe na Gaeilge?
Anailís fheidhmiúlach ar chnuasach aistriúchán Gaeilge ó dhrámaí de chuid Martin
McDonagh agus J.M. Synge.’ — Jamie Murphy

The aim of this thesis is to adjust and remodel a framework which has its origins in functionalism in the field of translation studies. The adjusted framework draws on the foundation of functionalism, driven mainly by scholars such as Nida, Reiss and Vermeer, among others, and takes advantage of the postpositivist elements within the field, most notably those from Nord and her concept of ‘loyalty’. The newly-adjusted framework lays out the elements needed to analyse the retrospective ‘skopos’ or ‘aim’ of language reclamation as it pertains to the Irish language. A full sample of translated plays in Irish from J.M. Synge and Martin McDonagh is used to apply this framework. The aim of the thesis, therefore, is to use both extratextual factors relating to both the dramatists and translators, as well as intratextual factors in both the source plays and translated plays, in order to provide an in-depth analysis of the translated works using ‘language reclamation of the Irish language’ as the measuring stick. The thesis posits that the foundation of the original source plays was rooted in, or inspired by, the Irish language. By assessing the Irish translations of the source plays using these elements as a guide, a full comparative analysis was conducted on eight source plays and their translations. Apart from superficial and anecdotal references, this thesis is the first serious attempt at performing such an all-encompassing analysis on these translated works, and in the case of some translations, the first time that commentary has ever been provided in an academic manner. As well as providing analysis and commentary, this thesis aims to provide a groundwork for other researchers, students and translators to be able to carry out an analysis of this kind on other translated works with different ‘skopoi’ or aims.

Réamhrá

Is é aidhm an tráchtais seo anailís fheidhmiúlach a dhéanamh ar chnuasach drámaí aistrithe de chuid Martin McDonagh agus J.M. Synge. Bunaítear fráma na modheolaíochta trí chéile ar ‘skopos’ arb ionann é agus ‘aidhm’ sa Ghaeilge. Áitítear sa tráchtas seo gurb é aidhm chúlghabhálach na n-aistriúchán atá á n-anailísiú i gCaibidlí 4 agus 5 ná ‘athghabháil na Gaeilge’. Ar mhaithe leis an aidhm chúlghabhálach sin a fhiosrú, baineadh úsáid as an smaointeoireacht atá taobh thiar den obair a rinne Vermeer agus Reiss go príomha i réimse an fheidhmiúlachais san aistriúchán. Tugann an obair sin bunchreatlach d’obair Nord maidir le hanailís téacsanna san aistriúchán a phléitear go mion i gCaibidil 3. Baintear úsáid as obair Nord, mar sin de, mar bhunús don anailís agus baintear úsáid shainleasaithe as an gcreatlach aici chun an skopos cúlghabhálach, athghabháil na Gaeilge, a fhiosrú.

Chun comhthéacs a thabhairt don mhodheolaíocht agus don obair seo ar skopos, pléitear míniúchán an aistriúcháin agus an choibhéis san aistriúchán i Rannáin 1.1 agus 1.2. Tugtar léargas cuimsitheach ar skopos agus coincheap na ‘dílseachta’ le Nord i Rannáin 1.3 agus 1.4 ansin. Toisc gur ag plé le drámaí aistrithe sa Ghaeilge atáthar sa tráchtas, tugtar léargas ar ról an aistriúcháin sa drámaíocht agus sa Ghaeilge mar mhionteanga i Rannáin 2.3.1 go 2.3.3. Le tuiscint níos fearr a fháil ar choincheap na haidhme nó an chuspóra, .i. an skopos, pléitear le ‘skopoi’ eile a d’fhéadfadh a bheith i gceist i gcás aistriúcháin eile ach ar ndóigh, tá an liosta seo gan teorainn. Níl déanta i Rannáin 2.3.4 go 2.3.7, dá bhrí sin, ach comhthéacsú ar choincheap aidhmeanna i ndrámaí aistrithe. Treoraíonn na rannáin sin an tráchtas chuig míniú ar bhrí ‘athghabháil na Gaeilge’ mar choincheap ilghnéitheach ach mar choincheap beacht i gcás an tráchtais seo.

Leagann an dá chaibidil sin na bunchlocha síos do Chaibidil 3 ina mínítear cur chuige Nord i leith aistriúcháin agus buntéacsanna a anailísiú. Bunaithe air sin, pléitear cur chuige sainleasaithe an tráchtas go dlúth i Rannán 3.5 ionas go bhfuil creatlach na hanailíse leagtha amach go soiléir le haghaidh Chaibidlí 4 agus 5. Leagtar amach anailís na gcaibidlí sin i bplé deighilte agus mínítear a bhfuil i ngach rannán aonair i dTábla E, Rannán 3.5. Pléitear le gnéithe intéacsúla agus seachthéacsúla a mhínítear go sonrath i dTábla D, Rannán 3.4. Baintear úsáid as na gnéithe sin i gcás shaothair Martin McDonagh agus J.M. Synge mar aon leis na haistriúcháin éagsúla a ghabhann leo chun iniúchadh cuimsitheach a dhéanamh sula bpléitear skopos cúlghabhálach ‘athghabháil na Gaeilge’ i Rannáin 4.9 agus 5.9 faoi seach. Sa chonclúid i Rannán 6, tugtar tatal bunaithe ar an dá chaibidil sin mar aon leis an bplé agus an cúlra iomlán sa tráchtas trí chéile chun a dhearbhu cé acu a comhlíonadh an skopos cúlghabhálach nó nár comhlíonadh.

Bunaithe ar an taighde a rinneadh sa tráchtas seo, dealraítear gurb é seo an chéad uair a cuireadh anailís den chineál sin i bhfeidhm ar théacs i mionteanga amhail an Ghaeilge. Cé gur leis an nGearmáinis a bhain an taighde seo ar an gcéad dul síos, léiríonn Nord (2018) go bhfuil scoláirí eile tar éis úsáid a bhaint as a creatlach anailíse ar bhealaí éagsúla i gcás teangacha eile chomh maith. Deartar an cur chuige sa tráchtas seo chun úsáid a bhaint as na mórfhointí i gcás obair Vermeer, Reiss agus Nord trí chéile le creatlach fheiliúnach a chur le chéile le ‘athghabháil na Gaeilge’ a fhiosrú. Tá an teimpléad nua arna leagan amach sa tráchtas tábhachtach sa mhéid go ligean sé don scoláire ní hamháin anailís théacsúil a dhéanamh ar aistriúchán ach go soláthraíonn sé scóip sa bhreis chun gnéithe seachthéacsúla amhail cúrsaí cultúrtha, ama, staire srl. a chur sa mheá, chomh maith, chun iniúchadh níos uileghabhálaí a chur i bhfeidhm ar aistriúchán anailísithe. Táthar ag súil sa tráchtas seo, mar sin de, go mbeidh scoláirí eile in ann úsáid a bhaint as

an gcur chuige coigeartaithe seo amach anseo chun na bunchlocha a leagan síos le haghaidh cineálacha eile anailíse ar aistriúcháin bunaithe ar skopoi (nó aidhmeanna eile) agus go réiteoidh an leagan amach i gCaibidlí 4 agus 5 an bealach le haghaidh anailísí den chineál sin.

Caibidil 1

1.1 Aistriúchán a mhíniú

Is gá plé a dhéanamh ar aistriúchán liteartha agus drámaíochta sa rannán seo nó is ag plé le drámaí aistrithe atáthar sa tráchtas seo. Tá an tráchtas bunaithe ar an smaointeoireacht taobh thiar de réimse an fheidhmiúlachais i staidéar an aistriúcháin ach, go príomha, baineann an réimse aistriúcháin sin le téacsanna a bhfuil feidhm shoiléir iontu, .i. téacsanna dlí, leighis nó turasóireachta. Ar mhaithe leis an gcruthaitheacht atá taobh thiar de phróiseas an aistriúcháin trí chéile a chur in iúl, áfach, ní mór an chreatlach smaointeoireachta ar aistriúchán sa réimse seo a fhiosrú ar dtús. Maítear gur féidir an coincheapadh sa scoil smaointeoireachta seo a chur i bhfeidhm ar théacsanna liteartha ach chun tuiscint níos fearr a fháil ar chastacht an aistriúcháin liteartha nó drámaíochta, ní mór bonn a chur faoin ráiteas sin chun na bunchlocha a leagan síos don iniúchadh ar athghabháil na Gaeilge mar skopos cúlghabhálach i ndrámaí aistrithe.² Díreofar ar an ngné seo i Rannáin 1.3, 1.4 agus 3.4.

Dá gcuirfí ceist ar dhuine céard is brí le haistriúchán, cheapfaí gur ceist shimplí í sin le freagairt ach nuair a dhéantar iarracht an coincheap seo a mhíniú, ní thógfadh sé i bhfad ar dhuine a fháil amach go bhfuil neart bríonna éagsúla leis an téarma seo. Dá bhrí sin, is gá, ar son scóip an tráchtais seo, cur síos a dhéanamh ar céard is brí le coincheap an aistriúcháin agus conas a forbraíodh smaointeoireacht ina thaobh thar na blianta. Is minic a thagann aistriúchán ar ais chuig ceist an mhíniúcháin agus na seamóise idir teangacha. Cuireann Umberto Eco (1977: 70), in iúl go bhféadfaí míniú a lorg ar fhocal ar leith i

² Is ionann skopos agus 'aidhm' nó 'cuspóir'. Déanfar plé air seo go mion i Rannán 1.3.

bhfoclóir agus ansin go bhfaighfí focail eile a chuireann síos ar an bhfocal a lorgaíodh ar an gcéad dul síos. Ansin, d'fhéadfaí na focail sin a chuardach go síoraí go dtí go raibh an foclóir ar fad léite. Bheadh brí na bhfocal sin sa teanga tar éis athrú agus bheadh ort tosú as an nua arís eile. Chun an pointe seo a threisiú, maíonn an scoláire aistriúcháin, Maria Tymoczko, nach féidir leis an aistritheoir gach míniú a tharraingt trasna i bpróiseas an aistriúcháin. Ní hé go bhfuil locht ar an aistritheoir sa chás seo toisc nach bhfuil srian ar líon na míniúchán a d'fhéadfadh a bheith ann nó, mar a chuireann sí féin síos air sin — 'no "all" to be translated' (Tymoczko, 2007: 309).

Chun tús a chur leis an bplé seo, déanfar trácht ar shaothar an scoláire aistriúcháin, Anthony Pym (2010: 27), a shainaithin trí bhrí éagsúla le coincheap na coibhéise san aistriúchán:

- 1) Is féidir aistriúchán idirtheangach a mhíniú mar athsholáthar eilimintí teanga amháin le heilimintí coibhéiseacha i dteanga eile (Oettinger, 1960: 110).
- 2) Is féidir aistriúchán a mhíniú mar seo a leanas: athsholáthar ábhair théacsaigh i dteanga amháin (SL) le hábhar coibhéiseach i dteanga eile (TL) (Catford, 1965: 20).
- 3) Eascraíonn aistriúchán as téacs i mbunteanga chuig téacs i sprioctheanga atá chomh cosúil lena chéile agus is féidir a dhéanamh, ina nglactar le tuiscint ábhar agus stíl an bhuntéacs. (Wilss, 1982: 62).³

In ainneoin na samplaí roimhe seo, bíonn neamhréir ann ó thaobh an téarma 'aistriúchán' de sa mhéid go n-úsáideann scoláirí áirithe téarmaí difriúla chun cur síos a dhéanamh ar an gcoincheap seo, .i. *translating, transfer, imitation, translational relationship*,

³ Tá na pointí seo aistrithe ón mBéarla.

equivalence, translation problem srl. (Toury, 2012: 17). Maíonn an teoiricí aistriúcháin mór le rá, André Lefevere, gurbh fhearr *rewriting* a úsáid chun stádas an aistritheora a ardú agus chun éalú ó scóip theoranta an téarma ‘aistriúchán’, mar shampla (Bassnett, 1998b: 29).⁴ Is féidir tarraingt ar shampla Gaeilge anseo. Bhí an scríbhneoir agus an t-aistritheoir, Liam Ó Rinn, go mór i bhfabhar téacsanna a aistriú go Gaeilge mar chineál athscríobh nó dhéanfadh sé siúd dul an Bhéarla sna téacsanna aistrithe a sheachaint (O’Leary, 2004: 402). I réimse na drámaíochta, úsáidtear an téarma *adaptation* ó am go chéile agus is minic a mheastar go bhfuil an bhrí chéanna ag baint leis an téarma sin is a bheadh ag an téarma ‘aistriúchán’.⁵ Léiríonn an téarma seo, áfach, go bhfuil débhríocht ann ó thaobh na téarmaíochta de mar, uaireanta, úsáidtear é sa chiall gur dráma as a stuaim féin atá ann (Aaltonen, 2000: 57). Má úsáidtear *adaptation* sa chiall seo, d’fhéadfaí stádas níos airde a thabhairt do ghnáthaistriúchán agus go mbeadh an chuma ar an scéal gur dráma áitiúil atá ann. Maíonn sé go bhfuil an dráma suite i gcultúr an lucht féachana agus go gcuireann sé le hoidhreacht litríochta na tíre a chuireann an dráma ar an stáitse (Brisset, 1996: 57). Is deacair an rud é dealú a dhéanamh idir *translation* agus *adaptation* sa Bhéarla toisc nach féidir an dá théarma a mhíniú ar chaoi a sásóidh gach duine. Ó thaobh an skopos de, ámh, is é an táirge deireanach an ghné is tábhachtaí le go nglacfaidh an lucht féachana nó léitheoireachta leis. I gcás na drámaíochta, feidhmíonn an t-aistritheoir mar chineál cleachtóra phroifisiúnta agus is iondúil go mbíonn siad i dteagmháil le léiritheoirí, foilsitheoirí agus an lucht margaíochta chun an *mise en scène* deiridh a thairiscint (Johnson, 2017: 94). Ar an iomlán, áfach, d’fhéadfaí cloí le téarma an aistriúcháin chun an coincheap seo a mhíniú. Den chuid is mó, baineann an téarma *adaptation* i gcás na drámaíochta le haistriú drámaí idir cultúir ina bhfuil paraiméadair

⁴ Pléifear stádas an aistritheora ar leibhéal i bhfad níos sonraí i Rannáin 1.3 agus 1.3.1.

⁵ Dar le Nord, braitheann téarma an ‘aistriúcháin’ ar choinbhinsiúin ar leith i gcultúir áirithe, .i. is iondúil go bhfeictear ‘Leabhar X’ arna aistriú ó ‘Leabhar Y’ ag ‘Aistritheoir Z’ ar chlúdach an leabhair (nó áit eile sa leabhar). Cuireann sé seo in iúl láithreach gur aistriúchán atá ann seachas *version* nó *adaptation* (Nord, 1991: 100).

rídhifriúla i gceist. I gcás téacsanna drámaíochta iarthar domhain, uaireanta baintear úsáid as na téacsanna seo lena gcur in oiriúint chun bearnaí i gcultúir eile a líonadh. Má thógtar ceist an fheimineachais agus chearta na mban, baintear úsáid as an ngné shochpholaitiúil sin chun freastal ar na riachtanais seo i sochaithe amhail an tSeapáin, an tSín agus an Airgintín (Hollidge & Tompkins, 2000: 19).

Maidir le hoidhreacht agus gnéithe sochpholaitiúla, d'fhéadfaí a áitiú, freisin, go mbaineann plé an téarma 'aistriúchán' le húdarás agus le cumhacht agus nach bhfuil an stádas céanna ag an aistriúchán i gcomparáid leis an mbuntéacs. Dar leis an scoláire aistriúcháin, Jacques Derrida (1985: 122), i measc scoláirí eile, tugann aistriúchán beatha eile do bhuntéacsanna agus, ar shlí, claochlaítear an t-aistriúchán ina bhuntéacs féin. Ó thaobh Athbheochan na Gaeilge de, is léir go raibh an cineál meoin sin i gceist i gcúrsaí aistriúcháin nó d'fhéach feachtasóirí áirithe Athbheochan na Gaeilge ar an aistriúchán mar chatalaíoch chun litríocht na teanga a bhrú ar aghaidh agus a áireamh mar litríocht nua sa ghluaiseacht sin. Déanfar an ghné sin d'Athbheochan na Gaeilge a phlé níos mine i gCaibidil 2 ach is fiú trácht gasta a dhéanamh uirthi anseo leis an bpointe a threisiú. Is fíor é seo má smaoinítear ar dhaoine a léann an t-aistriúchán ar an gcéad dul síos i dteanga eile. D'fhéadfadh sé tarlú go bhfuil an léitheoir ar an eolas gur aistriúchán atá ann nó nach ea ach is cuma toisc gurb é seo an 'buntéacs' don léitheoir mura bhfuil teanga an fhíor-bhuntéacs ar a thoil aige. Mar sin de, b'fhéarr smaoineamh ar an aistriúchán ní mar chatagóir ach mar chleachtais théacsúla ina bhfuil dlúthbhaint idir an scríbhneoir agus an léitheoir (Bassnett, 1998b: 39).⁶ Is féidir ceangal a dhéanamh idir an cineál seo smaointeoireachta agus staidéar Gideon Toury atá bunaithe ar noirm i gcúrsaí aistriúcháin. Tá seisean den tuairim gur gasta a ghlacfar le haistriúchán sa sprioc-chultúr má luíonn an t-aistriúchán sin le noirm an sprioc-chultúir. I gcás drámaí a scríobhadh i

⁶ Nó drámadóir agus lucht féachana nó éisteachta.

mBéarla agus a lonnádóid sa Ghaeltacht nó a raibh dlúthbhaint acu leis an nGaeilge, mheasfaí go mbeadh dúil ag muintir na Gaeilge sna drámaí sin de bharr go mbaineann na drámaí le coinbhinsiúin na teanga agus an chultúir.⁷ Feictear an cineál seo comparáide i measc léirmheastóirí a deir gur aistriúchán maith atá ann mura bhfuil an chuma ar an scéal gur aistriúchán atá ann seachas téacs ina cháil féin. Bíonn léirmheasanna den chineál sin dromchlach agus ginearálta, agus bunaithe ar choinbhinsiúin an chultúir atá i gceist (Nord, 1991: 103). Ciallaíonn sé sin go nglacann an t-aistriúchán atá faoi chaibidil le noirm an chultúir. Dar le Pym, áfach, tá leisce ar Toury coincheap an aistriúcháin a mhíniú i gceart agus go bhfágfar míniú an aistriúcháin faoi na daoine a dhéanann agus a úsáideann aistriúcháin. Is féidir a rá gur fóraistriúchán atá ann agus go bhfuil baint aige, dá bhrí sin, leis an sprioc-chultúr. Coincheapadh sách teibí is ea seo agus ardaíonn sé an cheist gur féidir aistriúchán a bhaisteadh ar neart téacsanna mar chuid den chatagóir seo (Schäffner, 1999: 91).

In ainneoin shuibiachtúlacht choincheap an aistriúcháin, rud amháin a dhéanann an plé sin ná cur leis an tuiscint go bhfuil i bhfad níos mó ná mar a shíltear i gceist leis faoin dromchla. Déanann Pym trácht ar an bhfealsamh Gearmánach, Martin Heidegger, a deir go mbíonn i bhfad níos mó idir chamáin san aistriúchán ná léirmhíniú ar théacs agus go ndéantar oidhreacht chultúir a sholáthar mar chuid d'aistriúchán. Dá bhrí sin, cuireann Heidegger an-bhéim go deo ar an am atá thart agus an luach a thagann ó thréimhsí roimhe seo tríd an aistriúchán san am i láthair (Pym, 2010: 99). Chun tacú lena maíonn Heidegger, is féidir linn labhairt faoi 'ghnéithe traidisiúnta' nó *memes* sa Bhéarla chun teacht ar thuiscint níos fearr ar an ráiteas sin. Is ionann gné thraidisiúnta sa chiall seo agus eilimint ó chultúr nó ó chóras iompraíochta a roinntear idir glúnta trí mheán aithrise. Chun go dtiocfaidh na gnéithe seo slán idir na glúnta, déantar iad a chaomhnú trí na

⁷ Díreofar ar an bhfeiniméan sin arís eile i gCaibidlí 2 agus 3.

daoine féin agus chun é seo a bhaint amach, is gá iad a aistriú ó bhéal idir glúnta, dá bharr sin. Má ghactar le gné thraidisiúnta ar leith thar na blianta, is féidir a rá gur norm é sin anois sa chultúr nó sa tsochaí. Cuirtear *Word of God meme* ar ghnéithe traidisiúnta a thagann slán agus déantar aistriúcháin a sholáthar go hiomlán faoi scóip na gné traidisiúnta seo. Mura gcloífear leis an ngné thraidisiúnta atá i gceist, d'fhéadfaí aistriúcháin a cháineadh agus a rá nach bhfuil siad 'ceart' ó thaobh na gné traidisiúnta de ar aon chuma. Is deacair sampla de seo a chur in iúl, áfach, toisc go mbraitheann an feiniméan seo ar an gcultúr atá i gceist agus na cineálacha norm a tháinig slán thar na blianta (Chesterman, 1997: 51). Léiríonn sé an pointe, ámh, gur gá neart nithe cultúrtha a thomhas roimh aistriúchán a sholáthar, .i. cén fáth ar roghnaíodh an téacs ar an gcéad dul síos, conas is ceart ceisteanna idé-eolaíocha a shárú (inscne agus eitneacht), agus conas is ceart riachtanais an sprioc-chultúir a bhaint amach, srl. (Millán & Bartina, 2013: 327). Is í sin an chúis a luann an scoláire Gearmánach, Christiana Schäffner, an deacracht a bhí aici an téarma seo a mhíniú toisc go mbraitheann sé go hiomlán ar dhifríochtaí thar chultúir, éagsúlacht idir cultúir agus athruithe thar am idir cultúir (Schäffner, 1999: 11). Anuas air sin, d'fhéadfaí an chinsireacht a chur san áireamh mar chuid den díospóireacht seo toisc gur féidir cur síos a dhéanamh ar aistriúchán, chomh maith, mar aistriú míniúchán agus, ag an am céanna, caidreamh cumhachtaí á chur faoi cheilt (Bassnett, 1998a: 136). Is féidir Athbheochan na Gaeilge a lua anseo de bharr gur brúdh noirm nó coinbhinsiúin áirithe ar aghaidh i mbundrámaíocht agus drámaí aistrithe ag tús an 20ú haois chun smaointeoireacht ar leith i dtaobh na Gaeilge a chur chun cinn agus íonghlaineacht na teanga a chothú. D'fhéadfaí a rá go raibh cinsireacht áirithe i gceist anseo ós rud é go raibh feachtasóirí áirithe ag iarraidh an Ghaeilge a úsáid chun íomhá ar leith de mhuintir na hÉireann, go háirithe muintir na Gaeltachta, a chur chun cinn. Tagrófar dó sin arís i Rannán 2.3.4 go 2.3.7.

Ag eascairt as an bplé seo ar fad, is léir gur achrannach an rud é cur síos a dhéanamh ar choincheap an aistriúcháin. Ní hé go bhfuil téarma amháin á phlé againn ach tús coincheapaithe seánra nó staidéir ar leith. Is é James S. Holmes (1988: 71) a cheap an coincheap *Translation Studies*, agus maíonn sé go bhfuil dhá riachtanas ag an réimse staidéir seo:

- 1) to describe the phenomena of translating and translation(s) as they manifest themselves in the world of our experience, and
- 2) to establish general principles by means of which these phenomena can be explained and predicted.

Tháinig forás ar léann an aistriúcháin ina dhiaidh sin mar réimse idirdhisciplíneach ina gclúdaítear neart réimsí ilghnéitheacha. Maíonn Pym nach féidir leis an réimse seilbh a ghlacadh ar an téarma ‘aistriúchán’ agus go mbaineann an téarma féin leis an iliomad réimsí ar nós na socheolaíochta, na teangeolaíochta, na fealsúnachta agus na síceolaíochta, i measc réimsí eile. Is é an t-aon chinnteacht atá ann, dar le Pym, ná chomh fada agus atá comhoibriú ann idir na réimsí uile, is féidir a rá go bhfuilimid ag obair i dtreo tuiscint níos fearr ar choincheap an aistriúcháin a mhíniú, ‘... so long as the cooperation is suited to the problem being worked on ...’ (Pym, 2010: 160).

Déanann Pym comparáid an-chliste ina luann sé an t-amhránaí Lauryn Hill agus a hamhrán *Everything is everything* — is aistriúchán smaointeoireachta é teanga; aistríonn an scríbhneoireacht an chaint, aistríonn an litríocht an saol agus aistríonn an

léitheoireacht an téacs, srl. (Pym, 2010: 158). Mar fhocal scoir anseo, ba mhaith liom aird a tharraingt ar ráiteas de chuid El-dali (2011: 36):

Modern translation studies is no longer concerned with examining whether a translation has been “faithful” to a source text. Instead, the focus is on social, cultural, and communicative practices, on the cultural and ideological significance of translating and of translations, on the external politics of translation, on the relationship between translation behaviour and socio-cultural factors. In other words, there is a general recognition of the complexity of the phenomenon of translation, an increased concentration on social causation and human agency, and a focus on effects rather than on internal structures.

Is mar sin a shamhláim féin coincheap an aistriúcháin trí chéile agus go bhfuil lear mór castachtaí i gceist laistigh de scóip an choincheapa seo. Sular féidir an scéal a leathnú amach a thuilleadh, go háirithe i réimse an fheidhmiúlachais, ní mór céim siar a ghlacadh ar dtús agus ceist na coibhéise san aistriúchán a chur i láthair chun comhthéacsú a dhéanamh ar an ngá atá le réimse an fheidhmiúlachais agus réimsí eile — a gclúdaítear iontu na castachtaí a bhaineann le feiniméin sheachthéacsúla, ar nós na Gaeilge mar mhionteanga — a áireamh le linn phróiseas an aistriúcháin.

1.2 An choibhéis san aistriúchán

Sular féidir labhairt faoi theoricí an fheidhmiúlachais, is gá dul siar agus súil a chaitheamh ar na meonta i dtaobh an aistriúcháin a bhí ann sula raibh aon chaint faoin bhfeidhmiúlachas mar chleachtadh i dteoiric an aistriúcháin trí chéile. Ar feadh na

mblianta, measadh gur leis an mbuntéacs ba cheart cloí.⁸ Ós rud é go rabhthas den tuairim gur saothair ealaíonta a bhí sna buntéacsanna, ba cheart, dá dheasca sin, stádas ar leith a thabhairt dóibh sa mhéid gur ghá a raibh sna buntéacsanna a choinneáil a oiread agus ab fhéidir le bunchlocha an téacs féin agus bunsmainte an údair a chaomhnú (De Paor, 2008: 4). Rinneadh déithe beaga de na téacsanna seo agus, go pointe, de na scríbhneoirí féin agus, dá bharr sin, leanadh den chleachtadh agus den smaointeoireacht gurbh fhéidir teanga an bhuntéacs a mhapáil a bheag nó a mhór ar theanga an aistriúcháin nó an sprioc-chultúir.⁹ Measadh gurbh fhéidir leis an aistritheoir cumasach a raibh sa bhuntéacs a choinneáil slán gan faillí a dhéanamh sa teanga a úsáideadh sa bhuntéacs, .i. ciútaí, cleasa, poncaíocht, leagan amach, fad an téacs agus teachtaireacht an téacs trí chéile. Coincheap suibiachtúil is ea ‘aistritheoir cumasach’ agus déanfar plé air sin i Rannán 1.3 agus 1.3.1.

D’fhéadfaí a rá gur smaointeoireacht ársa nó bhunúsach a bhí sna dearcthaí sin sula raibh aon chaint ar chúrsaí síceolaíochta, socheolaíochta nó feidhmiúlachais i réimse an aistriúcháin. De réir mar a forbraíodh scoileanna smaointeoireachta, áfach, treisíodh an argóint go raibh i bhfad níos mó i gceist ná coibhéis théacsúil san aistriúchán. Conas ab fhéidir teanga A a mhapáil ar theanga B nó ar theanga C agus gurbh ionann A + B nó B + C agus ansin go bhféadfaí an argóint chéanna a dhéanamh agus a rá gurbh ionann A + C? Ní oibríonn comhréir teangacha éagsúla mar seo agus cé go bhféadfadh aistritheoir

⁸ Baineann an smaointeoireacht seo le dearcadh in iarthar domhain i dtaobh staidéar an aistriúcháin. Le haghaidh dearcadh níos leithne fós ar thús staidéar an aistriúcháin, is fiú tuairimíocht Baer a fhiosrú (Teaching the History of Translation Studies — NSTS, 2018). Cé go maíonn seisean go raibh plé ar chúrsaí aistriúcháin i gcultúir eile i bhfad roimh choincheap na coibhéise, ní thagann an plé sin faoi scóip an rannáin seo ná an tráchtas trí chéile. De bharr nach ag iarraidh iontaofacht thús ná deireadh na coibhéise i réimse an aistriúcháin a argóint atáthar, cloífeadh leis an litríocht is mó atá ar fáil ar an topaic seo.

⁹ Tá an pointe sin spéisiúil i gcás na n-aistriúcháin atá á n-iniúchadh sa tráchtas seo toisc gur féidir ‘mapáil siar’ a dhéanamh go soiléir i gcás na ndrámáí le J.M. Synge. Baineann an feiniméan seo leis an dlúthbhaint idir comhréir na mbundrámaí agus na n-aistriúcháin ó thaobh na Gaeilge de. Pléifeadh leis sin arís eile i gCaibidil 5 go príomha agus i gCaibidil 4 i gcás saothair McDonagh.

cinneadh a ghlacadh aistriúchán a sholáthar sa chaoi a gcoimeádann aistriúchán ar leith eilimintí áirithe na teanga, .i. struchtúir shiollacha, rithim na teanga nó poncaíocht, seans an-mhór go gcaillfear eilimintí níos tábhachtaí ar nós theachtaireacht an bhuntéacs sa sprioc-chultúr. Áitíonn Bassnett & Trivedi (1999: 2) nach gníomhaíocht thrédhearcach shoineanta é an t-aistriúchán agus is annamh an rud é go mbíonn sé cothrom ó thaobh an téacs, na n-údar nó na gcóras de. Treisíonn Maria Tymoczko an pointe sin nuair a deir sí nach ionann dhá theanga éagsúla toisc go bhfuil patrúin seamóise dhifriúla iontu (Tymoczko, 2007: 295):

Because languages differ in their patterns of semiosis and their semiotic associations, translations never have the same meaning as their source texts.

Anuas air sin, maíonn sí gur minic a bhíonn teangacha róshocraithe (overdetermined) nó foshocraithe (underdetermined) (Tymoczko, 2007: 297). Más rud é go bhfuil gné oibleagáideach sa bhunteanga nach bhfuil sa sprioctheanga, d'fhéadfaí a rá go bhfuil an bhunteanga róshocraithe agus go mbeidh faisnéis sa bhreis de dhíth san aistriúchán, dá bhrí sin. Ní gá ach breathnú ar *Thirty-Two Words for Field* le Manchán Magan chun an pointe sin a thuiscint i gcomhthéacs an fhocail 'field' sa Bhéarla agus na macasamhlacha éagsúla den choincheap céanna sa Ghaeilge (Magan, 2020). Os a choinne sin, má bhíonn idirdhealuithe ag teastáil san aistriúchán nach bhfuil ar fáil sa bhunteanga, d'fhéadfaí a rá go bhfuil an bhunteanga foshocraithe. Sa chás áirithe sin, is féidir a rá go bhfuil an Ghaeilge róshocraithe i gcás an téarma seo agus go bhfuil an Béarla foshocraithe toisc nach bhfuil téarma ná focal ar leith sa Bhéarla a dhéanann an bhrí cheart sa Ghaeilge a ghabháil nó a chur in iúl.

Lena léiriú a dhúshlánaí agus atá sé coibhéis san aistriúchán a mhíniú, is cóir saothar an aistreolaí (translatologist), Otto Kade, a lua anseo. Mhaígh seisean gurbh fhéidir an choibhéis a bhriseadh síos a thuilleadh ina cheithre chatagóir (Kade, 1968):

- 1) A haon go dtí a haon (Eins-zu-Eins): is ionann mír bunteanga amháin agus mír amháin sa sprioctheanga, .i. lion = leon.
- 2) A haon go dtí go leor (nó a mhalairt) (Viele-zu-Eins): Is ionann mír amháin sa bhunteanga agus go leor míreanna sa sprioctheanga, .i. ‘cumha’ sa Ghaeilge agus *loneliness, homesickness* agus *parting sorrow* sa Bhéarla, mar shampla.
- 3) A haon go dtí páirt (Eins-zu-Teil): Is ionann mír iomlán sa bhunteanga agus brí pháirteach focail sa sprioctheanga. Mar shampla *to spoon* sa Bhéarla agus ‘luigh tóin le gabhal’ as Gaeilge.
- 4) A haon go dtí faic (Eins-zu-Null): Níl a choibhéis sa sprioctheanga, .i. d’fhéadfaí go leor samplaí a úsáid anseo, mar shampla: ‘aistreolaí’ nach raibh ina théarma Gaeilge go dtí gur ghá leagan a cheapadh chun críocho an tráchtais seo.

Léiríonn na cineálacha coibhéise seo ag Kade a chasta agus atá coincheap na coibhéise san aistriúchán trí chéile agus nach féidir leanúint le cur chuige na coibhéise go deo toisc go bhfuil teangacha difriúil ó chéile go bunúsach. Dá dheasca sin, léiríonn an plé go dtí seo go raibh easnamh sonrath i réimse staidéar an aistriúcháin. Bíonn teanga A agus teanga B i gcoimhlint lena chéile ag brath ar threo an aistriúcháin. Má aistrítear teanga A go teanga B, an gciallaíonn sé sin go bhfuil stádas níos mó ag teanga A toisc gur scríobhadh pé téacs sa teanga sin ar an gcéad dul síos? Ar an taobh eile den scéal, an gciallaíonn sé go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le teanga B toisc gur roghnaíodh an teanga sin don aistriúchán? Cén fáth nár roghnaíodh teanga C, D nó E mar mheán

aistriúcháin? Ag brath ar cén taobh den fhál a bhfuil tú, d'fhéadfaí ceist i ndiaidh ceiste a chur gan freagra a bheith le fáil nó go mbeadh an iomarca freagraí ar an gceist ag teacht salach ar a chéile, fiú. Chun críocha an rannáin seo, tabharfaimid macraicheisteanna ar na ceisteanna a bhaineann le cúrsaí cultúir, stádas na teanga, ról na teanga i gcomhthéacs domhanda nó cásanna iarchoilíneacha. Chun cur leis an ráiteas — coimhlínt cumhachtaí — d'fhéadfaí na ceisteanna móra seo ar an macraileibhéal a bhriseadh síos, is é sin le rá, micricheisteanna ar leibhéal na teanga féin a gclúdaítear iontu fadhbanna nó constaicí aistriúcháin a bhaineann le teanga amháin de réir mar atá luaite ag Kade, mar shampla. De réir mar a forbraíodh an smaointeoireacht i leith an aistriúcháin, tuigeadh go raibh cúinsí na coibhéise róchúng agus go mba cheart, dá bhrí sin, tábhacht na gceisteanna ar an macraileibhéal a chur sa mheá, amhail na gnéithe seachthéacsúla a mholann Nord.¹⁰ Fágann sé sin go bhfuil coibhéis séimeantaice dodhéanta. Dar leis an teangeolaí, Edward Keenan (1978: 157–89), ní féidir aon rud a aistriú go beacht toisc go mbíonn teangacha daonna míchruinn nó doiléir. Maíonn sé gur gá do theangacha a bheith amhlaidh chun cur síos a dhéanamh ar líon neamhtheoranta feiniméan, i líon cásanna neamhtheoranta le líon neamhtheoranta daoine. Ní mór cur síos a dhéanamh ar theangacha mar sin, .i. feidhmeach, nó murach sin, bheidís ar nós córais mhionsonraithe cosúil leis an mata agus, dá bharr sin uile, ní bheimisne chomh héifeachtach sin mar chumarsáidithe. Dhaingnigh Mary Snell-Hornby an ráiteas sin nuair a scríobh sí (Snell-Hornby, 1988: 22):

... an illusion of symmetry between language which hardly exists beyond the level of vague approximations and which distorts the basic problems of translation.

¹⁰ Déanfar mionphlé air seo sa chéad rannán eile agus sa mhodheolaíocht nó is cuid lárnach í seo sa tráchtas chun athghabháil na Gaeilge mar skopos a iniúchadh.

Déanann Nida an argóint gur féidir coibhéis san aistriúchán a bhriseadh síos idir coibhéis fhoirmiúil agus coibhéis dhinimiciúil. Sa chás seo, ciallaíonn ‘foirmiúil’ an ceangal idir dhá théacs ar leibhéal na teanga nó ar leibhéal séimeantaice ina n-aistrítear téacs A (an buntéacs) go téacs B (an t-aistriúchán) focal ar fhocal. D’fhéadfaí an t-éacht seo a bhaint amach trí bhriathra nó ainmfhocail a mhapáil ar bhriathra nó ainmfhocail, abairtí iomlána a choinneáil idir an dá theanga agus an phoncaíocht ar fad sa bhuntéacs a choinneáil san aistriúchán (Nida, 2000: 129). Maíonn Nida, áfach, gur dheacair an cur chuige sin a bhaint amach gan neart fonótaí a úsáid chun sothuigtheacht an téacs a chur in iúl don léitheoir. Dar leis, is féidir lomaistriúchán nó *gloss translation* a chur ar an gcineál seo aistriúcháin chomh maith. Úsáideann Pym an sampla *Friday the 13th* sa Bhéarla chun an cineál coibhéise atá i gceist a thabhairt chun solais. Má chloítear le cur chuige an aistriúcháin fhoirmiúil, d’aistreofaí sa Spáinnis é mar *viernes 13*, mar shampla (Pym, 2010: 8). Ar an gcéad léamh, cheapfaí gur aistriúchán maith é sin agus nach bhféadfaí é a fheabhsú ach mura raibh sé ar eolas ag an léitheoir nach leis an Aoine a bhaineann an mí-ádh i gcultúr na Spáinne ach leis an Máirt, ní dhéanfaí an t-aistriúchán a cheistiú agus leanfadh gach duine ar aghaidh lena saol. Ó thaobh na Gaeilge de, is féidir an pointe céanna a dhéanamh i gcás ‘Samhain’. Dá n-aistreofaí sin go Béarla, ní bheadh locht ar *November* ach i gcás go raibh ‘Samhain’ ag tagairt don fhéile Ghaelach ina ndéantar ceiliúradh ar dheireadh an fhómhair, seans gurbh fhearr ‘Samhain’ a choinneáil sa Bhéarla de bharr nach bhfuil a choibhéis ar fáil. Dá bharr sin uile, is gá a bheith airdeallach ar ghné an chultúir atá snite isteach i ngach teanga. Is ag an bpointe seo a thagann coibhéis dhinimiciúil isteach sa scéal. Is beag difear atá idir aistriúchán dinimiciúil agus feidhmeach ach pléifear aistriúchán feidhmeach ar leibhéal níos mine i Rannán 1.3. Go bunúsach, ciallaíonn ‘dinimiciúil’ sa chomhthéacs seo an ghné chultúrtha ar mhacraileibhéal an aistriúcháin inar gá tuiscint a bheith ag an aistritheoir ar mhiondifríochtaí éagsúla idir dhá

chultúr, mhuintir nó mheon. Ní bheadh locht ar an aistriúchán *viernes 13* ná ar *November* sa chás gur ag iarraidh coibhéis séimeantaice a bhaint amach a bhí an t-aistritheoir ach bheadh baol deimhneach ann nach dtuigfeadh spriocmhuintir an aistriúcháin bunbhrí na heiliminte seo go bhfuil mí-ádh ag baint leis an lá sin nó go raibh féile ar leith i gceist sa bhunteanga. Os a choinne sin, feictear go bhfuil deighilt á saothrú idir dhá aistriúchán mar theangacha aonair agus go bhfuil tuiscint níos cuimsithí ag teacht isteach sa smaointeoireacht ó thaobh an aistriúcháin de agus go bhfuil i bhfad níos mó i gceist faoi dhromchla na teanga féin seachas cúrsaí séimeantaice.

Admhaíonn Nida, áfach, gur deacra i bhfad é don aistritheoir coibhéis chultúrtha nó dhinimiciúil a bhaint amach ná mar atá sé coibhéis séimeantaice nó fhoirmiúil a chomhlíonadh (Nida, 2000: 132). Léiríonn Tymoczko sin chomh maith nuair a mhíníonn sí gur féidir míniúcháin nó feidhmeanna a athrú agus a chailleadh le himeacht ama (Tymoczko, 2007: 35). Deir sí go bhfuil sé dodhéanta gach míniú a bhaineann le buntéacs a ghabháil toisc nach bhfuil teorainn le líon na mínithe a d'fhéadfadh a bheith sa téacs sin. Amhail Tymoczko, tá an scoláire aistriúcháin Beilgeach, Theo Hermans, den tuairim gur ceart coibhéis théacsúil a chur i leataobh i ndioscúrsa staidéar an aistriúcháin agus gur ceart díriú ar aistriúcháin mar fheiniméin chultúrtha agus stairiúla a léirítear trína n-easpa trédhearcachta agus neodrachta (Hermans, 1991: 155–69). Maítear a bheag nó a mhór go bhfuil gach aistritheoir sa lá atá inniu ann ar aon intinn amháin maidir leis sin, .i. nach féidir aistriúchán A a mhapáil ar aistriúchán B gan tarraingt ar an iliomad ceisteanna cultúrtha, pearsanta agus idé-eolaíocha. Cé go bhfuil Nida ar dhuine de na chéad scoláirí a bhrúigh an smaoineamh seo ar aghaidh, áitíonn Tymoczko go bhfuil scoláirí eile in amhras faoi iontaofacht a oibre mar gheall ar a chlaonadh i dtreo 'iompú cráifeach' nó 'proselytising' (Tymoczko, 2007: 34). Bíodh sin mar atá, d'fhéadfaí a áitiú gur réitigh

seisean, i measc scoláirí aistriúcháin eile, an bealach don chineál smaointeoireachta nua seo i staidéar an aistriúcháin agus gur osclaíodh doirse nua do réimse nua san aistriúchán, .i. an feidhmiúlachas.

1.3 Teoiric Skopos — an Feidhmiúlachas

Sular féidir an teoiric seo a phlé, is gá aghaidh a thabhairt ar théarmaíocht na teoirice féin chun débhríocht a sheachaint a oiread agus is féidir. Go bunúnasch, tagann skopos ón bhfocal Gréigise a chiallaíonn *aim* nó *purpose* sa Bhéarla. Baintear úsáid as an téarma *translatum* chun cur síos a dhéanamh ar an spriothéacs ach de bharr go gcáintear an téarma seo mar théarma nua do choincheap a bhí ar an bhfód le tamall agus, ar mhaithe leis an tsimplíocht ó thaobh na Gaeilge de sa tráchtas seo, cloífead leis na téarmaí ‘spriothéacs’ nó ‘aistriúchán’.

Aistriúchán: Chun críocha an tráchtas seo, is ionann aistriúchán agus an leagan Gaeilge den bhunsaothar, bíodh sé ar script neamhfhoilsithe nó ar fhoilseachán oifigiúil. Rinneadh gach iarracht teacht ar an gcéad fhoilseachán/script aistrithe den bhunsaothar agus má bhí leaganacha eile ar fáil, rinneadh iad a anailísiú agus a chur i gcomparáid lena chéile chun pointí plé san anailís a threisiú. Má bhí aon fhaisnéis bhreise ar fáil maidir le stáitsiú an leagain aistrithe, baineadh úsáid as sin chomh maith chun na pointí éagsúla a phlé ar leibhéal níos mine.

Ceann de na chéad bhunchlocha i ngeall leis an teoiric ba ea obair de chuid an scoláire aistriúcháin, Justa Holz-Mänttari, agus an coincheap a d’fhorbair sí, ‘translatorial action’.¹¹ Is as an obair seo a mhúnlaigh na scoláirí aistriúcháin Gearmánacha, Hans Josef

¹¹ Le haghaidh tuilleadh plé ar Holz-Mänttari agus an ról a bhí aici i réimse an fheidhmiúlachais, féach Pym, 2010: 50-51.

Vermeer agus Katharina Reiss (nó Reiß), teoiric Skopos i staidéar an aistriúcháin. Is féidir éabhlóid na teoirice seo a rianú siar go leabhar de chuid Vermeer agus Reiss, *Grundlegung einer allgemeinen Translationstheorie* agus an saothar *Translatorisches Handeln: Theorie und Methode* de chuid Holz-Mänttäri ar chuir siad bunchlocha na teoirice seo os ár gcomhair (Pym, 2010: 43).¹² Is fiú a lua ag an staid seo chomh maith go raibh Vermeer agus Reiss ag plé le téacsanna ina raibh feidhm ar leith amhail treoracha, téacsanna nuachta nó fógraí.

I léirmheas a rinne Andrew Chesterman ar *A Skopos Theory — Some Arguments for and Against*, tugann sé achoimre mhaith ar céard go díreach atá i gceist le teoiric Skopos de réir Vermeer. Déantar na pointí a leagan amach ina n-ocht gcuid mar seo a leanas (Chesterman, 1998: 155):

- 1) All acting presupposes a point of departure on the part of the actor.¹³
- 2) All acting is goal-oriented.
- 3) An actor selects the action that appears best justified for a given purpose under given circumstances.
- 4) All translating is acting.
- 5) This applies to all types of translation.
- 6) It is the skopos of the translation that determines how all the other relevant factors are taken into consideration (factors which include source text, recipients' conditions, commissioner's conditions, time etc.).

¹² Dar le Reiss agus Vermeer, is ionann teoiric agus faisnéis a bhailiú agus a chur le chéile trí fhaireachán (1984: 119). Ní mór a lua anseo go bhfuil difríocht áirithe idir smaointeoireacht Reiss agus Vermeer ach rinne Reiss iarracht teacht le smaointeoireacht Vermeer sa leabhar seo. D'aistrigh Nord an leabhar go Béarla in 2013 mar *'Towards a General Theory of Translational Action'*.

¹³ Is ionann 'actor' agus 'aistritheoir' sa chiall seo. Cloífead le haistritheoir chun críocha an tráchtais seo.

- 7) It is the skopos that determines the translation strategy for reaching the intended goal.

Ós rud é go bhfuil formhór de bhuntéacsanna na teorice seo scríofa as Gearmáinis — teanga nach bhfuil ar mo thoil agam féin — bainfear úsáid as cur síos de chuid Christiane Nord, ar iarmhac léinn de chuid Reiss í, a leagtar amach ina leabhar, *Translating as a Purposeful Activity: Functionalist Approaches Explained*. Sa leabhar sin, déanann Nord trácht ar Vermeer (1990: 28) agus déanann sí cur síos ar fhriotal éagsúil a úsáidtear mar chuid den teorice seo. Bainfear úsáid as an bhfriotal seo agus déanfar Gaeilge a sholáthar do na téarmaí Béarla agus Gearmáinise agus cloífear leis an bhfriotal seo síos tríd an tráchtas.

Aim/Aidhm (Ziel) — seo an toradh deireanach is mian leis an ngníomhaí a bhaint amach trí ghníomh(artha) a dhéanamh (Vermeer, 1989: 93).

Purpose/Cuspóir (Zweck) — is céim shealadach í seo le linn an ghnímh féin, .i. cén fáth a ndéantar X (**cuspoir**) chun Y a bhaint amach (**aidhm**) (Vermeer, 1989: 94).¹⁴

Function/Feidhm (Funktion) — brí théacs an aistriúcháin trí shúile an fhaighteora (Vermeer, 1989: 85).¹⁵

¹⁴ Is féidir ‘cuspoir’ a bhriseadh síos ina thrí chuid, 1) cuspoir an aistritheora féin, 2) cuspoir an aistriúcháin sa sprioc-chultúr, 3) cuspoir an chur chuige aistriúcháin ar leith (Nord, 2018: 27).

¹⁵ Is ionann ‘faighteoir’ agus ‘léitheoir’ nó ‘léitheoir an aistriúcháin sa sprioctheanga’ chun bheith níos cruinne. Is féidir go leor samplaí a chur san áireamh anseo, .i. lucht éisteachta, féachana nó léitheoireachta, foghlaimoirí, múinteoirí, srl. Is féidir leis an aistritheoir a bheith ina fhaighteoir chomh maith toisc gur gá don aistritheoir an téacs a fháil agus a léamh ar an gcéad dul síos freisin. Toisc gur drámaí iad na téacsanna aistrithe seo, clúdaíonn ‘faighteoir’ an lucht léitheoireachta agus féachana araon. I gcás fhoilseacháin oifigiúla an dráma, bhí léitheoirí i gceist ach i gcás

Rún/Intention/Aim (Intention/Absicht) — plean gnímh aidhmdhírthe ó thaobh an tseoltóra agus an fhaighteora de le gur féidir bealach feiliúnach a chur i dtoll a chéile chun an téacs a sholáthar nó a thuiscint (Vermeer, 1986: 414).¹⁶

Chun na pointí seo a shimpliú a thuilleadh, déanann Nord idirdhealú idir ‘feidhm’ agus ‘rún’. Baineann an ‘rún’ le dearcadh an tseoltóra a dteastaíonn uaidh cuspóir ar leith a bhaint amach sa sprioc-chultúr leis an aistriúchán. Is annamh gurb ionann rún agus toradh foirfe, áfach, agus dá bharr sin, bíonn cás an tseoltóra agus an fhaighteora difriúil óna chéile. Baineann faighteoirí úsáid as téacsanna ag brath ar na feidhmeanna a bhíonn ar intinn acu, .i. a bhfuil siad ag súil leis, riachtanais phearsanta agus an t-eolas atá acu roimh ré. Is pointe spéisiúil é seo ó thaobh na Gaeilge de toisc gur mionteanga atá inti. Nuair a cuireadh drámaí Gaeilge ar an stáitse den chéad uair le linn an 20ú haois, d’fhreastail daoine orthu ar chúiseanna áirithe, bíodh sé chun feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge, fíor-eispéireas amharclainne trí Ghaeilge a bhaint amach, dul chun cinn na teanga a fheiceáil, agus go leor eile. Sa chás idéalach, áfach, bainfidh rún an tseoltóra feidhm an fhaighteora amach agus i gcás mar seo, d’fhéadfaí a rá gur comhchiallaigh iad na téarmaí seo (Nord, 1988/1991: 47). Is annamh gur féidir an t-éacht seo a bhaint amach, áfach, mar dar le Vermeer, is ionann líon na dtuiscintí ar théacs agus líon na léitheoirí féin ach déanfar plé ar an bpointe seo níos faide ar aghaidh sa rannán seo. Cé go bhféadfaí an seoltóir nó an t-údar feidhm(eanna) a bheith ar intinn acu, is faoin bhfaighteoir atá sé a fheidhm féin a bhaint amach as an téacs (Nord, 1995: 263). Bíonn sé sin ag brath ar spás, am, eolas domhanda agus cúinsí eile. Cuimsítear aidhm, cuspóir,

scripteanna neamhfhoilsithe, is ag caint faoin lucht féachana san amharclann a bhíodhas. Ar ghrá na soiléire sa tráchtas seo, clóítear leis an bhfocal ‘faighteoir’ amháin.

¹⁶ Is ionann ‘seoltóir’ agus aon duine ar thaobh an spriocthéacs, .i. tionscnóir, drámadóir, scríbhneoir, file, oideachasóir, athbheochanóir, teangeolaí, srl.

feidhm agus rún faoin mbrat céanna i réimse an fheidhmiúlachais, .i. skopos. Bunaithe air sin, is ionann skopos (cúlghabhálach) na hanailíse ar na téacsanna drámaíochta agus **athghabháil na Gaeilge**. Pléifear an coincheap seo ar leibhéal níos mionsonraithe sa mhodheolaíocht agus taispeánfar an chaoi a gcuirfear an skopos seo i bhfeidhm ar na téacsanna drámaíochta féin go cúlghabhálach chomh maith i gCaibidlí 4 agus 5.

Maidir leis na feidhmeanna a d'fhéadfadh a bheith i dtéacs, cuireann Nord trí fheidhm de chuid an tsocheolaí agus an teangeolaí Ghearmánaigh, Karl Bühler (Bühler, 1934), a thiomsú ina chéile, .i. tagrach (referential), eispriseach (expressive) agus glaoiteach (appellative), agus feidhm amháin de chuid an teangeolaí Rúisigh, Roman Jakobson (Jakobson, 1960), .i. fatach (phatic), mar aon le roinnt fofheidhmeanna eile. Is fiú a lua gurb iad na feidhmeanna seo bunchlocha obair Reiss ar a cuid feidhmeanna siúd. Tá feidhmeanna Reiss agus Bühler cosúil go leor lena chéile ach difríocht mhór ó thaobh na téarmaíochta de is ea go dtugann sise 'oibríoch' (operative) ar an bhfeidhm 'glaoiteach'. Dá bhrí sin, seo míniúcháin ghairide, de réir mar a chuir Nord in iúl iad, ar fheidhmeanna difriúla a d'fhéadfadh a bheith i dtéacs (Nord, 1997b: 44).¹⁷

- 1) Feidhm thagraich:** seo tagairt d'oibiachtaí nó feiniméin i ndomhan ar leith. Glactar leis go dtuigfidh an léitheoir iad agus nach mbeidh gá lena míniú. Ar ndóigh, d'fhéadfadh go mbeadh míthuiscintí anseo toisc go luann Nord go mbraitheann tuiscint na feidhme tagraí ar eolas domhanda an léitheora féin sa sprioc-chultúr. Luann sí chomh maith go bhféadfadh fofheidhmeanna de chuid na feidhme seo a áireamh amhail feidhm mheititheangeolaíoch agus feidhm theagascach. Ceaptar ag an staid seo go bhfuil an fheidhm thagraich mar an gcéanna idir na

¹⁷ Le haghaidh tuilleadh faisnéise faoi na feidhmeanna seo i gcomhthéacs, féach Nord, 1997a: 48. Ag tagairt don alt 'Meltdown of a Mind in a Language Class' le Ted Gup, cuireann Nord na feidhmeanna seo in iúl trí shamplaí a thabhairt bunaithe ar na ceithre fheidhm seo.

buntéacsanna Béarla agus na haistriúcháin Ghaeilge sa tráchtas seo de bharr go maireann an dá theanga in éineacht lena chéile sa tír chéanna.

2) Feidhm eispriseach: baineann an fheidhm seo le dearcthaí an tseoltóra i dtaobh na n-oibiachtaí nó na bhfeiniméan. Bíonn an fheidhm seo seoltóir-dhírthe, is é sin le rá go gceaptar ag an tús go bhfuil na tagráin (referents) bunaithe ar chóras luachanna an dá chultúr (idir an seoltóir agus an faighteoir). Mar is eol dúinn, bíonn tuiscintí bunaithe ar noirm agus traidisiúin chultúrtha a bhaineann go dlúth leis an dá thaobh éagsúla agus nuair a dhéantar an fheidhm seo a anailísiú, is gá féachaint ar thaobh an tseoltóra, .i. má dhéanann fear Indiach comparáid idir súile a mhná agus súile bó, is ag caint faoi áilleacht a súl atá sé. Os a choinne sin, áfach, ní bheadh bean in iarthar domhain róshásta leis an gcomparáid sin. Seo cúis amháin ar gá breathnú ar dhearcadh an tseoltóra chun an tuiscint cheart a fháil. Mar a luadh cheana, maireann an dá theanga, .i. an Ghaeilge agus Béarla na hÉireann in éineacht lena chéile in Éirinn agus dá bhrí sin, feictear forluí idir an dá theanga ar bhealach hibridithe. Ba cheart go mbeadh an fheidhm seo mar an gcéanna idir an buntéacs agus an spriothéacs agus ba cheart go mbeadh éifeacht stíleach den chineál céanna (analogous stylistic effect) sa spriothéacs (Nord, 2018: 36).

3) Feidhm ghlaioiteach: baineann an fheidhm seo leis an léitheoir a spreagadh. Bíonn tionchar ag an bhfeidhm seo ar íogaireacht nó claonadh duine gníomh(artha) a dhéanamh. Déantar leas a bhaint as eolas domhanda an léitheora. Ar ndóigh, tá an fheidhm seo bunaithe go hiomlán ar an léitheoir féin lena mhealladh chun XYZ a dhéanamh. I gcás téacsanna fógraíochta, d'fhéadfaí fréamhacha briathra nó briathra módúil a úsáid chun duine a spreagadh táirge a

cheannach; mar shampla — ‘If you’re an American living abroad and you need to keep track of your calls, you really ought to get the AT&T Card.’

4) Feidhm fhatach: feidhm sách casta is ea í seo a thuiscint ach go bunúsach, baineann sí leis an aidhm seo: teagmháil a bhunú, a chaomhnú nó a chríochnú idir an seoltóir agus an faighteoir. Ag brath ar an gcaoi a bhféachtar ar an bhfeidhm seo, d’fhéadfaí tuiscintí áirithe a aimsiú inti. Mar shampla, má tá duine ag iarraidh mionchomhrá a dhéanamh, seans go bhfuil an duine sin ag iarraidh tús a chur le comhrá nó an comhrá atá tosaithe a chaomhnú ag brath ar an gcomhthéacs. Chomh maith leis sin, d’fhéadfaí seanfhocail a chur san áireamh anseo. D’fhéadfaí úsáid a bhaint as seanfhocail chun tús nó deireadh a chur le píosa téacs nó comhrá ag brath ar cén áit a bhfuil an píosa téacs sin lonnaithe. Sa chatagóir seo, is féidir foirmeacha chun tagairt a dhéanamh do dhuine a chur san áireamh chomh maith, .i. i gcás na Francise, d’fhéadfaí ‘vous’ nó ‘tu’ a úsáid agus bheadh léitheoir an téacs ag súil leis an leagan ceart san aistriúchán ag brath ar an gcomhthéacs a úsáidtear.

Ag eascairt as na feidhmeanna sin, rud spéisiúil is ea gur féidir iad a athrú, bunaithe ar thoil an aistritheora, idir an buntéacs agus an spriocthéacs. Chun an chuid seo den teoiric a dhaingniú a thuilleadh, áitíonn an fealsamh teangeolaíochta, Jerrold Katz (1978: 234), más rud é go bhfuil dhá aistriúchán éagsúla ceart, gur féidir an argóint a dhéanamh nach suntasach na difríochtaí eatarthu agus, mar sin de, nach fiú bacadh leo. Is ag caint faoi úsáid focal éagsúil atá sé anseo agus cén fáth nach féidir an cás céanna a dhéanamh i gcás feidhmeanna? Déanann Nord trácht ar Nida nuair a chuireann sí coibhéis dhinimiciúil dá chuid i gcomparáid leis na feidhmeanna a luadh roimhe seo (Nord, 1997b: 51). Deir sí go bhfuil Nida ag déanamh failí san fheidhm thagrach chun an fheidhm ghlaiteach a

shábháil sa choibhéis dhinimiciúil. Cé go luann Nord sa chás seo go bhfuil cineál margála á déanamh ag Nida, ní chiallaíonn sé sin nach féidir le haistriúchán bunfheidhm an bhuntéacs a chomhlíonadh nó fiú bunfheidhmeanna an bhuntéacs a bhaint amach cé gur cás thar a bheith idéalaithe is ea an cás sin. Más ionann líon na bhfeidhmeanna sa bhuntéacs agus sa spriocthéacs, is féidir a rá gur aistriúchán comhfheidhmeach (equifunctional) atá ann ina gcomhlíonann an t-aistriúchán an líon céanna feidhmeanna agus atá sa bhuntéacs. De bhreis air sin, d'fhéadfaimis labhairt faoi aistriúchán homalógach (homologous) inarb ionann stádas liteartha an bhuntéacs agus stádas liteartha an aistriúcháin sa sprioc-chultúr.¹⁸ Ar an taobh eile den scéal, má dhéantar aistriúchán heitrefheidhmeach (heterofunctional) a sholáthar, ní féidir leis an aistriúchán feidhm(eanna) an bhunchultúir a chaomhnú de bharr cúiseanna cultúrtha nó comhaimseartha (Nord, 1997b: 50). Ag trácht ar thuairmíocht Vermeer, míníonn Pym gur féidir an buntéacs a aistriú ar go leor bealaí chun feidhmeanna difriúla a bhaint amach toisc nach gá díreach cuspóir amháin a lua le haistriúchán (Pym, 2010: 43). Baineann an feiniméan seo le ról an aistritheora féin i mbun aistriú agus an fheidhm atá ar intinn aige don sprioc-chultúr.

Ní hé gurb ionann feidhmeanna agus neamhspleáchas aistritheoirí chun eilimintí ón mbunchultúr a athrú sa chaoi gur fearr a thuigfear sa sprioc-chultúr iad. Baineann an coincheap seo le dofheictheacht an aistritheora, teoiric de chuid Lawrence Venuti agus téacsanna á ndúchasú agus á n-eachtrannú. Baineann na feidhmeanna sa teoiric seo (Skopos) leis an tuiscint is gá a bheith ag aistritheoir chun machnamh a dhéanamh ar na míreanna cultúrtha agus iad á n-aistriú nó fiú gan iad a aistriú. Sa teoiric seo, bítear ag súil go mbíonn an tuiscint chuí cheart ag an aistritheoir ar an dá chultúr chun an cinneadh

¹⁸ I gcás litríocht na Gaeilge, tá an stádas céanna nó fiú stádas níos mó ag téacsanna aistrithe toisc gurbh é seo ceann de na bealaí ab éifeachtaí chun bearnaí i litríocht na Gaeilge a líonadh i ndiaidh thréimhse an choilínithe.

'ceart' a dhéanamh i dtaobh chuspóirí an aistriúcháin atá faoi chaibidil sa sprioc-chultúr (Vermeer, 1996: 35). I gcás na Gaeilge, áfach, is léir go mbíonn aistritheoirí ag feidhmiú i dtimpeallacht ina bhfuil dhá theanga ag maireachtáil sa tír chéanna ar bhealach hibridithe. Dá bhrí sin, seans nach bhfuil an chuid seo den teoiric chomh hábhartha céanna ach chun críocha an phlé go ginearálta leagann Vermeer béim ar stádas an aistritheora nuair a chuireann sé aistritheoirí, dochtúirí agus dlíodóirí i gcomparáid lena chéile.¹⁹ Deir sé nach ndéanfadh duine ar bith dochtúir ná dlíodóir a cheistiú ina gcuid oibre siúd toisc go nglacfaí leis go mbeadh an t-oideachas, tuiscint agus saineolas cuí aige chun an tasc atá i gceist a chomhlíonadh.²⁰ I súile Vermeer, bíonn aistritheoirí cumasacha ar an leibhéal céanna ó thaobh stádais de agus gur ceart, mar sin de, iontaoibh a bheith astu mar ionchódóirí idirchultúrtha i rith phróiseas an aistriúcháin (Vermeer, 1998: 50). De réir mar a cuireadh síos air sin ag tús an tráchtais, maíonn sé gurb ionann aistritheoir agus tras-seolaí gnéithe traidisiúnta (meme transmitter) agus gur féidir na gnéithe traidisiúnta sin a aimsiú sa bhuntéacs nó in aigne an tionscnóra. Oibríonn an t-aistritheoir idir dhá chultúr, go ginearálta, agus dhá theanga chun na gnéithe traidisiúnta sin a aistriú chuig na faighteoirí. D'fhéadfadh sé tarlú chomh maith gur saineolaithe iad na faighteoirí seo i réimse ar leith agus nach ndéanann an t-aistritheoir ach na gnéithe traidisiúnta seo a aistriú sa dóigh go dtuigfidh na faighteoirí iad sa sprioctheanga (Vermeer, 1998: 50). I bhformhór mór na gcásanna ina labhraíonn aistritheoir nó faighteoir an Ghaeilge mar phríomhtheanga, beidh baint aige, gan aon agó, le Béarla na hÉireann chomh maith, rud a fhágann go mbeidh an saineolas ag an dá thaobh. Ní oibríonn sé sin, áfach, ach ó théacs Béarla go Gaeilge.

¹⁹ Díreach le comparáid a dhéanamh anseo le Vermeer, is é dearcadh Holz-Mänttari i leith cumas aistritheoirí gur 'experts in cross-cultural communication' iad. Mhaígh sí, leis, go mbaineann 'gníomhartha' aidhmeanna amach mar 'translatorial action' (Féach Pym, 2010: 51).

²⁰ Admhaíonn sé, áfach, go mbíonn sé seo cultúr-bhunaithe agus i gcásanna áirithe, déantar dochtúirí a cheistiú, srl.

Go bunúsach, tugann an teoiric stádas ar leith don aistritheoir i gcomparáid le teoiricí eile roimhe seo. Ní bhaineann an teoiric le haistriúcháin ar leibhéal an fhocail ná na habairte ach leis an teachtaireacht iomlán arna tabhairt ag an aistritheoir féin. I gcomhthéacs na teoirice seo, tá trí riail i gceist: 1) riail an Skopos, .i. táirgtear gach téacs le cuspóir agus ba cheart don téacs sin an cuspóir a thairiscint; 2) riail an chomhleanúnachais (coherence), .i. ba cheart go ndéanfadh an téacs ciall sa sprioc-chultúr; 3) riail na dílseachta téacsúla (fidelity), .i. ba cheart go mbeadh baint éigin idir an buntéacs agus an spriocthéacs (Nord, 2018: 28–32). Maítear sa teoiric seo gur ionchódóir teachtaireachtaí thar theorainneacha é an t-aistritheoir. Tugtar stádas ar leith dó toisc gurb é an t-aistritheoir an t-aon duine a bheidh in ann an teachtaireacht a sholáthar de réir mar is cuí, dar leis, sa sprioc-chultúr (Vermeer, 1996: 35). Dar le Vermeer agus Reiss, déanann téacs faisnéis a sholáthar agus bíonn an fhaisnéis sin difriúil do chách, .i. ní hé go bhfaigheadh gach duine an fhaisnéis nó an teachtaireacht chéanna dá léifidís an téacs céanna (Nord, 1997b: 76). Ós rud é nach siúlaimid an chonair chéanna, bíonn eispéiris ar leith ag gach duine agus dá bharr sin, luíonn sé le réasún nach bhfaigheadh gach aon duine an tuiscint chéanna i ndiaidh dó pé téacs é a léamh (Vermeer, 1996: 21). Dar le Vermeer, dá bhrí sin, is gá téacs a sholáthar don spriocléitheoir a bheadh feiliúnach d’eolas domhanda an spriocléitheora atá cultúr-shonrach (Vermeer, 1987: 29):

... to produce a text in a target setting for a target purpose and target addresses in target circumstances ...

Dá dheasca sin, is féidir leis an aistritheoir, de réir shainchúram na teoirice seo, ar aon chuma, an téacs féin a scrúdú agus aistriúchán a sholáthar a bheadh oiriúnach don

spríoc-chultúr toisc gur saineolaí traschultúrtha é an t-aistritheoir.²¹ Is é cuspóir an aistriúcháin, mar sin de, an fachtóir is suntasaí i súile an aistritheora agus téacs á sholáthar aige. Déanann Vermeer cur síos ar ghníomh daonna mar ‘... intentional, purposeful behaviour that takes place in a given situation; it is part of the situation at the same time as it modifies the situation’ (1978/1983: 49). Is é seo an chúis a gcuireann sé síos ar an teoiric seo mar theoiric gníomhaíochta diombháilte (a theory of purposeful action) (Nord, 2018: 12). Má choinnítear cuspóir an aistriúcháin i gcuimhne ó thús go deireadh, déanfar aistriúchán níos fearr a sholáthar atá bunaithe ar riachtanais na spriocléitheoirí. Is gá machnamh a dhéanamh i gcónaí ar na riachtanais sin le linn phróiseas an aistriúcháin féin ionas gur féidir an aidhm nó an cuspóir a bhaint amach go héifeachtach sa sprioc-chultúr. Bíonn freagracht ar an aistritheoir dá bharr sin, an teachtaireacht chuí a sholáthar do na spriocléitheoirí agus bíonn leibhéal iontaobhe á chur ag na léitheoirí san aistritheoir féin, dá bharr sin. Ó thaobh hipitéis an tráchtais seo, meastar gurb é aidhm nó cuspóir na n-aistriúchán atá á n-anailísiú, agus cur chuige na n-aistritheoirí dá bhrí sin, ná athghabháil na Gaeilge mar skopos cúlghabhálach chun buntéacs a scríobhadh i mBéarla na hÉireann a aistriú go Gaeilge le téama, cultúr, staid, suíomh agus dearcadh an bhuntéacs (*inter alia*) a aistriú sa chaoi go n-athbhronntar an buntéacs ar a theanga dhúchais chuí arís eile. Déanfar an anailís sa tráchtas seo a dhéanamh bunaithe ar an skopos seo chun a fháil amach an bhfuil an cur chuige agus an ghné seo le feiceáil sna haistriúcháin.

Conas is féidir leis an aistritheoir cumasach aidhm nó cuspóir an aistriúcháin a bhaint amach ar an gcéad dul síos, áfach? Maíonn Christiane Nord nach gnách go bhfeidhmíonn

²¹ Dar le Nord (1995: 282), má bhaineann an t-aistritheoir leis an sprioc-chultúr, ba cheart go mbeadh sé ábalta feidhmiúlacht an spriocthéacs sa sprioc-chultúr a thomhas i gceart. Ní minic a thugtar stádas ard d’aistritheoirí ach i gcomhthéacs na Gaeilge, bhí ról lárnach acu chun litríocht na teanga a chothú agus a chur chun cinn, rud atá éagsúil go leor i gcomparáid le cultúir eile.

aistritheoirí as a stuaim féin agus go mbíonn tionscnóir i gceist chun tús a chur leis an bpróiseas den chuid is mó (Nord, 1997b: 2). Ag brath ar cén taobh den phróiseas a bhfuil tú ag déileáil leis, bíonn cuspóirí éagsúla ag gach taobh den fhál, .i. seans go bhfuil an tionscnóir ag iarraidh teachtaireacht ar leith a sholáthar don sprioc-chultúr. Cad a tharlaíonn nuair nach bhfuil an t-aistritheoir féin ar aon intinn leis an tionscnóir, áfach? D'fhéadfaí go mbeadh claonadh ann i gcás an aistritheora nó seans go gceapfadh sé nach suífeadh an t-aistriúchán atá á thionsnamh i gceart i measc léitheoirí an sprioc-chultúir. Bíonn coinbhleacht leasa i gceist i gcónaí chun teacht ar aidhm chuí an aistriúcháin ach dar le Nord, is gá do na páirtithe gaolmhara teacht ar réiteach roimh thús a chur le próiseas an aistriúcháin féin. Ní mór, mar sin de, a oiread sonraí agus is féidir a fháil ón tionscnóir ionas gur féidir leis an aistritheoir treoir an aistriúcháin a chomhlíonadh. Cuimsítear sna sonraí seo, cúlra socheacnamaíoch an spriocléitheora, a bhfuil an sprioc-chultúr ag súil leis mar théacs, aon íogaireacht a bheadh i gceist nó eolas domhanda an spriocléitheora (Nord, 1997b: 22). Áitíonn an scoláire aistriúcháin, Rodger Thomas Bell, go bhfuil cúig chineál eolais ag teastáil ón aistritheoir chun aistriúchán a sholáthar i gceart — 1) Eolas na sprioctheanga; 2) Eolas maidir leis an gcineál téacs atá ann; 3) Eolas na bunteanga; 4) Eolas maidir leis an réimse féin; 5) Eolas codarsnach idir an buntéacs agus an spriocthéacs (Bell, 1991: 403–15). Admhaíonn Vermeer chomh maith go n-imríonn gnéithe áirithe, e.g. cúinsí timpeallachta amhail an aimsir, leagan amach an téacs féin agus an chaoi a bhfuil an léitheoir ag am na léitheoireachta, tionchar ar an gcaoi a ndéanann an léitheoir an t-aistriúchán a thuiscint nó an chaoi a nglactar leis (Vermeer, 1996: 21). Ní mór ag an bpointe seo 'dílseacht' mar fhochuid den teoiric seo a lua de réir mar a shamhlaíonn Nord é. Déanfar plé níos mine air sin i Rannán 1.4 ach go hachomair, dar léi, ní féidir a shéanadh gur ceart dílseacht a choinneáil i gcás na bpáirtithe gaolmhara chun coinbhleacht leasa a shásamh agus a réiteach agus chun

leasanna cuí an spriocléitheora a chomhlíonadh. Bíonn ar an aistritheoir feidhmiú mar idirghabhálaí sa chás áirithe seo chun teacht ar réiteach a dhéanfaidh gach páirtí atá faoi chaibidil a shásamh sa dóigh gur féidir aistriúchán a sholáthar a gcuimseofar ann leasanna na bpáirtithe go léir ó thaobh chuspóir an aistriúcháin de (Nord, 1997b: 127). Dá bharr sin, d'fhéadfadh sé titim amach gurb ionann *skopoi* difriúla agus aistriúcháin dhifriúla den bhuntéacs céanna (Vermeer, 1996: 15). Agus an téacs á anailísiú ag an aistritheoir, ní mór dó iarracht a dhéanamh an fheidhm nó na feidhmeanna sa téacs a thuiscint agus a oibriú amach conas a dhéanfar iad a aistriú chuig an sprioc-chultúr. D'fhéadfaí é sin a chur i gcomparáid le smaointeoireacht Nord agus an buntéacs á anailísiú chun a fháil amach cén chaoi a dtabharfar ordlathas do na feidhmeanna seo mar chineál aistriúcháin ionstraimeach (arb ionann é sin agus an dúchasú). Seans maith go ndéanfaí an cinneadh gan an cineál seo aistriúcháin a chur i bhfeidhm agus gurbh fhearr i bhfad aistriúcháin doiciméadach a sholáthar (arb ionann sin agus an t-eachtrannú).²² Cé go bhfuil Nord agus Vermeer ag caint faoi aistriúcháin idir mórtheangacha anseo, is féidir comparáid a dhéanamh leis an nGaeilge, nó fiú teanga ar bith ina bhfuil canúintí éagsúla. I gcás na n-aistriúcháin ar *Riders to the Sea* le J.M. Synge, mar shampla, aistríodh trí leagan ar a laghad den bhunsaothar go Gaeilge. Baineann aistriúcháin amháin acu, '*An Mhuir*' le Seán Tóibín, le téacs a sholáthar i nGaeilge na Mumhan d'fhaighteoirí na Gaeilge a raibh an chanúint sin acu.

Ní mór a threisiú arís eile ag an bpointe seo go luíonn an teoiric seo (Skopos) le stádas an aistritheora agus a ról mar dhéantóir cinntí. Ní hé go bhfuil cur chuige ar leith ó thaobh phróiseas an aistriúcháin á chur i bhfeidhm ach go bhfuil 'saoirse' ag an aistritheoir féin machnamh a dhéanamh ar na cineálacha fadhbanna nó ceistanna a d'fhéadfadh a

²² Déanfar plé níos mine air sin sa mhodheolaíocht ach ar son ceangal a dhéanamh idir Vermeer, Reiss agus Nord, níor mhór tagairt a dhéanamh dó anseo.

bheith ann roimh dó tús a chur le haistriúchán a sholáthar agus conas is ceart iad sin a shárú (Reiss & Vermeer, 1984). Déanann Pym (2010: 107) trácht ar Levý (2000) a chuireann in iúl go mbíonn tionchar ag cinneadh amháin ar chinntí eile de réir mar a théann an t-aistriúchán ar aghaidh, rud a fhágann go mbíonn aistriúcháin bunaithe ní hamháin ar an mbuntéacs ach ar phatrúin smaointeoireachta aistritheoirí. Bhí Levý den tuairim go raibh an t-aistriúchán cosúil le cluiche fichille a imirt nach raibh srian ar líon na mbogthaí a d'fhéadfadh a bheith ann.²³ Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh sé tarlú go ndéanfadh an t-aistritheoir an cinneadh gan an téacs a aistriú de bharr cúiseanna éagsúla. Sa chatagóir seo, déanann Vermeer trácht ar cheisteanna pearsanta, airgeadais agus eitice chun na cúiseanna éagsúla nach nglacfadh aistritheoir le haistriúchán ar leith a chur in iúl (Vermeer, 1996: 35).²⁴ Chun teacht leis an bpointe sin, maíonn Watzlawick et al (1972: 51):

There is no negation of behaving. To put it even more simply, it is impossible *not* to behave one way or another. Whether you do something or refrain from doing it, whether you speak or keep silent, your behaviour will tell others something, influence them, communicate; others cannot help but react to your behaviour and will thus communicate in turn.

Mar a luadh cheana sa rannán seo, maíonn Vermeer agus Reiss gur féidir leis an bhfeidhm athrú idir an buntéacs agus an spriocthéacs. Cé go luaitear gur féidir leis an bhfeidhm athrú, ní bhaineann an pointe seo go dlúth leis an teoiric ghinearálta agus go mbíonn gach cás neamhspleách ar a chéile (Reiss & Vermeer, 1984: 139). Cuireann Nord

²³ Bhain obair Levý le *Game Theory* a chur i bhfeidhm ar phróiseas smaointeoireachta aistritheoirí.

²⁴ I gcás na Gaeilge, bhí claonadh ann iarracht a dhéanamh gan téacsanna Béarla a aistriú de bharr gur ceapadh, i ndiaidh an choilínithe, gur namhaid a bhí sa teanga sin. Cé gur roghnaíodh téacsanna Béarla áirithe, rinneadh iarracht téacsanna éagsúla ón Spáinnis, ón Rúisis agus ón bhFraincis srl. a roghnú chun cur le leithead réimse litríocht na Gaeilge.

an feiniméan seo in iúl nuair a luann sí gur féidir le feidhm téacs próis a athrú má dhéantar an téacs sin a aistriú mar dhráma stáitse nó gur féidir le feidhm an aistriúcháin a athrú nuair nach bhfuil na spriocléitheoirí céanna i gceist, .i. páistí. Cuireann sí cás *Gulliver's Travels* in iúl nuair ba ghá feidhm an bhuntéacs a mhúnlú sa dóigh go n-oirfeadh sí do pháistí bunaithe ar eagarthóireacht arna spreagadh ag idéil chráifeacha, eiticiúla nó tráchtála (Nord, 1997b: 9). Dar le Vermeer agus Reiss, más gá athrú feidhmeach a dhéanamh, cailltear comhleanúnachas idirthéacsúil leis an mbuntéacs ach go bhfuil leordhóthanacht ann ó thaobh an skopos de. Chun an pointe seo a dhéanamh, úsáideann Pym an sampla *Mein Kampf*.

For Vermeer, the translator of *Mein Kampf* would have to give priority not to how the original German text functioned, but to the function the text is supposed to have on the target reader. Those two functions could be quite different, and in this particular case they probably should be very different (Pym, 2010: 49).

Seans gur sampla thar fóir é seo ach bíodh sin mar atá, léiríonn sé an cineál smaointeoireachta atá taobh thiar den teoiric seo. Is féidir an pointe seo a threisiú ar leibhéal níos séimhe, b'fhéidir, le ráiteas ó scoláire aistriúcháin litríocht na n-óg, Riitta Oittinen. Dar léi, má dhéantar iarracht teachtaireacht an bhuntéacs a chaomhnú ina hiomláine, déanfar failí i bhfeidhm agus cuspóir an phróisis aistriúcháin trí chéile. Má choinnítear inléiteacht an aistriúcháin don pháiste i gcuimhne, áfach, tugtar tosaíocht don pháiste féin mar phearsa a bhíonn rannpháirteach go gníomhach in imeacht na léitheoireachta (Oittinen, 1993: 4). Seans gur féidir an pointe seo a chur i bhfeidhm i gcás na Gaeilge chomh maith mar ba mhinic a chuaigh daoine a raibh leibhéal teoranta Gaeilge acu chuig amharclanna chathracha na hÉireann. Chun freastal ar na riachtanais

seo agus chun na hamharclanna a líonadh, aistríodh agus scríobhadh drámaí leis an ngné sin ar intinn iontu. Dúirt Máiréad Ní Ghráda gur scríobh sí bundrámaí le cumas labhartha agus tuisceana an lucht féachana ar intinn aici (Ní Bhrádaigh, 1996: 42). Dá bhrí sin, dá n-aistreofaí na drámaí sin, an mbeadh ar an aistritheoir an fheidhm sin a chur in iúl i gcás teanga eile?²⁵

Bíonn an-tóir ar an teoiric seo agus an t-aistriúchán á mhúineadh mar cheird. Dar le Vermeer agus Reiss, is teoiric uileghabhálach í seo a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm ar aon téacs toisc go gcuireann sí an t-aistritheoir féin sa suíochán tiomána agus go dtugtar stádas níos airde don aistriúchán féin seachas don bhuntéacs (Reiss & Vermeer, 1984: 76). Más féidir aidhm nó cuspóir an aistriúcháin a choinneáil chun tosaigh in intinn an aistritheora luathghairme, déanfar aistriúchán níos fearr a sholáthar sa mhéid go mbeadh sé níos intuigthe don sprioc-chultúr. Chomh fada agus a bhaintear aidhm an aistriúcháin amach don sprioc-chultúr sin, is féidir a rá go mbeadh an toradh níos fearr ná má rinneadh faillí san aidhm ar an gcéad dul síos. Dá bharr sin, ligeann teoiric Skopos d'aistritheoirí luathghairme bheith praiticiúil nó cruthaitheach ós rud é nach bhfuil srian ann ó thaobh straitéisí aistriúcháin de, rud a fhágann nach bhfuil ach cinntí le déanamh ag na haistritheoirí luathghairme bunaithe ar chuspóir nó aidhm an aistriúcháin (Trisnawati, 2014: 249).

I bhfianaise na samplaí éagsúla sin, ní féidir a shéanadh gur beag stádas a thugtar don bhuntéacs. Dar le Vermeer agus Reiss, níl sa bhuntéacs ach ceann de na hacmhainní faisnéise ag an aistritheoir chun an t-aistriúchán a chur i gcrích. Is féidir breathnú ar an mbuntéacs mar thobar faisnéise as ar féidir leis an aistritheoir tarraingt. Féadtar an

²⁵ Pointe spéisiúil atá anseo nó leagann sé béim ar 'skopos' an bhunscríbhneora seo chun freastal ar dhaoine ar bheagán Gaeilge le linn aimsir na hAthbheochana.

t-aistritheoir cinní a dhéanamh faoi cé na míreanna a bheidh spéisiúil, úsáideach nó sothuigthe don sprioc-chultúr le linn phróiseas an aistriúcháin. Dá bharr sin, tugann an bheirt acu (1984: 72) soláthar faisnéise nó *offer of information* ar an mbuntéacs ina ndéantar an buntéacs a chur ó choróin, mar a déarfá.²⁶ Maítear sa teoiric seo gur gá don aistritheoir bheith ag aistriú go córasach agus go comhfhiosach le prionsabal ar leith agus meas a bheith aige ar an sprioc-chultúr (Vermeer, 2004: 234). Ní léirítear sa teoiric seo céard go díreach atá i gceist le ‘prionsabal’ ach bíonn sé difriúil i ngach uile thasc aistriúcháin agus is gá don aistritheoir an prionsabal a fhiosrú agus a chomhlíonadh. Dá bharr sin, ní mór treoir an aistriúcháin a bhunú ar an sprioc-chultúr agus ní ar an mbunchultúr.

1.3.1 Critic ar theoiric Skopos

Cé gur luadh cheana féin cé chomh húsáideach agus atá an teoiric seo ó thaobh oiliúint aistritheoirí de, déantar í a cheistiú agus a cháineadh freisin. Ceaptar nach teoiric iomlán nua í seo, gur teoiric an chóirithe atá inti nó nach mbíonn cuspóir ann i gcás gach aistriúcháin.²⁷ Ceann de na hargóintí is mó ina measc is ea coincheap an aistritheora idéaláioch agus conas cur síos a dhéanamh air sin. Tá an chuma ar an scéal i gcás theoiric Skopos go mbíonn gach aistritheoir cumasach toisc go gceaptar gur saineolaí traschultúrtha atá ann ach conas is féidir brath air sin go hiomlán? Le plé ar an bpointe seo a fhiosrú, féach Chesterman, 1998, mar shampla. Lena chur in iúl a shuibiachtiúla agus atá an coincheap seo, pléifimid cás na hÉireann. Cé go bhfuil Cumann Aistritheoirí agus Ateangairí na hÉireann ar an bhfód ón mbliain 1986, níl ann ach eagrais chun cáilíocht an aistriúcháin in Éirinn a chur chun cinn agus a chosaint. Ní gá bheith páirteach

²⁶ Dar le Reiss, áfach, ní mór an t-aistriúchán a thomhas bunaithe ar an mbuntéacs (Nord, 2018: 12).

²⁷ Le haghaidh plé níos iomláine air seo, féach Nord, 2018: 100–12.

sa chumann seo chun ‘aistritheoir’ a thabhairt ort féin agus fiú dá mba rud é go raibh tú i do bhall den chumann, ní hé go bhfuil cúinsí iontrála na hinstitiúide ródheacair chun an ‘stádas proifisiúnta’ a bhaint amach (Suíomh Gréasáin ITIA).²⁸

Creidiúint eile is ea an Séala Creidiúnaithe d’Aistritheoirí agus Eagarthóirí trínar féidir le haistritheoirí nua scrúdú aistriúcháin Gaeilge a dhéanamh le go dtig leo a n-ainmneacha a chur ar phainéal aistritheoirí a bhféadfadh cliaint tarraingt as. Anuas air sin, níl mórán institiúidí ollscolaíochta in Éirinn a mbíonn an saineolas cuí ceart acu chun an cineál seo traenála a sholáthar ach amháin Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, b’fhéidir. Is í sin an t-aon institiúid in Éirinn ina bhfuil Máistreacht i Staidéar an Aistriúcháin (European Master’s in Translation) atá aitheanta ag an Aontas Eorpach. Fiú dá mba rud é go raibh aon cheann de na creidiúintí nó na teastais seo agat, ní hé go bhfuil dlí feidhmeach in Éirinn chun ceird an aistritheora a chosaint agus níl aon cheangal ar aon duine feidhmiú mar aistritheoir idéaláíoch i súile an stáit ar aon chuma. Anuas air sin, ardaíonn Emma Wagner, ar aistritheoir sa Choimisiún Eorpach í, an cheist thábhachtach faoi chumas an aistritheora fiú dá mba rud é go mbeadh aon cheann de na creidiúintí thuasluaite acu. Tá sí den tuairim nach mbeadh ar institiúidí nó cuideachtaí aonair a gcuid tástálacha féin a reáchtáil má bhí na cáilíochtaí éagsúla sásúil chun ‘aistritheoir maith’ a sholáthar (Chesterman & Wagner, 2002: 36). Baineann an tráchtas seo le roinnt saothar a aistríodh ag tús an 20ú haois agus ní mór a lua chomh maith gur beag cáilíocht nó creidiúint a bhí ann ag an am ó thaobh an aistriúcháin de agus, anuas air sin, nach raibh Caighdeán Oifigiúil sa Ghaeilge go dtí 1958. Fágann sé sin go bhfuil an taobh seo den teoiric ábhairín lom toisc nach mbíonn cúinsí ó lá go lá foirfe i gcónaí (Chesterman, 1998: 157).

²⁸ Le haghaidh tuilleadh faisnéise faoin bpointe seo, tá léargas maith tugtha ag Miriam Watchorn (2013) maidir le coinníollacha iontrála ITIA.

Ach cuir i gcás go raibh aistritheoir den chéad scoth aimsithe ag an tionscnóir. Téann tionchar an ghnáthlae i bhfeidhm ar gach duine agus, mar sin de, níl a leithéid de rud ann agus cás foirfe nó idéaláíoch. Léiríodh cheana go n-admhaíonn Vermeer agus Reiss go n-imríonn gnéithe éagsúla tionchar ar an gcaoi a léann faighteoirí an t-aistriúchán. Ar an ábhar sin, ní mór é sin a áireamh chomh maith i gcás na n-aistritheoirí. Tá an chuma ar an scéal go bhfuil Vermeer agus Reiss ag caint faoi chás foirfe ina bhfuil dóthain ama chun an t-aistriúchán a sholáthar agus go bhfuil dóthain faisnéise ar fáil don aistritheoir chun cinneadh/cinntí deifnídeach(a) a dhéanamh i gcás skopos an aistriúcháin. Maítear, áfach, mura bhfuil na cúinsí ó thaobh ama nó easpa faisnéise de maith go leor don aistritheoir, nach féidir leis an aistritheoir aistriúchán a sholáthar agus, dá bharr sin, nach gá dó tabhairt faoin aistriúchán ar an gcéad dul síos (Vermeer, 1996: 35). In ainneoin dhea-rúin Vermeer agus Reiss maidir le cáilíocht ard aistriúcháin a chaomhnú, ní aithníonn scóip na teoirice seo go nglacann aistritheoirí le tascanna aistriúcháin ar son an airgid agus, den chuid is mó, gan eolas nó faisnéis a bheith acu ar an ábhar cé go mbíonn siad inniúil ar an teanga féin. Déanann Vermeer cur síos ar chineál clásail éalaithe. Chun an teoiric seo a leathnú amach a thuilleadh agus fiú a dhéanamh níos casta, luann Vermeer fochuspóirí (subskopoi) (Vermeer, 1992: 285–99 & Féach Vermeer, 1998: 51). Admhaíonn sé nach mbíonn gach cás idéaláíoch agus gur gá don aistritheoir, uaireanta, oibriú le cúinsí nach gcomhlíonfaidh an spriocthéacs is fearr, dar leis an aistritheoir saineolach, ach a chomhlíonfaidh rúin an tionscnóra. Tugtar skopos₂ air sin atá ina fhochuid den teoiric ghinearálta.

Luadh níos luaithe sa chaibidil seo gur gá don aistritheoir an téacs a anailísiú chun feidhm nó feidhmeanna an bhuntéacs a thuiscint agus a chur i gcrích, más féidir, san aistriúchán. Luann Maria Tymoczko (2007) pointe tábhachtach, áfach, ina ndeir sí go mbraitheann an

chéim seo den phróiseas ar bharúil an aistritheora féin ach is é is dóichí nach n-éireoidh le gach aistritheoir feidhmeanna an bhuntéacs ina n-iomláine a bhaint amach. Dá dheasca sin, tagann taobh suibiachtúil nádúr an duine faoi chaibidil arís eile agus bíonn gealltanais idé-eolaíocha i gceist anseo i gcás an aistritheora. Déanann Pym (2010: 58) trácht ar an bhfeiniméan seo nuair a fhiafraíonn sé conas is féidir cur i leith aistritheora nár chomhlíon sé feidhm nó feidhmeanna an bhuntéacs más rud é gurbh eisean an té a bheartaigh an fheidhm nó na feidhmeanna ar an gcéad dul síos? Cé go maíonn sé go bhfuil go leor eilimintí tábhachtacha faoi scóip na teoirice seo, ní féidir leis an teoiric ceist na heitice maidir le cuspóirí atá in iomaíocht lena chéile a réiteach (Pym 2010: 165). Tá an chuma ar an scéal, dá bhrí sin, go bhfuil an teoiric bunaithe ar bhreathnuithe ginearálta seachas faisnéis théagartha. Chun tacú leis sin, líomhain eile a chuirtear i leith an fheidhmiúlachais ná go bhfuil sé ‘theoretical-speculative’ seachas eimpíreach. Dar le Nord, tá an feidhmiúlachas bunaithe ar ‘observations of translation practice’ seachas trí anailís ar chorpais mhóra leictreonacha (Nord, 2018: 107). Ina ainneoin sin, cé go mbíonn níos mó ceisteanna ná freagraí i gcás na teoirice seo, rud ollmhór amháin a dhéanann sí is ea deighilt a shaothrú idir coibhéis idir ceisteanna micrileibhéil a bhaineann leis an mbuntéacs, agus ceisteanna macraileibhéil a bhaineann le cultúr, meonta agus feidhmeanna i staidéar an aistriúcháin.

Maítear ó am go chéile nach féidir an teoiric seo a chur i bhfeidhm ar théacsanna liteartha toisc gur ceart na téacsanna seo a aistriú go dílis agus ós rud é gurb é cuspóir an aistriúcháin tuiscint a fháil ar údar ar leith, a shaothar agus a chuid dearchtaí i measc léitheoirí an sprioc-chultúir. Dar le Vermeer (1996: 41), áfach, más rud é go bhfuil an t-údar ag iarraidh go léireofar a chuid dearchtaí srl. sa bhunchultúr, nach gciallaíonn sé sin go bhfuil an t-aistriúchán spriocdhírthe sa chás áirithe seo sa sprioc-chultúr? Ag deireadh

an lae, má dhéanann an t-aistritheoir cinneadh an domhan liteartha eachtrannach a choinneáil slán agus gan ainmneacha dílse srl. a athrú, tá an t-aistritheoir fós feasach ar an gcuspóir agus, dá bharr sin, cuimsíonn an ghné seo den aistriúchán sainchúram na teoirice chomh maith.²⁹

Gné eile den teoiric seo a cháinteair is ea easpa dílseachta don bhuntéacs. Cé go maítear go bhfuil an stádas is airde ag an spriochéacs agus nach bhfuil sa bhuntéacs ach soláthar faisnéise, déanann criticeoirí áirithe an argóint gur ceart ar a laghad feasacht níos suntasaí a thabhairt don bhuntéacs mar shaothar agus aistriúchán á sholáthar. Tá an chuma ar an scéal, de réir choinníollacha teoiric Skopos, go bhfuil saoirse iomlán ag an aistritheoir agus gur féidir leis pé rud is mian leis a dhéanamh chomh fada agus a chomhlíonann sé cuspóir nó aidhm an aistriúcháin sa sprioc-chultúr. Chun teacht roimh an gceist seo, éilíonn Nord gur ceart dílseacht a chur faoi chaibidil agus an teoiric seo á plé. Ní mór, mar sin de, ardstádas an spriochéacs a choinneáil ach níos mó dílseachta a thabhairt ní don bhuntéacs *per se* ach do thaobh an tionscnóra ionas go bhfuil an t-aistritheoir níos freagraí as na cinntí a dhéantar le linn phróiseas an aistriúcháin. Déanfar plé air seo i Rannán 1.4.

²⁹ Déanfar plé níos iomláine ar an ghné seo sa mhodheolaíocht chomh maith.

1.4 Feidhm móide Dílseacht san Aistriúchán

Loyalty is a moral principle guiding the relationships between human beings (Nord, 1991: 91).³⁰

Scoláire aistriúcháin mór le rá is ea Christiane Nord ar iarmhac léinn de chuid Katharina Reiss í. Luadh i Rannán 1.3 gurb é ceann de na buntáistí is mó a bhaineann leis an teoiric Skopos i réimse an aistriúcháin ná gur féidir úsáid a bhaint aisti mar mhúnla ginearálta chun aistritheoirí atá ag tosú amach a thraenáil ar bhealach leanúnach agus comhtháite. Ligeann an teoiric do theagascóirí aistriúcháin creatlach ar leith a úsáid chun a chur in iúl do mhic léinn san earnáil seo gur gá aistriúchán a sholáthar a bheidh úsáideach ar a laghad don spriocléitheoir. Baineann an smaointeoireacht seo le ‘feidhmiúlacht’ agus, dar le Nord, baineann an coincheap sin leis an tréith a bhronnann faighteoirí ar théacs agus ní le tréith nádúrtha inmheánach sa téacs féin. Ionas gur féidir le téacs feidhmiúlacht nó feidhm ar leith a chur chun cinn, is féidir leis an táirgeoir téacs ‘marcóirí téacs’ a úsáid chun faighteoirí a mhealladh i dtreo bhunrún tháirgeoir an téacs (Nord, 2002: 34). Is fiú do mhic léinn aistriúcháin luathghairme an smaoineamh a bhaineann le coincheap na teoirice seo a choinneáil ar intinn acu agus iad ag aistriú chun go mbeadh an téacs aistrithe inléite agus sothuigte ag an spriocléitheoir. Cinntíonn sé sin nach ndéanfaidh siad lomaistriúchán a sholáthar atá bunaithe go hiomlán ar leibhéal na séimeantaice. Cé go seasann Nord le formhór na bpointí a dhéanann Vermeer agus Reiss, tá cúpla easnamh le brath mar chuid de theoiric Skopos a phléitear in an-chuid alt agus leabhar ach go príomha in *Translating as a Purposeful Activity: Functionalist Approaches Explained* (1997b/2018) agus *Text Analysis in Translation: Theory, Methodology, and Didactic Application of a Model for Translation-oriented Text Analysis* (2005).

³⁰ Tugtar léargas maith ar an gcoincheap ‘feidhm móide dílseacht’ *function plus loyalty* in Nord (2001: 200) ach déantar an coincheap sin a phlé go mion san alt sin agus faoi mhodheolaíocht an tráchtais féin i gCaibidil 3.

Luadh níos luaithe sa tráchtas seo nach dtugtar mórán stádais nó fiú stádas ar bith don bhuntéacs mar chuid de smaointeoireacht an choincheapa seo agus cé go n-aontaíonn Nord leis sin go pointe, measann sí gur ceart dílseacht éigin a choinneáil ní leis an mbuntéacs go hiomlán ach leis an tionscnóir agus le treoir an aistriúcháin. Ceadáíonn Vermeer dílseacht théacsúil (fidelity) áirithe a chur i bhfeidhm mar chuid den teoiric seo ach is fochuid den teoiric í sin agus ní bhaineann sí le bunús na teoirice féin. Dar le Vermeer, bíonn an cead ag an aistritheoir comhleanúnachas nó dílseacht éigin a choinneáil idir an buntéacs agus an t-aistriúchán. Ó thaobh na tábhachta de, áfach, ní bhíonn an stádas céanna aige sin i gcomparáid le feidhm an aistriúcháin féin i gcomhthéacs na spriocléitheoirí. Cé go dtarlódh sé go mbeadh comhleanúnachas idir an dá théacs, ní chuirtear ar aghaidh é mar chuid lárnach sa teoiric féin (Vermeer, 1996: 24). Dar le Nord, áfach, tá an baol ann go dtugann a leithéid an iomarca saoirse d'aistritheoirí faillí a dhéanamh i dtaobh an bhuntéacs (Nord, 1997b: 127).

Maíonn sí nach mbaineann coincheap na dílseachta leis an téacs féin go pointe ach leis na daoine atá faoi chaibidil agus aistriúchán á sholáthar, .i. seoltóirí. Cuireann sí in iúl go bhfuil imdhealú idir dílseacht ó thaobh an téacs de agus dílseacht ó thaobh an phróisis de. Is doiligh an pointe seo a chur in iúl sa Ghaeilge de bharr gurb ionann 'fidelity', 'faithfulness' agus 'loyalty' sa Bhéarla agus 'dílseacht' sa Ghaeilge. Chun dealú a chruthú idir 'fidelity' nó 'dílseacht théacsúil' de chuid Vermeer, cloífead le 'dílseacht' chun cur síos a dhéanamh ar 'loyalty'. Coincheap idirphearsanta is ea dílseacht, de réir Nord féin, a cheanglaíonn an t-aistritheoir go déthaobhach leis an dá thaobh chun teacht ar réiteach roimh chuspóir an aistriúcháin a ghreanadh i gcloch agus tús a chur leis an aistriúchán féin (Nord, 1997b: 125). Cuireann sí síos ar an gcoincheap seo mar chaidreamh sóisialta

idir daoine.³¹ Dá bharr sin, freagra ag Nord atá sa choincheap seo ar chriticeoirí a éilíonn go bhfuil an iomarca sairse ag aistritheoirí mar chuid de theoiric Skopos (Nord, 2001: 185). Cuimsíonn teorainneacha an choincheapa seo leasanna na dtaobhanna go léir i bpróiseas an aistriúcháin, .i. an tionscnóir a bhfuil aidhm ar leith ar intinn aige, an spriocléitheoir a bheidh ag súil le caidreamh éigin idir an bhuntéacs agus an t-aistriúchán a bheidh á léamh aige, agus an t-údar féin a bhfuil sé de cheart aige caidreamh éigin a éileamh idir a théacs féin agus an t-aistriúchán. Cosúil le smaointeoireacht Vermeer agus Reiss, más rud é go mbeidh aon easaontas idir na taobhanna, is ar an aistritheoir atá sé teacht ar réiteach agus tuiscint a fháil ó na comhpháirtithe go léir mar idirghabhálaí roimh dó tús a chur leis an aistriúchán. Chun an dílseacht sin a bhaint amach, molann Nord go ndéantar anailís ar théacs i gcomhréir le treoir an aistriúcháin chun na feidhmeanna idir an dá théacs a fhiosrú. Ar an ábhar sin, ní mór an bhuntéacs a chur i gcomparáid le treoir an aistriúcháin chun teacht ar cén fhaisnéis ar leibhéal na habairte agus níos airde is cóir a choinneáil san aistriúchán féin. Cuireann sí ordlathas le haghaidh fachtóirí áirithe in iúl chun an cur chuige aistrithe is oiriúnaí (optimal transfer procedure) a chur i bhfeidhm (Nord, 2018: 59):

- Comparáid a dhéanamh idir feidhmeanna an bhuntéacs agus an aistriúcháin chun a fháil amach arbh fhearr aistriúchán doiciméadach nó ionstraimeach a sholáthar.
- Comparáid a dhéanamh idir faighteoirí an bhuntéacs agus an aistriúcháin, .i. faisnéis chultúrtha na bhfaighteoirí.
- Anailís a dhéanamh ar am agus áit an aistriúcháin i gcomparáid leis an mbuntéacs.
- Áit — an bhfuil difríochtaí ann maidir le háit an bhuntéacs agus an spriocthéacs?

³¹ Tugann Chesterman (2002: 52) 'aistriúchán poileimiciúil' ar aistriúchán nach gcloíonn le rún an údair/scríbhneora.

- Méid/fad (medium) — an bhfuil teorainneacha spáis ann mar shampla?
- Cúis — cén fáth ar scríobhadh an téacs ar an gcéad dul síos agus cén fáth a bhfuil aistriúchán á lorg?³²

Maítear, i réimse an fheidhmiúlachais san aistriúchán, go gcuimsíonn Nord buaicphointí na gluaiseachta seo ina múnla féin: 1) cuireann sí béim ar threoir agus tionscnóir an aistriúcháin; 2) tuigeann sí an tábhacht a bhaineann leis an skopos ach gan an iomarca sairse a thabhairt dó agus 3) coinníonn sí baint éigin leis an mbuntéacs i soláthar na faisnéise chun feidhm(eanna) an aistriúcháin a bhaint amach.³³ Maíonn Tymoczko go dtreisiúnn Nord taobh an iarphosaitíbeachais (postpositivism) de theoiricí an fheidhmiúlachais chun feidhmeanna aontaobhacha agus impiriúlachas cultúrtha a sheachaint a oiread agus is féidir (Tymoczko, 2007: 39). Léiríonn Tymoczko (2007) go dtuigeann Nord a chasta agus a bhíonn sé na feidhmeanna go léir sa bhuntéacs a aistriú chuig an spriocléitheoir agus is tríd an dílseacht seo is féidir leis an aistritheoir an cinneadh a dhéanamh maidir le cé na feidhmeanna/cuspóirí, a bhí mar rún ag an seoltóir, is féidir a chomhlíonadh sa sprioc-chultúr.

I léirmheas a scríobh Andrew Chesterman ar *Skopos Theory — Some Arguments for and Against*, áfach, chuir sé in iúl gurbh fhearr le Vermeer gan ceist na heitice a tharraingt isteach sa phlé ó thaobh na teoirice i gcoitinne de. Mar achoimre ar na pointí go léir, creideann Vermeer go dtugann coincheap Nord an iomarca stádais do thaobh an bhuntéacs agus nach bhfuil a cuid creidiúintí féin maidir le rún an tionscnóra agus

³² I gcás na Gaeilge ag tús an 20ú haois, ceann de na cúiseanna a bhain le téacsanna a aistriú go Gaeilge ba ea stádas litríocht na Gaeilge a chur chun cinn agus bearnaí sa litríocht a líonadh.

³³ Cé nach ndearnadh mionphlé ar obair Holz-Mänttári anseo, tá ceangal idir a saothar siúd agus obair Nord sa mhéid go mbíonn Holz-Mänttári ag caint faoi ‘imreoirí/players’ le linn ghníomh an aistriúcháin. Tá friotal Nord níos sonraí toisc go mbíonn sise ag caint faoi thionscnóirí, faighteoirí, seoltóirí, srl.

spricléitheoirí rófhobartha. Luann sé an chastacht a bhaineann leis na rúin seo a cheangal le bunús na teoirice trí chéile. Dar leis, seachnaíonn Skopos na ceisteanna eiticiúla seo agus, arís eile, leagann sé béim ar stádas an aistritheora mar shaineolaí traschultúrtha i gcásanna a gcreideann an t-aistritheoir gur ceart faillí a dhéanamh i rúin an tionscnóra nó an tseoltóra mura suífidh na rúin seo isteach i gceart mar chuid den aistriúchán féin sa sprioc-chultúr. Cuireann Chesterman (1998) in iúl go gcosnaíonn Vermeer (1996) príomhphointe na teoirice seo arís eile gurb í aidhm nó skopos an fachtóir is tábhachtaí agus is airde ó thaobh an rangaithe de i sainchúram na teoirice seo. Má dhéantar an cinneadh chun rúin thaobh an tseoltóra a thréigean, áfach, is gá a leithéid a admháil don spricléitheoir ag an tús agus na cúiseanna a bhaineann leis an gcinneadh a chur in iúl.

Mar fhianaise frisnéise ar a bhfuil le rá ag Nord, deir Vermeer arís eile nach féidir an dá thrá a fhreastal. Tá an baol ann, dar leis, go n-éireoidh an t-aistritheoir mídhílis do thaobh amháin cé nach rún d'aon turas é sin de réir dhearcadh an aistritheora féin. Cuireann sé ina luí ar an léitheoir go mbíonn claontacht i gceist i gcás daoine agus ós rud go dtugtar 'saineolaí' ar an aistritheoir faoi scóip na teoirice seo, is gá bheith muiníneach as iomas an aistritheora féin. Maíonn Vermeer (1996: 86) gur ceart don aistritheoir fanacht dílis dá riachtanais phroifisiúnta féin, agus mar dhuine, dá chreideamh pearsanta féin. Leanann Vermeer ar aghaidh le coincheap na hidealhílseachta nó *idio-loyalty* — an dílseacht a bhíonn ag duine dá chuid tuairimí nó dearcthaí féin nó do na dearcthaí atá aige ar dhaoine eile nach é, .i. dílseacht do rún an údair. Léiríonn Vermeer (1996: 94) an deacracht a fheiceann sé leis an idealhílseacht sa mhéid go mbaineann an coincheap go daingean le cúrsaí ama agus nach maireann an idealhílseacht ach ar feadh tréimhse theoranta toisc nach bhfanann intleacht nó dearcthaí daoine díreach mar an gcéanna go

deo. Imríonn cúinsí seachtracha éagsúla tionchar ar dhearcthaí daoine i gcónaí agus ní nach ionadh, mar sin de, go ndéanann daoine a gcuid barúlacha féin a fhorbairt agus a athrú thar am. Bunaithe air sin, b'fhearr le Vermeer an ideadhílseacht, de réir mar a léirítear anseo í, a fhágáil ar lár toisc go gcruthaíonn sí an iomarca fadhbanna i dtaca leis an teoiric ghinearálta. Is ceart, mar sin de, an cinneadh deireanach deifnídeach a fhágáil faoin aistritheoir féin seachas dílseacht a tharraingt isteach sa phlé.

De bhreis ar an bpointe seo, cuireann Vermeer in iúl go mbíonn cásanna ann nuair nach bhfuil a fhios ag aon duine cé a scríobh an buntéacs ar an gcéad dul síos. Mura bhfuil an t-aistritheoir in ann teacht ar an bhfaisnéis sin nó más rud é gur cailleadh an fhaisnéis thar na blianta nó fiú má tá an t-údar ag iarraidh fanacht anaithnid, conas is féidir déileáil leis an dílseacht sna cásanna sin? Ar an údar sin, cé go n-admhaíonn Vermeer nach mbeadh Nord sásta leis an tuairim seo, ba cheart 'dílseacht' a mhíniú mar an chiall a bhaineann an t-aistritheoir as an téacs mar chuid den fheidhm. Luann Vermeer go mbaineann formhór na gcineálacha téacsanna seo le téacsanna liteartha arb ionann iad agus saothair ealaíonta. Cé gur féidir a rá go raibh feidhm ealaíonta ag baint leis an mbuntéacs ar an gcéad dul síos, ní hé go bhfuil an fheidhm sin tábhachtach i mbrí an táirge (an t-aistriúchán). Léiríonn sé an pointe nach bhfuil aon cheangal ar an aistritheoir coincheap na dílseachta a chur i bhfeidhm le haghaidh feiniméin ealaíonta i gcultúr iarthar an domhain, .i. is féidir dán a aistriú go litriúil agus go neamhealaíonta (Vermeer, 1996: 98).

Ar an iomlán, cé go n-aontaíonn Nord le Vermeer agus Reiss ar go leor pointí i dtaca le teoiric Skopos i gcoitinne, bíonn easaontas eatarthu le brath in áiteanna. Níl déanta sa rannán seo den tráchtas ach an taobh eile de theoiric Skopos agus smaointeoireacht Nord i gcur chuige an fheidhmiúlachais trí chéile a chur in iúl le gur féidir cothromaíocht a

thaispeáint agus na laigí a bhaineann leis an scoil smaointeoireachta seo a léiriú. Déanann Nord agus Tymoczko pointí léirsteanacha faoi Skopos mar theoiric ach is léir go bhfeictear deacrachtaí maidir le coincheap na dílseachta a chomhthéacsú agus cur síos a dhéanamh air. Ar an iomlán, is cinnte go mbogann na teoiricí seo réimse an aistriúcháin i dtreo disciplín níos sóisialta. Léiríonn an rannán seo den tráchtas cé chomh héifeachtach agus a d'fhéadfadh na teoiricí seo a bheith ach, chomh maith leis sin, go bhfuil laigí áirithe ag baint leo, rud a léiríonn nach bhfuil a leithéid agus foirfeacht ann i gcás teoiricí an aistriúcháin trí chéile.

Cé go bhféadfaí plé a dhéanamh ar staidéar an aistriúcháin go deo, ní dhearnadh sa plé go dtí seo ach comhthéacsú ar theoiricí an aistriúcháin go ginearálta agus i leith aistriúchán na Gaeilge nuair ab fhéidir. Is é cur chuige an fheidhmiúlachais bunchloch an tráchtais seo, go háirithe *Text Analysis in Translation* de chuid Nord, a chur i bhfeidhm ar chnuasach drámaí a aistríodh go Gaeilge. Ba ghá comhthéacsú níos ginearálta a dhéanamh ar dtús le go bhféadfadh scéal níos iomláine cabhrú le treisiú an chur chuige féin i gcomhthéacs níos leithne. Is cinnte go bhféadfaí go leor eile a lua i réimse stair an aistriúcháin mar chuid den chaibidil seo ach ní mór plé níos mionsonraithe a dhéanamh ar stair dhrámaíocht na Gaeilge roimh an modheolaíocht a mhíniú agus tús a chur le creatlach na hanailíse sa tráchtas. Sa chéad chaibidil eile, pléifear leis na fadhbanna agus constaicí a bhaineann le haistriúchán na drámaíochta go ginearálta mar cheird, stair dhrámaíocht na Gaeilge trí chéile, ról an aistriúcháin i stair dhrámaíocht na hÉireann, mar aon le modheolaíocht an tráchtais féin chun críocha na hanailíse ar an gcnuasach drámaí atá roghnaithe lena n-íniúchadh.

Caibidil 2

2.1 Aistriúchán i gcomhthéacs mionteangacha

Dar le Cronin (1995: 86), b'fhéidir breathnú ar an mBéarla fadó in Éirinn mar mhionteanga sa mhéid nach raibh an lámh in uachtar aige in Éirinn go dtí ré na dTúdar agus an leathadh Cromalach agus, ar deireadh, i ndiaidh an Drochshaoil, inar cailleadh tuairim is dhá mhilliún duine de bharr na himirce agus an ocrais. Ó shin i leith, chonacthas athrú ar stádas an dá theanga agus meath seasta na Gaeilge go dtí gur breathnaíodh uirthi mar mhionteanga ina tír dhúchais féin. Is féidir go leor cásanna eile a lua chomh maith — mar shampla *Québécois* i gCeanada. Sa chás áirithe sin, feictear canúint de chuid na Fraincise (*Québécois*) ag feidhmiú mar mhionteanga i dtír ina labhraíonn formhór na ndaoine an Béarla agus ina bhfuil tréaniarrachtaí ar bun an bealach a réiteach don teanga chun go mbeidh an t-aitheantas aici atá ag dul di. 'Québécois social discourse expresses the fear that Québec is a society in danger of losing its voice forever. In the name of 'difference' this discourse also rejects French, classifying it as a foreign tongue so as to facilitate the emergence of the 'Québécois language' (Brisset, 1996: 198). Anuas ar na samplaí seo, d'fhéadfaí cásanna eile de mhionteangacha a lua i scéal an aistriúcháin agus na cúiseanna a roghnaítear téacsanna ó mhionteanga lena n-aistriú go mórtheanga nó a mhalairt. Má thógaimid cás na hEabhraise, mar shampla, aistríodh téacsanna Gearmáinise go dtí an Eabhrais mar ba í príomhchúis na n-aistriúcháin (sampla mórtheanga aistrithe go mionteanga) ná cabhrú leis an aos óg feabhas a chur ar a gcumas léitheoireachta agus stór focal daoine óga a mhéadú (Puurtinen, 1995: 23). I gcásanna eile, ina mbíonn an mhionteanga nó teanga ársa ag dul in éag, amhail an Laidin, nuair a tháinig laghdú, de réir a chéile, ar an méid aistriúcháin a bhíodh á

dhéanamh ón Laidin, ba é an toradh air sin ná nach raibh daoine in ann tairbhe a bhaint as seanlitríocht na Laidine sa bhunteanga (Littau & Kuhiwczak, 2007: 19), rud a d'fhéadfaí a chur i gcomparáid le seanlitríocht na Gaeilge. Tá sé ríshoiléir, dá bharr sin, go bhfuil dlúth-thábhacht ag baint le mionteangacha i stair an aistriúcháin ach, in ainneoin na samplaí seo, maíonn Cronin (1998: 161) nach bhfuil an tábhacht atá ag dul do mhionteangacha bainte amach go hiomlán acu i ndioscúrsa theoiric an aistriúcháin go fóill. Ó thaobh thábhacht an aistriúcháin, áfach, luann Titley (2005: 312) gurb ionann an t-aistriúchán agus léiriú ar an gcoimhlint cumhachtaí idir teangacha agus daoine, agus tá an choimhlint sin fós le feiceáil i dtaobh na Gaeilge i gcomparáid leis an mBéarla. Dá bharr sin, ní mór don Ghaeilge brath ar an aistriúchán mar shlí amháin chun a croí a choinneáil ag preabadh agus tionchar na teanga seo ar an domhan agus ar na daoine a labhraíonn í a thabhairt slán.

Tagraíonn Cronin (1998: 149) do ráiteas ó W.J. Rolleston sa bhliain 1896 inar áitigh sé nach raibh an Ghaeilge sásúil mar theanga smaointeachais ag daoine cultúrtha. Thug sé dúshlán sliocht próis eolaíochta a thóg sé as iris a aistriú go Gaeilge. Rinne Douglas Hyde an téacs a aistriú go Gaeilge agus rinne Eoin Mac Néill an téacs a aistriú ar ais go Béarla. Tar éis do Rolleston an buntéacs a chur i gcomparáid leis an téacs athaistrithe, bhí sé sásta gurbh fhéidir an Ghaeilge a úsáid mar theanga inaistrithe. Níl anseo ach scéal gairid chun sampla den smaointeoireacht maidir leis an nGaeilge a chur in iúl ach, ar an taobh eile den scéal, chun a léiriú gur éirigh leis an teanga teacht slán as an dúshlán sin mar theanga a d'fhéadfaí a úsáid ar an stáitse domhanda go háirithe i réimse atá chomh teicniúil leis an eolaíocht, fiú ag an tráth sin.

I ndiaidh don saol mór a aithint go drogallach nó go fonnmhar an tábhacht a bhaineann leis an aistriúchán i gcás na Gaeilge, cuireadh tús leis an scéim aistriúcháin in An Gúm sna 1930idí.³⁴ Cruthaíodh An Gúm chun beatha theanga na Gaeilge a chothú trí chlasaicigh litríochta a fhoilsiú trí mheán na Gaeilge. Réitigh scríbhneoirí amhail Seosamh Mac Grianna agus Máirtín Ó Cadhain an bealach do náisiún nua na hÉireann ina raibh an pobal toilteanach an Ghaeilge a thabhairt slán agus í a choimeád beo (Tittley, 2005: 313).³⁵ Tá i bhfad níos mó i gceist le haistriúchán agus le litríocht go ginearálta i mionteanga agus chuir Tittley an pointe sin in iúl go héifeachtach nuair a dúirt sé: 'Books in Irish have to encompass all genres, all categories, all types, so that each individual book in Irish carries a greater burden, a greater responsibility than its corresponding book in English' (Tittley, 2000: 103). Anuas ar an mbrú sin, tá luas maidir le haistriúchán a sholáthar i gceist chomh maith toisc gur gá do mhionteangacha coinneáil suas le líon ollmhór na saothar tráthúil a scríobhtar i mórtheanga ar nós an Bhéarla chun a hábharthacht agus a beocht a choimeád mar theanga bheo (Cronin, 1995: 89). Éacht amháin a rinneadh sa scéim seo mar bhorradh faoi litríocht na Gaeilge, ámh, ba ea an éagsúlacht chanúnachais a chaomhnú (Cronin, 1996: 160). Maíonn Tymoczko (1999: 30) go gcaomhnaítear luachanna mar aon le patrúin agus struchtúir chultúrtha i dtéacsanna liteartha. Anuas ar na luachanna seo agus fiú, in ainneoin cáineadh áirithe faoin scéim, d'fhéadfaí a áitiú gur caomhnaíodh éagsúlacht na Gaeilge féin mar theanga a bhí beo agus a bhí á labhairt i nGaeltachtaí timpeall na hÉireann, rud a thug beocht do theanga a bhí faoi bhrú ar raon leathan cúiseanna.

Cé go raibh na hiarrachtaí sin ar bun chun an teanga a thabhairt slán trí uirlis an aistriúcháin, oibríonn an t-aistriúchán sa dá threo, .i. Gaeilge go Béarla agus Béarla go

³⁴ Chuir An Gúm deireadh leis an scéim seo de réir a chéile agus ar théacsanna oideachais den chuid is mó a dhírigh siad faoi dheireadh na scéime (Cronin, 1996: 158).

³⁵ Déanfar plé níos mionsonraithe ar An Gúm i gCaibidil 2.

Gaeilge.³⁶ Chonacthas faoi scéim An Gúm, líon mór téacsanna á n-aistriú go Gaeilge ach, in Éirinn trí chéile, ní dhearnadh mórán aistriúcháin sa treo eile, .i. chuig an mBéarla, sa mhéid gur breathnaíodh air sin mar ghéilleadh shaolré na Gaeilge. Bhíothas den tuairim nár ghá seo a dhéanamh mar ba cheart an teanga a bheith ar eolas ag an té a léifeadh téacs Gaeilge seachas an téacs sin a aistriú chuig an mBéarla lena léamh (Cronin, 1996: 34). D'fhéadfaí Nuala Ní Dhomhnaill agus Biddy Jenkinson a lua arís anseo. Ní dhéanann Ní Dhomhnaill a saothar a aistriú go Béarla ach ní miste léi má dhéanann daoine eile é sin. Os a choinne sin, ní ligeann Jenkinson d'éinne a saothar a aistriú go Béarla ar dhóigh ar bith. D'fhéadfaí fimíneacht a bhaisteadh air sin, ar ndóigh, mar úsáideadh an t-aistriúchán mar uirlis chun litríocht na Gaeilge mar mhionteanga a fhairsingiú ach, os a choinne sin, bhí leisce le brath i measc mhuintir na Gaeilge géilleadh don teanga a aistriú mura mbeadh an teanga ar thoil an duine a raibh fonn air an téacs Gaeilge a léamh ar an gcéad dul síos.

Sa scéal casta maidir leis an nGaeilge mar mhionteanga ina tír dhúchais féin, ní mór feiniméan eile a bhfuil go leor tráchtá uirthi le tamall anuas a chur sa mheá chomh maith, is é sin an coincheap cros-síolrú cultúrtha atá fiosraithe ag Máirín Nic Eoin. Dar léi: 'Irish-language culture is being constantly redefined and relocated, as it attempts to maintain a recognisable presence in an increasingly hybridised national culture' (Nic Eoin, 2004:123).³⁷ Úsáideann Nic Eoin lear mór samplaí ó litríocht na Gaeilge chun argóintí éagsúla i leith na ceiste seo a chur chun cinn. Déanann sí trácht ar Ó Searcaigh agus meastar go mbaineann cultúr ina chás féin le '... the sense that identity is not something stable and unchanging. Rather it is mobile, constantly changing, in a process of

³⁶ Gaeilge go teangacha eile nó a mhalairt, ar ndóigh.

³⁷ Tá éagsúlacht téarmaíochta ann sa Ghaeilge maidir le 'hybridis(z)ation' an Bhéarla ach i ndiaidh dom comhfhreagras a dhéanamh le Máirín Nic Eoin faoin gceist, moladh cloí le 'hibridiú' agus 'cros-síolrú' don choincheap.

renegotiation. It is more concerned with crossing boundaries — *trasnú* — than with defending them, with opening up to other cultures than with closing down the shutters’ (Nic Eoin, 2004: 12.) Tá an teanga á labhairt ag an-chuid cainteoirí éagsúla — baineann cuid acu le teorainneacha fisiciúla na Gaeltachta ach níl baint ar bith ag cainteoirí eile leis an nGaeltacht. Déanann Nic Eoin tagairt don dán ‘Trén bhFearann Breac’ le Colm Breathnach chun an pointe sin a chur in iúl. Deir sí go bhfuil an Gaeilgeoir imeallaithe cailte i dtír ina bhfuil a theanga féin ag dul in éag mórthimpeall air. I gcomparáid le Ó Searcaigh, ní mór do Bhreathnach cur suas leis an hibridiú seo agus glacadh lena áit ‘idir dhá áit, idir dhá theanga, a chaithim mo shaol idir dhá shaol’ (Nic Eoin, 2004: 131–4). Léiríonn sí an pointe seo le ráiteas ó Albert Memmi ‘A man straddling two cultures is rarely well-seated’ (Nic Eoin, 2004: 134). Chun castacht choincheap an hibridithe a léiriú, tarraingíonn Nic Eoin ceist na dtrí theanga bheo in Éirinn isteach sa scéal, .i. an Ghaeilge, an Ultais agus Béarla na hÉireann. Síleann criticeoirí iarchoilíneacha mór le rá amhail Declan Kiberd go bhfuil stádas ar leith ag baint leis na teangacha sin, go háirithe Béarla na hÉireann, mar hibrid in Éirinn agus go bhfuil an tsaoirse chruthaitheach chéanna ag gabháil leo chomh maith (Nic Eoin, 2005: 29).³⁸ Is ceist chasta í trí chéile mar cé go raibh cruthú litríochta le linn na hathbheochana ar cheann de na torthaí ba dhearfaí a bhain léi, caitheadh an-dúthracht le híonghlaineacht na teanga agus féachadh ar Ghaeltachtaí mar thuibreacha don Ghaeilge ‘ghlan’ (Nic Eoin, 2005: 331). É sin ráite, ag druidim lenár linn féin, is ag teacht le coincheap an hibridithe sa litríocht atá scríbhneoirí na Gaeilge in ainneoin go bhfuil criticeoirí áirithe fós drogallach caitheamh leis mar ghné lárnach i gcás na Gaeilge (Nic Eoin, 2005: 47–8). Is spéisiúil an méid roimhe seo nó ní gá ach féachaint

³⁸ I seimineár taighde a thug Pádraig Ó Mianáin (Foclóir Fhoras na Gaeilge) faoin bhfoclóir nua Gaeilge, cheap sé go raibh sé ait nach raibh foclóir Bhéarla na hÉireann ar fáil do na hÉireannaigh agus go bhfuil lucht Bhéarla na hÉireann ag brath ar fhoclóirí ó Shasana agus Meiriceá, rud a léiríonn an stádas íseal a bhaineann leis an teanga sin (An Dr Pádraig Ó Mianáin, ‘Idir bhog agus chrúa: Tiomsú an Concise English Irish Dictionary’ – 2021).

ar na haistriúcháin a rinne Ó Conghaile ar shaothair McDonagh atá á n-iniúchadh sa tráchtas seo agus an chaoi a nglacann sé féin le gné an hibridithe toisc gur rud an-nádúrtha sa Ghaeilge atá ann, dar leis.

Chun clabhsúr a chur ar an rannán seo, ba mhaith liom tagairt a dhéanamh do thuairimí an scoláire, Michael Cronin. Agus é ina shaineolaí ar chúrsaí aistriúcháin, go háirithe i gcás mionteangacha, deir sé go ‘séideann gaoth an fhocail ón tír isteach’ agus go bhfuil an t-aistriúchán rithábachtach chun smaointe úra, friotal nua agus blaiseadh cultúr éagsúil a fháil i ngach teanga, go háirithe i gcás mionteanga ar nós na Gaeilge. Is é a thuairimse, mar sin de, nach ‘féidir todhchaí na teanga a shamhlú lasmuigh de chomhthéacs an aistriúcháin agus [go bhfuil] léirthuiscint ar fheidhmiú an aistriúcháin riachtanach d’fhorbairt agus do dhul chun cinn na teanga’ (Cronin, 2008: ix). Feictear fírinne na bhfocal seo le blianta anuas mar is léir go bhfuil riachtanas an aistriúcháin fós beo ó thaobh na Gaeilge de le teidil mhóra ar nós *Cluiche na gCorónacha*, *Harry Potter agus an Órchloch*, *Artemis Fowl*, *An Hobaid*, *An Leon*, *an Bandraoi agus an Prios Éadaigh* agus *Dialann Dúradáin* i measc go leor eile ar nós shaothar Roald Dahl a aistríodh le deireanas chomh maith.

2.2 Comhthéacsú na ndrámái aistrithe

Is ag caitheamh leis na haistriúcháin mar shaothair litríochta atáthar sa tráchtas seo cé nach ag plé le leibhéal an aistriúcháin scríofa amháin atáthar. Pléitear leis na gnéithe seachthéacsúla chomh maith a ghabhann leis na haistriúcháin chun iniúchadh níos doimhne agus níos ginearálta a dhéanamh ar na téacsanna. Ní mór, áfach, tuiscint a bheith ann maidir le cás theoiric na bundrámaíochta agus na ndrámái aistrithe mar fheiniméin iontu féin. Má thógtar an pointe maidir le drámái clóiséid nó ‘closet dramas’,

luann Aaltonen Sirrku ina leabhar, *Time-sharing on stage: drama translation in theatre and society*, mar shampla, go raibh an-chuid de na haistriúcháin a bhí á n-anailsiú aici gan foilsiú oifigiúil agus ní raibh ann ach scrípteanna clóite a bhí ar fáil ach iad a iarraidh ar an bPríomhleabharlann i Heilsincí agus, dá bharr sin, nár léigh an gnáthphobal iad (Aaltonen, 2000: 39). Ó thaobh na Gaeilge de, scríobhadh bunscrípteanna nó aistríodh scrípteanna iasachta go Gaeilge lena léiriú ar stáitse. D'fhéadfadh sé tarlú nach léireofaí iad ach uair amháin agus, den chuid is mó, is é a tharla nach ndearnadh leagan oifigiúil den dráma Gaeilge a fhoilsiú agus gur cailleadh an bhunscript i gcásanna áirithe, fiú.³⁹ Anuas air sin, is féidir trácht ar choincheapa stáitsithe bundráma nó aistriúcháin chomh maith. Tugann scoláirí ar nós Susan Bassnett intaibhitheacht nó 'performability' ar cheann de na coincheapa sin. Chomh maith leis an intaibhitheacht, labhraíonn Jirí Levý faoi inlabharthacht nó 'speakability' mar éileamh ar théacs le critéir don stáitse a chomhlíonadh, .i. abairtí gearra a úsáid, gan focail annamha a úsáid agus struchtúr abairtí ina bhfuil braislí consan deacair a sheachaint, gnéithe a chuirfidh le héifeacht an dráma ar an stáitse agus a thaitneoidh leis an lucht féachana, dá bhrí sin (Levý, 1969: 128). Chomh maith leis na téarmaí sin, tagraítear don 'mise en scène' chomh maith. Dar le Antoine Vitez, aisteoir agus stiúrthóir Fraincise: 'because it is a work in itself, a great translation already contains its mise en scène. Ideally the translation should be able to command the mise en scène and not the reverse' (Vitez, 1982: 9). Mar aon leis an stáitsiú, ní tharlaíonn an drámaíocht nó na drámaí aistrithe fiú i bhfolús. Sa chóras drámaíochta, cuirtear imreoirí eile leis an scéal, .i. stiúrthóirí, léiritheoirí, aisteoirí, lucht féachana (mar aon le léitheoirí, ar ndóigh) agus comhairleoirí amharclainne (dramaturgs). Chomh maith leis an deacracht a bhaineann le téacs scríofa a stáitsiú agus na himreoirí a bhaineann leis an ngné sin den drámaíocht, pléitear ceist an chóirithe — nó 'adaptation' — mar fheiniméan a bhaineann leis an drámaíocht trí chéile agus an chumhacht atá ag an téarma sin thar an

³⁹ Le haghaidh tuilleadh plé air seo, féach Murphy & Mac Murchaidh, 2021.

téarma ‘aistriúchán’ chun a chur in iúl go bhfuil láidreacht níos mó aige mar aschur drámaíochta. Lena chois sin, agus ceist an chultúir faoi chaibidil, luann Bassnett go bhfuil ceist an chultúir an-lárnach go deo in aistriúchán na drámaíochta agus tugann sise ‘antraipeolaíocht téatair’ (theatre anthropology) ar an bhfeiniméan seo chun a chur in iúl go bhfuil an ghné chultúrtha fite fuaite go mion i ngné an téatair.

Is tábhachtach gnéithe drámaíochta den chineál seo a bheith ar eolas sula ndéantar anailís ar théacs drámaíochta, bíodh sé ina bhundráma nó dráma aistrithe. Níl anseo, áfach, ach an chuid is lú den scéal ach tagraíonn Murphy agus Mac Murchaidh (2021) do chás na Gaeilge go mion san alt, ‘An Drámaíocht Aistrithe faoin Spotsolas’. I gcás an tráchtas seo, is ag plé le bunsaothair a mhaireann i réimse na litríochta agus na hamharclannaíochta araon atáthar. Ó thaobh na ndrámái aistrithe de, tá naoi ndrámái ar fáil mar fhoilseacháin oifigiúla agus dhá dhrámái mar scrípteanna drámaíochta. Pléifear leis sin go mionsonrach i gCaibidlí 4 agus 5. Ní mór súil níos géire a chaitheamh ar fheiniméan drámái aistrithe i gcás na Gaeilge chun comhthéacsú a dhéanamh ar úsáid an aistriúcháin i ndrámáiocht na Gaeilge agus cén chaoi a seasann na drámái arna n-anailísiú sa tráchtas seo sa scéal trí chéile.

2.3 Léargas ar Dhrámái Aistrithe na Gaeilge

Is é sprioc an rannáin seo comhthéacs ar thábhacht an aistriúcháin i stair dhrámáiocht na Gaeilge a thabhairt d’anailísiú na scrípteanna agus téacsanna sa tráchtas seo. Lena chois sin, tá sé mar aidhm sa rannán seo aidhmeanna na drámaíochta, go háirithe drámái aistrithe sa 20ú haois, a thabhairt chun solais agus comhthéacsú a dhéanamh ar athghabháil na Gaeilge mar skopos atá i gcroílár hipitéis an tráchtas seo. Ní mór a admháil, áfach, nach léargas iomlán é seo ar chor ar bith agus is cinnte go bhféadfaí i

bhí níos mó a rá faoi thábhacht an aistriúcháin i stair dhrámaíocht na Gaeilge trí chéile. Níltear ag iarraidh cosa crainn a chur faoi chearc nó tá stair dhrámaíocht na Gaeilge pléite go mion ag leithéidí O’Leary (2004 & 2017), Nic Eoin (2006), Ó Siadhail (1993), Ní Bhaighill (1991) agus fiú alt thar a bheith cuimsitheach maidir le drámaíocht sa 19ú haois le Holton (2022: 63–102).

2.3.1 Aistriúchán i ndrámaíocht na Gaeilge sa 20ú haois

Ní féidir a shéanadh go raibh baint lárnach ag aistriúcháin i bhforás stair dhrámaíocht na Gaeilge sa 20ú haois. Ag tréimhsí áirithe thar an 20ú haois, bhí aistriúcháin á n-úsáid ag institiúidí agus amharclanna timpeall na tíre, ó chathracha go bailte, chun cláir na n-amharclann éagsúil a leathnú amach agus chun cur le réimse na drámaíochta Gaeilge trí chéile. In ainneoin dearchtaí éagsúla i leith chleachtadh an aistriúcháin i ndrámaíocht na Gaeilge, léiríodh thar na blianta go raibh tábhacht mhór ag baint leis. Sa bhliain 1943, dúirt Nuala Moran, duine de na feachtasóirí is mó ar son an aistriúcháin:

Though there are quite a lot of foolish people who talk drivel against translation from English into Irish, there is in fact no denying the necessity at the present stage, of copious translation from English. If readers of Irish do not find in the books and papers provided for them good equivalents of every phrase and expression commonly used by them in English they will when they speak Irish make thousands of bad impromptu translations of their own, many of which will gain currency to the injury and degradation of the language (Féach O’Leary, 2011: 160).

Chun an comhthéacs sin a thuiscint, áfach, ní mór céim siar a ghlacadh ar dtús chuig fíorthús an 20ú haois nuair a bhí dhá ghluaiseacht drámaíochta ag teacht chun cinn ag an

am céanna, drámaíocht Bhéarla na hÉireann agus drámaíocht na Gaeilge. Mar a luann Nic Eoin, bhí hibridiú i gcultúr na hÉireann idir an dá theanga agus bhí deighilt shoiléir maidir le ceist na litríochta in Éirinn agus céard go díreach a bhí i gceist léi. Dúirt D. P. Moran in *The Leader*: 'We deny the possible existence of such a thing as Irish literature in the English language, but literature concerning Ireland written in English and which we will always refer to as Anglo-Irish Literature we recognise as something which will probably always remain with us' (Féach O'Leary, 1994: 283). Anuas air sin, dúirt Eoghan Ó Neachtain faoi litríocht Bhéarla na hÉireann: 'It has really been invented as a sort of half-way house, in which certain English writers may rest, flattering themselves with the thought that what they write is not English literature, and yet not Irish literature, to be sure ...' (Féach O'Leary, 1994: 284). Treisíodh na ráitis sin ag scoláirí eile amhail Eoin Mac Néill agus Tadhg Ó Donnchadha a mhaígh nach bhfuil a leithéid de rud agus 'Cultúr' in Éirinn mura 'Cultúr Gaelach' atá ann (Féach O'Leary, 1994: 286). In ainneoin an sceipteachais tosaigh sin, áfach, glacadh leis de réir a chéile go raibh tábhacht agus fiúntas i litríocht Bhéarla na hÉireann agus dúirt Pádraig Mac Piarais 'We are loathe to say it, but it is the plain truth, and it is no help to hide the truth. Most of the beautiful, profound thoughts being expressed amongst the Irish today are being expressed in English' (Féach O'Leary, 1994: 288). Dúirt sé ina dhiaidh sin gur 'comhghuaillithe' iad an dá institiúid, .i. Conradh na Gaeilge agus Amharclann Náisiúnta na hÉireann (Féach O'Leary, 1994: 290). Luaigh an drámadóir, Thomas C. Murray: 'To my mind, at least, the literary renaissance is a tributary, not a negative current to the broad stream of the Gaelic revival ... The fact is, there is a great dividing gulf between Anglicisation pure and simple and the propaganda of the Gaelic League. The natural bridge between them is the literary movement' (Féach O'Leary, 1994: 291). Dar leis an bPiarsach, cé nár théatar na Gaeilge í Amharclann na Mainistreach, institiúid a d'eascair as Amharclann Náisiúnta na hÉireann, b'fhiú go mór

freastal uirthi agus foghlaim ón obair a bhí ar bun acu chun borradh a chur faoi ghluaiseacht dhrámaíocht na Gaeilge (Féach O'Leary, 1994: 322). Tuigeadh an saibhreas a bhain le litríocht agus drámaíocht Bhéarla na hÉireann agus measadh gurbh fhiú go mór úsáid a bhaint as an litríocht sin chun litríocht na Gaeilge a fhorbairt. Luadh in *Sinn Féin* in 1913: 'The production of popular plays in the dress in which they should originally have been and are at last, properly clothed [.i. an Ghaeilge] is a wise proceeding: for those who know the plays in English can have proof that, first, Gaelic plays are worth doing, second, that these mere translations, by their familiarity and competent workmanship, will do more to educate public taste for the Gaelic drama than original work would' (Féach O'Leary, 1994: 323). Níor straitéis fhoirfe a bhí inti ach ba é sin ceann de na chéad iarrachtaí aistriúcháin a úsáid mar uirlis chun drámaíocht na Gaeilge a fhorbairt. Deir O'Leary — 'Of course there had, quite simply, been no acting scripts in Irish before 1898, and thus a Gaelic repertoire had to be built from nothing' (O'Leary, 1994: 307).

Chun tábhacht na n-aistriúchán i réimse na drámaíochta a léiriú, breathnófar anois ar na hamharclanna is mó a bhí ag plé leis an nGaeilge agus an caidreamh a bhí acu leis an aistriúchán mar sholáthar drámaíochta. Le linn na tréimhse ó 1910 go dtí 2010, léiríodh 204 thaispeántas Gaeilge, lena n-áirítear 92 bhundráma, 78 n-aistriúchán, 23 gheamaireacht agus 11 chóiriú Gaeilge in Amharclann na Mainistreach. Iarracht shuntasach eile i mBaile Átha Cliath sna 1905oidí chun drámaíocht na Gaeilge a chur chun cinn ba ea an Damer. Arís eile, chonacthas gur baineadh an-úsáid as aistriúcháin chun cur le clár na hamharclainne sin chomh maith. As 78 dtaispeántas sa téatar sin thar thréimhse beagnach 20 bliain, léiríodh 46 bhundráma, 31 aistriúchán agus geamaireacht amháin. Bhain an Damer úsáid as aistriúcháin nár léiríodh riamh i mBaile Átha Cliath, amhail *Amphytron* agus *An Chúis in Aghaidh an Íosa*, chun lucht féachana níos mó a mhealladh isteach (Ó Conchubhair, 2016: 261). Ar an taobh eile den tír i gCathair na

Gaillimhe, cuireadh tús le fiontar eile chun drámaíocht na Gaeilge a fhorbairt. Bunaíodh Taibhdhearc na Gaillimhe in 1928 chun fíis na drámaíochta Gaeilge a fhíorú. Cosúil leis an dá théatar eile, cé gur cuireadh béim áirithe ar bhundrámaí a léiriú, baineadh úsáid as lear mór aistriúchán chun suíocháin na hamharclainne sin a líonadh. As 319 dtaispeántas thar thréimhse os cionn 80 bliain, léiríodh 103 bhundráma, 178 n-aistriúchán, ocht gcóiriú Gaeilge agus 30 geamaireacht, léiriú eile ar a thábhachtaí agus a bhí aistriúcháin ar chlár na hamharclainne sin chomh maith. Is iad seo na hiarrachtaí is mó a cuireadh ar bun chun drámaíocht na Gaeilge a bhunú agus a chothú sa stát ach ní mór a lua go raibh téatair agus grúpaí eile i mbun drámaí Gaeilge a thairiscint freisin. Bhí baint mhór ag Conradh na Gaeilge agus na craobhacha éagsúla dá chuid chomh maith leis na hOireachtais bhliantúla, arna n-eagrú faoina chúram, chun drámaíocht na Gaeilge a chur chun cinn. Chomh maith leis sin, is féidir trácht a dhéanamh ar dhrámaí Gaeilge san Everyman agus san Opera House i gCorcaigh inar léiríodh drámaí le Seán Ó Tuama agus Dan Donovan ó Chompántas Chorcaí. Ar a bharr sin, d'fhéadfaí tagairt a dhéanamh don Gate Theatre agus an Phéacóg i mBaile Átha Cliath inar léiríodh drámaí ón gComhar Drámaíochta sna 1920idí roimh an gcomhtháthú le hAmharclann na Mainistreach. Lasmuigh de na cathracha, chomh maith, bhí oll-iarrachtaí ar bun ag pobal na nGaeltachtaí chun drámaíocht na Gaeilge a chur chun cinn agus a chaomhnú mar ghné lárnach an chultúir ghaelaigh. I nDún na nGall go háirithe, d'éirigh leo a dtéatar féin a thógáil, Amharclann Ghaoth Dobhair. Ar an iomlán, ó 1901 go 2010, léiríodh 773 dhráma Gaeilge ar fud na hÉireann i dtéatair, hallaí, árais, scoileanna, páirceanna agus coláistí éagsúla.⁴⁰ As na

⁴⁰ Mar shampla: Amharclann an Oscar, An Chultúrlann, Andrew's Lane Theatre, Smock Alley Theatre, The New Theatre, Amharclann Lána Druid, Áras na nGael, An Dubhlann agus Amharclann Chois Farraige, Little Theatre, Hawk's Wall Theatre, Halla na Rinne, Pavillion Theatre, Siamsa Tíre agus Lyric Theatre (Institiúid Téatair na hÉireann, 2011). Mar aon leis na háiteanna siúd, ní mór Coláiste Phádraig, Maigh Nuad a lua mar imreoir suntasach eile i scéal dhrámaíocht na Gaeilge chomh maith. Chun léargas cuimsitheach air seo a fháil, b'fhiú go mór féachaint ar "Tá Magh Nuadhat ina dúiseacht le dóchas is le dúthracht i bhfíor dtosach na cúise lenár dteanga chur ar fhágháil": Cúis na Gaeilge agus Traidisiún na Drámaíochta i gColáiste Phádraig, Maigh Nuad' le Ní Mhaoinaigh, 2023.

drámaí Gaeilge go léir a léiríodh in Éirinn, b'aistriúcháin beagnach leath an fhigiúir sin (354 nó 45.3%), rud a thugann chun solais tábhacht an aistriúcháin i gcothú dhrámaíocht na Gaeilge sa tír. Seo a leanas achoimre ar roinnt staitisticí suntasacha i ngeall ar fhorleithne drámaí aistrithe Gaeilge i rith an 20ú haois. Ní mór a lua, ámh, go raibh léiritheoirí éagsúla ag obair sna hamharclanna atá luaite sa tábla sa tréimhse sin agus bhí luí níos mó ag léiritheoirí áirithe le haistriúcháin. Mar shampla, bhí dúil níos mó ag Micheál Mac Liammóir agus Proinsias Mac Diarmada sna haistriúcháin agus iad ina léiritheoirí/stiúrthóirí i dTaibhdhearc na Gaillimhe sna 1930idí.⁴¹

⁴¹ Ní mór a lua, áfach, nach raibh aon dul as ag léiritheoirí na hamharclainne seo uaireanta nó áitíonn Ó Siadhail, 'Thiocfadh daoine chun bundrámaí Gaeilge a fheiceáil. Ba dhoiligh iad a mhealladh isteach, áfach, chun amharc ar aistriúcháin. Ach toisc gur theip ar an Taibhdhearc teacht ar go leor bundrámaí inléirithe, i dtaobh leis na haistriúcháin a bhí na Stiúrthóirí' (Ó Siadhail 1993: 122).

1901 1911 1921 1931 1941 1951 1961 1971
 -10 -20 -30 -40 -50 -60 -70 -80

Amharclann na Mainistreach								
Bundrámaí	0	5	18	24	11	10	6	18
Aistriúcháin	0	3	33	20	7	7	4	4
Cóirithe Gaeilge	0	0	1	1	1	0	2	6
Geamaireachtaí	0	0	0	0	6	8	6	3
An Damer								
Bundrámaí	0	0	0	0	0	13	23	10
Aistriúcháin	0	0	0	0	0	19	9	3
Cóirithe Gaeilge	0	0	0	0	0	0	0	0
Geamaireachtaí	0	0	0	0	0	0	0	1
Taibhdhearc na Gaillimhe⁴²								
Bundrámaí	0	0	3	14	22	9	5	50
Aistriúcháin	0	0	8	31	31	27	26	55
Cóirithe Gaeilge	0	0	0	1	0	0	0	7
Geamaireachtaí	0	0	0	1	5	0	6	18
Amharclanna eile								
Bundrámaí	13	3	1	8	3	1	7	56
Aistriúcháin	1	5	4	14	0	0	0	43
Cóirithe Gaeilge	0	0	0	0	0	0	0	13
Geamaireachtaí	0	0	0	0	0	0	0	4

Tábla B⁴³

⁴² Ní mór a lua nach bhfuil doiciméadacht iomlán ar fáil do Thaibhdhearc na Gaillimhe ó 1950–60 ó Institiúid Téatair na hÉireann.

⁴³ Tá na staitisticí go léir sa rannán seo bunaithe ar a bhfuil ar fáil ar Institiúid Téatair na hÉireann ar an 7 Nollaig 2020. Rinneadh gach iarracht na staitisticí ar fad a athsheiceáil ach d'fhéadfadh bearna nó dhó a bheith ann. Fiú má tá meancóg bheag anseo is ansiúd, ní athróidh sé sin bunchuspóir an rannáin seo chun lárnacht agus forleithne dhrámaí aistrithe na Gaeilge a chur in iúl.

2.3.2 An caidreamh leis an aistriúchán i litríocht na Gaeilge

Le linn an 20ú haois, bhí an caidreamh le húsáid an aistriúcháin i ndrámáíocht agus litríocht na Gaeilge casta go leor. Ar thaobh amháin, ceapadh gurbh fhiú infheistíocht a dhéanamh i mbunlitríocht na Gaeilge le saibhreas na teanga a instealladh i gcultúr na hÉireann ach, os a choinne sin, measadh go bhféadfaí borradh a chur faoi litríocht na Gaeilge trí úsáid a bhaint as aistriúcháin chun bearnaí áirithe a líonadh. Chun cabhrú le fás agus bláthú litríocht sa teanga, cuireadh tús le scéim aistriúcháin an Ghúim, mar ceapadh go raibh bearna mhór le líonadh sa litríocht ó thaobh foilseachán de. Ar an iomlán, ní raibh loighic ná ciall leis an scéim ó thaobh roghnú na dtéacsanna de agus fágadh an cinneadh faoi na haistritheoirí pé rud a raibh spéis acu féin ann a aistriú go Gaeilge, den chuid is mó. Ba é ceann de phríomhaidhmeanna an Ghúim, mar sin de, litríocht Ghaeilge a chur ar fáil don phobal (Uí Laighléis, 2017: 6). I gcás an Ghúim, dá bhrí sin, d'fhéadfaí féachaint ar cheird an aistriúcháin mar chatalaíoch chun beocht a chur i litríocht na teanga — ‘For such revivalists, the real importance of translation was as a catalyst to the shaping of Irish as a twentieth century literary language’ (Uí Laighléis, 2017: 42). Cé go ndearnadh iarracht teangacha iasachta eile in ionad an Bhéarla a roghnú lena n-aistriú go Gaeilge, baineadh úsáid as neart litríocht Bhéarla. Ceann de na clocha ba mhó ar phaidrín aistritheoirí an Ghúim, áfach, ba ea béarlachas a sheachaint a oiread agus ab fhéidir le go mbeadh na téacsanna aistrithe go Gaeilge nádúrtha. Tagraíonn Uí Laighléis d’eagarthóir sa Ghúm, Domhnall Ó Grianna, nuair a dúirt sé — ‘Más aistriú maith é, caithfear iomlán na smaointe atá sa bhunleabhar a nochtadh go fírinneach beacht san aistriú; ach san am chéadna, agus thar gach nidh, caithfidh an Ghaedhilg a bheith glan, bríoghmhar, soiléir gan Bhéarlachas’ (Uí Laighléis, 2017: 47). Is dócha gur tuiscint bhunúsach atá ann ar theoiric an aistriúcháin nuair a mholann Nord,

mar shampla, gur gá don aistritheoir an buntéacs a scrúdú chun na bunfheidhmeanna a fhiosrú agus an cinneadh a dhéanamh cé acu ar cheart iad a choinneáil sa spriocthéacs nó nár cheart. Anuas air sin, is féidir linn iarsmaí dúchasaithe, mar a thugann Venuti air, a fheiceáil sa Ghúm chomh maith. Déanann Uí Laighléis trácht ar ‘cruicéad’ á aistriú mar ‘iomáint’ de bharr gur ceapadh go raibh sé sin níos nádúrtha do léitheoirí an téacs in Éirinn (Uí Laighléis, 2017: 48). Ní straitéis gan locht a bhí ann, ar ndóigh, agus léirigh scríbhneoirí áirithe amhail Seosamh Mac Grianna agus Séamus Ó Grianna an-ghráin ar an scéim de bhrí gur cheap siad gur príosún a bhí ann téacsanna a aistriú ó lá go lá (Féach O’Leary, 2004: 376). Ina ainneoin sin, d’éirigh leis an nGúm líon suntasach teideal a sholáthar agus sa tuairisc bhliantúil ó 1936, i measc 95 theideal drámaíochta, aistriúcháin ba ea 54 acu. Ar an iomlán, sholáthair an Gúm 217 dteideal aistrithe an bhliain sin agus aistríodh 170 teideal ón mBéarla (O’Leary, 2004: 387). Níl ansin ach sampla amháin de na hiarrachtaí a cuireadh ar bun in Éirinn chun úsáid a bhaint as aistriúcháin ar mhaithe le forbairt na litríochta i nGaeilge ag an am. Má thógaimid an tOireachtas arna reáchtáil ag Conradh na Gaeilge i rith an 20ú haois, is féidir linn tábhacht an aistriúcháin, go háirithe ó thaobh na drámaíochta de, a fheiceáil sna comórtais litríochta. Ba mhór an chabhair iad na comórtais drámaíochta in imeachtaí an Oireachtais toisc gur chabhraigh siad le ceird na drámaíochta a bhláthú in Éirinn. Is beag tacaíocht a fuarthas ó Amharclann na Mainistreach ó thaobh athbheochan na teanga de ach thug na comórtais sin instealladh breise beochta i ndrámáíocht na Gaeilge (Ó Súilleabháin, 1984: 75). Cuireadh béim ar leith ar dhrámáíocht nuachumtha ach in 1916, dúradh ar chlár na féile go nglacfaí le drámaí iasachta a aistríodh go Gaeilge. As sin amach, go dtí gur cuireadh deireadh leis an Oireachtas ar feadh tamaill sna 1920idí, bhí ról lárnach ag na haistriúcháin sna féilte sin agus úsáideadh na comórtais mar fhoinse drámaí do

chompántais timpeall na hÉireann, amhail an Comhar Drámaíochta (Ó Súilleabháin, 1984: 83).

2.3.3 Dearcadh i leith an aistriúcháin sa drámaíocht

I mBaile Átha Cliath, is léir gur cuireadh béim ar dhrámaí iasachta aistrithe go Gaeilge sna hamharclanna. In ainneoin dhearcadh diúltach an phobail i leith aistriúchán, má fhéachtar ar chlár an Damer, mar shampla, feictear gur baineadh an-úsáid as aistriúcháin ar shaothair idirnáisiúnta chun an téatar a choinneáil ar oscailt. I dtríú séasúr an téatair, chuir Compántas Chorcaí *Amyphytron* le Jean Giradoux ar an stáitse (Ní Chinnéide, 2008: 23); cuireadh an t-aistriúchán, *An Bunnán Buí*, le Domhnall Ó Corcora ar an stáitse in 1958 (Ní Chinnéide, 2008: 24); in 1960 léiríodh an t-aistriúchán Gaeilge de *Nationale 6 (Ar an Bóthar Mór)* le Jean Jacques, arna aistriú ag Compántas Chorcaí (Ní Chinnéide, 2008: 33); léiríodh aistriúcháin eile in 1966 amhail *Bratacha an Rí*; taispeánadh *An Triúr Aingeal* in 1970 (Ní Chinnéide, 2008: 56) agus léiríodh aistriúchán le John B. Keane, *Dan Phaidí Aindí*, in 1980 (a taispeánadh sa Phéacóg) (Ní Chinnéide, 2008: 85). Cé go dtugann na samplaí seo le fios gur cuireadh béim ar aistriúcháin sa Damer — agus i dtéatair eile i mBaile Átha Cliath le linn an 20ú haois — ní hé gur thaitin siad leis an lucht féachana mar is léir ón tinreamh íseal agus léirmheasanna ina leith. Dúradh san *Irish Press* mar shampla:

Bhí sé sin fíor go mór mór i gcás *Bratacha an Rí*. Fiú bhraitheas cuid mhaith díobh siúd a fhreastalaíonn de ghnáth ar oíche an chéad léirithe in easnamh ar an ócáid áirithe sin ... Níl an mealladh céanna ag aistriúcháin ar na custaiméirí ... Dream coimeádach iad na Gaeilgeoirí i gcoitinne agus ní gnáth ardmheas acu ar aon

earra a bhfuil 'blas eachtrannach' air (*Irish Press*, 1967; Féach Ní Chinnéide, 2008: 57).

Ar an taobh eile den tír, áfach, arbh amhlaidh an meon i leith na ndrámáí aistrithe i gceantair Ghaeltachta agus i dTaibhdhearc na Gaillimhe? As na drámáí ar fad ar aistriúcháin iad idir 1901 agus 2010, taispeánadh níos mó ná a leath acu i nGaeltachtaí na tíre agus i dTaibhdhearc na Gaillimhe.⁴⁴ Taispeánadh 197 ndrámá aistrithe sna ceantair sin agus taispeánadh 157 ndrámá aistrithe sna cathracha eile amhail Baile Átha Cliath agus Corcaigh.⁴⁵ As na drámáí sin ar fad, is spéisiúil gur bhain ocht ndrámá aistrithe a léiríodh i mBaile Átha Cliath le compántais Ghaeltachta, mar shampla, *An tAmhránaí* ó Aisteoirí Ghaoth Dobhair a léiríodh sa Damer in 1957, *An Briob* ó Aisteoirí Ghaoth Dobhair sa Damer in 1958 nó *Uaigneas an Ghleanna* ó Aisteoirí Loch Con Aortha sa Damer in 1962. Léiríonn sé sin gur bhain 205 de na drámáí aistrithe le compántais Ghaeltachta, le Taibhdhearc na Gaillimhe nó gur taispeánadh iad os comhair pobail Ghaeltachta ar an gcéad dul síos. Is ionann an figiúr sin agus 58% de na drámáí aistrithe Gaeilge go léir a léiríodh in Éirinn idir 1901 agus 2010. Is léiriú é sin a thugann le fios go gcuireann muintir na Gaeltachta agus muintir Chathair na Gaillimhe fáilte roimh ábhar aistrithe cé gur ceapadh sna cathracha eile gur dream sách coimeádach a bhí iontu. Cuidíonn na staitisticí sin go mór le ceann d'argóintí an tráchtas seo a dhéanamh de bharr gur féidir a chruthú go raibh pobal na nGaeltachtaí agus an pobal Gaeilge i nGaillimh toilteanach glacadh le hábhar aistrithe ar bhonn sách leathan. D'fhéadfaí go leor cúiseanna a lua

⁴⁴ Ceaptar gur cathair na Gaeilge í Gaillimh agus cuimsítear Cathair na Gaillimhe sna staitisticí a ghabhann le ceantair Ghaeltachta de bharr a gaireachta leis na ceantair úd in iarthar na tíre. Mhaígh an tOllamh Gearóid Ó Tuathaigh '... This was his [Dr Séamus Ó Beirn] vision for the new Taibhdhearc in Galway, and he wished it to be 'of the people' and 'for the people' of Galway and its strong Gaeltacht hinterland.' Féach (Stafford, 2002: 190). Ní pointe suntasach é seo sa tráchtas ach cabhraíonn an t-idirdhealú seo le rangú na ndrámáí.

⁴⁵ Ar mhaithe le hiontaofacht, ní mór a lua gur fágadh ceithre dhrámá aistrithe ar lár i measc na ndrámáí a fiosraíodh de bharr nach fios an chéad áit ar léiríodh iad nó gur léiríodh an drámá i scoileanna éagsúla timpeall na hÉireann.

anseo ach is dócha gurb é ceann de na fáthanna is mó ná nach raibh fáil éasca ar na bundrámaí in iarthar na hÉireann i gcomparáid le Baile Átha Cliath nó Corcaigh abair. Ní hé go raibh siad ag géilleadh d'aistriúcháin in éadan a dtola, áfach. Mar fhianaise bhreise air seo, is féidir tarraingt ar roinnt sleachta ó nuachtáin ó thús an 20ú go dtí tús an 21ú haois maidir le drámaí aistrithe eile a léiríodh i gceantair Ghaeltachta agus Cathair na Gaillimhe go príomha. As sampláil randamach le 100 bliain anuas, is léirmheasanna dearfacha a bhí iontu i gcás formhór mór acu. Maidir le drámaí sa Ghaeltacht, in *The Liberator*, moladh an t-aistriúchán *An Dochtúir Bréige* bunaithe ar *Le Médecin Malgré Lui* le Molière. Dúradh: 'The hall was packed to its utmost capacity and the items, which were of high order, were deservedly applauded' (*The Liberator*, 1928a). Léirigh mic léinn ó Waterford Training College an dráma céanna agus dúradh i léirmheas eile faoin taispeántas ó *The Liberator* sa bhliain chéanna: 'The performance, as regards language and dramatic skill, reflects the highest credit on the students' (*The Liberator*, 1928b). Daingníonn Ó Gallchóir an pointe seo chomh maith maidir le drámaí aistrithe a léirigh Aisteoirí Ghaoth Dobhair idir 1931 agus 1981. Maíonn sé:

Léirigh na hAisteoirí drámaí maithe, a d'aistrigh nó a chóirigh siad féin nó baill eile den chumann, a bhí fóirsteanach don lucht féachanna ar a raibh siad ag freastal agus a mbainfeadh siad sult astu ... Más aistriúcháin féin a bhí in go leor de na drámaí, bhí Gaeilge shaibhir dhúchasach iontu (Ó Gallchóir, 2021: 190-1).⁴⁶

Maidir le drámaí a léiríodh i gCathair na Gaillimhe, in alt ó *Connacht Tribune*, faoi obair Mhic Liamóir i dTaibhdhearc na Gaillimhe, moladh drámaí éagsúla, aistriúcháin ina measc, amhail an leagan Gaeilge de *Prunella* le Harley Granville-Barker agus Laurence Housman (*Connacht Tribune*, 1929). In *The Limerick Leader*, moladh an t-aistriúchán *An*

⁴⁶ I measc na samplaí a chuirtear in iúl, tá: *Neart na Córa* (*The Righteous are Bold* le Frank Carney), *An Páistín Fionn* (*The Whiteheaded Boy* le Tom Murphy) agus *Na Trioblóidí* (*The Flats* le John Boyd) (Ó Gallchóir, 2021: 190).

Casán Garbh, leagan Gaeilge de *The Rugged Path* le George Shields. In ainneoin cúpla míthapa anseo is ansiúd, moladh an léiriú sin mar ‘worthy performance’ (*Limerick Leader*, 1944). I léirmheas in *Connacht Tribune*, rinneadh comhghairdeas leis an Taibhdhearc as an éacht a rinneadh chun *I mBéal Gach Aoinne*, leagan Gaeilge de *The Whole Town’s Talking* le Anita Loos agus John Emerson, a léiriú ar an stáitse (*Connacht Tribune*, 1957). In *The Irish Independent*, moladh an t-aistriúchán Gaeilge *Árus Mhungó*, bunaithe ar *Mango’s Mansion* le Walter Macken. Dúradh sa léirmheas go ndúiseodh an dráma go leor cuimhní i meon mhuintir na Gaillimhe (*The Irish Independent*, 1968). I léirmheas eile ó *Connacht Tribune*, moladh an t-aistriúchán Gaeilge *Sín do Sciatháin* bunaithe ar *Come Blow Your Horn* le Neil Simon. Dúradh go raibh an dráma ‘well produced’ in alt dar teideal ‘A Night of Fun At The Taibhdhearc’ (*Connacht Tribune*, 1977). I léirmheas eile in *City Tribune*, faoin aistriúchán Gaeilge *Cailíní Monarchan* a bunaíodh ar *The Factory Girls* le Frank McGuinness, dúradh go raibh ‘Cailíní Monarchan ar cheann de na drámaí is fearr a léiríodh in aon amharclann ar stáitse na Gaillimhe le fada an lá’ (*City Tribune*, 1986). In *Connacht Sentinel*, rinneadh cur síos ar an aistriúchán Gaeilge *Úbú Rex*, bunaithe ar *Ubu Roi* le Alfred Jarry, mar ‘*Macbeth* on Acid’ agus ‘an unique experience for theatregoers’ (*Connacht Sentinel*, 1997). In *Connacht Tribune*, moladh an t-aistriúchán Gaeilge *Boicíní Bhóthar Kilburn*, bunaithe ar *Kings of the Kilburn High Road* le Jimmy Murphy. Dúirt an léirmheastóir, Bernie Ní Fhlatharta, gur éirigh leo ‘worthy Irish language version of the play’ a stáitsiú (*Connacht Tribune*, 2010).

Is manglam ceart iad na drámaí aistrithe sin, idir ábhar fantaisíochta, bleachtaireachta agus drámatúil ach léiríonn na léirmheasanna sin uile go ndealraíonn sé gur chuir muintir na Gaeltachta agus muintir Chathair na Gaillimhe fáilte roimh dhrámaí aistrithe ar an iomlán. I gcás na ndrámaí aistrithe sin, léiríodh iad ar mhaithe le drámaíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta a thabhairt chuig ceantair Ghaeltachta agus Cathair na Gaillimhe nach

raibh fáil ar an mbunleagan go héasca. Dá bhrí sin, coinníodh aidhm na drámaíochta idir an dá theanga, is é sin le rá gur taispeánadh na drámaí siúd ar mhaithe le heispéireas amharclainne, siamsaíocht agus scáthán ar an domhan a sholáthar do ghnáthóirí amharclainne sna ceantair sin. Is aidhmeanna suntasacha iad sin i ndrámaí go ginearálta ach ó thaobh hipitéis an tráchtais seo de, is ag díriú ar athghabháil na Gaeilge mar skopos atáthar. Sula bpléifear an aidhm sin, áfach, is fiú súil a chaitheamh ar aidhmeanna eile a bhí le feiceáil i mbundrámaí agus drámaí aistrithe na Gaeilge sa 20ú haois.

2.3.4 An t-oideachas, an bholscaireacht agus an náisiúnachas mar aidhmeanna

Dar le Nic Eoin, bhí dhá dhearcadh ar leith ag baint leis an nGaeilge ag tús an 20ú haois, ceann amháin a bhain le bearnaí sa litríocht (a bhí tréigthe ag an teanga) a líonadh, agus bhain an dearcadh eile le litríocht na teanga a chumadh agus í scaradh ó mheon na polaitíochta nó bolscaireachta (Nic Eoin, 2005: 231–2). Tháinig Piaras Béaslaí anuas ar obair Yeats agus Amharclann na Mainistreach trí chéile mar ba í príomhaidhm an téatair Béarla na hÉireann a chur cinn agus gan spás ar bith a fhágáil don Ghaeilge (Ó Siadhail, 2007: 120). D'fhéadfaí a rá, dá bhrí sin, go raibh dhá ghluaiseacht éagsúla ar bun ach go raibh an aidhm chéanna ag baint leo — is é sin le rá, ról na drámaíochta a chur chun cinn in Éirinn, bíodh sí as Gaeilge nó as Béarla. Bhain an ghluaiseacht chun drámaíocht Bhéarla na hÉireann a chothú go príomha le bunú Amharclann Náisiúnta na hÉireann agus ós rud é nár áiríodh drámaíocht na Gaeilge in aidhm an téatair sin, thit an dualgas ar Chonradh na Gaeilge, faoi scáth an Oireachtais den chuid is mó, drámaíocht na Gaeilge a fhorbairt agus a chaomhnú sa tír, rud a d'fhág go raibh baint le drámaíocht na Gaeilge le cúrsaí náisiúnachais (Uí Chollatáin, 2004: 71). Mar threisiú air sin, ní gá ach féachaint ar chlár an Oireachtais in 1906 ina raibh comórtas ar leith do dhráma dátheangach a raibh

bolscaireacht don Ghaeilge ann (O'Leary, 1994: 308). Ar an iomlán, scríobhadh drámaí i nGaeilge ag tús an 20ú haois chun críocha aidhmeanna oideachais, bolscaireachta agus fóillíochta (Ó Conchubhair, 2016: 252). Úsáideadh drámaí áirithe mar uirlis teagaisc agus díríodh isteach ar fhoghlaimoírí na Gaeilge chun an teanga a chothú ina measc. Foilsíodh drámaí simplí amhail *An Dochtúir* in irisí agus nuachtáin, agus go minic cuireadh gluais Bhéarla leo ionas go dtuigfeadh léitheoirí iad ar bhealach níos fearr. Idir 1902 agus 1924, léiríodh an dráma sin níos mó ná 400 uair agus thuill sé ardmholadh i léirmheasanna éagsúla de bharr gur ag scaipeadh soiscéal an Chonartha a bhí an dráma, arbh ionann sin agus ceisteanna i ndáil le hoideachas na Gaeilge i scoileanna agus san earnáil phoiblí a chur chun cinn (Ní Mhuircheartaigh & Mac Congáil, 2008: 17–18). Bhí de hÍde go mór i bhfabhar na meicníochta sin ionas go bhféadfadh muintir Bhaile Átha Cliath blaiseadh den Ghaeltacht a fháil nuair a théadh compántais Ghaeltachta ar camcuairt chuig an bpríomhchathair. Bhí de hÍde ar son na drámaí sin a úsáid mar théacsleabhair scoile chun an Ghaeilge i gcoitinne a mhúineadh agus chun a chur ina luí ar dhaoine óga fanacht in Éirinn seachas dul chuig Meiriceá. Is féidir *An Deoraí* a chur sa rannóg sin (Ní Mhuircheartaigh & Mac Congáil, 2008: 21). D'fhéadfaí a rá, mar sin de, go raibh aidhm na bolscaireachta le sonrú i ndrámaí den chineál sin chomh maith (Ní Mhuircheartaigh & Mac Congáil, 2008: 28–9). Bhí de hÍde den tuairim go bhfoghlaimíodh daoine ar bhealach níos fearr nuair a bhí taitneamh á bhaint acu as rud éigin, rud a d'fhéadfadh a bheith úsáideadh chun críocha aidhmeanna oideolaíochta agus bolscaireachta (Dunleavy & Dunleavy, 1988: 14). Den chuid is mó, áfach, bhí drámaí den chineál sin dátheangach amhail *Máire Ní Eidhin* le Tomás Mac Amhalghaidh agus *An tAthruhadh Mór* le Felix Patridge (Ní Mhuircheartaigh & Mac Congáil, 2008: 15).

Dúirt Gearóid Ó Lochlainn nach raibh aon amharclann náisiúnta sa tír go dtí gur chuir Conradh na Gaeilge tús léi in 1893, rud a d'fhág go raibh drámaíocht na Gaeilge

ceangailte le hathbheochan na Gaeilge ón tús (Ó Lochlainn, 1966: 18). In *An Claidheamh Soluis*, cáineadh Amharclann na Mainistreach de bharr nach raibh ábhar Gaeilge á thaispeáint ar an stáitse agus gurbh fhearr, mar sin de, tosaíocht a bheith ag Aisteoirí an Oireachtais an drámaíocht a úsáid chun oideachas na Gaeilge a chur chun cinn: ‘They will make the stage a means of education and refinement, and become not only good players but active missionaries in the revival of the Irish language, and of Irish grace and manners’ (*An Claidheamh Soluis*, 1910). Chonacthas, dá bhrí sin, gur ceanglaíodh drámaíocht na Gaeilge le hathbheochan na teanga. Is féidir *An Tincéir agus an tSíog, Seán an Scuab, Gliocas* agus drámaí eile a chur sa chatagóir sin. (Ó Súilleabháin, 1984: 75). Dar le Ó Siadhail, bhreathnaigh Conradh na Gaeilge ar an drámaíocht mar uirlis bholscaireachta chun an teanga a chur chun cinn cé gur bhreathnaigh leithéidí Yeats agus Gregory uirthi mar ealaín bheo a bhí le cothú (Ó Siadhail, 1993: 29). Leis sin ráite, áfach, thuig Art Ó Gríofa, eagarthóir an nuachtáin, *Sinn Féin*, tábhacht ealaín na drámaíochta sa Ghaeilge agus mheas sé gurbh fhearr scaradh beagáinín ó thuairimíocht Chonradh na Gaeilge i leith na drámaíochta mar uirlis bholscaireachta nó ‘The performer of an Irish play in a public theatre is worth more to Irish nationality than fifty pamphlets or bilingual plays with a propagandist moral at the end’ (Ó Siadhail, 1993: 47). Mar Ghaeilgeoirí agus mar Éireannaigh, ceapadh ag an am go raibh sé de dhualgas ar dhaoine mar sin dílseacht a choinneáil leis an nGaelachas agus an Caitliceachas agus mar thoradh air sin, chonacthas srian ar a raibh á scríobh ag an am chun an fhís sin a fhíorú. Dá bhrí sin, tháinig lucht na Gaeilge anuas ar scríbhneoirí an Bhéarla, amhail J.M. Synge, de bharr gur ceapadh gur ag déanamh ionsaí ar an nGaelachas agus Caitliceachas a bhí sé ag an am. Diúltaíodh do *Playboy of the Western World* go mór an uair sin toisc gur measadh go ndeachaigh an dráma i gcoinne dhea-chleachtas scríbhneoirí na Gaeilge agus gur

cuireadh domhan áiféiseach in iúl i leith iarthar na hÉireann.⁴⁷ I léacht cháiliúil de hÍde, ‘The Necessity for de-Anglicising Ireland’, chuir sé féin agus lucht an Chonartha béim ar leith ar chultúr na hÉireann a úsáid mar bhunchloch in athghaelú na tíre (Ní Mhuircheartaigh & Mac Congáil, 2008: 8). I léacht eile a thug iarbhall Ard-Chraobh Chonradh na Gaeilge, Peadar Ó Maicín, moladh gurbh fhearr drámaí a léiriú ina ndéanfaí cur síos ar ghníomhaíochtaí réabhlóideacha na nÉireannach Óg agus na bhFíníní (Ní Mhuircheartaigh & Mac Congáil, 2008: 13). I ndrámáí amhail *Ar Son Baile ’s Tíre* ina bhfuil na carachtair ag réiteach an bhealaigh d’Éirí Amach, cruthaíodh reitric do náisiúnaithe óga lena mealladh chun troda. Chuir daoine amhail Pádraig Mac Piarais go mór leis an gcineál meoin sin agus dúirt sé go raibh bunú an Chonartha ar cheann de na rudaí ba thábhachtaí a tharla d’Éirinn lena cosaint ó fhórsaí gallda (Ní Mhuircheartaigh & Mac Congáil, 2008: 14). Bhí an Piarasach tiomanta don litríocht agus d’athbheochan na Gaeilge ach níor aonáin aonair a bhí iontu ach aonáin chónasctha a bhain le misean an náisiúnachais (McNulty & Ní Ghairbhí, 2013: 4). Is féidir *The Singer* le Mac Piarais a chur sa rannóg sin toisc go bpléann sé le téamaí an oideachais agus an náisiúnachais (McNulty & Ní Ghairbhí, 2013: 42).⁴⁸

2.3.5 Bréagnú na steiréitíopála diúltaí mar aidhm

Cúis eile ar bunaíodh an ghluaiseacht drámaíochta in Éirinn, go háirithe i gcás an Bhéarla, ba ea deireadh a chur leis an íomhá den ‘stage Irishman’. Dúirt Yeats: ‘We will show that

⁴⁷ Baineann an pointe seo le smaointeoireacht Nord agus í ag caint faoin gcuidreamh idir domhain ficsin agus réadúla: ‘A special case would be a situation in which the text world corresponds to the target culture. This would only pose problems of informational redundancy in the translation of non-fiction but in literary translation it may cause serious problems for the translator if the translation is intended to transfer precisely the author’s particular source-culture view of the target culture’ (Nord, 2018: 81).

⁴⁸ Bhí fíis ar leith aige d’Éirinn sa todhchaí mar thír ina mbeadh áit lárnach ag an nGaeilge agus an drámaíocht sa tsochaí. Is féidir tuilleadh a léamh faoin íomhá sin in ‘In my garden’ (*An Claidheamh Soluis*, 1906).

Ireland is not the home of buffoonery and of easy sentiment, as it has been represented, but the home of an ancient idealism' (Ní Mhuircheartaigh & Mac Congáil, 2008: 11). Ar an ábhar sin, moladh go hard an dráma *An Dúchas* nuair a léiríodh é ag Oireachtas 1908 de bharr go ndeachaigh sé i ngleic le fadhbanna an alcólachais sa tír, rud a chuir le haidhm na bolscaireachta chun an neamh-mheisce a chur chun cinn (Ní Mhuircheartaigh & Mac Congáil, 2008: 20).

2.3.6 An fhéin-sainaitheant mar aidhm

Is féidir aidhm na féin-sainaitheanta⁴⁹ a lua chomh maith i gcás roinnt drámaí amhail *Cupán Tae Airt*, *Caismirt na gCearc* nó *Bó i bPoll* ós rud é gurbh é sin an chéad uair a chonaic lucht féachana na Gaeilge iad féin, a gcultúr agus a dteanga á léiriú ar stáitse (Tittley, 2004: 116). Mar threisiú ar an bpointe sin féach an méid a deir Coilféir:

Theatre here is a vehicle for identification: through performance participants engage imaginatively and empathetically with issues and with others in order to come to a clearer understanding of their place and their role in any given community. Ideally it is pedagogic, democratic, holistic, leading to a more generous and nuanced understanding of how we are shaped by past events and by present social structure (Cóilféir, 2018: 136).

Tagann an míniú sin a bheag nó a mhór le tuiscint an Phiarsaigh ar an drámaíocht mar 'a study of men and women; an effort on the part of the dramatist to induce you to see the march of life and fates as he sees it' (McNulty & Ní Ghairbhí, 2017: 139). Chun tuilleadh béime a leagan ar an bpointe seo, is féidir linn breathnú ar dhrámaí, chomh maith, leis an gcuma a bhí orainn mar mhuintir ag tráth éigin a aithint agus í a chur i gcomparáid leis an

⁴⁹ Féach an ghluais.

gcaoi a bhfuil an tsochaí anois. Deir Waters agus é ag tagairt do shaothair McDonagh, ‘One thing modern audiences tend to seek from theatre is a form of anti-nostalgia, the experience of relief that, thanks be to God, we are not like that anymore ... we affect a contented smile and congratulate ourselves on how far we have travelled down the thoroughly modern motorway’ (Waters, 2001: 53). Ó pheirspictíocht an iarchoilíneachais, is féidir breathnú ar shaothair McDonagh ar an gcaoi chéanna de bhrí go mbunaítear an greann i ndrámáí McDonagh ar an bhfad idir na carachtair atá á léiriú sna drámáí agus an lucht féachana nó léitheoireachta. Deir Merriman, “our’ laughter is at the expense of ‘them’” agus ‘these plays implicate audiences in particular stances toward the poor, the past and Irishness. Their emergence at a time of economic boom exposes the *embourgeoisement* of contemporary culture, and underscores Amkpa’s sense of ‘futility of organising social progress within bourgeois value systems’ (Merriman, 1999: 313 & 316).

2.3.7 An pointe tagartha mar aidhm

Pointe spéisiúil eile ar féidir trácht a dhéanamh air anseo ná na haistriúcháin Bhéarla a rinne Lady Gregory ar dhrámáí le de hÍde amhail *Casadh an tSúgáin*. Príomhaidhm na n-aistriúchán sin ba ea pointe tagartha a chruthú do lucht féachana na hamharclainne roimh dóibh freastal ar an dráma as Gaeilge nó, d’fhoghlaimoirí Gaeilge a bhainfeadh úsáid as an leagan Béarla chun an bunleagan Gaeilge a thuiscint. Dá bhrí sin, cruthaíodh aistriúchán frása ar fhrása, amhail aistriúchán doiciméadach de chuid Nord, rud a chaill bunmheallacht na Gaeilge sa spriocthéacs ach a sholáthair aidhm iomlán eile ann (Dunleavy & Dunleavy, 1988: 24–6).⁵⁰

⁵⁰ Is ionann ‘aistriúchán doiciméadach’ agus ‘an t-eachtrannú’ ar bhealach. Le haghaidh plé iomlán ar an gcoincheap seo de chuid Nord, féach Rannán 1.4.

2.3.8 Athghabháil na teanga mar aidhm

Is minic a thráchtar ar athghabháil na Gaeilge nó ar leibhéal níos leithne, athghabháil teanga mar fheiniméan, cur chuige, stíl, cuspóir, aidhm nó gné ag brath ar an gcomhthéacs a bpléitear é. Úsáideann Rob Amery an coincheap ‘athghabháil teanga’ nó ‘language reclamation’ chun tagairt a dhéanamh do sheanteanga de chuid na hAstráile (Kuarna) nach bhfuil aon chainteoir dúchais ann a thuilleadh agus na hiarrachtaí is gá a chur ar bun chun an teanga sin a thabhairt slán ó éag iomlán. Sa chás áirithe sin, pléann sé téarmaíocht éagsúil atá in úsáid ag scoláirí eile amhail ‘language resurrection’, ‘language revival’ agus ‘language revitalisation’ (Amery, 2016: 19). In alt spéisiúil eile le Nic Giolla Iasachta, pléann sí cás TG4 agus Whakaata Māori (seirbhís teilifíse na Maoirise) (Nic Giolla Iasachta, 2009: 13). Pléitear na stáisiúin mar chás comparáide chun na teangacha úd a athghabháil ar na stáisiúin sin mar ‘ghléasanna tarrthála chun an teanga a chosaint’ (Uí Chollatáin, 2008: 5). Ar an gcaoi chéanna leis an Maoiris agus Kuarna, is féidir tagairt a dhéanamh do chás Québécois agus an bhaint idir athghabháil agus náisiúnachas. Luann Annie Brisset go n-eascraíonn drámaí as an tsochaí agus gur minic is féidir fíorchosúlacht a fheiceáil ar a bhfuil ar an stáitse agus a bhfuil ar siúl sa tsochaí sin. Úsáideann sí cás Québécois chun an pointe sin a threisiú agus an dlúthiarracht a bhí ar bun sa 20ú haois chun drámaíocht na teanga sin a úsáid ar son an náisiúnachais i gCeanada (Brisset, 1996: 5). Le linn an 20ú haois, ba shiombail iad na hathléirithe náisiúnta i gcoinne iompórtálacha litríochta Béarla nó Fraincise mar léiriú ar an achar a bhí lucht Québécois ag iarraidh a chruthú idir an dá chultúr, agus a chultúr féin a neartú, dá bhrí sin (Brisset, 1996: 54–5). Cosúil leis an nGaeilge ag tús an 20ú haois, úsáideadh drámaíocht Québécois mar uirlis bholscaireachta chun smaointeoireacht an náisiúnachais a chur chun cinn toisc gur dheacair an rud é cinsireacht a dhéanamh ar

dhrámaíocht bheo ar an stáitse i gcomparáid le leabhair chlóite, mar shampla (Aaltonen, 2000: 83). D'fhéadfaí samplaí eile den chineál seo athghabhála a lua chomh maith amhail an Mháltais, an Bhreatnais nó an Chatalónais — nó is liosta le háireamh é. Ní haon eisceacht an Ghaeilge ach oiread nó cheap Mairtín Ó Cadhain 'gurbh ionann Athghabháil na hÉireann agus Athghabháil na Gaeilge' agus gurb í 'labhairt na Gaeilge an gníomh díchóilínitheach thar barr' (Féach *Comhar*, 1990: 3).

Cé gur féidir coincheap athghabhála teanga a thuiscint ar an gcaoi leathan sin, i réimse na sochtheangeolaíochta, tráchtar ar 'language reclamation' nó 'linguistic reappropriation', rud a chiallaíonn focail, a bhí in úsáid ag tráth éigin le brí dhiúltach nó mhaslach chun cur síos a dhéanamh ar dhuine nó daoine i ngrúpa mionlaigh nó faoi chois, a athchúrsáil agus a úsáid ar bhealach nach gcoinníonn brí bhunaidh an choincheapa a thuilleadh. Sular fhaomh an Coiste Téarmaíochta 'friotail athshlánaithe' i Meitheamh 2021, bhí 'athghabháil teanga' in úsáid scaití leis an gcoincheap seo a chur in iúl.

Chun críocha an tráchtais seo, áfach, ciallaíonn an coincheap seo aidhm san aistriúchán chun saothar a scríobhadh i dteanga A (Béarla), trí shúile teanga B (Gaeilge) nó a raibh páirt dhlúthbhainteach ag teanga B (Gaeilge) sa bhunsaothar (Béarla), a athghabháil agus an bunsaothar (Béarla) a aistriú go teanga B (Gaeilge). Is féidir *Translations* le Brian Friel a lua mar cheann de na samplaí is mó dá leithéid san eiseamláir seo. Mar chuspóir, dá bhrí sin, is féidir a rá go ngabhann an t-aistritheoir an Ghaeilge de réir mar a aistríonn sé agus gurb é an toradh nó an aidhm a eascraíonn as an ngníomh sin ná 'Gaeilge athghafa' chun cur le *repertoire* litríochta na teanga, cruth dúchais a chur ar ais ar théacs Béarla, an buntéacs a thabhairt ar ais don phobal a raibh sé dírithe air ar an gcéad dul síos nó chun an sprioctheanga a shaibhriú tríd an mbuntéacs a aistriú. Bunaithe air sin, ní hionann

téacs ar bith a aistriú go Gaeilge agus aidhm athghabháil na Gaeilge toisc gur gá go mbeadh bunbhaint idir an buntéacs agus an t-aistriúchán deiridh. Mar thaca leis an bpointe sin, ní gá ach tagairt a dhéanamh don bhaint lárnach a bhí ag drámaíocht Bhéarla na hÉireann agus aistriúchán drámaí go Gaeilge a luadh níos luaithe i Rannán 2.3.1. Agus é ag tagairt d'aistriúcháin den chineál sin, dúirt George Moore: 'Translate an Irish play into Irish — I mean a play like Mr. Yeats' *'Land of Heart's Desire'*, which only requires translation into Irish to make it thoroughly and entirely Irish' (O'Leary, 1994: 323). Agus Robert Lynd ag trácht ar *Liúdaidhe Óg na Leargadh Móire*, mhaígh sé go raibh an dráma foirfe lena aistriú go Gaeilge. Bhreathnaigh na Gaeil ar dhrámaí den chineál sin mar:

... workable and well-built plays worth going to see in which the language would be stretched comfortably and adapted to deal with fresh subject matter and, perhaps, more sophisticated themes and more developed characterizations. They were, in effect, to be a preparation not a proxy for original drama in Irish (O'Leary, 1994: 325).

Deir Ó Ciarghusa fiú — 'Níl i "*Riders to the Sea*" le Synge ach tórramh Gaedhil, agus ní raibh ach leath, — seadh agus leamh, — dheallramh air gur cuireadh Gaedhilg air agus gur chaoin an bhean-chaointe an marbh i nGaedhilg mar ba dhual' (Ó Ciarghusa, 1933: 107–9). Cuireann na pointí seo go mór le hipitéis an tráchtais seo go raibh athghabháil na Gaeilge mar skopos ar cheann de na gnéithe is lárnáí i ngluaiseacht dhrámaíocht na Gaeilge. Bhain ábhar na ndrámaí atá á n-anailísiú sa tráchtas seo le cultúr na Gaeltachta agus na Gaeilge nó bhí iarsmaí den Ghaeilge nó den Ghaeltacht le brath mar chuid de na drámaí féin. Is féidir tagairt a dhéanamh d'aistriúchán doiciméadach Nord anseo, coincheap arb ionann é agus téacs a aistriú sa chaoi go gcoimeádtar eilimintí bunaidh an bhundráma san aistriúchán toisc go bhfuil cinnteacht áirithe ann go nglacfaí leis an

aistriúchán go fonnmhar sa sprioc-chultúr, .i. ceantar Gaeltachta sa chás seo. Cé gur taispeánadh níos luaithe sa rannán seo go dtaitníonn ábhar idirnáisiúnta aistrithe le lucht na nGaeltachtaí, is mó seans go dtaitneoidh ábhar dúchasach leo chomh maith de bharr go mbaineann an t-ábhar go dlúth lena saol féin agus, mar a luadh, gur scáthán ar an domhan atá ann i gcás na ndrámái sa tráchtas seo.

Cé nach bhfuil teorainn le líon na gcuspóirí, aidhmeanna nó feidhmeanna a d'fhéadfadh a bheith in aon dráma amháin, bíodh sé ina bhundráma nó ina dhráma aistrithe, níl sa rannán seo ach blaiseadh d'aidhmeanna féideartha i scéal dhrámaíocht na Gaeilge, rud a thugann comhthéacsú d'aidhm na hathghabhála teanga agus, athghabháil na Gaeilge mar skopos dá bhrí sin, sa tráchtas seo. Déanfar cur síos air sin anois sa mhodheolaíocht agus déanfar mionphlé uirthi i gcás na ndrámái atá á n-anailísiú i gCaibidlí 4 agus 5.

Caibidil 3

3 Modheolaíocht na hAnailíse

3.1 Príomhcheisteanna an Tráchtais

Ceaptar i scoil an fheidhmiúlachais gur ghá go mbeadh aidhm nó skopos ar leith ag téacs agus, dá bhrí sin, áitítear uaireanta nach gclúdaítear sa liosta sin téacsanna liteartha.⁵¹ Ar an gcéad leathanach den saothar, *Text Analysis in Translation* le Nord, áfach, chuir sí in iúl gur cheart go mbeadh an modh anailíse seo feiliúnach do théacsanna liteartha agus d'aistritheoirí gairmiúla chun cabhrú leo a gcuid oibre féin a thomhas. Mar threisiú air sin, deir sí:

Some literary scholars maintain that a lack of communicative purpose is precisely one distinctive feature of literature. As far as literary translation is concerned, however, this reservation can be ignored. Even if a source text has been written without any particular purpose or intention, the translation is always addressed to some audience (however undefined it may be) and thus intended to have some function for the readers (Nord, 2018: 77).

Anuas air sin, tá caibidil ar leith ag Nord (2018) faoi chur i bhfeidhm smaointeoireacht an fheidhmiúlachais i dtíortha ar fud an domhain, amhail an Ghréig, an tSín, an Spáinn, an Chóiré Theas agus go leor eile, rud a chuireann solúbthacht a smaointeoireachta in iúl i gcás teangacha eile (Nord, 2018: 127). Go dtí seo ar an iomlán i staidéar an aistriúcháin, pléadh anailísí agus múnlaí aistriúcháin de réir mar a bhain siad le cultúir nó teangacha ar leith. Más fíor dá bhfuil curtha in iúl ag Nord, áfach, ba cheart go mbeifí in ann anailís mar

⁵¹ Féach 1.3.1 le haghaidh plé air sin.

seo a chur i bhfeidhm ar théacsanna éagsúla nach bhfuil feidhm shoiléir iontu (i gcomparáid le téacsanna leighis, turasóireachta nó polaitiúla mar shampla) agus a bhaineann le cultúir agus teangacha eile. Bhíothas ag súil sa tráchtas seo gurbh fhéidir fráma Nord a úsáid agus a leasú mar chreatlach chun anailís a dhéanamh ar roinnt drámaí aistrithe sa Ghaeilge bunaithe ar athghabháil na Gaeilge mar skopos. Dá bhrí sin, bhíothas ag súil leis an bpríomhcheist seo a leanas a fhreagairt sa tráchtas seo.

- Arbh fhéidir úsáid neamhghnách a bhaint as anailís Nord chun an skopos, athghabháil na Gaeilge, atá beartaithe go cúlghabhálach a úsáid mar chritéar anailíseach ar chnuasach drámaí atá aistrithe go Gaeilge? Bunaithe air sin, arbh fhéidir a thomhas go raibh athghabháil na Gaeilge mar aidhm nó skopos i gcás chnuasach roghnaithe na ndrámaí aistrithe?

3.2 Réamhrá Modheolaíochta agus Aidhmeanna Sonracha an Tráchtais

Chuir Glynn (2020) in iúl nach bhfuil dóthain faisnéise maidir le cuir chuige mhodheolaíochta ar fáil do thaighdeoirí atá ag plé le téacsanna drámaíochta san aistriúchán. Mhaígh sé gur féidir taighde a dhéanamh mar anailís chomparáideach, anailís chomthéacsúil, anailís léiriúcháin, anailís teorice ghinearálta, anailís chás-sonrach nó, bailiú nó anailísiú sonraí cainníochtúla nó cáilíochtúla, agus nach bhfuil aon chur chuige ina measc greanta i gcloch. Maíonn sé:

The data to be collected for research projects on theater translation are varied and include factual data about translated plays, qualitative data collected by ethnographic fieldwork, and analysis of various documents, including translated plays, press reviews, and promotional materials (Glynn, 2020: 5).

Ina fhianaise sin, is féidir cur síos a dhéanamh ar an gcur chuige sa tráchtas seo mar mheascán modhanna lena n-áirítear cur chuige cainníochtúil agus cur chuige cáilíochtúil. Dar le Chesterman agus Williams (2002: 64), is ionann taighde cáilíochtúil agus ‘describ[ing] the quality of something in some enlightening way’ agus is ionann taighde cainníochtúil agus ‘say[ing] something about the generality of a given phenomenon or feature, about how typical or widespread it is, how much of it there is; about regularities, tendencies, frequencies, distributions.’ Lena chois sin, is féidir cur síos a dhéanamh ar an tráchtas seo mar thaighde coincheapúil toisc go rabhthas ag iarraidh fráma anailíse atá ar fáil cheana a athúsáid agus a bheachtú nó a choigeartú i gcás na Gaeilge. Míníonn Chesterman agus Williams (2002: 58) gurb é is cás le taighde coincheapúil: ‘[to] define and clarify concepts, to interpret or reinterpret ideas, to relate concepts into larger systems, to introduce new concepts or metaphors or frameworks that allow a better understanding of the object of research.’ Anuas ar na modhanna sin, is féidir ‘déaduchtú’ (deduction) a thabhairt ar an taighde seo toisc go raibh fráma reatha á thástáil. Dar le Saldanha agus O’Brien (2014: 15), is féidir déaduchtú a mhíniú mar ‘the testing of existing theories or hypotheses through data ...’ Bunaithe ar mhodh measctha agus úsáid shainleasaithe chreatlach anailíseach Nord san anailís i gCaibidlí 4 agus 5, seo a leanas príomhaidhm agus mionaidhmeanna an tráchtais:

- Úsáid a bhaint as anailís mhúnlaíthe Nord chun an critéar anailíseach, athghabháil na Gaeilge, a úsáid mar skopos cúlghabhálach i gcás chnuasach roghnaithe de dhrámaí aistriithe.
 - Fáil amach an féidir fráma anailíse Nord a choigeartú agus a chur i bhfeidhm ar aistriúcháin téacsanna drámaíochta sa Ghaeilge.

- Laigí agus buanna na hanailíse a shoiléiriú agus moltaí a thabhairt, más gá, i gcás na Gaeilge.
- Anailís a dhéanamh ar dhrámaí aistrithe sa Ghaeilge ag baint úsáid as an bhfráma anailíse áirithe seo i staidéar an aistriúcháin den chéad uair riamh.

3.3 Fráma anailíse cuí a roghnú

De réir mar a pléadh i gCaibidil 1, tá páirt rílánach ag smaointeoireacht an fheidhmiúlachais i gcur chuige an tráchtais seo agus is air sin a bunaíodh an anailís ar an iomlán. Díríodh go príomha ar Anailís Téacsanna san Aistriúchán (*Text Analysis in Translation*) le Christiane Nord.

Ceann de na dúshláin ba mhó a bhí le cíoradh ar dtús ba ea cur chuige nó fráma anailíse ar leith a roghnú lena chur i bhfeidhm ar dhrámaí aistrithe na Gaeilge. Ar an gcéad dul síos sheas réimse staidéar tuairisciúil an aistriúcháin amach mar chur chuige féideartha, go háirithe ‘Noirm’ agus ‘Polysystem Theory’. Chum Itamar Even-Zohar teoiric na n-ilchóras nó ‘polysystem theory’ sna 1970idí agus bhunaigh sé í ar thaighde dá chuid ar ghníomhaíochtaí cultúrtha laistigh den phobal céanna. Bunchloch na hoibre sin ba ea an téis a bhí ag Jurij Tynyanov agus Roman Jakobson (1928: 36–7): ‘a system is always a system of systems.’ D’eascair smaointeoireacht Even-Zohar as an bpointe sin chun na gnéithe a bhain le hilchóras i réimse na litríochta a chur in iúl (Ben-Ari, 2013: 144 in *The Routledge Handbook of Translation Studies*):

[The polysystem concept] allowed one to view ‘literature’ not only as a codified collection of texts but as a set of factors governing a large range of procedures

(‘behaviours’) that stretched from the production of texts to the promotion of models of life.

Ba ghá i réimse an aistriúcháin ag an staid seo ceisteanna níos teoiriciúla a chur, amhail: cé na cúiseanna ar roghnaíodh téacsanna lena n-aistriú, cén fáth ar roghnaíodh aistriúcháin i dtréimhsí éagsúla, agus cén fáth a nglactar le haistriúcháin áirithe mar bhuntéacsanna i gcultúir áirithe i dtréimhsí áirithe. Dá bhrí sin, is gá féachaint ar an litríocht mar struchtúr soch-chultúrtha dinimiciúil ina bhfuil coinbhleacht cumhachtaí maidir le cé na noirm sa lár agus ar na himill a thiocfaidh chun cinn laistigh den chultúr. Is féidir breathnú ar an litríocht mar íomhánna saoil nó ‘life images’ dá bharr sin. Bunaithe ar obair séamataicithe (semioticians) ar nós Lotman, measann Even-Zohar nach gá an litríocht a anailísiú a thuilleadh mar earra ealaíonta, fileata ná liteartha ach mar tháirge a chruthaíonn ealaíontóirí chun uirlisí a sholáthar mar threoir do dhaoine conas maireachtáil. Nuair a léann duine téacs, mar sin de, is féidir leis an duine sin ceachtanna a fhoghlaim, .i. conas titim i ngrá, conas obair a dhéanamh (nó í a sheachaint) nó conas sonas a bhrath i measc go leor eile nach iad (Even-Zohar, 2005: 199).

Breathnaíonn Even-Zohar ar aistriúchán na litríochta ní hamháin mar chóras ann féin ach mar chóras a bhíonn ag feidhmiú laistigh de stair na n-ilchóras agus go bhfuil stádas lárnach ag an aistriúchán inti (Even-Zohar, 1978: 47). I gcás mionteangacha, measann Even-Zohar gur féidir leis an aistriúchán stádas lárnach a bhaint amach sa sprioc-chultúr más rud é go bhfuil an cultúr sin óg, ar an imeall nó lag, nó i gcás géarchéime (Even-Zohar, 1978: 47). Maíonn sé, áfach, gur annamh an rud é an stádas lárnach seo a bhaint amach agus is gnách go mbíonn stádas an aistriúcháin tánaisteach i litríocht an sprioc-chultúir. Dá bhrí sin, sholáthair teoiric na n-ilchóras creatlach chun an t-aistriúchán

mar réimse a anailísiú ní mar rud ‘liteartha’ amháin ach i gcomhthéacs na hilghnéitheachta (heterogeneity) laistigh de chultúr agus i gcomhthéacs na n-idirthuilleamaíochtaí idir cultúir agus sochaithe eile (Ben-Ari, 2013: 152 in *The Routledge Handbook of Translation Studies*). I gcás ‘noirm’, a bhfuil Gideon Toury luaite leo go príomha, cosúil le teoiric na n-ilchóras, bhain an obair seo le feidhm an chultúir i réimse an aistriúcháin chomh maith.⁵² Baineann na noirm le staidéar tuairisciúil an aistriúcháin nó *descriptive translation studies* (DTS). Chun an coincheap sin a mhíniú sa réimse seo, ní mór breathnú ar an aistriúchán mar phróiseas inar gá aird a thabhairt ar ghné na hilghnéitheachta idir cultúir agus ní ar na téacsanna mar aonáin indibhidiúla nó neamhspleácha (Ben-Ari, 2013: 153 in *The Routledge Handbook of Translation Studies*). De réir mar a tháinig forás ar staidéar tuairisciúil an aistriúcháin, bhris Toury an staidéar sin ina thrí chatagóir éagsúla: DTS táirge-dhírithé, DTS feidhm-dhírithé agus DTS próiseas-dírithé (Ben-Ari, 2013: 152 in *The Routledge Handbook of Translation Studies*). In eanáil staidéar an aistriúcháin, maíonn Toury nach bhfuil an brainse áirithe seo saintreorach toisc nach bhfuil sna noirm ach creatlach ar féidir le haistritheoirí úsáid a bhaint aisti má dhéantar machnamh ar na noirm le linn phróiseas an aistriúcháin féin (Toury, 2012: 5). Mhaígh Toury nach mbíonn aistriúcháin ábhartha ach sa sprioc-chóras (sa sprioc-chultúr) agus is é sin an áit a nglacann siad le noirm an chultúir atá i gceist. Is féidir na noirm a bhriseadh síos a thuilleadh mar seo a leanas **1**) Noirm thosaigh (Initial norms) **2**) Réamhnoirm (Preliminary norms) **3**) Noirm oibríochtúla (Operational norms) **4**) Noirm théacsúla (Textual norms) (Toury, 1980: 57). I gcomhthéacs na norm sin, labhraíonn Toury faoi aistriúcháin shásúla (adequate translations) ar an mbuntéacs agus aistriúcháin inghlactha (acceptable translations) i dtéarmaí noirm an sprioc-chultúir (Toury, 1980). Maíonn sé nach bhfuil sé tar éis diúltú do smaoineamh na coibhéise de réir mar a

⁵² Is fiú a lua anseo go ndéileálann Nord le ‘noirm’ sa phlé ina cur chuige anailíseach, ‘Not only do text-type norms vary from one culture to another, but they are also subject to historical change ...’ (Nord, 2005: 21). Féach Pym (1993: 186–187) le haghaidh plé air seo chomh maith.

shamhlaítear é ach go bhfuil sé tar éis diúltú don choibhéis mar ghné shaintreorach roimh ré. Is féidir coibhéis a mhapáil idir dhá théacs i ndiaidh aistriúchán a sholáthar chun cosúlachtaí idir an buntéacs agus an spriocthéacs a chur i gcomparáid lena chéile (Touy, 1995/2012). Bunaithe ar an smaointeoireacht agus an cur chuige a bhí mar bhonn do na teoiricí seo, ceapadh nach mbeadh an cur chuige sin feiliúnach do na téacsanna a bhí a n-anailísiú anseo de bhrí nach féidir breathnú ar na drámaí, ná ar na haistriúcháin, mar threoir ag daoine conas maireachtáil. Is ag plé le saothair ó thús agus ó dheireadh an 20ú haois a bhíodhas sa tráchtas seo agus ní fhéadfaí an cineál sin smaointeoireachta a chur i bhfeidhm ar théacsanna a bhaineann le tréimhse chomh fada sin. De bhreis air sin, cuireadh an iomarca béime, dar liom, ar chultúir éagsúla a bheith mar bhunús don smaointeoireacht seo, rud nach bhfuil go hiomlán inoibrithe i gcás na Gaeilge. Is amhlaidh sin toisc go maireann an teanga ní i gcultúr éagsúil ach i dtír ina bhfuil an dá theanga, Béarla na hÉireann agus an Ghaeilge, ag maireachtáil taobh le taobh lena chéile. Is cinnte go bhféadfaí codarsnacht a fheiceáil idir na noirm ó thús go deireadh an 20ú haois ach bhí cur chuige níos uileghabhálaí agus níos solúbtha de dhíth i gcás an tráchtas seo.

Mar éabhlóid ar an gcoincheapadh sa tráchtas, cinneadh dul i ngleic le Dofheictheacht an Aistritheora nó 'Translator's Invisibilty' mar chur chuige féideartha eile. D'fhoilsigh Lawrence Venuti, a chéad leabhar, *Translator's Invisibility: A History of Translation Studies*, sa bhliain 1995, saothar inar pléadh coincheapa an dúchasaithe (domestication) agus an eachtrannaithe (foreignisation) ar shlí eile den chéad uair riamh. Is straitéis san aistriúchán é an dúchasú ina dtarraingítear an buntéacs chomh cóngarach agus is féidir don sprioc-chultúr. Os a choinne sin, is ionann an t-eachtrannú agus straitéis aistriúcháin ina dtarraingítear an sprioc-chultúr chomh cóngarach agus is féidir don bhuntéacs. Baineann na téarmaí 'an dúchasú' agus 'an t-eachtrannú' go dlúth leis an gcoincheap seo

ach in ainneoin miondifríochtaí míniúcháin, pléadh na coincheapa seo — i measc teoiricí eile — roimhe seo. De réir mar a luadh i Rannán 1.4, is fearr le Christiane Nord na téarmaí ‘aistriúcháin ionstraimeacha’ agus ‘aistriúcháin dhoiciméadacha’ a úsáid chun coincheapa an dúchasaithe agus an eachtrannaithe a chur in iúl (Nord, 1989: 100–5). Déanann Toury trácht ar aistriúcháin shásúla atá ‘sásúil’ ó thaobh an bhuntéacs de nó aistriúcháin inghlactha atá ‘inghlactha’ le noirm an sprioc-chultúir. Míníonn an teangeolaí Gearmánach, Juliane House, an chodarsnacht idir aistriúcháin fhollasa (overt translations), ina bhfuil an léitheoir ar an eolas roimh ré gur aistriúchán atá ann, agus aistriúcháin neamhfollasa (covert translations) a fhágann nach mbíonn an léitheoir ar an eolas gur aistriúchán atá á léamh aige (House, 1997: 47–52). Is féidir na coincheapa seo a chur i gcomparáid le téarmaí de chuid Levý (1969) — aistriúcháin mheabhlacha (illusory translations) nuair nach bhfuil an léitheoir ar an eolas gur aistriúchán atá ann toisc gur aistríodh an téacs ar bhealach a bhaineann go dlúth leis an sprioc-chultúr. Os a choinne sin, coinníonn aistriúcháin fhrith-mheabhlacha (anti-illusory translations) eilimintí áirithe ón mbuntéacs a léiríonn go soiléir gur aistriúchán atá ann. D’fhéadfaí comparáid a dhéanamh chomh maith idir aistriúcháin fhoshocraithe agus róshocraithe Tymoczko (2007: 297). Lena chois sin, bunaítear na téarmaí i gcoincheap dhofheictheacht an aistritheora ar shaothar an fhealsaimh, Friedrich Schleiermacher. Tá Venuti den tuairim go mbíonn aistriúcháin líofa (fluent) nó friotaíoch (resistant) (Venuti, 1995). Léiríonn na paraidímí seo uile go dtugann siad an t-aistritheoir féin chun solais agus an cineál smaointeoireachta a bhíonn ar bun go comhfhiosach agus neamh-chomhfhiosach ina mheon féin, rud atá go hiomlán neamhspleách ar choincheap na coibhéise leis an mbuntéacs de réir mar a pléadh cheana sa tráchtas seo.

Dúirt Schleiermacher i ráiteas cáiliúil i réimse an aistriúcháin go mbíonn dhá rogha ag an aistritheoir (Schleiermacher, 1813/1963: 63 in Lefevere, 1992: 149):

Either the translator leaves the author in peace, as much as possible, and moves the reader toward him. Or he leaves the reader in peace, as much as possible, and moves the author toward him.

Tá tuairimíocht Venuti bunaithe ar an mBéarla mar theanga litríochta agus an feiniméan go ndéantar téacsanna a aistriú i dtreo an Bhéarla go dúchasach le go mbeidh an chuma ar na haistriúcháin gur buntéacsanna Béarla atá iontu. Bhunaigh sé an smaointeoireacht sin ar líon na n-aistriúchán i litríocht an Bhéarla trí chéile agus cé chomh híseal agus a bhí sé i gcomparáid le mórtheangacha agus ar ndóigh, mionteangacha eile, ina bhfeictear líon aistriúchán i bhfad níos airde mar chuid d'aschur litríochta na teanga sin. Idir an dá choincheap seo, tá Venuti go mór ar son an eachtrannaithe mar chur chuige aistriúcháin: '... áitíonn [sé] gur gá aduaine agus éagsúlacht an bhuntéacs sa bhunteanga a chaomhnú, fiú má chuireann sé sin strus áirithe ar an sprioctheanga agus, go deimhin, fiú má chuireann sé an teanga sin as a riocht féin' (Mac Giolla Léith, 2008: 21). Anuas air sin, is minic a chuirtear tuairimíocht Venuti ar comhstádas leis an scoláire aistriúcháin, Antoine Berman, a thugann 'anailís dhiúltach' (negative analytic) ar an dúchasú mar fheiniméan aistriúcháin (Munday, 2012). Arís eile, is ag tagairt do mhórtheangacha atá an smaointeoireacht sin. Léiríonn an pointe seo easnamh i gcoincheap na dofheictheachta sa mhéid nach féidir straitéis an dúchasaithe a cháineadh go huile is go hiomlán de bharr go bhféadfaí breathnú ar an dúchasú mar straitéis éifeachtach i gcás mionteanga, amhail an Ghaeilge, atá ag iarraidh úsáid a bhaint as aistriúcháin mar uirlis chun litríocht na teanga a chothú. Lena chois sin, déantar an straitéis a cháineadh de bharr gur féidir le

míniúchán na teoirice a bheith róchúng toisc nach mbaineann sí leis an mBéarla amháin, rud a mhaíonn Pym. I léirmheas dá chuid ar *Translator's Invisibility: A History of Translation*, deir sé nach sa Bhéarla amháin a fheictear straitéisí líofachta nó dúchasaithe agus gur féidir an nós a fheiceáil i litríocht na Brasaíle agus áiteanna eile, mar shampla. Anuas air sin, áitíonn Pym go mbíonn Venuti doiléir ó am go chéile sa fhriotal a úsáidtear ina leabhar chun a chuid smaointeoireachta a bheachtú agus a chur in iúl don léitheoir. De bharr go bhfuil cur chuige Venuti bunaithe ar an mBéarla i Meiriceá den chuid is mó, cinneadh nach mbeadh an cur chuige sin éifeachtach go leor chun téacsanna aistrithe i réimse dhrámaíocht na Gaeilge a anailísiú. De bhrí go gceaptar gur féidir leis an dúchasú a bheith ina ghné fhiúntach i gcás mionteangacha, measadh nárbh fhiú iarracht a dhéanamh bunús theoiric Venuti a choigeartú lena chur in oiriúint do mhionteanga amhail an Ghaeilge. Rinneadh iarracht cheana féin i dtráchtas Máistreachta an straitéis sin a mhúnlú lena cur i bhfeidhm mar mhodh anailíse ar *Harry Potter agus an Órchloch*. Sa tráchtas sin, maíodh go raibh níos mó den eachtrannú ná dúchasú i gceist mar straitéis aistriúcháin sa saothar ach cé gurbh fhíor é sin, ní raibh ann ach ráiteas ginearálta gan bheith greanta in aon chur chuige anailíseach téagartha (Murphy, 2015). Ós rud é go bhfuil na buntéacsanna sa tráchtas áirithe seo lonnaithe in Éirinn, bheadh gnéithe áirithe den dúchasú le feiceáil ar bhealach soiléir agus d'aon ghnó sna haistriúcháin de bharr na dlúthbhainte idir an Ghaeilge agus Béarla na hÉireann. Cé go bhféadfaí straitéisí an eachtrannaithe agus an dúchasaithe a thástáil i gcás saothar iasachta amhail *Harry Potter agus an Órchloch*, ba ghá, i gcás na ndrámáí aistrithe sa tráchtas seo, cur chuige anailíseach níos forbartha agus níos solúbtha a úsáid.

De bhrí gur ag tagairt do mhionteanga a bhítear sa tráchtas seo, d'eascair teoiricí an iarchoilíneachais as an litríocht chomh maith. Faoi scáth staidéar tuairisciúil an

aistriúcháin (DTS), maíonn Toury gurb ionann aistriúcháin agus fíricí na sprioc-chultúr (facts of target cultures) ach mar a luann Pym (2010: 84), ní chuimsíonn sé sin an chaoi a bhfeidhmíonn aistriúcháin ina bhfuil éagothroime cumhachtaí i gceist. Sampla de sin is ea bunchultúr ag seoladh lear mór aistriúchán chuig an sprioc-chultúr ar chúiseanna difriúla, .i. chun smacht a choinneáil orthu nó chun oideachas na bunteanga a chur chun cinn sa chultúr coilíneach.⁵³ In ainneoin go ndearnadh machnamh ar an gceist úd ar feadh tamall maith, ba léir nach bhfuil cúinsí teoriciúla an iarchoilíneachais i gceist go huileghabhálach i gcás shaothair McDonagh ná sna haistriúcháin ar na saothair sin. Cé gurbh fhéidir úsáid a bhaint as éagothromaíocht stádais agus cumhachta idir teangacha mar choincheap, ba dhócha nach raibh gné den chineál sin fós bailí ar bhealach dáiríre i gcás saothair chomhaimseartha. Ar na chúiseanna sin, measadh gurbh fhearr gan an tráchtas a dhíriú sa treo sin.

Sroicheadh pointe le linn na léirmheastóireachta agus na tochailte ar chuir chuige éagsúla, ámh, inar sheas réimse an fheidhmiúlachais amach, creatlach anailíse Nord, go háirithe. Tuigtear go bhfuil ‘athghabháil na Gaeilge’ pas teibí mar skopos nó aidhm agus go sáraíonn sé teorainneacha léacsacha, tíopeolaíochta agus cultúrtha. Ina ainneoin sin, soláthraíonn fráma anailíseach Nord cur chuige atá uileghabhálach, somhúnlaithe agus solúbtha, ina gcuimsítear gnéithe intéacsúla agus seachthéacsúla araon, ionas gur féidir úsáid mhionathraithe a bhaint as san anailís féin. Tugann sé cumhacht don aistritheoir, nó don taighdeoir sa chás seo, cuardach i bhfad agus i ngearr a dhéanamh le linn na hanailíse leis an skopos ‘athghabháil na Gaeilge’ a iniúchadh i gceart. Sa chéad dá rannán eile, míneofar cur chuige Nord go mion agus pléifear ansin an cur chuige sainleasaithe i gCaibidlí 4 agus 5 a bunaíodh ar an gcreatlach sin.

⁵³ Le haghaidh tuilleadh plé ar an nGaeilge mar theanga iarchoilíneach san aistriúchán, féach Murphy, 2021: 81–90.

3.4 Cur Síos ar Mhodheolaíocht Nord

Cruthaíodh an anailís seo mar uirlis d'aistritheoirí luathghairme chun buntéacsanna a anailísiú ag brath ar chritéir éagsúla roimh dóibh aistriúchán a dhéanamh le go bhfreastalódh an téacs críochnaithe ar skopos an aistriúcháin.⁵⁴ Maíonn Nord gur féidir an cineál seo anailíse a chur i bhfeidhm ar théacs ar bith (Nord, 2005: 1). Ar an gcéad dul síos, faigheann an t-aistritheoir téacs lena aistriú. Sa chás áirithe seo, is é an t-aistritheoir an chéad fhaighteoir sa phróiseas aistriúcháin (Nord, 2005: 6).⁵⁵ Ar an iomlán, ní scríobhtar téacsanna sa chéad áit le go n-aistreofar iad agus i gcás litríocht an sprioc-chultúir, is iad léitheoirí an bhuntéacs na chéad fhaighteoirí i bpróiseas na scríbhneoireachta, mar sin de. De réir mar a luaigh Vermeer agus Reiss, feidhmíonn an t-aistritheoir mar shaineolaí traschultúrtha (dhá chultúr ar a laghad) agus ba cheart go mbeadh an t-aistritheoir in ann a raibh léitheoirí an bhunchultúir agus a mbeidh léitheoirí an sprioc-chultúir ag súil leis a thuiscint (Nord, 2005: 12). I bhfianaise an chumais seo agus an skopos beartaithe, ba chóir go mbeadh an t-aistritheoir in ann feidhm(eanna) an sprioc-chultúir a oibriú amach. Is fiú a lua nach ionann rún an fhaighteora agus a bhfuil an faighteoir ag súil leis (i.e. intention vs expectation). Is ionann rún an fhaighteora agus pé tuairim a dtagann an faighteoir uirthi i ndiaidh dó an téacs a léamh. Is ionann a bhfuil an faighteoir ag súil leis agus an meastachán a dhéanann an faighteoir roimh dó an téacs a léamh bunaithe ar a eolas domhanda, srl. (Nord, 2005: 60). Má dhéantar é sin i gceart,

⁵⁴ Vinay agus Darbelnet a chum an coincheap 'aonad aistriúcháin' sna 1950idí. Dúirt siad gurbh ionann aonad aistriúcháin agus 'unité de pensée' arna chatagóiriú ag 'le plus petit segment de l'énoncé dont la cohésion des signes est telle qu'ils ne doivent pas être traduits séparément.' ('the smallest segment of the utterance, where the cohesion of the signs is such that they must not be translated separately.') I gcomhthéacs an ráitis sin, chun aistriúchán feidhmeach a thairiscint, maíonn Nord gurbh fhearr breathnú ar an téacs ina iomláine agus é a bhriseadh síos agus a anailísiú de réir na n-aonad sin seachas é a bhriseadh síos go cothrománach mar aonaid líneacha (Nord, 1997a: 41–42).

⁵⁵ Is faighteoir criticiúil é an t-aistritheoir sa chás seo agus déanann sé iarracht é féin a chur in áit an fhaighteora (Nord, 2005: 18).

cinnteoidh an t-aistriúchán an tsástacht fheidhmeach sa sprioc-chultúr. Agus na cinntí seo á ndéanamh ag an aistritheoir, d'fhéadfadh sé tarlú go n-athrófaí feidhm an aistriúcháin sa sprioc-chultúr ach ba cheart go mbeadh sé feasach ar an tionchar a d'imir an buntéacs ar an mbunchultúr chomh maith. Dar le Nord, beidh an buntéacs agus an spriocchéacs difriúil i gcónaí maidir le gné áirithe amháin, is é sin le rá, an difríocht idir pobail na teangeolaíochta. Má tá an bhunteanga agus an buntéacs bainteach go dlúth lena chéile, is mó seans go mbeidh ar an aistritheoir an spriocchéacs a aistriú go doiciméadach agus sá chás sin, is cinnte nach mbeidh an tionchar céanna ag an aistriúchán ar na spriocléitheoirí agus a bhí ag an mbuntéacs ar na bunléitheoirí toisc go dtagann an dá dhream ó phobail theangeolaíochta dhifriúla.⁵⁶ Ní hé go bhfuil cúis phearsanta ag an aistritheoir an buntéacs a léamh ach i ndiaidh dó an téacs a léamh, is féidir leis rún an tseoltóra (an scríbhneoir, mar shampla) a thairiscint don sprioc-chultúr (Nord, 2005: 13). Sa chás seo, d'fhéadfaí a rá gur táirgeoir é an t-aistritheoir, chomh maith, le linn phróiseas an aistriúcháin. Chun a bhfuil faighteoirí an sprioc-chultúir ag súil leis a fhiosrú, molann Nord anailís intéacsúil (intratextual) agus sheachthéacsúil (extratextual) a dhéanamh ar an mbuntéacs chun an skopos a oibriú amach agus an fheidhm (nó na feidhmeanna) atá ag teastáil ón téacs sa sprioc-chultúr a thuiscint agus a sholáthar san aistriúchán (Nord, 2005: 24).⁵⁷ Ag eascairt as anailís mar sin, is féidir leis an aistritheoir gnéithe intéacsúla agus seachthéacsúla a iniúchadh chun a fháil amach cé na heilimintí a bheidh le coinneáil agus cé na heilimintí a bheidh le fágáil ar lár de réir a shaineolais chultúrtha féin (Nord, 2005: 19). D'fhéadfadh an t-aistritheoir tíopeolaíocht an téacs a scrúdú chun a fháil amach ar cheart gnéithe téacsúla an bhuntéacs a choinneáil nó arbh fhearr cloí le noirm

⁵⁶ Tá an pointe seo spéisiúil ó thaobh na Gaeilge de toisc gur féidir a rá go bhfuil an bhunteanga agus an spriocchéanga bainteach leis an mbuntéacs go háirithe i gcás shaothair McDonagh agus Synge. Pléifear leis an bpointe seo san anailís féin i gCaibidlí 4 agus 5.

⁵⁷ Dar le Nord agus scoláirí eile i scoil an fheidhmiúlachais, is fíorannamh an rud é gurb ionann feidhm(eanna) an bhuntéacs agus feidhm(eanna) an spriocchéacs (Nord, 2005: 26).

théacsúla an sprioc-chultúir (Nord, 2005: 22).⁵⁸ De réir an mhúnla seo, níl an t-aistriúchán dlúthbhainteach leis an mbuntéacs ach is féidir leis an aistritheoir úsáid a bhaint as an mbuntéacs chun téacs feidhmeach a sholáthar sa sprioc-chultúr. Dar le Nord, más rud é nach féidir leis an mbuntéacs riachtanais an sprioc-chultúir a chomhlíonadh, is gá don aistritheoir tarraingt ar a shaineolas cultúrtha chun na bearnaí a líonadh agus téacs a sholáthar a shásaíonn riachtanais an sprioc-chultúir má éilíonn an skopos é (Nord, 2005: 29 & 32).⁵⁹ Más an-ait an t-ábhar féin, ní hé is dóichí go nglacfar leis sa sprioc-chultúr. Thar aon rud eile, is í feidhmiúlacht an téacs an ghné is tábhachtaí ach ní hionann sin agus rún an tseoltóra a thréigean ach oiread.⁶⁰ Chun feidhmiúlacht an téacs agus rún an tseoltóra a chinntiú, molann Nord go leanfar próiseas ar leith le linn an aistriúcháin (Nord, 2005: 37–40):

- Feidhm an bhuntéacs i gcás ar leith a fhiosrú agus a oibriú amach.
- Anailís a dhéanamh ar an mbuntéacs chun a fháil amach an bhfuil dóthain faisnéise ar fáil chun treoir an aistriúcháin a chomhlíonadh (más ann di).
- Anailís a dhéanamh ar na heilimintí buntéacsúla atá tábhachtach **ó thaobh an skopos de** chun an spriocthéacs a sholáthar.⁶¹
- I ndiaidh na hanailíse seo, fiosraíonn an t-aistritheoir cé na gnéithe sa bhunchultúr a bheidh le coinneáil sa sprioc-chultúr chun an skopos a chomhlíonadh. Déantar

⁵⁸ Is ionann ‘tíopeolaíocht’ sa chiall seo agus réimse teangeolaíochta a scrúdaíonn agus a rangaíonn teangacha de réir a ngnéithe struchtúracha agus feidhmeacha.

⁵⁹ Is nós le haistritheoirí míniúcháin sa bhreis a chur in aistriúcháin (Chesterman, 2002: 30). Tugtar ‘interpolation’ nó ‘idirshliocht’ air seo chomh maith.

⁶⁰ Ó thaobh an fheidhmiúlachais de, is ionann aistriúchán agus spriocthéacs a thairiscint atá feidhmeach, bunaithe ar ghníomhartha an aistritheora agus a bhfuil baint ag an spriocthéacs leis an mbuntéacs bunaithe ar skopos ar leith (Nord, 2005: 258).

⁶¹ Is minic a úsáideann Nord an téarma ‘aonad feidhmeach’ chun cur síos a dhéanamh ar ghnéithe nó eilimintí áirithe i dtéacs. Is ionann ‘aonad feidhmeach’ agus líon na n-eilimintí iomlána is gá a choinneáil le chéile chun (fo)f(h)eidhm chumarsáide a chur ar aghaidh in aistriúchán. Níor ghá go mbeadh na heilimintí i ndiaidh a chéile agus d’fhéadfadh sé tarlú go bhféadfaidís bheith scaipthe ar fud an téacs ar fad. Bíonn na haonaid seo cultúr-shonrach agus ba cheart iad a athrú de réir an chultúir ach amháin má shonraítear gur ceart aistriúchán doiciméadach a chur ar fáil (Nord, 1997a: 45–6).

an spriochtéacs a sholáthar ansin agus cuirtear an dá théacs i gcomparáid lena chéile chun a fháil amach ar comhlíonadh skopos an spriochtéacs (an t-aistriúchán) atá feidhmeach sa sprioc-chultúr agus, ag an am céanna, ar baineadh riachtanais/rún an tionscnóra amach.

- Is gá don aistritheoir a bheith feasach ar eilimintí/riachtanais an dá thaobh chun na cinntí a ghlacann sé a choigeartú nó a dheimhniú le linn na hanailíse agus phróiseas an aistriúcháin.
- Bunaítear an anailís seo ar ghnéithe intéacsúla agus seachthéacsúla:

Gnéithe intéacsúla	Gnéithe seachthéacsúla
Ábhar an bhuntéacs	Cé hé an seoltóir/hiad na seoltóirí?
Inneachar an bhuntéacs	Cad é rún an tseoltóra/na seoltóirí?
Réamhghlacana ⁶² an údair sa téacs	Cé hiad faighteoirí an bhuntéacs?
Leagan amach an téacs	Cad é cainéal nó meán an bhuntéacs?
Gnéithe neamhbhriathartha an téacs	Cén áit a bhfuil an téacs lonnaithe?
An fhoclaíocht (saintréithe foclóireachta)	Cathain a scríobhadh an téacs?
Struchtúir chomhréire/Cineálacha abairtí	Cén fáth ar scríobhadh an téacs ar dtús?
Ton an téacs	

Tábla C

Luadh cheana gur féidir an t-aistritheoir a chur i gcomparáid leis an bhfaighteoir ach is féidir ‘táirgeoir an téacs’ a thabhairt ar an aistritheoir chomh maith. Is fíor gur gá dó cloí le treoracha an tseoltóra nó an tionscnóra ach tá saoirse éigin ag an aistritheoir a chuid stíle

⁶² Presuppositions comprise all the information the sender expects (= presupposes) to be part of the receiver’s horizon (Nord, 2005: 107).

féin a chur i bhfeidhm ar an téacs deiridh chomh fada agus nach sáraíonn an stíl sin noirm an sprioc-chultúr. Dar le Nord, is ionann ‘stíl’ agus an fhaisnéis shéimeantach a bhaineann le heilimintí léacsacha arna rialú ag noirm an tseoltóra. Cuireann stíl an tseoltóra réamh-mheastachán in iúl don fhaighteoir agus, dá bharr sin, bíonn tionchar aige sin ar fheidhm an téacs trí chéile. Bunaítear ‘tionchar’ ar a bhfuil an faighteoir ag súil leis sa téacs féin, rud a bhraitheann ar eolas domhanda an fhaighteora. Dá bhrí sin, baineann ‘tionchar’ an téacs le gnéithe intéacsúla agus seachthéacsúla araon (Nord, 2005: 143). Agus téacs á aistriú ag an aistritheoir, ní mór dó bheith feasach ar an gcineál tionchair a imreoidh an spriocthéacs ar an spriocléitheoir agus má éilíonn an skopos é, ar cheart an tionchar céanna ón mbunchultúr a choinneáil sa sprioc-chultúr (2005: 144)? In go leor cásanna, imríonn rún an tseoltóra tionchar d’aon turas ar an bhfaighteoir agus má chinneann an seoltóir go mbeidh dóthain eolas domhanda ag an bhfaighteoir chun dul i ngleic le hábhar ar leith i dtéacs, beidh an téacs féin i bhfad níos doimhne agus casta ó thaobh na stíle de, rud ar gá don aistritheoir a bheith feasach air agus an spriocthéacs á sholáthar (2005: 145). Baineann an rún seo leis an skopos, áfach, agus más gá an rún seo a choinneáil sa sprioc-chultúr, ní mór don aistritheoir an coinníoll seo a choinneáil ar intinn aige ach, ar an taobh eile den scéal, mura mbaineann an rún seo le skopos an aistriúcháin, ní gá don aistritheoir a bheith rófheasach ar an tionchar a d’imir rún an tseoltóra ar an mbunchultúr. Dá bhrí sin, chun anailís a dhéanamh ar théacs, molann Nord na míreanna sa chéad tábla eile (Tábla D) a leanúint le linn na hanailíse.

Bunchlocha na hAnailíse ⁶³		
Mír anailíse	Cad is cúis leis?	Ceisteanna a d'fhéadfaí a chur ⁶⁴
Faisnéis ar an seoltóir ⁶⁵	Cosúil le hainm polaiteora, soláthraíonn ainm seoltóra faisnéis sula léann an léitheoir an téacs. Is féidir an cineál stíle atá ag an seoltóir a thuiscint roimh ré nó cé na hábhair a dtéann an seoltóir i ngleic leo go minic, srl.	<ul style="list-style-type: none"> • An ionann an seoltóir agus an táirgeoir? • Murab ionann, an bhfuair an seoltóir treoracha ón táirgeoir? • An bhfuil réamhghlacana i gceist i dtaobh an tseoltóra?
Rún an tseoltóra ⁶⁶	Trí anailís a dhéanamh ar na gnéithe intéacsúla, seans gur féidir rún an tseoltóra a oibriú amach, .i. an bhfuil sé brónach, ar bís, drogallach, srl?	<ul style="list-style-type: none"> • An bhfuil aon ráiteas beacht ón seoltóir sa téacs maidir lena rún? • An féidir aon rún a bhaint amach ó na faighteoirí, meán, áit, am agus cúis an tseoltóra?
A bhfuil faighteoirí an téacs ag súil leis	An nasc idir na faighteoirí agus an téacs, .i. baineann téacs eolaíochta le daoine fásta den chuid is mó. Cásanna eile — téacs ficsin a sháraíonn grúpaí aonair, .i. <i>Harry Potter</i> agus páistí, déagóirí agus daoine fásta.	<ul style="list-style-type: none"> • An féidir aon leid a oibriú amach ón téacs? • An féidir aon leid a fháil ó fhachtóirí staide an fhaighteora? • An bhfuil aon fhaisnéis maidir le tuairimí fhaighteoirí an téacs is féidir cabhrú leis an aistritheoir?
Meán/Cainéal ⁶⁷	Aghaidh ar aghaidh nó ar théacs? ⁶⁸	<ul style="list-style-type: none"> • Conas a cuireadh an téacs seo in iúl ar an gcéad dul síos? • An mbeidh athrú cainéil i gceist?

⁶³ Ní gá ord na hanailíse seo a leanúint go hiomlán. Níl ann ach creatlach ghinearálta de réir mar a mhol Nord (2005: 89).

⁶⁴ Achoimre ar ábhar in *Text Analysis in Translation* is ea na ceisteanna sa cholún seo.

⁶⁵ Is féidir an fhaisnéis seo a fháil ón mblurba, ó fhonótaí nó is féidir ceist a chur ar an seoltóir féin.

⁶⁶ Bíonn rún ag gach uile sheoltóir. Deir Nord gurb é an rud atá á aistriú ná tuiscint an aistritheora ar rún an tseoltóra agus ní rún an tseoltóra féin (Nord, 2018: 79).

⁶⁷ Is gá don aistritheoir fios a bheith aige go bhféadfadh sé tarlú go mbeadh éifeachtaí difriúla ag na meáin dhifriúla i gcultúir dhifriúla.

⁶⁸ Gné shuimiúil atá ann ó thaobh na drámaíochta de toisc go bhfuil an dá mheán i gceist anseo.

Áit na cumarsáide	Seo cúla geografach, stairiúil agus soch-chultúrtha na háite le linn an téacs a bheith á scríobh. An bhfuil cinsireacht nó bolscaireacht i gceist anseo? Is féidir teacht ar an bhfaisnéis seo tríd an gcomhlacht foilseacháin, trí theidil nuachtán, trí litríocht thánaisteach nó d'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh an fhaisnéis seo ar eolas ag an aistritheoir cheana (eolas domhanda an aistritheora).	<ul style="list-style-type: none"> • An bhfuil aon réamhghlacan le tuiscint mar eolas domhanda ón áit seo?
Am na cumarsáide	Tá baint mhór idir an ghné seo agus 'áit na cumarsáide' ó thaobh staid na polaitíochta de a bhí i réim nuair a scríobhadh an téacs ar an gcéad dul síos. Anuas air sin, tugann an ghné seo faisnéis dúinn faoin gcineál teanga a bhí in úsáid ag an am. ⁶⁹	<ul style="list-style-type: none"> • An bhfuil aon réamhghlacan le tuiscint mar eolas domhanda ón am seo? • An mbeidh aon aga moille idir staid an bhuntéacs agus an spriochtéacs?
Cúis na cumarsáide	Ní hionann seo agus 'am na cumarsáide'. Den chuid is mó, is éard atá i gceist le cúis na cumarsáide ná imeacht nó ócáid a spreag an seoltóir téacs éigin a scríobh. Is féidir eolas faoi seo a fháil ón téacs féin nó i dtimpeallacht an téacs.	<ul style="list-style-type: none"> • Ar scríobhadh é le haghaidh ócáid speisialta? • An é is dóichí go léifear an téacs arís agus arís eile? • An bhfuil aon difríochtaí ann maidir le cúis an bhuntéacs a scríobh agus cúis an spriochtéacs a scríobh?
Feidhm an téacs	Cuimsítear i bhfeidhm an téacs, rún an tseoltóra, a bhfuil na faighteoirí ag	<ul style="list-style-type: none"> • An bhfuil aon leid ann gur féidir leis an bhfaighteoir an téacs a úsáid i ndáil le

⁶⁹ Dar le Nord, is féidir am na cumarsáide a bhaint amach tríd an dáta a luaitear leis an téacs a sheiceáil ach maíonn sí go mbíonn tochailt sa bhreis ag teastáil ó am go chéile toisc go bhféadfadh sé tarlú nárbh ionann an dáta ar an bhfoilseachán agus an dáta ar scríobhadh an téacs ar an gcéad dul síos.

	<p>súil leis, meán, áit, am agus cúis. I gcás na litríochta, bíonn sé mar aidhm ag scríbhneoirí léargas pearsanta a chur in iúl do léitheoirí trí chur síos a dhéanamh ar dhomhan ficsin. Ag brath ar a bhfuil an faighteoir ag súil leis agus a thaithí agus a chód liteartha, ba cheart go dtuigfeadh an faighteoir ‘litearthacht’ an téacs. Braithfidh feidhm na litearthachta ar chúinsí cultúrtha an fhaighteora agus réamhfhógraí seachthéacsúla (ainm an údair, teideal an ghearrscéil, srl.).⁷⁰</p>	<p>cúis nach raibh i gceist ag an seoltóir?</p>
--	--	---

Ábhar⁷¹

A bhfuil á rá ag an seoltóir. Tuigfidh an faighteoir ábhar an téacs ag brath ar a chumas teangeolaíochta agus a eolas domhanda cultúr-shonrach agus an téacs á léamh aige. Anuas air sin, deir Nord (2005: 98): ‘[the translator] must be regarded as an “interested observer” who, after understanding the text intuitively against the background of her own “horizon”, tries to find an intellectual justification for her intuitive understanding.’

- An é gur téacs amháin nó sraith téacsanna atá ann?
- Má tá ábhair éagsúla ann, an bhfuil ordlathas ann?
- An ionann an t-ábhar ón anailís inmheánach agus ón anailís sheachtrach?
- An luaitear an t-ábhar sa téacs — mar abairt ábhair?⁷²
- An mbaineann an t-ábhar go dlúth le comhthéacs cultúrtha ar leith?
- An éilíonn cúinsí an spriochéacs gur fearr an t-ábhar a chur in iúl go beacht áit éigin sa téacs?

<p>Inneachar⁷³</p>	<p>Tagairtí téacsúla (focail, abairtí, nathanna) d’oibiachtaí agus</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Conas a chuirtear na fachtóirí seachthéacsúla in iúl sa téacs?
--------------------------------------	--	--

⁷⁰ Féach Rannán 1.3 chun tuilleadh faisnéise a fháil ar fheidhmeanna eile.

⁷¹ = Subject matter

⁷² Is ionann ‘abairt ábhair’ agus abairt ag tús ailt a chuireann príomhsmoineamh an ailt in iúl.

⁷³ = Content

	feiniméin i ndomhan réadúil nó ficseanúil. Cuimsítear sa chatagóir seo, iarthagraí, athrá, réamhthagraí agus parafrásaí.	<ul style="list-style-type: none"> ● Céard iad na haonaid faisnéise sa téacs? ● An bhfuil aon bhearna chomhréire ann? An féidir iad a líonadh gan faisnéis bhreise?
Réamhghlacana ⁷⁴	Chun leibhéal cumarsáide leordhóthanach a chaomhnú, glacann an seoltóir leis go dtuigfidh an faighteoir nithe áirithe gan dul i bhfad scéil le gné éigin. ⁷⁵	<ul style="list-style-type: none"> ● Cén réaltacht/saol lena mbaineann an téacs? ● An léirítear an réaltacht seo go soiléir sa téacs? ● An bhfuil iomarcaíochtaí sa bhuntéacs nach gá sa spriochtéacs? ● Cé na gnéithe atá réamhghlactha i gcás an bhuntéacs is gá a mhíniú sa spriochtéacs?
Leagan amach an téacs	I dtéacsanna áirithe, beidh ról speisialta ag tús agus deireadh an scéil agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an t-aistritheoir feasach ar an gconair ó A go B agus cinntí á nglacadh aige. Éilíonn cultúir áirithe micrastruchtúir agus macrastruchtúir áirithe agus téacs á scríobh.	<ul style="list-style-type: none"> ● An bhfuil an téacs neamhspleách nó mar chuid de théacsanna eile? ● An bhfuil an macrastruchtúr marcáilte ag comharthaí optúla⁷⁶ nó eile? ● An bhfuil gnáthleagan amach ar fáil cheana don chineál téacs seo? ● Céard é an cineál dul chun cinn téamach sa téacs?
Gnéithe neamhbhriathartha	Eilimintí nach gclúdaítear sa téacs féin. I gcás cumarsáid aghaidh ar aghaidh, d'fhéadfaí gothaí aghaidhe,	<ul style="list-style-type: none"> ● An bhfuil aon fheidhm ag na heilimintí seo? ● An mbaineann siad go dlúth leis an gcineál téacs nó an cainéal?

⁷⁴ Is gá don aistritheoir a bheith tuisceanach ar ghnéithe den bhuntéacs nach mbeidh deacair do na bunfhaighteoirí a thuiscint ach a d'fhéadfadh a bheith dúshlánach d'fhaighteoirí an spriochtéacs. Braitheann sé seo ar chultúr agus eolas domhanda an fhaighteora atá i gceist, ar ndóigh. Baineann an ghné seo le 'inneachar' agus cén 'domhan' atá i gceist sa téacs.

⁷⁵ D'fhéadfadh sé tarlú go mbainfeadh an buntéacs go dlúth le cultúr an bhuntéacs agus i gcás mar sin, beidh ar an aistritheoir leasuithe a dhéanamh le go dtuigfear an téacs sa sprioc-chultúr. Ar an taobh eile den scéal, má bhaineann an buntéacs le cultúr an sprioc-chultúir, seans nach mbeidh ar an aistritheoir cloí le míniúcháin, srl., sa bhuntéacs. Má tharlaíonn sé go bhfuil an dá chultúr cosúil lena chéile, .i. an Ghaeilge agus Béarla na hÉireann, d'fhéadfadh sé tarlú nach mbeadh an ghné seo róthábhachtach san anailís féin.

⁷⁶ 'Optical': ailt nó caibidlí i leabhair, mar shampla. Féach Nord, 2005: 117–18.

comharthaí an choirp agus ton an ghutha a chur san áireamh. I gcás téacs clóite, d'fhéadfaí íomhánna, léaráidí, lógónna agus cineálacha speisialta cló a chur san áireamh.

- An mbaineann siad go speisialta leis an mbunchultúr?

<p>Foclaíocht</p>	<p>Má éilíonn an skopos é, seans go mba cheart gnéithe stíle a choinneáil san aistriúchán. Má tá stíl foclaíochta ar leith síos tríd an mbuntéacs, beidh ar an aistritheoir cinneadh a dhéanamh faoin gcaoi a mbainfear an ghné seo amach sa spriotheanga agus sa sprioc-chultúr.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Céard é an bhaint idir na heilimintí seachthéacsúla agus intéacsúla, .i. blas, canúint, cineálacha teangacha stairiúla, sainréim teanga nó teanga a bhaineann le hócáid ar leith? • Cén chaoi a n-úsáideann an seoltóir an fhoclaíocht chun a dhearcadh a chur in iúl — meafair, imeartas focal, samhla (similes)? • An bhfuil aon aidiacht nó ainmfhocal sa téacs nach n-úsáidí go rómhínic i dtéacsanna eile? • An féidir an fhoclaíocht a cheangal le stíl ar leith?
--------------------------	---	--

Struchtúr abairtí⁷⁷

Abairtí fada, gearra, foirmeálta, feidhmeacha agus stíle.

- An bhfuil siad fada nó gearr?
- Cé na cineálacha abairtí a úsáidtear?
- An bhfuil ord na bhfocal sna habairtí neamhghnách?
- An bhfuil aon tob scor (aposiopesis), parailéalachas (parallelism), struchtúir chroseagair (chiasm), idiraisnéis (parenthesis), ceisteanna reitriciúla agus bearnaí san insint (ellipsis) i gceist?
- An bhfuil aon struchtúr comhréireach a

⁷⁷ D'fhéadfadh na struchtúir seo feidhm dhrámatúil a chur chun cinn, mar shampla.

bhaineann go dlúth leis an lucht léitheoireachta, cineál téacs nó meán is gá a chur in oiriúint sa spriochtéacs? An bhfuil sé seo ag teastáil sa skopos?

<p>Gnéithe osteascánacha</p>	<p>I dtéacsanna ó bhéal, baineann sé seo le tuin, rithim, luas, tuinairde agus airde. ‘Aall those features of text organisation which overlap the boundaries of any lexical or syntactical segments, sentences, and paragraphs, framing the phonological ‘gestalt’ or specific ‘tone’ of the text’ (Nord, 2005: 131–2).</p>	<ul style="list-style-type: none"> ● An mbaineann na gnéithe seo le seánra ar leith? Conas a léirítear iad? ● An léiríonn siad aon tréith a bhaineann leis an seoltóir? ● An bhfuil aon phrosóid (prosody) ann? ● An gcuireann iontonú an tseoltóra aon tréith in iúl? ● An mbaineann na gnéithe seo le téama an téacs? ● De réir an skopos, an gá an t-aistriúchán a chur in oiriúint chun teacht le patrúin ghnéithe na sprioctheanga (adaptations of suprasegmental features to TL patterns)?
-------------------------------------	---	--

Tábla D

*Tá an tábla seo bunaithe ar Nord, *Text Analysis in Translation* (Eagrán 2, 2005)

3.5 Cur chuige sainleasaithe don tráchtas seo

Is mionchur síos é an méid roimhe seo ar bhealach coinbhinseanúil chun fráma anailíse Nord a thuiscint agus a chur i bhfeidhm ar théacs. Chun críocha an tráchtais seo, áfach, baineadh úsáid as mórchoincheapa agus smaointe fhráma anailíse Nord mar bhunmhodh oibre. Áitíonn Nord:

My model of translation-relevant text analysis might be used for such an analysis of the target text, and the results can be compared with the general idiomatic, stylistic, literary and textual norms of the target culture ... A more objective form of translation criticism should be based on a comparative analysis of both the source and the target text and should provide information about the similarities and differences of the SL [bunteanga] and TL [sprioctheanga] structures represented in both texts, as well as about the individual process of translation and the strategies and methods used. It should also show whether the target text is appropriate for the required translation skopos (Nord, 2005: 180).

Is é is toradh air sin gur cruthaíodh modh anailíse saincheaptha agus go ndearnadh cur chuige ar leith a oiriúnú do na saothair atá faoi chaibidil sa tráchtas seo chun iad a iniúchadh bunaithe ar athghabháil na Gaeilge mar skopos cúlghabhálach. Ar an iomlán, rinneadh an anailís a shainleasú agus an criticeoir chun cinn seachas an t-aistritheoir. Ceann de na pointí is difriúla faoin anailís seo is ea nach bhfuil treoir an aistriúcháin ar fáil *per se*. Chun teacht timpeall air sin, níor mhór taighde a dhéanamh chun cuspóir nó aidhm an aistriúcháin a oibriú amach trí fhoinsí iontaofa a chuardach agus agallaimh a dhéanamh. Bhí an cur chuige sin aisiompaithe, dá bhrí sin, sa mhéid go raibh na

haistriúcháin ar fáil cheana agus go raibh anailís chriticiúil á déanamh bunaithe ar athghabháil na Gaeilge mar skopos. Dar le Nord:

Another standard for translation quality assessment could be the translation critic's own view of the translation skopos ... the ST/TT comparison as well as the translation critique can be based on the model of translation-oriented text analysis ... (Nord, 2005: 182).

Bunaithe air sin, **d'éirigh slat tomhais athghabháil na Gaeilge ina skopos (nó treoir an aistriúcháin) go cúlghabhálach de bhrí go ndearnadh na haistriúcháin a iniúchadh bunaithe ar an gcritéar sin.**⁷⁸ Má chomhlíon na haistriúcháin an critéar sin, d'fhéadfaí a rá go raibh na haistriúcháin Ghaeilge ceart ar bhonn feidhmeach, dá réir sin. Baineadh úsáid as eilimintí smaointeoireachta an fheidhmiúlachais agus cur chuige Nord chun bunús a chur faoin anailís seo ach anailís éagsúil is ea í, go bunúsach. Dá bhrí sin, tá iniúchadh na n-aistriúchán bunaithe ar thaighde agus an chomparáid idir an buntéacs agus an spriocthéacs, agus athghabháil na Gaeilge mar shlat tomhais nó skopos. Ní mór a lua, áfach, nach measúnacht aistriúcháin atá ann ach anailís chriticiúil bunaithe ar an skopos sin. Ba í aidhm an tráchtais seo anailís a dhéanamh ar na téacsanna seo a leanas:

⁷⁸ Is ionann an ráiteas seo agus crann seasta an tráchtais.

Drámadóir	Ainm an dráma	An chéad fhoiliú clóite	An chéad léiriú	Leagan aistrithe	Aistritheoir	An chéad fhoilsiú clóite	An chéad léiriú
John Millington Synge	<i>Playboy of the Western World</i>	1907	1907	<i>Áilteoir na Dúiche Thiar</i>	Seán Ó Carra	1973	1973
"	<i>Deirdre of the Sorrows</i>	1910	1910	<i>Déirdre an Bhróin</i>	Liam Ó Briain	1932	1931
"	<i>In the Shadow of the Glen</i>	1905	1903	<i>Uaigneas an Ghleanna</i>	Risteard Ó Foghludha	1930	1923
				<i>Uaigneas an Ghleanna</i>	Tom Sailí Ó Flaithearta	1972	1962
"	<i>Riders to the Sea</i>	1903	1904	<i>Chun na Fairrge Síos</i>	Tomás Ó Muircheartaigh/ Séamus Ó Séaghdha	1936 ⁷⁹	1960
"	"	"	"	<i>Chun na Farraige Síos</i>	Tom Sailí Ó Flaithearta	1972	1969
"	"	"	"	<i>An Mhuir</i>	Seán Tóibín	1920	1923
"	<i>The Tinker's Wedding</i>	1907	1909	<i>Pósadh an Tincéara</i>	Seán Ó Carra	1970	1970
Martin McDonagh	<i>The Beauty Queen of Leenane</i>	1996	1996	<i>Banríon Álainn an Líonáin</i>	Micheál Ó Conghaile	1999	1999
"	<i>The Lonesome West</i>	1997	1997	<i>Ualach an Uaignis</i>	"	2002	2002
"	<i>The Cripple of Inishmaan</i>	1997	1996	<i>Cripil Inis Meáin</i>	"	2009	2009

Tábla E

In aon anailís, is féidir téacsanna a roghnú ar go leor cúiseanna, bíodh siad pearsanta, acadúil, polaitiúil, srl. D'fhéadfaí roghnú na ndrámái i dTábla E a phlé choíche ach, go bunúsach, roghnaíodh na téacsanna ar na cúiseanna seo a leanas:

⁷⁹ Bunaithe ar eolas i bhfillteán ED/AnGúm/A0451 sa Chartlann Náisiúnta.

- 1) Seasann tréimhsí dhrámaí Synge agus McDonagh mar chodarsnacht ó thaobh ama de, .i. drámadóir ó thús an 20ú haois agus drámadóir ó dheireadh an 20ú haois.
- 2) I ndiaidh an chéad léimh ar na bunsaothair, ceapadh gurbh fhéidir gnéithe d'athghabháil na Gaeilge mar skopos a fheiceáil iontu, rud a chruthaigh snaidhm chomónta idir na saothair a bhí faoi iniúchadh sa tráchtas seo.
- 3) Tá ar a laghad foilseachán oifigiúil amháin nó script neamhoifigiúil ar fáil do na drámaí Béarla agus Gaeilge ar fad i dTábla E.
- 4) Tá na drámadóirí/scríbhneoirí aitheanta i stair dhrámaíocht na Gaeilge agus tá cáil dhomhanda orthu i réimse na drámaíochta trí chéile.
- 5) Tá caidreamh idir na téacsanna ar fad sa mhéid go mbaineann siad le cultúr traidisiúnta na hÉireann, go háirithe in iarthar na tíre, áit a bhfuil an Ghaeilge fós láidir. Tá an Ghaeltacht mar théama i gcroílár fhormhór na ndrámáí i dTábla E agus tagann an ghné sin go tréan le hathghabháil na Gaeilge mar skopos.
- 6) I gcúrsaí litríochta, déantar comparáid idir an bheirt drámadóirí seo go han-mhinic agus ceapadh gurbh fhiú tarraingt as an gcritic liteartha seo chun cur leis an anailís trí chéile agus chun bunús a chur faoi smaointeoireacht chur chuige na hanailíse ar an iomlán.

Chun cloí leis na critéir arna leagan amach mar threoir i dTábla D, a oiread agus ab fhéidir, rinneadh an méid seo a leanas ar bhonn praiticiúil. Chun teacht ar scrípteanna agus foilseacháin na mbundrámaí Béarla agus na leaganacha aistrithe as Gaeilge, cuardaíodh iliomad foinsí. I gcás nach raibh foilseachán oifigiúil ar fáil le ceannach nó le fáil ar iasacht ó leabharlann, fuarthas na scrípteanna/foilseacháin ó An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta. Chun críoch an leanúnachais sa tráchtas, rinneadh gach iarracht

foilseacháin oifigiúla na ndrámáí go léir a aimsiú ach ní raibh sé sin indéanta i gcásanna áirithe agus ní raibh aon dul as ach cloí le scrípteanna clóscríofa. Anuas ar leabharlanna ar nós Leabharlanna Choláiste na Tríonóide, Leabharlanna Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann mar aon le hiasachtaí idirleabharlainne ó ollscoileanna thar sáile ar nós Cambridge University agus University of Sheffield, rinneadh teagmháil le foilsitheoirí agus bunúdair na n-aistriúchán chomh maith.

Chun teacht ar fhaisnéis a bhain le próiseas an aistrithe, níor mhór tochairt a dhéanamh i gCartlanna Fhoras na Gaeilge, Cartlanna Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Cartlanna Amharclainne Ollscoil na Gaillimhe, Cartlann Náisiúnta na hÉireann, Cartlann Amharclann na Mainistreach, Bailiúcháin Speisialta Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath mar aon le cartlanna éagsúla nuachtán réigiúnach agus náisiúnta Béarla agus Gaeilge. Toisc nach bhfuil Synge agus roinnt de na haistritheoirí ar an saol a thuilleadh, níor mhór na foinsí tánaisteacha a chuardach. I gcás aistritheoirí atá fós ar an saol, tugadh cuireadh dóibh agallamh a dhéanamh. Bhí an chéim sin den phróiseas thar a bheith fiúntach toisc go raibh iontaofacht sna bunfhoinsí sin chun teacht ar rún na dtáirgeoirí agus na n-aistritheoirí le linn phróiseas an aistrithe. De bharr go raibh agallaimh le daoine i gceist mar chuid den taighde, bhí cead eitice de dhíth ó DCU. Toisc nach raibh leanaí ná ainmhithe i gceist leis an gcineál seo taighde, níor tháinig siad faoin gcatagóir 'leochaileach'. De réir chóras eitice DCU, rinneadh agallaimh leis na daoine seo a chatagóiriú mar thaighde 'fseal-riosca', rud a dhéantar go minic i modheolaíocht na n-eolaíochtaí sóisialta. Thit an taighde faoin gcatagóir 'Notification', agus cuireadh iarratas isteach chuig an gcoiste eitice in DCU tríd an bhfoirm 'Research Ethics Committee Form' atá in úsáid do gach cineál taighde san ollscoil. Míníodh san fhoirm sin a bhfuil i gceist leis an taighde seo; conas a rinneadh sonraí pearsanta na rannpháirtithe a chosaint sna

hagallaimh; na cineálacha sonraí a bailíodh mar chuid den taighde seo agus aon pointe eolais a d'éiligh Coiste Eitice Taighde na hOllscoile sular bronnadh cead dul ar aghaidh leis an taighde féin. Cuimsíodh Ráiteas i dTeanga Shoiléir san fhoirm sin freisin a seoladh chuig na rannpháirtithe aonair roimh na hagallaimh éagsúla. Míníodh a raibh i gceist leis an taighde sa ráiteas sin ionas gur thuig na rannpháirtithe próiseas an agallaimh trí chéile. Mar chúirtéis do na rannpháirtithe, rinneadh amach ceisteanna samplacha as Béarla agus as Gaeilge ionas go raibh an deis acu smaoineamh ar fhreagraí agus machnamh a dhéanamh ar phointí eolais roimh ré. Roimh gach agallamh, seoladh Foirm Toilithe Fheasaigh chuig na rannpháirtithe sa chaoi gur thuig siad a raibh i gceist leis an agallamh agus go raibh cead á thabhairt acu páirt a ghlacadh ann. Sonraítear próiseas coinneála agus scriosta na sonraí go mion sa Sceideal Slándála Sonraí Pearsanta (Personal Data Security Schedule: PDSS) a cuireadh faoi bhráid an Choiste Eitice Taighde in DCU. Rinneadh gach agallamh le cead eitice ó DCU agus cuireadh gach cuid den phróiseas seo i gcrích de réir rialacha eitice na hollscoile.

Maidir le leagan amach na hanailíse féin, bunaíodh an plé san anailís ar na pointí ó tábla D arna dtógáil ó fhráma anailíse Nord. Baineadh úsáid as na míreanna sa mhodh anailíseach seo mar bhunchlocha chun an plé ar na bunsaothair agus na haistriúcháin a stiúradh. Cloíodh le hábhar an tábla seo ar an mórgóir ach leagadh an anailís féin amach i bhfoirm plé chun críocha chúinsí an tráchtais seo. Ag brath ar an saothar, níor ghá gach ceist ón tábla sin a chur ach bhraith sé sin ar an eolas a bhí ar fáil, ar ndóigh, .i. aistritheoirí, rannpháirtithe i slabhra an aistriúcháin, cartlanna, nuachtáin, litríocht agus léirmheasanna. Ar an iomlán, leagadh amach an anailís bunaithe ar thábla D sa chaoi seo a leanas i bhfoirm aiste.

Leagan amach na hanailíse i bhfoirm plé

Gnéithe seachthéacsúla na mbundrámaí

Faisnéis ar an seoltóir, rún an tseoltóra, cúis/feidhm an téacs.

Gnéithe seachthéacsúla na n-aistriúchán

Faisnéis ar an aistritheoir, rún an aistritheora, cúis/feidhm an aistriúcháin.

Glacadh na mbundrámaí

Faisnéis ar fhaighteoirí na mbundrámaí agus an chaoi ar glacadh leis na bundrámaí féin.

Glacadh na n-aistriúchán

Faisnéis ar fhaighteoirí na n-aistriúchán agus an chaoi ar glacadh leis na haistriúcháin.

Léargas ar na bundrámaí

Meán/cainéal, áit, am, ábhar, inneachar, réamhghlacana agus leagan amach na mbundrámaí.

Léargas ar na haistriúcháin

Meán/cainéal, áit, am, ábhar, inneachar, réamhghlacana agus leagan amach na n-aistriúchán.

Nótaí faoi na gnéithe neamhbhriathartha agus osteascánacha sna buntéacsanna agus sna aistriúcháin

Gnéithe neamhbhriathartha agus osteascánacha na mbundrámaí agus na n-aistriúchán. Baineadh úsáid as sampla ionadaíoch eiseamláirí ar fud na ndrámáí chun léargas a fháil ar na gnéithe sin.

Foclaíocht agus comhréir na mbuntéacsanna agus na n-aistriúchán

Faisnéis ghinearálta agus mhionsonraithe maidir le foclaíocht, struchtúr abairtí agus comhréir na mbundrámaí agus na n-aistriúchán. Baineadh úsáid as sampla ionadaíoch abairtí, foclaíochta agus comhréire ar fud na ndrámáí a bhí á n-iniúchadh chun tacar samplaí eiseamláireach a chur in iúl. Roghnaíodh na samplaí sin bunaithe ar shaineolas an taighdeora le ‘athghabháil na Gaeilge’ mar skopos cúlghabhálach ar intinn i gcónaí. Rinneadh gach iarracht a bheith cothrom ó thaobh líon na samplaí de idir na drámáí.

Plé ar athghabháil na Gaeilge mar skopos

Plé mionsonraithe ar athghabháil na Gaeilge mar skopos cúlghabhálach bunaithe ar an anailís sna rannáin roimhe sin.

Lig an anailís don taighdeoir beagnach gach gné de na téacsanna trí chéile a iniúchadh agus d'éabhlóidigh an anailís féin go nádúrtha de réir mar a lean sí ar aghaidh. Chiallaigh sé sin, áfach, maidir leis an anailís ar dhrámaí McDonagh agus Synge, go raibh cúpla gné éagsúil, .i. go raibh níos mó ná aistritheoir amháin agus fiú níos mó ná aistriúchán amháin i gceist le roinnt de na drámaí i gcás Synge. Leis an bhfaisnéis seo a thaispeáint ar an mbealach ba shoiléire, baineadh úsáid as neart táblaí, go háirithe sa rannán a bhain le comhréir na n-aistriúchán i ndrámaí Synge. Maidir le drámaí McDonagh, bhí gnéithe eile suntasach sa phlé faoin bhfoclaíocht agus, chun úsáid an Bhéarla sa chás áirithe sin a chur in iúl, baineadh úsáid as táblaí soiléire chun an fhaisnéis a thaispeáint ar an dóigh ab éifeachtaí. Tríd is tríd, lean an anailís an fhormaid chéanna idir Caibidlí 4 agus 5 ach d'éiligh codanna áirithe den anailís múnlu áirithe chun an fhaisnéis a léiriú a intuigthe agus a éifeachtaí agus ab fhéidir.

Bunaíodh an taighde seo ar iontaofacht, trédhearcacht agus creidiúnacht ar critéir iad arna leagan amach ag Matthews and Ross le haghaidh taighde sna heolaíochtaí sóisialta (2010: 11–12). Míníodh an próiseas go soiléir i gcás gach cineál anailíse ach ní mór a lua gur staidéar iarphosaitibheachais é seo agus cé go ndearnadh gach iarracht aon chlaontacht a sheachaint, d'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh torthaí difriúla ar an anailís ag brath ar eolas domhanda an taighdeora. Ina fhianaise sin, rinneadh gach iarracht a bheith chomh soiléir agus ab fhéidir le linn na hanailíse chun iontaofacht na hanailíse sa tráchtas

seo a dheimhniú agus le go mbeidh taighdeoirí eile in ann an modh céanna a chur i bhfeidhm ar théacsanna agus aistriúcháin eile sa Ghaeilge amach anseo.⁸⁰

⁸⁰ Má smaoinítear ar réitigh shásúla ar fhadhbanna aistriúcháin a tháinig chun cinn roimhe seo, is féidir linn fadhbanna nua cosúla a réiteach ar an mbealach céanna agus bímid ag brath ar aistritheoirí eile chun an treoir nua seo a leanúint (Nord, 1991: 95).

Caibidil 4

Anailís

4 Martin McDonagh

4.1 Gnéithe seachthéacsúla — *The Beauty Queen of Leenane, The Lonesome West* agus *The Cripple of Inishmaan*

Is é an drámadóir agus an scríbhneoir, Martin McDonagh, an seoltóir i gcás na ndrámái seo. Is drámadóir mór le rá é a bhfuil an-chuid gradam agus onóracha bainte amach aige. Cuimsítear i liosta mór onóracha a bhuaigh sé, Best New Fringe Play of the Year, atá ar cheann de na duaiseanna is inmhianaithe i réimse na hamharclannaíochta sa Ríocht Aontaithe (*Connacht Sentinel*, 1996). Cé gur duine aitheanta anois sa réimse seo é McDonagh, tá sé ráite aige arís is arís eile nach fear mór amharclannaíochta é agus nár nós leis freastal ar dhrámaí roimh dó a dhrámaí féin a chumadh. In agallamh, d'áitigh sé 'I only started writing plays because I had been rejected everywhere else ...' (Féach Feeney, 1998: 25). De bharr nár ghnáthóir amharclainne é, seans gurbh é sin an fáth ar chruthaigh sé a stíl féin agus é ag scríobh a chuid drámaí, saothair amhail *The Beauty Queen of Leenane, The Lonesome West* agus *The Cripple of Inishmaan* (*The Observer*, 1996). Faoin mbliain 2000, bhí drámaí McDonagh aistrithe go dtí 28 dteanga, an Ghaeilge ina measc.

Dúirt McDonagh nach mbíonn i gceist aige ach scéalta a insint agus drámaí á scríobh aige (Greene, 2005: 301). D'admhaigh sé, áfach: 'My instinct is to always hide my social or political beliefs but it's natural for something to come out' (Lanters, 2007: 11). Agus é sin

ráite, nuair a scrúdaítear saothair McDonagh, feictear láithreach gur ciúin iad na linnte lána. Tá snaidhm chomóna síos trí dhrámaí McDonagh arb í dímhíotasú iarthar na hÉireann atá i gceist léi. Cruthaítear fad liteartha ó thaobh na peirspictíochta de ina chuid drámaí, idir idéil fheachtasóirí athbheochana na Gaeilge agus an íomhá atá ag McDonagh féin d'iarthar na hÉireann mar shuíomh fiáin, tragóideach agus duairc. Dá bhrí sin, is féidir breathnú ar an ngné seo dá chuid drámaí mar aisiompú Rómánsachais, rud a théann i gcoinne idéil náisiúnaithe na hÉireann (He, 2014: 14–15). Maíonn John Waters go bhfuil McDonagh ag féachaint ar Éirinn ó 'vantage-point' ón taobh amuigh (Waters, 2001: 40). Múnlaíodh a mheon féin ar an stáitse sin agus brúnn sé an dearcadh atá aige ar na carachtair in *The Beauty Queen of Leenane*, agus sna drámaí eile leis atá lonnaithe in iarthar na hÉireann, áit a raibh smacht fós ag an am ag idéil áirithe amhail teagasc agus tionchar na hEaglaise Caitlicí. Bunaithe air sin, is féidir céim sa bhreis a thógáil i rún an drámadóra seo agus a rá go bhfuil gné íolbhrísteach le feiceáil ina chuid drámaí trí chéile. Bunaithe ar rún an tseoltóra, féadtar a dhéanamh amach gurb é cúis an dráma seo a scríobh ná dímhíotasú íomhá ionghlaineachta iarthar na hÉireann chun cultúr náisiúnta a bhréagnú (He, 2014: 1). Chun cur le hargóint an íolbhríste agus dhímhíotasú iarthar na hÉireann, feictear sna drámaí féin gur minice ná a mhalairt nach léiríonn na carachtair meas ar an Eaglais Chaitliceach in am ar bith. Mar shampla, in *The Beauty Queen of Leenane*, deir Mag: 'There was a priest the news Wednesday had a baby with a yank!' (BQL: 10).⁸¹ Tacaíonn an ghné seo leis an smaoineamh go bhfuil McDonagh ag iarraidh dímhíotasú iarthar na hÉireann a chur chun cinn ó pheirspictíocht cathrach⁸² (Greene, 2005: 301–2). Léiríonn McDonagh iarthar na hÉireann ina steillbheatha agus cuireann sé lom na fírinne in iúl sa mhéid go raibh an imirce mar chuid lárnach den saol in iarthar na

⁸¹ Is dócha gurb é an scannal a bhain leis an Easpag Éamonn Casey in 1992 a spreag an tagairt seo.

⁸² I gcomparáid leis na hidéil ar íomhá iarthar na hÉireann (.i. Mar áit eiseamláireach gan smál le haghaidh chultúr traidisiúnta na hÉireann) a chruthaigh na náisiúnaithe a bhí lonnaithe i mBaile Átha Cliath den chuid is mó ag tús an 20ú haois.

hÉireann agus go bhfuil amhlaidh fós. Maíonn O'Toole go bhfuil feidhm eile ag BQL, dá bhrí sin, sa mhéid go bpléann an dráma le téarma na himirce ar bhonn fíorasach. I gcomparáid le drámaí ó thús an 20ú haois in Éirinn a úsáideadh mar chineál rabhaidh chun muintir óg na hÉireann a chur ó smaoineamh ar an imirce, pléann an dráma seo leis an téama ar leibhéal i bhfad níos réadúla: '... at once local in its setting and dislocated in its content that deals with the way a culture characterized by emigration exists on a continual fault-line between reality and imagination' (O'Toole, 1999: ix–xvii).

I gcás *The Lonesome West*, cuireann abairtí ón téacs féin gné an íolbhriste agus dhímhíotasú iarthar na hÉireann in iúl go ríshoiléir, mar shampla:

An me pregnant on top of it.	TLW	140
No wonder you're the laughing stock of the Catholic Church in Ireland. And that takes some fecking doing, boy.	"	156
I will. What's in it, Father? It does sound very mysterious. It wouldn't be packed full of condoms for them, would it?	"	167

Sa tríú dráma atá á iniúchadh sa tráchtas seo, *The Cripple of Inishmaan*, deir Lanteris agus é ag trácht ar Helen: 'The prostitute's trading of her sexuality in the public sphere transgresses the boundaries set for women by the nationalist construction of Irishness, which seeks to contain and hide female sexuality within the private realm of marriage and family' (Lanteris, 2007: 19). Téann an chaint seo in aghaidh theagasc na hEaglaise Caitlicí chomh maith nuair a chaitheann Helen anuas ar an eaglais ar nós cuma léi '... but if God went touching me arse in choir practice I'd peg eggs at that fecker too' (TCOI: 347). Tá an dráma seo breac le samplaí den chineál sin, rud a léiríonn nádúr íolbhristeach an dímhíotasaithe síos tríd. Mar threisiú ar ghné dhímhíotasú iarthar na hÉireann, maítear gurb é atá i gceist le drámaí McDonagh ná íomhá na hÉireann i measc an phobail mhóir a

cheistiú. Chun an méid sin a thabhairt chun solais, feictear an príomhcharachtar, Billy, i Radharc a Seacht agus é ag déanamh cur síos ar Éirinn: ‘What would Heaven be like, Mammy? I’ve heard ‘tis a beautiful place, more beautiful than Ireland even, but even if it is, sure, it wouldn’t be near as beautiful as you ...’ (TCOI: 391). Agus é ag tagairt don chaoineadh seo, deir Lonergan:

Audiences are being prepared to receive this inauthentic representation of Ireland as if it were an integral part of the plot ... Those audiences will then be embarrassed by the discovery that what they had taken to be reality was a screen test for a Hollywood movie ... McDonagh thus draws audiences’ attention to the need to avoid accepting mediated images of Ireland uncritically, which is an important interpretative tool for his own plays (Lonergan, 2007: 165).

In ainneoin go dtarraingítear neart cosúlachtaí idir McDonagh agus Synge bunaithe ar ghné an íolbhriste agus ar dhímhíotasú iarthar na hÉireann sa litríocht, deir McDonagh nár léigh sé riamh aon saothar de chuid Synge. Ó thaobh an tráchtais seo de, áfach, is spéisiúil go bhfuil comparáidí den chineál seo á ndéanamh ag scoláirí na drámaíochta (Greene, 2005: 306). Is suimiúil arís eile go ndéanann an scoláire, Peter James Harris, comparáid idir McDonagh agus Synge. Agus é ag tagairt do chur síos ón stiúrthóir amharclainne, Graham Whybrow, ar an dráma mar shaothar ‘íolbhristeach’, d’fhéadfaí a rá ‘one of the functions of the play could be seen as that of contesting the status of *The Playboy* as the legitimate portrait of the Western Irish peasantry’ (Harris, 2004: 55). Tá tábhacht leis an gcomparáid seo mar maíonn Kiberd gur cuireadh i leith McDonagh nár chuir sé muintir iarthar na hÉireann i láthair go ródhearfach agus, cosúil le Synge, gur tugadh ‘Plastic Paddy’ air de bharr go raibh daoine áirithe míshásta leis an gcaoi, bíodh sé

fíor nó bréagach, a ndearnadh scigphictiúr de na daoine sna drámaí (*The New York Times*, 1999). Bunaithe ar a bhfuil ráite i ndáil le scileanna cumadóireachta McDonagh agus an oiread sin ratha ar na drámaí go léir, níl bunús leis an tuairim áirithe sin.

4.2 Gnéithe seachthéacsúla — *Banríon Álainn an Líonáin, Ualach an Uaignis agus Cripil Inis Meáin*

Is é Micheál Ó Conghaile aistritheoir na ndrámaí seo. Ní féidir a shéanadh go bhfuil Ó Conghaile ar dhuine de na haistritheoirí is mó le rá i réimse na drámaíochta le blianta beaga anuas. Tá neart duaiseanna agus éachtaí saothraithe aige, amhail The Butler Literary Award, The Hennessy Literary award agus fiú Hennessy Young Irish Writer of the Year Award (Ó Siadhail, 2005: 54). Chomh maith leis sin, bhunaigh sé a chomhlacht foilseacháin féin, Cló Iar-Chonnacht, inar foilsíodh os cionn 300 céad leabhar agus 200 albam ceoil agus filíochta ó bhéal. Rugadh agus tógadh é ar Inis Treabhair, Contae na Gaillimhe, oileán ar a raibh an Ghaeilge mar phríomhtheanga. D'fhreastail sé ar Choláiste Éinne sa Ghailimh agus é sna déaga. Ba í an Ghaeilge príomhtheanga Uí Chonghaile agus é óg agus dúirt sé gur fhoghlaim sé a chuid Béarla ó chol ceathar a thagadh ar cuairt chuige agus é óg (Ó Siadhail, 2005: 54). Ba é *Mac an tSagairt* an chéad chnuasach scéalta a scríobh sé in 1986. Rinneadh cáineadh ar an gcnuasach sin mar gheall ar úsáid na teanga i measc na ndaoine óga agus í breac le Béarla, chomh maith le topaicí conspóideacha amhail ginmhilleadh agus féinmharú (Ó Siadhail, 2005: 55).

Maidir leis an gcaidreamh idir Ó Conghaile agus McDonagh, dúirt sé nach raibh aithne phearsanta aige ar McDonagh ach gur thuig sé an cháil a bhí air ag an am sin.⁸³ Thuig Ó

⁸³ Agus an dráma á aistriú ag Ó Conghaile, dúirt sé go raibh deacrachtaí aige leis an masla 'goose' a aistriú mar 'gé' de bharr go mbeadh impleachtaí aige sin sa Bhéarla ó thaobh na foghraíochta de toisc gur homafóin (homophones) iad 'gay' agus 'gé'. Tar éis dó teagmháil a dhéanamh le McDonagh agus 'gandal' a mholadh mar mhalairt leagain, is é a dúirt McDonagh: 'gandal is good.' Sa chomhfhreagrás céanna, luadh nach raibh aisteoir an phríomhcharachtair (Billy) agus Ó

Conghaile go raibh an-tóir air ós rud é go raibh trí nó ceithre dhráma scríofa aige sular tháinig BQL ar an bhfód. Shíl sé gur mhaith an rud é sin de bharr go raibh leanúnachas le feiceáil leis na drámaí eile agus nár éist sé le moltaí, léirmheasanna ná plámás sular tháinig na drámaí eile ar an bhfód. Dúirt Ó Conghaile go raibh aithne ag gach uile dhuine ar McDonagh i nGaillimh de bharr an chomhoibrithe leis an gcomhlacht amharclannaíochta, Druid. Dúirt Ó Conghaile gur thuig sé gur tríológ a bhí ann nuair a d'aistrigh sé na drámaí go Gaeilge (Ó Conghaile 2020, agallamh pearsanta, 11 Nollaig).

Léirigh Ó Conghaile gurbh é an t-aisteoir Mick Lally a chuir an smaoineamh ina cheann ar an gcéad dul síos na drámaí seo a aistriú (Ó Conghaile, 2015: 113). I ndiaidh dó freastal ar dhrámaí McDonagh, spreagadh Ó Conghaile na drámaí seo a aistriú go Gaeilge. Fuair sé a dheis trí fhéile cheiliúrtha na mílaoise i nGaillimh tráth a bhí leagan Gaeilge de BQL á léiriú ag Diarmuid de Faoite mar chuid de na himeachtaí. Is i gcomhair Fhéile Ealaíon Idirnáisiúnta na Gaillimhe a aistríodh *Cripil Inis Meáin* agus is i gcomhair Fhéile 2002 a aistríodh *Ualach an Uaignis*. Bhí dúshlán amháin roimh an bhféile sin:

Can Irish language speakers sustain for at least five days in the year a festival of arts through the Irish language which will match the existing arts festivals in Ireland and yet draw on the language's own rich resources to attempt to refocus the agenda for the arts in Ireland? (*Connacht Tribune*, 2002).

Is féidir tarraingt ar an reitric sin lena dhéanamh amach go bhfuil athghabháil na Gaeilge mar chuspóir i gcás na n-aistriúchán chun instealladh beochta a thabhairt do shaolré

Conghaile ar comhthuisceint maidir le Radharc 7. Is é a shíl an t-aisteoir gurbh fhearr an radharc a bheith sa Bhéarla de bharr gur ag cleachtadh scrípte in Hollywood a bhí Billy ach cheap Ó Conghaile agus an stiúrthóir gur bhain an radharc sin lena shaol pearsanta agus gurbh fhearr é a choinneáil sa Ghaeilge. Idir seo agus siúd, tháinig McDonagh ar ais chucu á rá gur ag cleachtadh a bhí Billy ach nár cheart é sin a bheith ar eolas ag an lucht féachana go dtí an chéad radharc eile (Ó Conghaile, 2015: 126).

drámaíochta na Gaeilge. Mhaígh Ó Conghaile gurbh é ceann de na cúiseanna a n-aistrítear drámaí go Gaeilge ná nach bhfuil an oiread sin drámaí á scríobh sa teanga ar an gcéad dul síos ach deir sé go mbíonn drogall ar dhaoine úsáid a bhaint as an mBéarla mar thobar spreagtha de bharr go bhfuil seans ann go bhfuil drámaí Béarla feicthe ag cuid mhór daoine cheana. Ina ainneoin sin, léirigh Ó Conghaile tuairim eile:

Ach beart an-nádúrtha a bhí ann drámaí McDonagh a aistriú go Gaeilge, go háirithe agus iad lonnaithe i gConamara, cuid acu fiú, ar nós *Chripil Inis Meáin*, lonnaithe sa nGaeltacht. Domsa mar Ghaeilgeoir ó dhúchas agus mar scríbhneoir cruthaitheach ... Buntáiste mór a bhí sa méid sin. Ar bhealach d'fhéadfá a rá gur athghabháil de chineál éigin a bhí ar bun agam (Ó Conghaile, 2015: 114).

D'admhaigh Ó Conghaile nach mbeadh an luí céanna aige drámaí uirbeacha a aistriú de bharr nach mbeadh an bhaint chéanna ann dó féin mar aistritheoir. Bhain drámaí McDonagh le carachtair a raibh aithne ag Ó Conghaile féin orthu: "Sé an scéal a bhí á insint ag na drámaí a bhí le n-aistriú chomh fada agus a bhain liomsa agus an scéal sin a chur i nGaeilge s[h]ochreidte Chonamara ár linne' (Ó Conghaile, 2015: 116). I gcás *Chripil Inis Meáin* fiú, is léir go bhfuil luí láidir ag Ó Conghaile leis an dráma seo de bharr gur oibrigh sé i siopa atá cosúil le siopa Kate agus Eilín ar na hoileáin (*Irish Times*, 2009). Deir Ó Conghaile: 'Maidir leis na saothair seo ar fad, tá sé thar a bheith nádúrtha go mbeidís i nGaeilge, tá siad níos nádúrtha, níos fírinne sa nGaeilge ná sa mBéarla mar gheall ar a n-ábhar, a bplota, a gcuid carachtar nó a gcúlra' (Ó Conghaile, 2011: 9). Agus é ag caint faoi staid litríocht na Gaeilge trí chéile, dúirt sé: 'Is saibhriú breise ar litríocht agus ar léitheoireacht na Gaeilge a leithéid agus saibhriú ar ár n-oidhreacht chomh maith le bheith ina lón luachmhar léitheoireachta agus i gcás na ndrámáí, ina bhfoinse shaibhir

chomhaimseartha drámaíochta, rud a bhfuil géarghá leis ag compántais agus ag amharclanna ar fud na tíre' (Ó Conghaile, 2011: 9). Mar threisiú ar an méid sin, dúirt Kiberd, saineolaí ar shaothair McDonagh, san *Irish Times* chomh maith: 'In terms of language, Ó Conghaile's version works brilliantly' (*Irish Times*, 1999a).

I bhfianaise m'agallaimh féin le Ó Conghaile, dúirt sé nach raibh aon treoir aistriúcháin i gcás na ndrámái seo de chuid McDonagh. Bhí tuairim mhaith ag Ó Conghaile go léireofaí na drámaí agus dúirt sé go ndeachthas i dteagmháil leis de bharr go raibh muinín ag daoine ann mar aistritheoir sciliúil. Dúirt sé, áfach, gurbh é *Banríon Álainn an Líonáin* an chéad dráma a d'aistrigh sé in ainneoin go raibh neart próis scríofa aige cheana féin ag an am. Chuir sé in iúl gurbh é an t-aon choinníoll a cuireadh air ná spriocdháta a bhaint amach chun teacht le ham sceidealaithe chleachtaí an taispeántais. I gcás an dráma seo agus na ndrámái eile sa rannán seo, bhí Ó Conghaile ag iarraidh go mbeadh dráma maith eile ann i nGaeilge a d'fhreastalódh ar lucht éisteachta/féachana na Gaeilge (Ó Conghaile 2020, agallamh pearsanta, 11 Nollaig).⁸⁴ Tá cuspóir na siamsaíochta ag baint leis na haistriúcháin seo, dá bhrí sin. Chun teacht leis an bpointe sin, nuair a léiríodh *Ualach an Uaignis* in 2003 i mBré, tuairiscíodh gurbh é cuspóir an léirithe ná: 'deis a thabhairt do lucht na teanga teacht le chéile agus oíche shiamsaíochta bheith [*sic*] acu' (*Irish Times*, 2003).

Foilsíodh na drámaí faoi scáth Cló Iar-Chonnacht, comhlacht a fhoilsíonn cuid mhór saothar litríochta i nGaeilge. Is é ceann de na fáthanna ar fhoilsigh Ó Conghaile an téacs seo ná cur le *repertoire* an chomhlachta foilseacháin ag an am agus ar leibhéal níos leithne, chun cur le stór foilseachán na Gaeilge trí chéile. Ar leibhéal ionraic pearsanta, luaigh sé gur scríbhneoir agus aistritheoir é a bhíonn ag brath ar íocaíocht i gcomhair

⁸⁴ .i. Faighteoirí na Gaeilge de réir fhriotail an tráchtais seo.

obair aistriúcháin agus scríbhneoireachta, chomh maith, agus go mbíonn sé níos éasca dráma maith a aistriú ná dráma a scríobh as an nua (Ó Conghaile 2020, agallamh pearsanta, 11 Nollaig).

4.3 Glacadh na mbundrámaí

Taispeánadh *The Beauty Queen of Leenane* den chéad uair don 21ú comóradh de Druid Theatre i nGaillimh agus go gairid ina dhiaidh sin chuaigh an dráma ar turas timpeall oileáin agus cheantair iarthar na hÉireann (*Southern Star*, 1996). Glacadh leis an dráma seo go fonnmar agus dúradh sa *City Tribune*: ‘the praise was quite euphoric’ (*City Tribune*, 1996a). Dá bhrí sin, is iad muintir iarthar na hÉireann chéad fhaighteoirí an dráma seo, áit a bhfuil suíomh an dráma féin lonnaithe. Is ag caint faoi mhuintir iarthar na hÉireann le linn na nóchaidí atáthar anseo agus deir Grene agus é ag tagairt don dráma seo:

The latter-day audiences of the late twentieth century, Irish or non-Irish, were coolly unshockable, conditioned by the films of McDonagh’s much admired Quentin Tarantino among others. Ireland, though, provided a satisfyingly appropriate setting for unending, grotesque and unresolvable conflict (Grene, 2005: 309).

Deir Mac Dubhghaill san *Irish Times*: ‘people identified the play with certain dysfunctional relationships in their own areas’ (*Irish Times*, 1996b). Agus an dráma seo á léiriú sa Líonán féin, d’fhreastail bean darb ainm Bina McLoughlin air agus ceapadh sa bhaile gurbh í ‘Fíorbhanríon an Líonáin’ í (*Irish Times*, 1996b). D’fhéadfá a rá, mar sin de, gur féidir comparáidí soiléire a tharraingt idir na chéad fhaighteoirí agus na carachtair atá á léiriú sa dráma féin. Chun tuilleadh feola a chur ar chnámha an phointe seo, deir Waters

gur bhain lucht féachana, i ndiaidh an chéad léirithe de *Beauty Queen of Leenane*, an-taitneamh as an dráma de bharr gur nós le muintir na hÉireann taitneamh a bhaint as a ngreann féin is cuma a áiféisí agus atá sé, rud atá i gcroílár shaothair McDonagh (Waters, 2001: 44). Ar an taobh eile den scéal, deir Mac Dubhghaill go raibh ciúnas sa halla le linn an radhairc ina raibh Mag ag ceistiú thábhacht na Gaeilge agus cén úsáid a bheadh ag an nGaeilge ar shuíomh tógála i Londain nó i mBostún — ‘Perhaps it is an unwelcome reminder in an area where the decision to abandon Irish as a community language is still uncomfortably close’ (*Irish Times*, 1996b). Baineann an pointe seo go dlúth le ‘aidhm na féin-sainaitheanta’ a pléadh cheana i Rannán 2.3.6.

Maidir le *The Lonesome West*, glacadh leis go fonnmhar in The Town Hall Theatre, áit inar taispeánadh é den chéad uair in 1997. Dúradh faoi sa *City Tribune* ‘Superbly written agus superbly acted ...’ (*City Tribune*, 1997a). Sa nuachtán céanna, dúirt criticeoir gur thaitin an dráma go mór leis in ainneoin nach raibh mórán dúile aige in BQL a léiríodh an oíche chéanna i nGaillimh (*City Tribune*, 1997b). Ar an taobh eile de Mhuir Éireann i Londain, moladh go hard an léiriú de *The Lonesome West* in alt dar teideal ‘Outlook miserable and completely bracing’ (*The Times*, 1997). Chomh maith leis sin, thuairiscigh David Nowlan gur sheas gach duine suas sna hamharclanna i nGaillimh agus i Londain araon chun bualadh bos a thabhairt do léiriú an dráma (*Irish Times*, 1997). Mar chur síos ar an gcineál faighteora a rachadh chun an dráma seo a fheiceáil nó a léifeadh an téacs, maíonn Lanthers go seasann faighteoirí an dráma seo, agus dhrámaí McDonagh trí chéile, don mhoráltacht, rud nach mothaíonn na carachtair féin sna drámaí: ‘... the plays are effective only because they rely on the audience to be able to perceive and feel what the characters do not’ (Lanthers, 2000: 219).

I gcomparáid leis an dá dhráma sin, níor taispeánadh *The Cripple of Inishmaan* in iarthar na hÉireann de chéad uair. Léiríodh den chéad uair é sa Royal National Theatre i Londain agus, dá bhrí sin, ba iad lucht amharclainne i Londain chéad fhaighteoirí an tsaothair. Cé nár taispeánadh an dráma go proifisiúnta in Éirinn go dtí 2008 (ag léiriú sa Druid Theatre), taispeánadh ar bhonn amaitéarach é sa Brewery Lane Theatre i gCarraig na Siúire in 1999. In alt amháin faoin léiriú sin, dúradh go raibh muintir na háite ag súil go mór leis an taispeántas i ndiaidh don dráma léirmheasanna den scoth a mhealladh i Londain agus Nua-Eabhrac (*Kilkenny People*, 1999). I léirmheas eile faoin dráma, cé go raibh an léirmheastóir féin ag súil leis an dráma, dúradh ‘Far from being a romantic depiction of islanders in the West of Ireland, the “Cripple’s” island and its inhabitants are closer to Father Ted-land than to J.M. Synge’s western world’ (*The Nationalist*, 1999). Tá an chomparáid sin spéisiúil sa mhéid nach raibh Ó Conghaile ag smaoineamh ar Synge agus an dráma seo ná na cinn eile á n-aistriú aige in ainneoin go leor comparáidí idir saothair McDonagh agus Synge trí chéile (Ó Conghaile 2020, agallamh pearsanta, 11 Nollaig). Is léir gur thaitin an dráma leis an iliomad faighteoirí thar na blianta. Sa chéad léiriú in 1997, moladh go hard é: ‘This is a play that has you laughing one minute and feeling sad the next. McDonagh’s writing is of the highest quality which kept me gripped from start to finish with twist after twist and emotional torture’ (Dalglish, 1997). Sa nuachtán céanna, rinneadh tagairt don léiriú in 2013 a raibh an t-aisteoir mór le rá, Daniel Radcliffe, ann agus dúradh ‘... the laughs come thick and fast, and right from the beginning of the very first scene. It is the kind of humour which really is irresistibly infectious and very, very funny’ (Brown, 2013). Taispeánadh an dráma seo arís eile go gairmiúil sa Gaiety Theatre, Baile Átha Cliath in 2019 agus bhí deis agam féin freastal ar an léiriú sin. I léirmheas ón *Irish Independent*, maíodh ‘The world has changed, has become more refined in its sensibilities, but this only makes McDonagh’s transgressive spirit even funnier’

(*Independent*, 2019). Tríd is tríd, thaitin an dráma seo go mór leis na chéad fhaighteoirí agus faighteoirí thar na blianta ina dhiaidh sin ar na cúiseanna a luadh i bplé an rannáin seo.

4.4 Glacadh na n-aistriúchán

Taispeánadh *Banríon Álainn an Líonáin* den chéad uair ag Féile 2000 i gCathair na Gaillimhe agus dúirt Ó Conghaile féin gurbh iad muintir Chonamara chéad fhaighteoirí an dráma seo (Ó Conghaile, 2015: 118). Agus Ó Conghaile féin feasach ar thábhacht an méid sin, dúirt sé gur tharraing sé ar Ghaeilge ‘a bheadh á labhairt ag 90% de na daoine a bheadh ag breathnú air’ agus an dráma á aistriú aige (Ó Conghaile 2020, agallamh pearsanta, 11 Nollaig). Is léir gur thaitin an dráma seo leis na chéad fhaighteoirí mar gheall ar na léirmheasanna moltacha a thuill sé. Dúradh san *Irish Times*: ‘It is refreshing that the translation turns out to be more compelling than the original’ (*Irish Times*, 1999b). Taispeánadh an dráma i nGaoth Dobhair chomh maith. Díoladh an taispeántas sin amach agus léiríodh dearcadh dearfach i leith an dráma féin ó thuaidh freisin: ‘an Irish language translation which would be true of the original and explore the deeper truths and more natural language which lies underneath the McDonagh classic.’ Ag tagairt do theanga an aistriúcháin sa léirmheas céanna, dúradh ‘... played out in the language from which this drama naturally springs.’ Anuas air seo maíodh gur sheas an dráma mar ‘... an authentic view of the West of Ireland from within’ (*Donegal News*, 2000). Dúirt Ó Conghaile go raibh muintir Chonamara agus aon duine eile a raibh Gaeilge mhaith acu, .i. dreamanna a thagann chun dráma maith a fheiceáil agus ní le Gaeilge a chloisteáil, ar intinn aige agus an dráma seo á aistriú aige (Ó Conghaile 2020, agallamh pearsanta, 11 Nollaig). Fiú agus an méid sin ráite, d’admhaigh sé go bhfuil saol na Gaeilge chomh beag sin go bhfáilteodh drámadóir roimh aon duine, muintir Chonamara agus Gaeilgeoirí eile i mBaile Átha Cliath,

agus aon duine idir eatarthu sin. Chuir sé in iúl, áfach, nach raibh sé ag freastal ar fhoghlaimoírí na Gaeilge cosúil le drámaí eile a bhfuil an cuspóir sin acu. Már threisiú ar an bpointe sin, chuir sé ina luí orm nach maith leis a leithéid d'fhógra ná de phoiblíocht agus 'ní theastaíonn mórán Gaeilge uait chun an dráma seo a thuiscint' a fheiceáil ar fhógraíocht drámaí (Ó Conghaile 2020, agallamh pearsanta, 11 Nollaig).

Ar aon dul le BÁL, taispeánadh *Ualach an Uaignis* den chéad uair i gcathair na Gaillimhe mar chuid d'Fhéile 2002 a reáchtáladh go hiomlán trí mheán na Gaeilge. Ba iad lucht chathair na Gaillimhe mar aon le muintir Chonamara agus na nGaeltachtaí máguaird chéad fhaighteoirí an tsaothair. Foilsíodh an bhliain chéanna é, rud a d'fhág go raibh fáil fhorleathan ar an leabhar ag cainteoirí Gaeilge ar fud na hÉireann agus thar lear, agus bhí an dá dhream sin i measc réimse faighteoirí an dráma, dá bhrí sin.

I gcás *Chripil Inis Meáin*, is iad Gaeilgeoirí iarthar na hÉireann faighteoirí an téacs seo den chuid is mó chomh maith. Taispeánadh an dráma seo ar an gcéad dul síos in Indreabhán (*Connacht Tribune*, 2009). Feileann an suíomh go mór don dráma seo de bhrí gur ag breathnú amach ar Oileáin Árann, áit a bhfuil an dráma féin lonnaithe, atá sé (*Irish Times*, 2009). Eagraíodh an léiriú seo de chuid na Taibhdheirce mar chuid de Fhéile Ealaíon Idirnáisiúnta na Gaillimhe in 2009. Tuairiscíodh go raibh na taispeántais seo lán go doras agus go raibh an aisteoireacht 'thar barr ar fad' (*Connacht Tribune*, 2018a). Léiríodh an dráma, freisin, in 2018 i Seanscoil Sailearna agus Eoghan Ó Riada ina stiúrthóir air (*Connacht Tribune*, 2018b). Léiríodh i Múscraí chomh maith é mar chuid den Fhéile Náisiúnta Drámaíochta in 2014 agus is iad Aisteoirí Ráth Chairn a léirigh é (*Evening Echo*, 2014). Is léir gur éirigh go maith leis i measc na bhfaighteoirí de bhrí gur bhuaigh na haisteoirí, Nóra Ní Mhéalóid agus Éamonn Ó Donnchadha, duaiseanna san fhéile sin

(*The Drogheda Independent*, 2014). De bharr go raibh ráchairt mhór ar an leagan Gaeilge den dráma, tugadh an deis do Chumann Drámaíochta Chois Farraige dul chomh fada le Bostún Mheiriceá leis an dráma a léiriú i St Gregory's Church Hall (*Connacht Tribune*, 2018c).

4.5 Léargas ar na bundrámaí

Script drámaíochta a bhí in *The Beauty Queen of Leenane* ar dtús a léiríodh den chéad uair in 1996 agus a foilsíodh go gairid ina dhiaidh sin an bhliain chéanna. Ciallaíonn sé sin go raibh fáil náisiúnta agus idirnáisiúnta ar an dráma seo i bhfoirm scrípte agus go raibh bonn leathan faighteoirí ann agus pobal idirnáisiúnta san áireamh. Sa tráchtas seo, baintear úsáid as an leagan foilsithe seo a leanas: McDonagh, M. (1999a) 'Beauty Queen of Leenane', in *Martin McDonagh: Play I*. London: Methuen Drama, pp. 1–60.⁸⁵ Cé gur baile beag in iarthar na hÉireann, a dtugtar An Líonán air, atá á léiriú sa dráma seo, maítear go bhfuil an domhan a léirítear sa dráma seo pas ficseanúil. Ag tagairt do léirmheas le Fintan O'Toole, deir Waters go bhfuil an íomhá d'Éirinn a chruthaíonn McDonagh díláithrithe toisc gur idir ficsean agus fírinne a mhaireann sé (Waters, 2001: 38). Cé gur scríobhadh agus gur taispeánadh an dráma den chéad uair in 1996, deir O'Toole san *Irish Times*:

The mixture of elements makes sense because the country in which McDonagh's play is set is pre modern and postmodern at the same time. The 1950s laid over the 1990s, giving the play's apparent realism the ghostly, dizzying feel of a superimposed photograph. All the elements that make up the picture are real, but

⁸⁵ Dráma fada atá ann le naoi radharc. Cuirtear ainm an charachtair in iúl i gcló trom ag tús gach abairte agus cuirtear treoracha stáitse idir lúibíní agus i gcló iodálach síos tríd an téacs.

their combined effect is one that questions the very idea of reality (*Irish Times*, 1996a).

Cé gur domhan ficseanúil a léirítear sa saothar seo, baineann an dráma féin le cultúr na hÉireann agus déantar neart tagairtí don domhan mórthimpeall na gcarachtar. Tá drámaí McDonagh thar a bheith simplí agus mar cháineadh ar scileanna McDonagh, deir Harris ‘... he prefigures all the twists in his plot so that even the most half-witted couch potato would recognise such soap-opera standbys ...’ (Harris, 2004: 57). Ghlacfadh duine as sin, nár ghá go mbeadh aon réamheolas ag teastáil ag faighteoir ach measaim féin go bhfuil an cáineadh sin róghéar. Is cinnte go bhfeictear simplíocht ó thaobh phlota an dráma de ach tá doimhneacht ghrinn sa charachtracht, sa scríbhneoireacht agus sa léiriú féin. Is dráma faoin gcaidreamh suaite idir Mag agus a hiníon, Maureen, é *The Beauty Queen of Leenane*. Pléann an dráma seo le deacrachtaí a bhaineann leis an saol in iarthar na hÉireann mar áit uaigneach, iargúlta agus ghruama. Pléitear teannas idir máthair agus iníon agus an fonn éalaithe ar Maureen chun saol nua a thosú leis an bhfear a bhfuil dúil aici ann, Pato. Pléitear sa dráma seo le ceisteanna a bhaineann le meabhairshláinte, marú máthar, seanchaiteacht saoil, cumha i ndiaidh an bhaile agus os a choinne sin, fonn éalaithe. Léirítear na gnéithe seo go léir faoi scáth grinn dhuibh.

Tá *The Lonesome West* lonnaithe go teicniúil sa Líonán ach cosúil le BQL, tá suíomh an téacs i ndomhan atá gafa idir ficsean agus fírinne.⁸⁶ Scríobhadh an téacs seo in 1997 ach ar an gcaoi chéanna le BQL, tá an téacs féin lonnaithe i ndomhan nach bhfuil faoi shrian ag coincheap an ama. Tá an téacs seo comhaimseartha agus seanaimseartha in éineacht. Cé gur i ndomhan ficseanúil atá an dráma seo lonnaithe, baineann sé go dlúth

⁸⁶ Is fiú a lua anseo chomh maith go maíonn Lonergan go bhfuil tíreolaíocht an Líonáin féin as alt de bharr gurb é an limistéar uisce is mó timpeall an Líonáin ná an Caoláire Rua. Níl aon trácht ar an ‘loch’ inar chuir Welsh lámh ina bhás féin (Lonergan, 2007: 156).

le cultúr na hÉireann agus déantar neart tagairtí don domhan sin mórthimpeall na gcarachtar. Script drámaíochta a bhí inti ar dtús a léiríodh den chéad uair in 1997 agus a foilsíodh go gairid ina dhiaidh sin. Arís eile, de bhrí gur foilsíodh an dráma mar théacs i ndiaidh an dráma a stáitsiú, is féidir a rá go bhfuil faighteoír idirnáisiúnta ag an dráma seo chomh maith. Sa tráchtas seo, baintear úsáid as an eagrán seo a leanas: McDonagh, M. (1999b) 'Lonesome West', in *Martin McDonagh: Play 1*. London: Methuen Drama, pp. 128–96.⁸⁷ Pléann an dráma seo le beirt deartháireacha, Valene agus Coleman, atá i ndiaidh a n-athair a mharú. Tá aighneas as cuimse idir an bheirt deartháireacha seo agus maíonn Lanterns gur meafar é sin don chogadh cathartha (Lanterns, 2007: 18). Pléitear an dúnmharú trí chéile ar leibhéal thar a bheith leamh amhail is nach gcuireann sé isteach ar na carachtair sa téacs. Mar aon le marú, pléitear an féinmharú i gcás Welsh agus ceist an ghrá i gcás Girleen. De bhreis ar na nithe sin, pléitear le cumha, drochmheas ar an saol, tréigean chreideamh an phobail san Eaglais Chaitliceach, cúrsaí collaíochta agus mí-úsáide, chomh maith leis an uaigneas, an foréigean agus cruatan an tsaoil. Tá an dráma seo, BQL agus *A Skull in Connemara* mar chuid de thríológ agus tá snaidhm chomónta eatarthu, dá bhrí sin. Déantar tagairt don Líonán féin, mar shampla, áit a bhfuil an téacs lonnaithe agus tagraítear do charachtair éagsúla thall is abhus amhail Father Welsh. Pointe grinn atá le haithint ar théacsanna na tríolóige trí chéile ná go mbíonn an deacracht chéanna ag na carachtair éagsúla sa dráma le sloinne an charachtair eile, Father Welsh: 'Poor Father Welsh Walsh Welsh' (TLW: 178).

Script drámaíochta a bhí in *The Cripple of Inishmaan* ar dtús a léiríodh den chéad uair in 1996 agus a foilsíodh in 1998. Sa tráchtas seo, baintear úsáid as an leagan seo mar áis tagartha: McDonagh, M. (2008) 'Cripple of Inishmaan', in *The Methuen drama anthology*

⁸⁷ Dráma fada atá ann le seacht radharc. Cuirtear ainm an charachtair in iúl i gcló trom ag tús gach abairte agus cuirtear treoracha stáitse idir lúibíní agus i gcló iodálach síos tríd an téacs.

of *Irish plays*. London: Methuen Drama, pp. 333–421.⁸⁸ Tá an dráma seo lonnaithe ar Inis Meáin, oileán ar chósta iarthar na hÉireann. Mhaígh McDonagh nach raibh mórán tábhachta ag baint le suíomh an oileáin féin. Deir Shaun Richards agus é ag tagairt d'oileán eile sa tríológ seo, Inis Mór:

... the casualness with which Inishmore was selected is matched by the fact that it was merely the numerical equivalence of the three Aran Islands with a dramatic trilogy⁸⁹ which 'prompted the idea', rather than any overt commitment to a thematically and dramatically unified exploration of a community and culture (Richards, 2003: 210).

Scríobhadh an dráma in 1996⁹⁰ ach tá an dráma féin lonnaithe sa bhliain 1934. I gcomparáid leis na drámaí eile, tá tagairtí stairiúla don domhan taobh amuigh den oileán sa dráma seo. Agus Johnny agus Mammy ag cabaireacht lena chéile, déantar tagairt do Hitler sa nuachtán: 'There's a fella here, riz to power in Germany, has an awful funny moustache on him' (TCOI: 373). In ainneoin nach bhfuil mórán as an ngnáth ó thaobh tagairtí de sa dráma seo, is spéisiúil go luann Richards gur gá don fhaighteoir cur amach éigin a bheith aige ar 'dhrámaí iarthar na hÉireann' chun áiféis agus greann an domhain seo arna chruthú ag McDonagh a thuiscint:

... while all audiences have the potential to respond positively to the shock techniques McDonagh employs in terms of language and actions, enjoying them on the titillating level of Tarantino-type terror if nothing else, only audiences familiar

⁸⁸ Dráma fada atá ann ina bhfuil naoi radharc. Cuirtear ainm an charachtair in iúl i gcló trom ag tús gach abairte agus cuirtear treoracha stáitse idir lúibíní agus i gcló iodálach síos tríd sa téacs.

⁸⁹ Is iad *Banshee of Inisherin* agus *Lieutenant of Inishmore* an dá dhráma eile sa tríológ ach níl siad aistrithe go Gaeilge.

⁹⁰ Ní féidir teacht ar dháta beacht dó seo; féach plé ar Lonergan (2007: 154).

with the genre in which he is working are capable of analyzing and evaluating the plays as critiques of the society whose western 'source' they so rigorously explode (Richards, 2003: 211).

Ciallaíonn sé sin go bhféadfadh duine ar bith taitneamh a bhaint as an dráma seo ar leibhéal dromchlach ach bheadh tuiscint níos doimhne de dhíth orthu chun bunús an ghrinn a thuiscint i gcomhthéacs an tseánra drámaíochta sin. É sin ráite, cé go ndéantar neart tagairtí sa téacs d'iarthar na hÉireann sna 1930idí agus don domhan mórthimpeall na gcarachtar, bheadh na tagairtí sin ar eolas ag gnáth-Éireannach, fiú i bhfoirm *cliché*. Tá an dráma seo bunaithe ar an saol crua a bhí ag buachaill óg faoi mhíchumas ar mhian leis go ndéanfaí laicisí a shaoil a bhaint. Is dráma grinn dhuibh é seo agus pléann an dráma féin le téamaí amhail an féinmharú i gcás tuismitheoirí Billy, an marú i gcás mháthair Johnny, lochtanna na hEaglaise Caitlicí agus an iliomad tagairtí don mhí-úsáid i gcás Helen agus grá teaghlaigh idir Billy, Kate, Eileen agus tuismitheoirí Billy. Tá an dráma féin lán le hainsamhacht agus bochtaineacht an oileáin, rud a threisiútar tríd an gcomparáid idir Inis Meáin agus Hollywood Mheiriceá.

4.6 Léargas ar na haistriúcháin

Script a scríobhadh i gcomhair Fhéile 2000 a bhí in *Banríon Álainn an Líonáin* ar dtús. Foilsíodh an dráma an bhliain chéanna agus, dá bhrí sin, is féidir muintir na hÉireann a bhfuil Gaeilge mhaith acu a chlúdach i measc na gcéad fhaighteoirí chomh maith. Is é an leagan seo a úsáideadh don tráchtas seo: Ó Conghaile, M. (1999) *Banríon Álainn an Líonáin*. Conamara: Cló Iar-Chonnacht.⁹¹ San agallamh pearsanta le Ó Conghaile, luaigh

⁹¹ Is ionann leagan amach an bhuntéacs agus an aistriúcháin ach amháin go bhfuil gné fhísiúil sa bhreis san aistriúchán ina gcuirtear grianghraif den taispeántas Gaeilge in éineacht le radhairc áirithe ar fud an dráma. Níor baineadh aon ghné den bhuntéacs ná níor cuireadh aon chuid bhreise leis.

sé nach bhfuil mórán difríochta idir an leagan críochnaithe a aistríodh don chéad taispeántas agus an leagan a foilsíodh ina dhiaidh sin. Dúirt sé gur dea-chleachtas é suí síos leis na haisteoirí agus lucht na hamharclannaíochta chun tuairimíocht a fháil agus féachaint an oibríonn an script féin. Léirigh sé go mbíonn ar an script coinneáil suas lena bhfuil ag tarlú ar an stáitse agus go mbíonn leasuithe ag teastáil anseo is ansiúd ach, den chuid is mó, gur ag cloí leis an mbunscript Bhéarla a bheifeá mar aistritheoir (Ó Conghaile 2020, agallamh pearsanta, 11 Nollaig). Níl aon difríocht idir suíomh an bhuntéacs agus an aistriúcháin ach amháin go ndéantar na logainmneacha a aistriú go Gaeilge mar is ceart, amhail an Líonán, An Cheathrú Rua, Cathair na Mart agus Conamara. Spéisiúil go leor, áfach, coinnítear formhór na logainmneacha iasachta as Béarla in ainneoin go bhfuil leaganacha Gaeilge díobh ann, .i. Australia, Boston agus Manchester. I gcás na logainmneacha sin, seans gur minice ná a mhalairt a úsáidtear na téarmaí Béarla sin sa Ghaeltacht. Cabhraíonn siad chomh maith le luas an dráma mura bhfuil na logainmneacha Gaeilge seo ar eolas ag na faighteoirí. Is féidir a rá gur aistriúchán doiciméadach nó inghlactha atá san aistriúchán seo de bharr go leanann plota agus ábhar an aistriúcháin an buntéacs go dlúth. Fanann Ó Conghaile dílis don bhuntéacs de bharr go bhfuil aistriú ábhar an bhuntéacs nádúrtha sa Ghaeilge agus luíonn sé le réasún go n-oibreoidh an scéal féin go héifeachtach sa Ghaeilge. Fiú agus Meaig agus Máirín ag caint faoi úsáid na Gaeilge sa tír, ní shéanann Ó Conghaile aon chuid den chomhrá idir an bheirt charachtar, is cuma cé chomh maslach agus atá an chaint sin don teanga féin nó is cuid shuntasach í sin sa dráma ar an iomlán: ‘Ach cén mhaith a bheadh sa nGaeilge duit agus tú ag quartú jab thall i Sasana. Maith ar bith’ (BÁL: 13). Deir Ó Conghaile: ‘In aon aistriúchán bíonn ar an aistritheoir a bheith dílis don script, don bhundráma, don drámadóir’ (Ó Conghaile, 2015: 124). Ba é seo an chéad dráma de chuid McDonagh a d’aistrigh Ó Conghaile ach seans go raibh na drámaí eile léite aige roimhe sin de bharr

gur choinnigh sé na crostagairtí idir na drámaí eile sa tríológ seo mar aitheantas ar shaothar an bhunúdaire. Mar shampla, déantar tagairt do ‘Girleen’ mar ainm carachtair in *Ualach an Uaignis* agus coinnítear a hainm gan athrú. Déantar tagairt don Sagart Welsh (nó Walsh) chomh maith go leanúnach idir na drámaí éagsúla. De réir mar a luadh cheana, seachas trácht ar nithe eile ón domhan taobh amuigh den Líonán anseo is ansiúd, baineann formhór na dtagairtí, agus na réamhghlacana dá bhrí sin, le hiarthar na hÉireann. Bunaithe air sin, is dlúth iad an buntéacs agus an t-aistriúchán ó thaobh réamhghlacana de. Dúirt Ó Conghaile nach raibh air dada a mhíniú don chineál pobail a raibh sé ag freastal air toisc go bhfuil scéalta i ndrámaí McDonagh ‘dochreidte simplí ar bhealach’ agus gur bhain sé leis an gcaoi ar tharraing sé íomhá iarthar na hÉireann sa dráma seo agus i ndrámaí eile dá chuid (Ó Conghaile 2020, agallamh pearsanta, 11 Nollaig). I gcás ainmneacha na gcarachtar, déanann sé iad a ghaelú ach cruth an Bhéarla a choinneáil san fhuaimniú, .i. Meaig, Máirín, Pató nó Ré.

Foilsíodh *Ualach an Uaignis* i ndiaidh Fhéile 2002 sa bhliain chéanna agus baintear úsáid as an leagan sin sa tráchtas seo: Ó Conghaile, M. (2002) *Ualach an Uaignis*. Conamara: Cló Iar-Chonnacht.⁹² Tá an téacs seo lonnaithe sa Líonán chomh maith. Cloíonn Ó Conghaile le gach logainm a bhí sa bhuntéacs ach úsáideann sé na ceartleaganacha Gaeilge san aistriúchán. Is fíor dá bhfuil ráite ag Ó Conghaile faoi dhílseacht (nach ionann sin agus *loyalty* sa tráchtas seo)⁹³ sa mhéid go gcloíonn Ó Conghaile le gach uile chuid den bhuntéacs Béarla. Coinnítear an t-ábhar mar an gcéanna agus ní scinneann sé ó phlota ná téama an téacs ar dhóigh ar bith. Ós rud é go bhfuil an t-aistriúchán chomh dlúth sin don bhuntéacs, is féidir a rá gur aistriúchán doiciméadach é seo arís eile agus gur gné eile é sin a chuireann le hathghabháil na Gaeilge mar skopos de bharr go bhfuil

⁹² Is ionann leagan amach an bhuntéacs agus an aistriúcháin, .i. dráma fada ina bhfuil seacht radharc.

⁹³ Dílseacht le seoltóirí agus tionscnóirí ar thaobh an bhuntéacs.

an dá théacs an-ghar ar fad dá chéile. Ar an mbealach sin, caomhnaítear gné an folbhriste atá lárnach i ndrámaí McDonagh. I bhfianaise úsáid na gné sin, léirítear go han-éifeachtach an cineál meoin atá ag na carachtair sa leagan Gaeilge:

Agus tá tusa ag déanamh amach gur sagart atá ionat? Is beag an t-iontas Eaglais Chaitliceach na hÉireann a bheith ag gáire fút. Agus tá sin sách feicin dona, a bhuachaill.	UAU	45
Sin an feicin chúis nach ndearna sí rud ar bith riamh arbh fhiú trácht air. Feicin Mary. ⁹⁴	"	57

Is ionann na réamhghlacana san aistriúchán seo agus réamhghlacana BÁL de bharr go mbaineann an dá shaothar leis an tríológ chéanna. Níl aon rud ó thaobh tagairtí de a bheadh deacair ag Éireannach a thuiscint. Déantar tagairtí do ghnáthchúrsaí in Éirinn mar aon le cúpla tagairt do nithe áirithe sa saol taobh amuigh den Líonán féin. Ní athraítear aon cheann de na réamhghlacana seo sa leagan Gaeilge, léiriú eile ar cé chomh soiléir agus atá athghabháil na Gaeilge mar skopos sa dráma seo chomh maith. Cosúil le hainmneacha na gcarachtar in BÁL, déanann Ó Conghaile iad a dhúchasú in UAU freisin, .i. Girlín, Colmán agus Veailín.⁹⁵ Tá litriú an ainm ‘Veailín’ le ‘V’ chun tosaigh tábhachtach de bharr gur nós le Veailín ‘V’ a mharcáil ar aon ‘statue’ ar leis é agus is pointe lárnach é sin síos tríd an dráma. In ainneoin go ndéantar an t-ainm a ghaelú, coinnítear litriú an bhunmhagaidh ón téacs Béarla. Maidir leis an ainm ‘Girlín’, áfach, déantar tagairt di in BÁL chomh maith ach litrítear an t-ainm sin mar ‘Girleen’ sa téacs sin. Ní fhéadfaí a rá gur botún atá ann nó ní dhéanann an litriú aon difríocht ó thaobh na foghraíochta de ar an stáitse.

⁹⁴ Cailín ag tagairt don Mhaighdean Mhuire.

⁹⁵ Coinnítear ainm an tsagairt ‘Roderick’ sa Bhéarla toisc gur pointe grinn é sin sa bhundráma de bhrí go seasann sé amach mar ainm neamhchoitianta in iarthar na hÉireann. Is cliste an rud é go gcoinnítear an t-ainm seo as Béarla san aistriúchán Gaeilge chun an greann sin a choinneáil a oiread agus is féidir.

Script a scríobhadh i gcomhair Fhéile Drámaíochta in 2009 a bhí in *Cripil Inis Meáin* ar dtús. Foilsíodh an dráma sa bhliain chéanna agus baintear úsáid as an leagan sin sa tráchtas seo: Ó Conghaile, M. (2009) *Cripil Inis Meáin*. Conamara: Cló Iar-Chonnacht.⁹⁶ Tá an t-aistriúchán lonnaithe ar Inis Meáin, ceann de na hOileáin Árann, sa bhliain 1934. Is féidir a rá gur aistriúchán doiciméadach é seo chomh maith toisc go leanann an t-aistriúchán an buntéacs go dlúth. Coinníonn Ó Conghaile gach gné den bhuntéacs san aistriúchán amhail tagairtí íolbhristeacha a chuireann le dímhíotasú iarthar na hÉireann:

Ó b'fhéidir go bhfuil, ach dá dtosódh Dia ag crúbáil mo thóna le linn choir practice chaithfinn uibheachaí leis an fecker sin freisin.	CIM	211
Thiomáin Críost míle muc isteach sa bhfarraige geábh amháin. Ar chuala sibh an scéal sin ariamh? Bád na deabhail bhochta ar fad. Is nach aisteach nár inis siad an scéal sin ar chor ar bith sa scoil dhúinn ach iad á cheilt orainn.	"	274
Níl mé in ann meabhair ar bith a bhaint as. Beirt fhear ag pógadh a chéile agus beirt fhear a bhfuil an ghráin acu ar a chéile théis an méid sin. ⁹⁷	"	293

Cé go mbaineann an dráma seo le tríológ eile, tá na réamhghlacana sa dráma seo fíorchosúil leis na drámaí ó thríológ an Líonáin. Úsáidtear gnáth-thagairtí don saol in iarthar na hÉireann den chuid is mó agus seachas cúpla tagairt agus téarma a bhaineann leis an saol taobh amuigh de sin, is beag deacracht a bheadh ag an bhfaighteoir an dráma a thuiscint. Déanann Ó Conghaile dúchasú ar ainmneacha na gcarachtar anseo chomh maith, .i. Eilín, Johnny Pheaitín Mhaidhc, Billí nó Beartlín mar shampla. I gcás ainm an charachtair 'Johnnypateenmike', tá Ó Conghaile ag filleadh ar fhoirm cheart an ainm Gaeilge sin. Tá cuma na ráiméise ar 'Johnnypateenmike' sa bhunleagan, ach os a choinne sin, tá ciall, oidhreacht agus ginealach le tuiscint ón leagan Gaeilge. Cailltear gné

⁹⁶ Is ionann leagan amach an bhuntéacs agus an aistriúcháin, .i. dráma fada ina bhfuil naoi radharc.

⁹⁷ Coinnítear na tagairtí do bheart fhearr aeracha.

an scigaithe sa chás seo agus bronnar féiniúlacht cheart an charachtair ar ais air sa leagan Gaeilge.

4.7 Nótaí faoi na gnéithe neamhbhriathartha agus osteascánacha sna buntéacsanna agus sna aistriúcháin

Cosúil le dráma ar bith atá le léiriú ar stáitse, úsáideann McDonagh neart treoracha stáitse. Baineann sé úsáid as na treoracha seo chun cur le greann agus éifeachtacht chaint na gcarachtar. Sampla amháin de seo is ea úsáid sosanna sna treoracha chun béim a leagan ar an ngreann ag pointí áirithe. In BQL nuair atá Mag agus Ray ag caint faoi bholadh an mhúin sa teach, cuirtear sosanna sa chomhrá chun ligean do na haisteoirí úsáid a bhaint as teicnící grinn agus athruithe tuine an ghutha chun cur le héifeachtacht na háibhéile (Castleberry, 2007: 47).

Ray	This house does smell of pee, this house does.
Mag	<i>(Pause. Embarrassed)</i> Em, cats do get in.
Ray	Do cats get in?
Mag	They do. <i>(Pause)</i> They do go to the sink.
Ray	<i>(Pause)</i> What do they go to the sink for?
Mag	To wee.
Ray	To wee? They go to the sink to wee? <i>(Piss-taking.)</i> Sure, that's mighty good of them. You do get a very considerate breed of cat up this way so
Mag	<i>(Pause)</i> I don't know what breed they are. (BQL: 40–1).

Úsáidtear treoracha stáitse chomh maith chun an teannas idir Mag agus Maureen a chothú. Agus cúrsaí gnéis á bplé acu, úsáideann McDonagh bia chun greann an chomhrá a thabhairt chun solais: 'MAUREEN gives MAG shortbread finger, after waving it phallically in the air a moment' (Féach Castleberry, 2007: 51). Anuas air sin, úsáideann

McDonagh neart sosanna chun mothúcháin éagsúla a chur in iúl don fhaighteoir agus chun ligean do na carachtair (agus na haisteoirí dá bhrí sin), beocht sa bhreis a thabhairt isteach sa dráma: 'Mag: (*pause*) Have we any short bread fingers?' (BQL: 17). Cé go bhfuil Mag lán dáiríre faoin mbia, cuireann an sos seo an greann in iúl don fhaighteoir agus briseann sé an teannas idir an mháthair agus an iníon sa radharc. Cuireann sos le dáiríreacht ráiteas Pato ar leathanach 21 nuair a deir sé: '(*pause*) It's money. (*Pause*). And it's Tuesday I'll be back there again.' Léiríonn úsáid an tsosa meas i gcás Pato níos faide ar aghaidh agus é ag caint le Maureen: '(*Pause*) Be putting on some clothes there, Maureen. You'll freeze with no fire down' (BQL: 32).

Ar leathanach 45, úsáidtear sos chun béim a leagan ar leisce Maureen: '(*Pause*) But that's why I thought it would be unfair of me to go over to his do and wish him goodbye.' Úsáidtear cló iodálach sa dráma seo chomh maith chun béim a leagan ar chaint na gcarachtar agus chun mothú an radhairc a mhéadú ag brath ar an gcomhthéacs.

Maureen	'Whore'? (<i>Pause.</i>) Do I not wish , now? Do I not wish? (<i>Pause</i>) Sometimes I dream...'	BQL	16
"	... it isn't a dream -dream at all.	"	"
Mag	I will be hanging on forever.	"	17

Sna cásanna siúd, is féidir leis an bhfaighteoir an chaoi a ndéarfaí an dialóg os ard a shamhlú. Cuireann na struchtúir seo leis an eispéireas amharclainne sa mhéid go n-úsáidfidh na haisteoirí na struchtúir seo chun béim a leagan ar mhothú na gcarachtar ar an stáitse.

Ar an gcaoi chéanna leis na buntéacsanna, úsáidtear treoracha stáitse sna haistriúcháin Ghaeilge. Scríobhtar na treoracha seo ar theanga chaighdeánach i gcomparáid le caint na

gcarachtar sna téacsanna féin. I gcás BÁL, UAU agus CIM, is mar a chéile iad na teoracha stáitse idir an buntéacs agus an t-aistriúchán. Anuas air sin, coinnítear na sosanna drámaíochta sna haistriúcháin Ghaeilge chomh maith agus feictear na sosanna céanna sna leaganacha Gaeilge, .i. '(sos) Nach bhfuil aon shortbread fingers a'inn?' (BÁL: 30). Feictear an sos céanna arís eile i gcás Pható agus é ag caint faoin bhfilleadh ar Shasana: '(Sos) Airgead, airgead. (Sos) Dé Máirt seo chugainn is bheidh mé thall aríst ann' (BÁL: 38). Feictear an rud céanna ar leathanach 78 nuair atá leisce ar Mháirín bualadh le Pató: '(Sos) Sin é an fáth ar cheap mé nach mbeidh sé féaráilte dó dá rachfainn anann chuig an *do* le slán a fhágáil aige ...' (BÁL: 78). Ag trácht ar ghnéithe osteascánacha, thagair Ó Conghaile don ghné seo san agallamh pearsanta. Mhaígh sé go raibh sé go mór ar an airdeall faoi ghné na hinlabharthachta agus an dráma seo á aistriú aige. De bharr go bhfuil saol na Gaeilge chomh cúng sin agus go bhfuil saol drámaíochta na Gaeilge níos cúinge fós, dúirt sé go raibh aisteoirí ar leith nó an 'dream team' ar intinn aige roimh ré i gcomhair páirteanna áirithe agus go raibh sé ag cuimhneamh ar chumas Gaeilge agus canúint aisteoirí áirithe a d'fheilfeadh do ról faoi leith (Ó Conghaile 2020, agallamh pearsanta, 11 Nollaig). Baineann an ghné osteascánach seo le hathghabháil na Gaeilge nó ardaíonn tuiscint agus saineolas an aistritheora an cumas chun barántúlacht chultúr iarthar na hÉireann a choinneáil chomh dlúth agus is féidir leis an gcultúr atá á léiriú sa dráma. Ó thaobh na prosóide de, cuireann ghné bharántúlacht na cainte sa chultúr sin go mór le rithim agus struchtúr an aistriúcháin trí chéile agus déanann sí athghabháil na Gaeilge sa téacs níos soiléire agus níos nádúrtha de bhrí go luíonn an t-aistriúchán chomh héifeachtach sin leis an sprioc-chultúr. Mar shampla, nuair a deir Mag: 'I will be hanging on forever' (BQL: 17), ní dhéantar an bhéim sin a aistriú go díreach: 'Tá 'fhios sin a'msa go maith. Mairfidh' (BÁL: 30). Cé nach gcoinnítear an ghné osteascánach san aistriúchán, coinnítear an bhéim trí úsáid a bhaint

as an mbriathar ‘mair’ mar aon abairt amháin. San abairt seo: ‘... it isn’t a *dream*-dream at all’ (BQL: 16), aistríonn Ó Conghaile é mar ‘Tá ‘fhios a’msa go maith nach ea ach ní mar bhrionglóid oíche a thagann sí chugam ach mar aisling sa lá’ (BÁL: 30). Sa chás seo, d’fhéadfaí a rá go bhfuil an Ghaeilge róshocraithe (overdetermined) de bharr go mbaintear úsáid as dhá fhocal ar leith chun cur síos a dhéanamh ar ‘*dream*-dream’. Cé go gcailltear an ghné osteascánach ón mBéarla, coinnítear an bhéim féin le húsáid focail eile sa Ghaeilge chun cur síos a dhéanamh ar an gcoincheap seo. Tá difear suntasach sa Ghaeilge toisc go bhfuil an leagan sin níos deisbhéalaí agus tugtar, dá bhrí sin, misneach breise don charachtar sa Ghaeilge nach bhfuil sa bhunleagan Béarla trí fhocal amhail ‘aisling’ a úsáid a bhfuil macallaí doimhne saibhre aige.

I gcás TLW baintear úsáid as sosanna agus Valene ag iarraidh a chur in iúl gur leis gach rud sa teach: ‘I’ll start! Aye, by Christ I’ll start. (*Pause*). This stove is mine, them figurines are mine, this gun, them chairs, that table’s mine’ (TLW: 141). Cuireann an sos sin in iúl go neamhbhriathartha go bhfuil Valene ag smaoineamh ar na nithe ar leis iad sa teach. Níos faide ar aghaidh agus Valene agus Coleman ag caint faoi Girleen, cuireann an treoir stáitse agus na sosanna in iúl go bhfuil náire nó drogall de shaghas éigin i gcaint Valene: ‘(*unsure*) Me arse. (*Pause*). Eh? (*Pause*.) Girleen’s pretty. (*Pause*.) Girleen’s awful pretty. (*Pause*.) Why would Girleen be touching you below?’ (TLW: 145). Úsáidtear treoracha stáitse arís eile ar leathanach 149 nuair a théann Coleman chuig a sheomra agus leanann an comhrá idir na deartháireacha ar aghaidh go fóill: ‘**Coleman enters his room, slamming the door.**’ ... ‘**Coleman (off)** V for virgin it is, uh-huh’ (TLW: 149). Úsáidtear cló iodálach anseo chomh maith chun gnéithe osteascánacha a chur in iúl don fhaighteoir. Tá neart samplaí ar fáil sa téacs féin ach níl anseo ach scata eiseamláirí. Ar leathanach 144, agus na deartháireacha ag argóint, deir Coleman: ‘It’s easy enough to check’ agus freagraíonn

Valene ‘It *is* easy enough to check.’ Cé gur mionfhocal atá sa bhriathar seo sa ráiteas ar an iomlán, cuireann an cló iodálach béim ar mhothú searbhach an ráitis, rud nach mbeadh chomh soiléir céanna don fhaighteoir gan an ghné osteascánach sin (TLW: 144). Is fíor é an ráiteas seo idir an léiriú agus an téacs nó is féidir le haisteoir ar stáitse beocht a chur ar a bhfuil faoi chló iodálach anseo agus béim a leagan air cosúil leis an gcaoi a leagfadh duine aonair béim ar an mbriathar sin agus an téacs á léamh aige. Níos faide ar aghaidh, deir Coleman nach eisean a tháinig i dtír ar chailín ach gur cailín a tháinig i dtír air siúd. Chun an milleán a scaoileadh uaidh, cuirtear béim ar an dara habairt: ‘I interfered with no schoolgirl. I was interfered with *be* a schoolgirl’ (TLW: 148). Trí úsáid litriú neamhchaighdeánach ‘be’ in ionad ‘by’ anseo, is féidir leis an bhfaighteoir canúint an charachtair a shamhlú agus é ag iarraidh pointe a threisiú do Welsh.

I ndáil le UAU, úsáidtear na sosanna céanna san aistriúchán seo chomh maith, .i. ‘**VEAILÍN**: Tosóidh mé ag ithe! Aye, by Christ, tosóidh mé (Sos). Is liomsa an stove seo, is liomsa na statues seo, an gunna seo, na cathaoireacha sin. Is liomsa an bord sin’ (UAU: 25). Feictear na sosanna céanna atá sa leagan Béarla ar leathanach 30 chomh maith: ‘**VEAILÍN** (*éiginnte*): Mo thóin. (Sos) Eh? (Sos). Tá Girlín dathúil. (Sos) Tá Girlín uafásach dathúil. (Sos) Cén fáth a mbeadh Girlín ag breith i bhfad suas ort?’ (UAU: 30). Ar leathanach 35, feictear dúinn mar léitheoirí go bhfuil comhrá idir Veailín agus Colmán ach go bhfuil Colmán as radharc i seomra eile nach bhfuil ar an stáitse féin:

COLMÁN	(<i>ón taobh amuigh</i>): An bhfeiceann tú an ‘V’ sin ar an stove, a athair? An gceapann tú gur ‘V’ le haghaidh Veailín é? Ní hea, muis. ‘V’ le haghaidh Virgin é, sea sin.	UAU	35
VEAILÍN	Oh an ea, anois ...?	"	"
COLMÁN	(<i>amuigh</i>): ‘V’ le haghaidh virgin é, uh-huh.	"	"

Sa chás seo, tá deighilt idir faighteoirí an téacs féin agus faighteoirí an léirithe san amharclann sa mhéid go bhfuil ‘*amuigh*’ físiúil ar an leathanach i gcás an téacs chlóite. Baineann an ghné chéanna le teoracha stáitse trí chéile, is cuma má léitear iad i dtéacs nó má chuireann aisteoir beocht iontu ar stáitse, bíonn an fheidhm chéanna leo i gcás fhaighteoirí an dráma. Sa bhuntéacs Béarla den dráma seo, cuirtear gnéithe osteascánacha in iúl trí chló iodálach ach, i gcásanna áirithe, ní choinnítear an cló sin sa leagan Gaeilge de bharr gur féidir struchtúir ghramadaí agus chomhréire eile a úsáid sa Ghaeilge chun an bhéim a bhí sa bhuntéacs a chur in iúl don fhaighteoir san aistriúchán. Mar shampla, san abairt: ‘I interfered with no schoolgirl. I was interfered with **be** a schoolgirl’ cé nach n-úsáidtear cló iodálach sa leagan Gaeilge, baineann Ó Conghaile úsáid as an mír threise chun an bhéim a leagan ar ‘liom’ agus ‘mé’, .i. ‘Ní raibh **mise** ag baoiteáil le haon chailín scoile. Cailín scoile a bhí ag baoiteáil liomsa’ (UAU: 33). Trí úsáid a bhaint as an struchtúr béime agus an mhír threise, coinníonn Ó Conghaile rithim agus tuin an bhuntéacs sa Ghaeilge. Úsáidtear an mhír threise arís sa sampla seo: ‘The same as that, **I** hope they lose the final’ (TLW: 173), atá ar fáil san aistriúchán mar ‘Go díreach é. Tá súil a’**msa** freisin go mbuailfear sa gcrabhbh iad’ (UAU: 69). Cé go gcoinnítear an ghné osteascánach seo sa Ghaeilge i gcoitinne, cailltear in áiteanna é, mar shampla leis an aistriúchán ar ‘I **do** remember me Ker-Plunk game’ (TLW: 185) — ‘Is cuimhneach liom mo chluiche Ker-Plunk’ (UAU: 88). Sa chás sin, cé go bhféadfaí an mhír threise a cheangal le ‘liom’ nó ‘cluiche’, fiú, is beag difríocht a dhéanfaid sé do chiall iomlán na habairte agus, dá bhrí sin, seans nach bhfuil gá iomlán leis sa Ghaeilge.

Arís eile in TCOI, léiríonn an sos sula gcuireann Eileen ceist ar Johnny an t-iontas atá uirthi nach raibh aon fheoil ar an nuacht sin: ‘(Pause) Is that the end of that piece of

news?’ (TCOI: 339). Ar leathanach 356, úsáidtear sosanna chun greann an chomhrá idir Johnny agus Bobby a mhéadú. Is léir go bhfuil Johnny ag iarraidh a fháil amach céard go díreach atá idir lámha ag Bobby gan a chur in iúl gurb é sin atá i gceist aige: ‘You did, aye. (*Pause.*) So you’re getting your curragh ready. (*Pause.*) All spick and span you’re getting it. (*Pause.*) All nice and prepared like. (*Pause.*) ...’ Ar leathanach 365, agus Billy ag iarraidh síob i mbád Bobby a fháil, maíonn sé gur gearr go bhfaighidh sé bás, in ainneoin gur bréag iomlán é sin. Chun gné dhrámatúil an phointe seo a mhéadú, úsáideann Billy sos sa chaint chun an bhréag a threisiú: ‘I won’t even see the summer in (*Pause.*) ... D’you remember the time Annie made me the jam roly-poly ...’ Arís eile, úsáidtear cló iodálach sa dráma seo chun béim a leagan ar chaint na gcarachtar agus iad ar an stáitse agus chun béim na cainte a chur in iúl don fhaighteoir i gcruth téacs. Chun plámás a dhéanamh le Johnny, cuireann Eileen béim ar an mbriathar chun a cuid suime a léiriú dó: ‘Your news *is* appreciated, Johnnypateenmike’ (TCOI: 339). Ar leathanach 363, cuireann Billy i leith Johnny go raibh sé drochbhéasach agus mar fhreagra air sin, léiríonn Johnny an t-iontas atá air nuair a deir sé: ‘*I’m* rude? *I’m* rude?’ Níos faide ar aghaidh, feictear Helen agus Billy ag caint faoin saol thall i Meiriceá agus tá Helen ag iarraidh a fháil amach an bhfuil cailíní níos áille ná í ann: ‘Or even a hundred times *less* pretty than me?’ (TCOI: 414). Níl sna samplaí seo ach raon teoranta tagairtí nó tá an dráma féin lán le samplaí den chineál céanna. Cuireann na gnéithe osteascánacha seo le héifeacht agus rithim an téacs agus déanann siad beocht a instealladh i gcaint na gcarachtar, chomh maith, ar an stáitse agus i gcruth scripte.

San aistriúchán CIM, úsáidtear na teoracha stáitse céanna agus iad scríofa i nGaeilge chaighdeánach i gcomparáid le Gaeilge chanúnach an téacs féin; mar shampla:

Kate	(<i>Ag dul ina threo</i>): Ní bhíonn an oiread sin spéise a'dsa i newsannaí Johnny Pheaitín ...	CIM	206
Eilín	Jeez, ní raibh do news chomh mór sin ar fad, a Johnny Pheaitín Mhaidhc.	"	"
Johnny	(<i>Stánann JOHNNY orthu le gráin, imíonn amach agus é le ceangal.</i>)	"	"

Chomh maith leis sin, úsáidtear na sosanna agus na mothúcháin chéanna sna treoracha chun rithim agus luas an dráma a choinneáil idir an leagan Béarla agus Gaeilge, mar shampla:

... Go deas agus réitithe le dhul chun farráige seans, nó rud éicint. (<i>Sos. Go feargach</i>) ...	CIM	223
Beidh. (<i>Sos</i>) Is cuma liomsa a bheith stuck leis.	"	198
(<i>Sos. Díomá air</i>): Chuir tú isteach ar mo chuid newsannaí anois, a Khate, agus ba iontach an news a bhí sa ...	"	199

Ar an iomlán, coinnítear na gnéithe osteascánacha ón mbuntéacs san aistriúchán Gaeilge agus cuirtear i gcló iodálach iad; mar shampla:

Tá mé ag piocadh agus ag caint.	CIM	212
Sílimse go bhfuil Billí i ngrá le Helen.	"	248

I gcásanna eile, ní choimeádtar an ghné osteascánach ach úsáidtear mír threise leis an mbéim a chur in iúl; mar shampla:

An ligfeadh Bobby Bhobby dhomsa a dhul go hInis Mór libh?	CIM	219
Mise , mímhúinte, ab ea?	"	229
An bhfaca tú aon chailín ann chomh dathúil liomsa?	"	297

Tá cásanna eile ina gcailltear an ghné osteascánach seo ach ní chuireann sé sin isteach ar bhrí an téacs ná ar luas an dráma ach méadaítear nádúrthacht na cainte san aistriúchán Gaeilge; mar shampla, ‘Your news *is* appreciated, Johnnypateenmike’ — cé nach bhfuil béim ar an mbriathar san aistriúchán Gaeilge, ní chailtear brí na habairte ar dhóigh ar bith: ‘Tá meas a’ainn ar do chuid newsannaí, a Johnny Pheaitín Mhaidhc’ (CIM: 200).

4.8 Foclaíocht agus comhréir na mbuntéacsanna agus na n-aistriúchán

4.8.1 Réamhrá

Síos trí dhrámaí McDonagh, feictear an-úsáid á baint as Béarla na hÉireann i bhfoclaíocht agus i struchtúr abairtí charachtair na ndrámáí. Deir Chu He: ‘McDonagh’s use of Hiberno-English is not to achieve poetic effect and exalt the vernacular of the west but to stress its ‘uncouth, ungainly and deflationary’ quality, which makes it ‘a caricature of the lyricsim of Synge-song’ (He, 2014: 9) (Féach *Martin McDonagh: A Casebook*: 3 chomh maith). Dúirt McDonagh: ‘In Connemara and Galway, the natural dialogue style is to invert sentences and use strange inflections. Of course, my stuff is a heightening of that, but there is a core strangeness of speech, especially in Galway⁹⁸ (Féach Feeney, 1998: 28). Maíonn Grene go gcuirtear i leith McDonagh uaireanta nach bhfuil tuiscint rómhaith aige ar an teanga (Grene, 2005: 307), ach cuireann McDonagh féin in iúl go mbaineann an

⁹⁸ Ar chluas an Bhéarlóra.

teanga sa dráma lena chuimhne ar stíl chainte a uncail i nGaillimh (Feeney, 1998: 26). Deir McDonagh gurbh í an Ghaeilge máthairtheanga a athar agus gur thaitin an cineál stílithe cainte leis, rud a bhí níos gaire do rithim ná struchtúr, dar leis (Feeney, 1998: 28). Úsáidtear cineál ar leith foclaíochta agus comhréire sna drámaí seo chun greann a chur in iúl don fhaighteoir ach anuas air sin, úsáidtear an fhoclaíocht agus an chomhréir seo chun pian na gcarachtar a chur in iúl nó ag deireadh an lae, pléann na drámaí le hábhair throma amhail marú máthar mar shampla (Castleberry, 2007: 43). Toisc go leanann caint na gcarachtar sna drámaí canúint mhuintir na Gaillimhe, bunaítear struchtúr na n-abairtí sna drámaí ar dhá theanga. Cé go labhraíonn siad Béarla, bunaítear struchtúr na n-abairtí ar chomhréir na Gaeilge a bheag nó a mhór.⁹⁹ Cuireann sé sin le greann agus le tuin chainte na gcarachtar. Deir Waters, áfach, gur spéisiúil go gcailltear an eilimint seo sna haistriúcháin Ghaeilge de na drámaí de bharr go n-éiríonn an struchtúr níos nádúrtha agus go gcailltear cuid den ghreann sna struchtúir Ghaeilge dá bharr sin (Waters, 2001: 48–49). Cé gur drámaí ficsein atá á gcruthú ag McDonagh, baineann saol na n-oileán seo go dlúth leis an nGaeilge nó is é an áit sin ceann de na háiteanna is mó in Éirinn ina labhraítear an teanga go fóill. Feictear struchtúir Ghaeilge go pointe áirithe á n-úsáid sna bundrámaí, rud a threisíonn athghabháil na Gaeilge mar skopos cúlghabhálach i gcás na n-aistriúcháin.

Dúirt Ó Conghaile go raibh teanga an bhuntéacs agus an Ghaeilge sna haistriúcháin an-ghar dá chéile, ‘... bhíodar [na drámaí] scríofa i mBéarla ach ba beagnach Gaeilge a bhí sa mBéarla sin.’ Mheas Ó Conghaile go raibh McDonagh ag iarraidh gné na Gaeilge

⁹⁹ Cé nach bhfuil sé laistigh de scóip an tráchtais seo, ní mór a lua go bhfuil cineálacha éagsúla smaointeoireachta i leith na ceiste seo sa teangeolaíocht. Is féidir an smaointeoireacht a chatagóiriú mar seo 1) ‘Substratumist’, .i. ‘... explanations rely largely on the notions of ‘transfer’ or ‘interference’ from Irish to English 2) ‘Retentionist’, .i. ‘[a] position that seeks support from the history or dialectal distribution of English Itself.’ 3) Staidéar bunaithe ar thaighde Filppula a mhaíonn gurb é atá i gceist ná ‘a combination of two or more factors ... is indeed the most likely alternative’ (Kallen, 1994: 191–4).

sa Bhéarla a thabhairt isteach d'aon ghnó. Chaith McDonagh cuid dá óige in iarthar na hÉireann agus is léir go raibh tionchar aige sin ar an teanga sa bhuntéacs ach is cinnte gur ghlac sé céim sa bhreis leis an saghas Béarla a d'úsáid sé, dar le Ó Conghaile (Ó Conghaile 2020, agallamh pearsanta, 11 Nollaig). Chinntigh Ó Conghaile gur chloígh sé féin le nádúrthacht na teanga beo in iarthar na hÉireann sa lá atá inniu ann agus feictear é sin ar go leor bealaí sna haistriúcháin.

Dúirt Ó Conghaile go ndearna sé dearmad ar an mBéarla agus an chaoi a ndeachaigh an Béarla sin i bhfeidhm ar fhaighteoirí an bhuntéacs chun téacs Gaeilge a sholáthar ina raibh Gaeilge chomhaimseartha na linne seo (Ó Conghaile 2020, agallamh pearsanta, 11 Nollaig). Luadh cheana go mbaineann an fhoclaíocht agus an chomhréir go dlúth leis an nGaeilge ach cé gur fíor an méid sin, rud amháin a chailltear in aistriú an dráma seo is ea greann Bhéarla na hÉireann. Maítear gurb é caint na gcarachtar féin an ní is greannmhaire sa dráma seo ach nuair a aistríodh an dráma go Gaeilge, is léir gur éirigh an dráma seo níos dáiríre i gcomparáid lena leagan Béarla. Deir Christopher Murray:

Having seen on stage Micheál Ó Conghaile's translation into Irish of *The Beauty Queen*, I am convinced of this point. A striking aspect of the audience response to *Banríon Álainn an Líonáin* was its seriousness in contrast to the Druid Production in English: the production was seen far less as a comedy than as melodrama bordering on tragedy' (Ó Conghaile, 2015: 117).

Aontaíonn Ó Conghaile é féin leis an méid sin agus deir sé: 'Má tá réimsí den dráma le bheith greannmhar, bíonn orthu seasamh suas ar a gcosa féin ó chiall an téacs. Cailtear greann na teanga Béarla' (Ó Conghaile, 2015: 117). Thuig Ó Conghaile gur cailleadh cuid

den ghreann a bhí sa Bhéarla de bharr gur aistríodh na drámaí ar bhealach a labhródh duine as Conamara ‘sa bpub.’ Cé gur fíor é sin, mhaígh sé go bhfuil an greann sna drámaí i gcónaí agus go dtagann sé isteach as a stuaim féin go nádúrtha in áiteanna eile nó gur éirigh leis féin greann a thabhairt isteach in áiteanna (Ó Conghaile 2020, agallamh pearsanta, 11 Nollaig). Agus Alan Desmond ag caitheamh súil siar ar Fhéile 2002, rinne sé tagairt do UAU agus dúirt sé:

... cé gur gránna gruama na hábhair a bpléitear leo sa dráma seo, tá sé thar a bheith greannmhar, rud a dhéanann gníomh na tragóide a ghéarú. Meastar i gcoitinne chomh [maith] gur cumhachtaí an leagan Gaeilge den dráma, mar gurb é comhréir agus fuaimíocht na Gaeilge is fearr a oireann éadóchas agus foréigean na gcarachtar, b’fhéidir (Desmond, 2002: 7).

Deir Breandán Delap san *Irish Times*: ‘... the language of the translation is richer than the original ...’ (*Irish Times*, 2002). Tá saibhreas na Gaeilge mar theanga hibridithe le feiceáil síos tríd an dráma seo, rud a chuireann le luas an dráma, greann na gcarachtar agus nádúrthacht na teanga sa lá atá inniu ann. Bunaithe ar an hibridiú seo, deir Nic Eoin go bhfuil stíl ar leith i measc scríbhneoirí na Gaeltachta le Béarla a shní isteach sa scríbhneoireacht le tamall anuas:

Is gnáthnós ag scríbhneoirí Gaeltachta áirithe le blianta beaga anuas iasachtaí Béarla a chur isteach i gcomhrá díreach mar a bheadh sa ghnáthchaint. Is ar mhaithe le nádúrthacht na cainte a dhéantar é seo, agus tá a leithéid le fáil i dtéacsanna le scríbhneoirí a bheadh coimeádach go maith ina stíl

scríbhneoireachta is nach n-imeodh rófhada riamh ó struchtúir ghramadaí ná ó chomhréir dhúchasach na canúna (Nic Eoin, 2005: 347).

Déanann sí trácht faoi leith ar na gearrscéalta, *Mac an tSagairt*, le Ó Conghaile féin agus an chaoi a meascann sé friotal dúchasach Gaeltachta, téarmaíocht nua agus béarlagair nua-aoiseach Béarla chun cros-síolrú idir an Béarla agus an Ghaeilge a chur chun cinn sna scéalta (Nic Eoin, 2005: 362). Feictear an méid seo sna haistriúcháin seo chomh maith. Úsáidtear an-chuid focail Bhéarla sna drámaí trí chéile chun críocha nádúrthacht na cainte agus timpeallacht chomhaimseartha ó thaobh na Gaeilge de a chur in iúl don fhaighteoir. Tuairiscíodh san *Irish Times*: ‘Such is the close connection between landscape and language that the savagery and humour of McDonagh’s original scripts travels well in Connemara Irish. Ó Conghaile also recognises that some words are also best left alone — such as Johnny Pheaitín Mhaidhc’s whining “news”’ (*Irish Times*, 2009).

4.8.2 Eiseamláirí den fhoclaíocht sna buntéacsanna agus sna haistriúcháin

I gcás BQL, is féidir a rá nach bhfuil an tsainréim teanga ró-ard. Bíonn na carachtair ag lorg focal i gcónaí chun cur síos a dhéanamh ar nithe simplí agus baintear úsáid as ‘whatyoucall’ mar ionadaí focail síos tríd an téacs, mar shampla ar leathanach 19 nó 57. Feictear easpa oideachais na gcarachtar chomh maith nuair a bhíonn siad dá gceistiú faoi litriú focal fiú. Ar leathanach 34, bhí Pato ag streachailt le litriú an fhocail ‘gangerman’ ina litir chuig Maureen. Ar an taobh eile den scéal, cé gur focail shimplí atá in úsáid ag na carachtair ar an iomlán, úsáideann Maureen an focal ‘prerogative’ ag pointe amháin. Athluann Mag an focal céanna chun Maureen a fhreagairt agus cuireann Maureen i leith Mag nach ceart di focal mar sin a úsáid mura dtuigeann sí é (BQL: 17). Is cosúil go gcuireann McDonagh béim ar easpa oideachais na gcarachtar in TLW freisin trí fhocail

sheachtracha a lua ó am go chéile chun an t-iontas nó an mearbhall a bhíonn orthu a thabhairt chun solais:

Coleman: Jurisdiction. I like J-words. Valene: Jurisdiction's too Yankee-sounding for me. They never stop saying it on <i>Hill Street Blues</i> .	TLW	134
Valene: You could've filled a lake with the tears that family cried. Or a russaway at minimum. Welsh (<i>pause</i>): A wha? Valene: A russaway. One of them russaways. Welsh: Reservoir?	"	152

Chun cur leis an bpointe seo, úsáidtear struchtúir thacair (pleonasm) arb ionann é agus úsáid a bhaint as an iomarca focal chun cur síos a dhéanamh ar rud simplí amhail 'you feckin fecker ya.' Deir Fitzpatrick: 'In a reversal of audience expectations that the stereotypical Irish are celebrated for their eloquence and verbal dexterity, however, McDonagh's characters often struggle with language. Especially when referring to any matter even vaguely related to human sexuality ...' (Fitzpatrick, 2007: 32). Anuas air sin, úsáideann McDonagh focail mhaslacha nó téarmaí nach mbeadh ag teacht le dea-bhéas agus dea-nós na linne chun aineolas na gcarachtar a chur in iúl. In TLW, feictear téarmaí amhail 'darkies', 'Pakies', 'Paki-men' agus 'virgin fecking gayboy'. Mar threisiú ar easpa oideachais na gcarachtar freisin, úsáideann Valene an focal 'unbare' cé go míníonn Welsh nach ann don fhocal sin sa Bhéarla. Ar an dóigh chéanna leis na drámaí eile, snaidhm eile i bhfoclaíocht TCOI is ea simplíocht chaint na gcarachtar. Ní úsáidtear focail mhóra sa dráma ar an iomlán ach pé uair a úsáidtear focal 'mór' nó ardréime sa chaint, déantar tagairt dó. Mar shampla, deir Billy: 'Ah, it only takes a minute to buy Fripple-Frapples sure. Is that a fair comparison?' agus freagraíonn Eileen é: 'Don't you go big-wording me when you know you're still in the wrong' (TCOI: 403). Ar leathanach 406, déanann Billy trácht ar

‘Avenues’ agus deir Eileen: ‘It’s always big talk when from America they return.’ Ar leathanach 414 amhail is gur masla a bhí á rá ag Billy, déanann Billy leithscéal le Helen as an bhfocal ‘evidently’ a úsáid.

Anuas ar na focail shimplí, úsáidtear focail Ghaeilge anseo is ansiúd sna drámaí trí chéile:

ceilidh (céilí)	BQL	4
gasur (gasúr)	"	39
gob (béal)	TLW	131
poteen (poitín)	"	172
gasur	"	169
gosawer ¹⁰⁰	TCOI	338
praitie (prátaí)	"	350

Ina theannta sin, úsáidtear an iarmhír ‘-een’ nó ‘-ín’ go forleathan sna drámaí, rud a thagann ó struchtúr Gaeilge chun díspeagadh nó laghdach a chur in iúl, mar shampla in TLW: ‘Girleen’, ‘biteen’, ‘poteen’, ‘feasteen’, ‘vol-au-vonteen’ agus ‘chaineen’. I gcás TCOI, feictear focail amhail ‘biteen’, ‘poteen’, ‘plankeen’, ‘noteen’, ‘tripeen’, ‘boxeen’ agus ‘loafeen’.¹⁰¹

Chomh maith leis na focail Ghaeilge, baintear úsáid as brandaí nó focail chomhaimseartha sna drámaí, amhail, ‘Complan’, ‘Kimberly biscuits’, ‘Cup-a-Soup’ nó ‘swingball’ i gcás BQL. Ar an dóigh chéanna déantar tagairtí do ‘Ker-Plunk’, ‘Spiderman’, ‘vol-au-vents’, ‘*Women’s Own*’, ‘Taytos’, ‘McCoys’, ‘*Alias Smith and Jones*’, ‘*Take a Break*’ agus neart eile in TWL. In TCOI, déantar trácht ar neart nithe sa domhan mór freisin ach

¹⁰⁰ Is litriú difriúil é seo i gcomparáid le BQL agus TLW ‘gasur’.

¹⁰¹ I gcás Bhéarla na hÉireann, áitíonn Kallen go bhfuil ‘word-internal code-switching’ coitianta chun an laghdach ‘-ín’ a úsáid sa Bhéarla (Kallen, 1994: 183).

sa chás seo ní fheictear iad mar fhocail chomhaimseartha ach mar thráchtanna ar dhomhan nach mbaineann Inis Meáin leis, .i. ‘Hollywood’, ‘Fripply-Frapple’, ‘Mintios’, ‘Yalla-mallow’, ‘Chocky-top Drops’ nó ‘avenue’.¹⁰²

I ndáil leis na haistriúcháin, coinníonn Ó Conghaile na tagairtí sin don domhan taobh amuigh seachas iad a dhéanamh níos gaelaithe nó a aistriú go hionstraimeach. Cé nach mbeadh gach tagairt sa liosta sin ar eolas ag an bhfaighteoir, d’fhéadfaí iad a thuiscint i gcomhthéacs an dráma féin.

Réamhghlacana agus tagairtí Éireannach agus idirnáisiúnta sna focail		
Complan	BÁL	71
Kimberleys	"	93
Bugs Bunny	"	33
<i>Hill Street Blues</i>	UAU	14
Taytos	"	19
St. Angela’s	"	18
McCoys	"	27
Ripples	"	"
<i>Alias Smith and Jones</i>	"	41
<i>Take a Break</i>	"	70
Honey Nut Loops	"	71
<i>Freeman’s</i>	"	75
Spiderman	"	89
Ker-Plunk	"	88
Hollywood	CIM	203
Yalla-mallows	"	209
Chocky-top	"	211

¹⁰²Féach ‘Feidhm eispriseach’ i Rannán 1.3.

In ainneoin dheathoile an Choiste Téarmaíochta, is minic a úsáidtear téarmaí Béarla i gcaint na ndaoine chun cur síos a dhéanamh ar ghnáthrudáí an tsaoil agus feictear é sin go forleathan trí na drámaí. Cé go gcloistear a macasamhail á húsáid go fairsing i nGaeilge na linne, coinníonn úsáid na bhfocal Béarla seo nádúrthacht chaint iarthar na hÉireann sna drámaí de bharr gurb í sin an chaoi a labhraíonn muintir na gceantar seo ar an iomlán. San agallamh pearsanta le Ó Conghaile, chuir sé in iúl go mbaineann an ghné seo go dlúth le Gaeilge bheo chomhaimseartha Chonamara agus cé go bhféadfadh úsáid focal Béarla cur as do chainteoirí Gaeilge eile lasmuigh de Chonamara, dúirt sé go dtuigfeadh muintir Chonamara, atá eolach ar úsáid na teanga, an ghné sin agus go luífeadh sé go mór leis an nGaeilge nádúrtha sa cheantar sin. Dúirt sé féin go bhfuil sé ráite aige arís is arís eile go mbíonn sé sásta focail Bhéarla a shní isteach i scéalta agus drámaí má mheasann sé go gcuirfidh sé le barántúlacht na gcarachtar (Ó Conghaile 2020, agallamh pearsanta, 11 Nollaig).¹⁰³ Arís, tagann sé sin le hathghabháil na Gaeilge ar leibhéal níos mionsonraithe de bhrí go mbaineann an teanga sa dráma seo agus na drámaí eile le Gaeilge nádúrtha atá beo agus ar le muintir ar leith í. Maíonn Ó Conghaile go bhfuil an ghné seo ceangailte le ‘barántúlacht na teanga’ agus go meallann an cineál seo Gaeilge an ghlúin atá ann anois chuig an drámaíocht. Agus é ag caint faoi úsáid focal Béarla ina chuid drámaí, in alt eile dúirt Ó Conghaile:

Bhí na focail Bhéarla in úsáid againn sa nGaeltacht i dtosach chomh maith le gach áit eile sa tír. Buaileann siad an t-éisteoir Conamarach nó Gaeltachta idir an dá shúil lom láithreach murab ionann is na leaganacha Gaeilge a bhíonn dhá shoicind

¹⁰³ Lasmuigh de na drámaí aistrithe sa tráchtas seo, seans gur féidir an dráma *Jude* le Micheál Ó Conghaile a chur sa chatagóir seo chomh maith mar léargas ar úsáid chros-síolraithe an Bhéarla. Le haghaidh tuilleadh faisnéise air seo, is fiú féachaint ar ‘Ó Dhaoirse go Saoirse: Staidéar Téacsúil Aiteach ar Dhrámaí Mhichíl Uí Chonghaile’ le Mac Risteaird, 2023.

nó trí moille ag priocadh na hintinne. Má tá éisteoir báite i scéal beo an dráma níl an dá nó an trí soicind sin aige leis an bhfocal agus a impleachtaí a chlárú ina intinn. Maolaítear faobhar agus cumhacht an dráma dá réir, creidim. Ar ndóigh ní gá gurbh amhlaidh a bheadh an scéal ar chor ar bith ag Gaeilgeoirí a d'fhoghlaim an teanga ina ndaoine fásta. (Ó Conghaile, 2015: 119).

Mar shampla de sin, luann Ó Conghaile 'AIDS', 'cancer' nó 'T.B.' de bhrí go bhfuil 'na focail Bhéarla úd níos cumhachtaí, níos scanrúla agus níos pianmhaire ná na haistriúcháin Ghaeilge i sícé an chainteora Gaeltachta' (Ó Conghaile, 2015: 118). Seo thíos samplaí den fhoclaíocht Bhéarla sna drámaí:

Focail Bhéarla sna haistriúcháin		
aftershave	BÁL	29
handouts	"	13
drains	"	50
news	"	58
do (cóisir)	"	60
home (teach cúraim)	"	82
breakdown	"	52
nut-house	"	"
Yank	"	46
Australian	"	18
wine gums	"	76
swingball	"	67
cowboy	UAU	87
superglue	"	103
statues	"	102

news	"	69
brain-damaged	"	85
nuns	"	84
alcoholic	"	9
vol-au-vent	"	10
bacterial tonsillitis	"	90
fibreglass	"	11
brains	"	17
stove	"	24
sex appeal	"	29
hypocrite	"	33
virgin	"	35
balance	"	68
cailín backward	CIM	197
a bheith stuck leis	"	198
bloody piseannaí	"	207
i bparcel	"	209
choir practice	"	211
Jeebies	"	218
breed	"	225
cripples ¹⁰⁴	"	227
bored	"	229
peelers ¹⁰⁵	"	230
liver	"	237
brain tumour	"	239

¹⁰⁴ Ní mór a lua go luaitear ‘cripil’ sa téacs chomh maith agus go n-úsáidtear ‘Cripil’ i dteideal an dráma féin. Seans gur neamhréir atá ann nó go bhfuil an focal ‘cripples’ níos láidre i gcomhthéacs an pháosa seo ar lch 227.

¹⁰⁵ Úsáidtear ‘polis’ sa tríológ eile chun tagairt a dhéanamh do phoilíní.

polio	"	"
grievous bodily harm	"	240
grievous headily harm ¹⁰⁶	"	"
cancer	"	241
screen test	"	253
fortune	"	251
alcoholic ¹⁰⁷	"	254
TB	"	274
omelettes	"	275
donkey	"	277

Maidir leis na maslaí ó na bundrámaí, ceann de na béimeanna is ea an droch-chaint agus coinnítear formhór na cainte seo mar aon leis na maslaí céanna sa leagan Gaeilge. Mar shampla, i gcás UAU tá ‘Mr statues man’, ‘gobshites’, ‘feckers’, ‘darkies’, ‘Paki’, ‘stool-pigeon’ nó ‘sissy’. Maidir leis an masla ‘gayboy’, ámh, úsáideann Ó Conghaile an leagan Béarla mar aon leis an leagan Gaeilge ‘piteog’ in áiteanna éagsúla sa téacs, rud a fhágann go bhfuil an t-aistriúchán Gaeilge i gcás an fhocail seo róshocraithe (overdetermined) de bharr go bhfuil dhá leagan in úsáid.

Anuas air sin, is minic a úsáidtear an iarmhír ‘-áil’ chun briathar Béarla a aistriú go Gaeilge agus is cleas coitianta é in iarthar na hÉireann an struchtúr seo a úsáid sa ghnáthchaint. Cé nach nós nua é seo, maíonn Ó Conghaile go mbaineann an ghné seo den chaint go láidir le Gaeilge bheo Chonamara.¹⁰⁸ Chuir sé in iúl, áfach, go bhféadfaí dul thar fóir leis

¹⁰⁶ Is cliste an rud é ‘headily’ a choinneáil as Béarla sa leagan Gaeilge toisc go gcoinníonn sé an greann ón mbuntéacs.

¹⁰⁷ Cé go bhfuil focal caighdeánach don fhocal seo, agus d’fhocail eile ar an liosta seo ar ndóigh, tá níos mó cumhachta ag an bhfocal ‘alcoholic’ ná mar atá ag ‘alcólach’.

¹⁰⁸ Feictear samplaí den ghné seo ag dul chomh fada siar le seanmóirí Uí Ghallchóir a foilsíodh in 1736, mar shampla.

seo agus bheadh tuiscint mhaith inmheánach ar Ghaeilge Chonamara ag teastáil chun a leithéid a sheachaint agus an teanga a choinneáil nádúrtha. Bhí cuimhne aige ar leaid óg a dúirt ‘deadáilte’ ach cé gur tuigeadh é i gcomhthéacs, bheadh sé sin ábhairín iomarcach agus bheadh cluas ghéar ag Ó Conghaile don chineál sin tuaiplise. Tagann an pointe seo ar ais chuig athghabháil na Gaeilge ach ar bhealach níos mionchúisí. Baineann sé le saineolas an aistritheora mar shaineolaí traschultúrtha chun barántúlacht theanga an aistriúcháin a choinneáil cruinn i gcomhthéacs Gaeilge nádúrtha Chonamara. Deir Ó Conghaile: ‘Déanann sé an carachtar níos beo i súile an phobail. Is dráma maith ar stáitse atá uait; ní ceacht Gaeilge’ (Ó Conghaile 2020, agallamh pearsanta, 11 Nollaig).

Briathar EN agus ‘(e)áil’		
murderáil	BÁL	15
beggáil	"	14
gallivantáil	"	28
clobberáil	"	67
chargeáil	UAU	19
beateráil	"	31
staggeráil	"	32
traimpeáil	"	46
snigeáil	"	84
dribbleáil	"	81
betáil	"	76
actáil	CIM	203
filmeáil	"	212
gallivantáil	"	245
skineáil	"	255

feedáil	"	290
watcháil	"	297
spitteáil	"	298
misseáil	"	299
wonderáil	"	330

I gcás ‘wonderáil’, ‘feedáil’, ‘actáil’ agus ‘misseáil’ mar shampla, cé go mbaineann siad le Gaeilge chomhaimseartha Chonamara, is féidir a rá go gcabhraíonn siad le luas an dráma féin freisin de bharr go bhfuil na leaganacha caighdeánacha i gcás na mbriathra seo, agus briathra eile sa dráma, rófhada agus chuirfidís isteach ar rithim an dráma dá n-úsáidfí iad. Mar shampla, ‘to miss someone’ — ‘duine a bhrath uait’; ‘to feed someone’ — ‘bia a thabhairt do dhuine éigin’; ‘to wonder’ — ‘a bheith ag déanamh iontais de rud’; ‘to act’ — ‘aisteoireacht a dhéanamh’. Thuigfí don aistritheoir a cheapadh go bhfuil leaganacha caighdeánacha na mbriathra seo ábhairín róthrom i dtaca le luas a choinneáil le dialóg bheo i ndráma.

Ag leanúint ar aghaidh leis an bpointe sin, feictear códmheascadh i measc na gcarachtar chomh maith mar a dtosaítear abairt i nGaeilge agus a gcríochnaítear as Béarla í nó cuirtear struchtúr gramadaí na Gaeilge i bhfeidhm ar na focail Bhéarla.

Códmheascadh		
sean-Yanks	BÁL	46
seanamhrán creepy	"	41
deargbhastard	"	64
bímse fed-up	"	92
giúmar crazy	"	79

do bhloody tórramh	"	29
mórán time	"	90
knickers-sa	UAU	19
seanpiggy-bank	"	32
drochexperience	"	86
ceapairí jam	"	80
deargspite	"	88
seanfecker	CIM	242
fecking eej	"	243
don bhitch sin	"	251
Helen Sleamhain	"	302

Lena chois sin, cuireann Ó Conghaile cúpla tagairt ina gceart chomh maith. Déanann McDonagh iarracht teanga ghaelaithe Bhéarla na hÉireann a úsáid ó am go chéile agus aistríonn Ó Conghaile an teanga seo ar bhealach atá rí-nádúrtha sa Ghaeilge féin. Feictear é seo in BÁL i gcás ‘beagáinín’ (biteen), ‘leaidín’ (ladeen), ‘fataí’ (praitie), ‘gasúr’ nó ‘Teach an Chéilí’ (Ceilidh Time). Déanann Ó Conghaile formhór na dtagairtí Gaeilge in TLW a chur ina gceart chomh maith san aistriúchán, focail amhail, ‘claib’ (gob), ‘beagáinín’ (biteen), ‘poitínse’ (poteen), ‘gardaí’ (polis) nó ‘gasúr’ (gasur). Ar an taobh eile den scéal, déanann Ó Conghaile dúchasú de shaghas éigin ar fhocail áirithe a bhfuil cuma na Gaeilge orthu ach a fhuaimnítear amhail is gur Béarla atá iontu, .i. ‘scimpí’ (skimpy), ‘péartaí’ (party) nó ‘húr’ (whore) (i gcás BÁL) nó ‘bleaics’ (blacks) (CIM, 228). Anuas ar mhúnlú na bhfocal Béarla sin, coinnítear scata focail Ghaeilge ó TCOI san aistriúchán, rud a chuireann le hathghabháil na Gaeilge. Mar shampla, ‘gasúr’ agus ‘poitín’. Ní choinnítear tagairtí galldaithe i gcásanna eile, áfach, amhail ‘plankeen’ (‘staic adhmaide’ (CIM: 257)),

‘biteen’ (‘an oiread sin’ (CIM: 206)) nó ‘feasteen’ (féasta beag (UAU: 80)).¹⁰⁹ Chun Gaeilge iarthar na hÉireann a thabhairt chun solais, úsáideann Ó Conghaile struchtúir chanúna i bhfocail áirithe chomh maith in CIM, .i. ‘éicint’ (éigin), ‘inseacht’ (insint) nó ‘tamallachai’ (uaireanta).

Mar a luadh roimhe seo i ndáil leis na bundrámaí, cuirtear béim áirithe ar easpa oideachais nó taithí shaoil na gcarachtar agus is minic a thagann focail áirithe chun cinn a sheasann amach i measc ghnáthfhríotal na ndrámáí. Coinnítear an cleas seo sna haistriúcháin:

Pribhléid — A Mham, ná bí ag úsáid focla móra nach dtuigeann tú.	BÁL	31
Reservoir — Russaway. Ceann de na russaways siúd.	UAU	39
Comparáid! Ná bíodh tusa ag úsáid focla móra nuair atá a fhios a’ d go maith go bhfuil tú mícheart.	CIM	282
“ Avenues ” anois é, mura miste leat!	"	287
De réir dealraimh. Ná bí ag úsáid focla móra liomsa aríst, a Bhillí.	"	293

Pointe spéisiúil amháin eile ó thaobh úsáid na bhfocal de sna téacsanna seo is ea teidil na n-aistriúchán sa Ghaeilge. I gcás UAU, deir Ó Conghaile: ‘Ní aistriúchán díreach é ach tá sé i bhfad níos fileata mar theideal, sílim, agus aimsíonn sé an t-uaigneas scanrúil damanta atá sa dráma féin’ (Ó Conghaile, 2015: 123).¹¹⁰ Cé gur aistríodh formhór an leagain Gaeilge go doiciméadach, feictear in áiteanna mar seo go bhfuil saoirse éigin ag aistritheoirí a stíl féin a chur i bhfeidhm ar an téacs. Sa chás seo, tá an teideal feidhmeach

¹⁰⁹ Coinnítear ‘vol-au-ventín’ sa Ghaeilge toisc gur focal iasachta atá ann ar an gcéad dul síos agus ní bheidh aistriúchán nádúrtha air sin seachas ‘vol-au-vent beag’ nó a leithéid.

¹¹⁰ Ní nós nua é seo san aistriúchán ar ndóigh nó d’fhéadfaí neart samplaí eile den chineál sin a lua. Mar shampla, an leagan Gearmáinise de *An tOileánach* a aistríodh mar *Die Boote fahren nicht mehr aus* (the boats no longer leave), aistriúchán níos láidre a léiríonn go soiléir deireadh ré muintire oileáin.

agus oibríonn sé go héifeachtach i gcomhthéacs na Gaeilge. I gcás BÁL, déantar an teideal a aistriú go doiciméadach toisc go n-oibríonn sé go nádúrtha sa Ghaeilge. Úsáideann Ó Conghaile focal Béarla atá gaelaithe i gcás CIM. Leanann ‘cripil’ coinbhinsiúin litrithe na Gaeilge agus seachnaíonn sé aon droch-fhochiall a bheadh ag a leithéid d’fhocal agus ‘craplachán’ nó ‘cláiríneach’. Ag tagairt do phointe a rinne Nord, i gcás teideal aistriúcháin agus leabhar go ginearálta, tá feidhm thábhachtach acu sa mhéid go bhfuil an chumhacht acu feidhmiú mar chineálacha manaí i gcultúir áirithe. Éiríonn siad ina ‘common knowledge of a community’ agus d’fhéadfaí iad a úsáid chun tagairtí ginearálta a dhéanamh do rudaí nó a chur i gcomparáid le nithe eile. I gcásanna áirithe, d’fhéadfadh sé tarlú go n-éireoidís ina nathanna cainte nó seanfhocail (Nord, 1995: 281).

111

4.8.3 Eiseamláirí den chomhréir sna buntéacsanna agus sna haistriúcháin

In BQL, baintear úsáid ag abairtí gairide agus feictear an-chuid athrá agus paratacsais.¹¹² Bíonn abairtí den chineál seo dromchlach agus ní ligtear mothúcháin a scaoileadh amach, dá bhrí sin. Feictear an cineál seo abairte nuair atá Maureen agus Pato ag caint faoin seal a chaith sí sa ghealtlann, Difford Hall. In ainneoin a achrannaí a bhí an tréimhse sin di, ní deir Pato ach, ‘Put it behind you, you should’ (Castleberry, 2007: 46). Baintear úsáid as abairtí gairide chun mothúcháin éagsúla a chur in iúl ag pointí áirithe sa dráma freisin. Ag tús an dráma, bhí Maureen ag cur i leith Mag gur hipeacoindreach a bhí inti agus go raibh fadhbanna droma agus láimhe aici:

¹¹¹ Chun an pointe sin a threisiú, seans gur féidir an sampla ‘gaslighting’ a úsáid. Úsáidtear an téarma seo go coitianta i mBéarla an lae inniu chun iallach a chur ar dhuine a réaltacht a cheistiú. Is féidir úsáid choitianta an téarma a rianú siar go dtí an leabhar ‘*Gas Light*’ le Patrick Hamilton (1938) nó leis an scannán ‘*Gas Light*’ (1944) le George Cukor. Léiríonn an pointe sin ó Nord go mbíonn cumhacht ag teidil agus go mbíonn tábhacht ag baint le haistriú teideal chomh maith dá bhrí sin.

¹¹² **Ray:** Well, stop saying! (*Sighs. Long pause.*) This house does smell of pee, this house does (BQL: 40).

Mag: Me bad back.	BQL	2
Maureen: Your bad back.	"	"
Mag: And me bad hand.	"	"

Cuireann na habairtí gearra sin in iúl nach bhfuil mórán trua ag Maureen do Mag toisc gur nós le Mag na fadhbanna aici a mheabhrú do Maureen arís is arís eile. Feictear abairtí gearra arís eile ar leathanach 31 agus Maureen ag smaoineamh siar ar an drochthréimhse a chaith sí i Londain: ‘I had to have a black woman explain it to me. Trinidad she was from. They’d have a go at her too, but she’d just laugh. This big face she had, this big oul smile’ (BQL: 31). I measc na n-abairtí gearra agus an pharatacsais, léirítear an ghráin a bhí aici ar an tréimhse ghruama sin. Cuireann na habairtí gearra seo le ton a cainte amhail is nach raibh sí ag iarraidh dul i bhfad scéil leis an gcuid sin dá saol a rá os ard. Níos faide ar aghaidh sa dráma ar leathanach 50, feictear Maureen agus í ag caint faoina turas go Bostún. Arís eile, feictear abairtí gairide anseo ach sa chás seo, cuireann sé sin le fuadar a cainte:

To Boston. To Boston I’ll be going ... He seemed to be nicer to women. Although I haven’t read up on it. Boston. It does have a nice ring to it. Better than England it’ll be, I’m sure (BQL: 50).

Cosúil leis na carachtair in BQL, úsáidtear abairtí gearra go minic in TLW chun easpa solabharthachta i measc na gcarachtar a thabhairt chun solais ó am go chéile:

Where were his friends then? Where was I then? Sitting pissed on me own in a pub. *(Pause)* Rotting in hell now, Tom Hanlon is. According to the Catholic Church

anyways he is, the same as every suicide. No remorse. No mercy on him (TLW: 153).

In TCOI, úsáidtear abairtí gearra agus athrá mar uirlis chun an greann sa dráma a chur chun cinn. Ag tagairt do Dion Clayton Calthrop agus Granville Barker, deir Gerald Weales: ‘And when a thing isn’t really funny, say it twice and it often sounds so’ (Weales, 2000: 26). Ní hé go bhfuiltear á rá nach bhfuil drámaí de chuid McDonagh greannmhar ach is léir go gcuireann sé béim ar theicníc an athrá ina chuid drámaí go léir chun an greann a chur chun cinn. Mar shampla, ag tús TCOI, tá Eileen agus Kate i mbun comhrá agus iad ag trácht ar dhrochlámh Eileen:

Eileen: I banged me arm on a can of peas worrying about Cripple Billy.	TCOI	335
Kate: Was it your bad arm?	"	"
Eileen: No, it was me other arm.	"	"
Kate: It would have been worse if you’d banged your bad arm.	"	"
Eileen: It would have been worse, although it still hurt (TCOI: 335).	"	"

Feictear comhrá leamh eile ach é léirithe mar chomhrá greannmhar ar leathanach 356: ‘That’s a nice boat, that is. A nice boat for a tripeen. And it’s even more nice now that you’ve got it all prepared for yourself. All prepared and ready.’ Ag tagairt don ‘*unité de pensée*’ nó ‘aonad aistriúcháin’, tá an t-athrá seo tábhachtach don bhundráma de bharr go gcuireann sé greann an dráma in iúl. Níos tábhachtaí fós, úsáidtear athrá chun téama an dráma a threisiú leis an ráiteas searbhasach athráiteach: ‘Ireland mustn’t be such a bad place ...’ agus iad tagairt do na Meiriceánaigh, Gearmánaigh, Francaigh, srl. a bhíonn ag teacht chun na hÉireann. Maíonn Lanters go gcuireann an t-athrá seo in iúl gur cineál

tráchtearra é Éire: ‘Because “Ireland” is a commodity, Irish history and culture consist of a set of signifiers — empty phrases and conventions — that can be combined at will, as in a game. Not anchored in any actuality, the phrases and conventions themselves come to stand for “Irishness”’ (Lanters, 2007: 15).

Déanann Ó Conghaile oll-iarracht cloí le struchtúr na cainte sna buntéacsanna agus feictear go mbaintear úsáid as abairtí gairide chomh maith sa Ghaeilge cé nach mbíonn comhréir na Gaeilge chomh gonta leis an mBéarla ó am go chéile:

Meaig: Pian droma.	BÁL	9
Máirín: Pian droma.	"	"
Meaig: Agus mo lámh thinn.	"	"

Níos faide ar aghaidh sa dráma agus Máirín ag smaoineamh siar ar an seal a chaith sí i Sasana, úsáideann sí abairtí gearra chun an chumha ina croí a chur in iúl:

I Sasana a bhí mé nuair a tharla sé. Obair ghlantacháin. Nuair a bhí mé cúig bliana fichead d’aois ... Thall i Leeds a bhí mé, ag glanadh oifigí. Leithris. Slua a’inn ann, ach go mba Shasanaigh uile iad (BÁL: 53).

Is spéisiúil, áfach, go dtiontaíonn Ó Conghaile ar an mBéarla nuair a dhéanann sí tagairtí do na maslaí a bhí á rá ag na Sasanaigh, .i. ‘Ya oul backward feckin Paddy ... The fecking pig’s-backside face on ya.’ Fanann Ó Conghaile go hiomlán dílis don bhuntéacs agus ní athraítear struchtúr na n-abairtí ar dhóigh ar bith. Arís eile, cosúil leis an leagan Béarla, feictear úsáid abairtí gearra i bhfuadar chaint Mháirín níos faide ar aghaidh:

Go Boston. Go Boston a bheas mé ag dul ... Bhí sé níos cineálta le mná. Cé nach bhfuil na leabhair is deireanaí faoi léite fós a'm. (Sos) Boston. Nach deas an t-ainm é. Beidh sé níos fearr ná Sasana. Bí cinnte den méid sin (BÁL: 86).

Cosúil leis an gcaoi ar fhág Ó Conghaile na tagairtí do Shasana as Béarla in BÁL, bhí Ó Conghaile cliste chomh maith maidir le radhairc agus codáin áirithe in CIM a fhágáil sa Bhéarla nó sa Ghaeilge. Mar shampla, coinnítear Radharc a Seacht i nGaeilge de bharr nach raibh McDonagh ag iarraidh go mbeadh na faighteoirí ar an eolas gur ag cleachtadh línte scrípte a bhí Billy seachas ag caoineadh a tíre (Féach CIM: 265). Agus Billí ar ais in Éirinn, déantar tagairt don scrípt sin arís ach tugtar sa Bhéarla í an babhta seo: 'An Irish Man I am, begorradh! With a heart and a spirit on me not crushed be a hundred years of oppression' (CIM: 280). Feictear láithreach ansin go raibh áibhéil láidir i mBéarla scrípt Bhillí agus coinníonn Ó Conghaile an Béarla díreach mar atá sé sa bhuntéacs.

I ndáil leis an ngreann sna drámaí, coinnítear an-chuid bunchleasa ó na buntéacsanna chomh maith. Mar shampla, coinnítear an magadh faoi 'Welsh, Walsh, Welsh' nó is magadh é sin a cheanglaíonn na trí théacs sa tríológ seo le chéile. I gcás UAU, coinnítear an magadh faoin 'Russaway' agus 'Reservoir' sa Ghaeilge agus úsáidtear na focail Bhéarla chun spiorad an mhagaidh a choinneáil sa Ghaeilge. Chomh maith leis sin, coinníonn Ó Conghaile an t-athrá ó na bunleaganacha sna haistriúcháin nó is cuid den ghreann é sin. Sampla maith de sin is ea an comhrá idir Kate agus Helen in CIM maidir leis an 'drochuillinn' ar leathanach 196 nó an comhrá idir Bobby agus Johnny: 'Feicim go bhfuil tú ag réiteach do churach ...' (CIM: 222). Anuas air sin, feictear an t-aonad céille grinn síos trí na drámaí maidir le 'Ireland mustn't be so bad after all', .i. ar leathanach 269

in CIM, ‘Caithfidh sé nach í Éire an áit is measa ar domhan mar sin má tá na siorcanna ag teacht go hÉirinn.’

Tagraítear go minic do ghaireacht chomhréire ó thaobh na Gaeilge de idir na bundrámaí agus na haistriúcháin. Sna chéad samplaí eile, bainfear úsáid as tacar eiseamláireach de línte ó na bundrámaí agus ó na haistriúcháin chun léargas a fháil ar ghaireacht na Gaeilge agus an Bhéarla. Breathnófar ar shamplaí den struchtúr béime, úsáid an réamhfhocail ‘ar’, an aimsir ghnáthláithreach agus samplaí eile. Taispeánfar freisin nach i gcónaí a leanadh an foshruth Gaeilge atá sna bundrámaí sna haistriúcháin ar mhaithe le Gaeilge bheo Chonamara a chur chun cinn. Ina fhianaise sin, in abairtí aistrithe, feictear úsáid an chódmheasctha agus struchtúir atá breá nádúrtha sa Ghaeilge a d’úsáidfeadh muintir na Gaeltachta in iarthar na hÉireann taobh lena chéile mar léiriú ar nádúrthacht theanga an chomhrá. Feictear, áfach, go maolaítear an teanga sa Ghaeilge dá bhrí sin agus go gcailltear gnéithe áirithe ón mbuntéacs seo amhail an greann a thagann le comhréir steiréiticipiciúil Bhéarla McDonagh.

Sa chéad tacar eiseamláirí, feictear struchtúr gramadaí atá comónta go leor sa Ghaeilge chun béim a chur ar chuid áirithe d’abairt, áit ina n-úsáidfí an chopail nó an clásal coibhneasta sa Ghaeilge féin. Tuigtear go bhfuil an chopail in úsáid sa Bhéarla ar bhealach eile, áfach, .i. chun an t-ainmní a cheangal le comhlánú an ainmní in abairt amhail ‘The grass *is* green’, mar shampla, ach úsáidtear ar shlí shainiúil sa Ghaeilge í. Tuigtear, leis, nach struchtúr é seo a ghabhann go hiomlán leis an nGaeilge nó feictear an struchtúr béime seo i dteangacha eile chomh maith, mar shampla an Fhraincis. Leis an méid sin ráite, áfach, tá an struchtúr seo i bhfad níos comónta i gcaint nádúrtha na Gaeilge i gcomparáid le Béarla caighdeánach. I gcás na samplaí roghnaithe thíos, feictear

go mbaineann Ó Conghaile úsáid as an struchtúr seo leath den am ach i gcásanna áirithe, maolaítear an bhéim seo chun Gaeilge níos séimhe a chur chun cinn. Cé gur féidir an struchtúr a mhapáil ar siar ar an mBéarla sna bundrámaí i gcásanna áirithe, seans go raibh gá i gcásanna eile an Ghaeilge a thabhairt níos cóngaraí do labhairt Gaeilge na linne seo i gConamara. Cailítear cuid den áibhéil dá bhrí sin ach déantar Gaeilge níos nádúrtha, b'fhéidir, a shní isteach sna haistriúcháin.

Struchtúr béime / úsáid na copailé					
Isn't it you that has the bad hip?	BQL	10	Nach a'dsa atá an drochchorróg?	BÁL	22
... just a blessed fecking skivvy is all I'm thought of.	"	3	... ach feicin skivvy agus drochmheas orm dá réir.	"	10
... though I tell her several hundred times, the lavvy to use, but oh no.	"	29	... agus atá sé ráite a'm léi é a chaitheamh síos sa leithreas, ach cén mhaith a bheith ag caint.	"	50
Aye, a great oul time me and Pato did have.	"	44	Á, an-time a bhí a'm féin agus ag Pató.	"	77
It's a home for deaf people I'll have to be putting you in soon.	"	43	Is gearr gur isteach in áras do sheandaoine bodhra a chaitheas mé tú a chur.	"	75
Like an alcoholic you paint me as half the time.	TLW	130	Cheapfá gur alcoholic mise, an chaoi a mbíonn tú ag labhairt fúm leath den am.	UAU	9
Intensive care is all she's in now.	"	173	Tá sí san intensive care anois, go díreach.	"	69
Only this morning it came.	"	176	... díreach ar maidin inniu a tháinig sé.	"	75
Oh not a thing am I doing.	"	190	Ó níl rud ar bith beo á dhéanamh a'm.	"	96

Aye, in a minute now I'll come.	"	195	Aye, i gceann nóiméid anois, tiocfaidh mé.	"	103
Never unbare are your cupboards. ¹¹³	"	133	Ní bhíonn do chuid cófraí neamhfholamh ariamh.	"	13
Not at all am I coming.	"	151	Diabhal mo chos, muis, ná baol orm.	"	37
A hundred dollars a week he's on ...	TCOI	342	... agus é ag fáil céad dollar sa tseachtain ...	CIM	204
An accomplice that makes ya ...	"	363	Fágann sé sin go mbeidh tú páirteach sa gcoir freisin.	"	230
Oh it's in a bad way the chest of me is tonight ...	"	391	Tá mo chliabhrach i ndroch-chaoi anocht ...	"	266
In a minute I'm coming.	"	399	Beidh mé amach faoi cheann nóiméad.	"	278
At home she is.	"	409	Sa mbaile.	"	291
Tis only to sleep it is that I am going.	"	391	Nílím ach ag dul a chodladh.	"	267

I ndáil leis an dara tacar eiseamláirí, ceann de na comharthaí is mó a thagraíonn don Ghaeilge i mBéarla na mbundrámaí ná úsáid na haimsire gnáthláithrí ar bhealach a chuireann bunstruchtúr gramadúil na Gaeilge in iúl i gcaint na gcarachtar. I gcás 'do 'be' agus 'does be', déanann Kallen iad a chatagóiriú mar 'Inflected *do*', 'Inflected *be*', 'Inflected *do plus be*', 'Inflected *do plus be with auxiliary be*' agus 'Inflected *do plus be with copular be*' (Kallen, 1994: 181). Sna heiseamláirí seo a leanas, feictear go gcoinnítear an struchtúr seo den chuid is mó ach i gcásanna eile, baintear úsáid as an aimsir fháistineach nó chaite, rud a mhaolaíonn an Ghaeilge sna haistriúcháin.

¹¹³ Coinníonn Ó Conghaile an tagairt d'easpa oideachais Veailín anseo chomh maith toisc nach bhfuil a leithéid d'fhocal agus 'neamhfholamh' sa Ghaeilge chaighdeánach.

An aimsir ghnáthláithreach					
Doesn't time be flying.	BQL	11	Nach n-imíonn an time ag flyáil.	BÁL	23
Turn it off, so, if the news isn't on. That's all I do be waiting for.	"	37	Cas de é, mar sin, mura bhfuil an news air. Sin uile a mbím ag fanacht leis.	"	66
And the hot water too I do be scared of. Scared I may scould meself.	"	2	Ach an t-uisce te, bím scanraithe roimhe. Scanraithe go mb'fhéidir go scalfainn mé féin.	"	9
I'll have to be getting driving lessons.	"	9	Caithfidh mé ceachtanna tiomána a fháil.	"	20
Valene does be a biteen tight with his money.	TLW	130	Bíonn Veailín beagáinín teann lena chuid airgid.	UAU	9
Me brother Valentine does be living in his own little dream-world.	"	172	Bíonn mo dheartháir Veailín ina chónaí istigh i saol beag lán dá chuid brionglóidí féin, in éineacht leis na gealbhain ...	"	69
... a fella never had a bad word to say about anybody and did his best to be serving the community every day of his life ...	"	150	... fear nár chaith anuas ar aon duine ariamh agus a rinne a dhícheall freastal ar an bpobal chuile lá ariamh ...	"	36
Well was that a nice thing to be saying?	"	155	Bhuel, nach deas an rud é sin le rá?	"	43
I'll have to be doing more tests.	TCO I	408	Caithfidh mé tuilleadh teisteannaí a dhéanamh.	CIM	289
Isn't he grown up and travelled enough now to be hearing?	"	412	Nach bhfuil an domhan siúlta anois aige agus é sách fásta lena chloisteáil?	"	294

Sna heiseamláirí sa chéad tábla eile, feictear samplaí eile atá inspéise ó thaobh na Gaeilge de chomh maith. Déantar trácht ar an bhfeiniméan sa bhosca nótaí sa cholún ar dheis.

Eiseamláirí eile inspéise						Nóta
Me mother does love this oul song.	BÁL	23	Is breá le mo mháthair an seanamhrán sin.	"	40	I gcás na habairte seo, feictear úsáid na feidhme treise (emphatic function) chun béim a leagan ar chuid áirithe den abairt. Le haghaidh tuilleadh plé air seo, féach (Kallen, 1994: 180).
... there was nothing on me chest at all ...	TCOI	340	... nach raibh tada ar mo chliabhrach ...	CIM	201	Úsáidtear ‘on’ anseo ar nós úsáid na Gaeilge, .i. tá slaghdán orm nó tá póit orm. I gcás úsáid ‘on’ i mBéarla na hÉireann, deir Kallen gurb ionann an cineál seo úsáide agus ‘a dative of disadvantage’, .i. ‘What’s on you’ = ‘What’s the matter with you?’ (Kallen, 1994: 180).
And I’m sorry for using ‘evidently’ on ya.	"	414	Agus tá brón orm ach an focal "de réir dealraimh" a úsáid ort.	"	296	"
With a decent heart on him.	"	390	Le dea-chroí.	"	265	"
Don’t pander to him.	"	341	Plámás.	"	203	Éiríonn le Ó Conghaile gontacht na Gaeilge a thabhairt isteach anseo le ráiteas aonfhoclach ‘plámás’ a oibríonn go héifeachtach san aistriúchán.

She'd kiss a bald donkey.	"	337	Phógfadh sí asal maol.	"	198	Coinníonn Ó Conghaile an fheidhm thagrach a luadh sa chéad chaibidil sa chuid is mó de na haistriúcháin. Arís eile, is léiriú a leithéid sin ar ghaireacht an dá theanga agus ar athghabháil na Gaeilge, dá bhrí sin.
You'd see nicer eyes on a goat.	"	"	... bheadh súile gabhair níos deise.	"	"	"
... bore the head off a dead bee.	"	341	... go gcuirfeadh 'sylum ar bheach chaillte.	"	203	"
And me pregnant on top of it.	TLW	140	Agus mise leagtha suas sa mullach ar an méid sin.	UAU	35	Thapaigh Ó Conghaile an deis chun saibhreas na Gaeilge a instealladh san aistriúchán ach ag an am céanna, bunbhrí an bhuntéacs a choinneáil slán freisin.
I batted a big eye.	"	150	Chuir sé isteach ormsa go mór.	"	36	"
He's a lube.	"	160	Níl ann ach asal.	"	50	Baintear úsáid as masla níos comónta sa Ghaeilge seachas 'lube' nach bhfuil mórán bunúis aige sa Ghaeilge.
She wouldn't take her chaineen back at all. She wouldn't hear tell of it.	"	182	Ní thógfaidh sí a slabhra ar ais ar chor ar bith. Ar ór ná ar airgead.	"	83	Éiríonn le Ó Conghaile saibhreas den scoth a thabhairt isteach anseo, rud nach bhfuil sa bhundráma dáiríre.

4.9 Plé ar athghabháil na Gaeilge mar skopos i saothair aistrithe McDonagh

Sna rannáin roimhe seo, baineadh úsáid as anailís mhúnlaith, ar cuireadh síos air sa chaibidil ar an modheolaíocht, chun iniúchadh ginearálta leathan a dhéanamh ar shaothair McDonagh agus a n-aistriúcháin chun dúshraith an rannáin seo a leagan síos. Is é aidhm an rannáin seo, dá bhrí sin, tógáil ar na rannáin roimhe seo i gCaibidil 4 agus anailís níos doimhne agus níos mionsonraithe a dhéanamh ar athghabháil na Gaeilge mar skopos sna haistriúcháin. Rachfar trí na codanna éagsúla den anailís agus déanfar plé orthu arís eile le fócas níos géire ar ghné athghabháil na Gaeilge. Tagrófar ar dtús do thuairimíocht litríochta agus léirmheastóireachta mar gheall ar ghné athghabháil na Gaeilge i gcás saothair McDonagh chun cur leis an bplé trí chéile.

Is doiligh cur síos beacht a dhéanamh ar shaothair McDonagh ar an iomlán nó, mar a luadh roimhe seo faoi réimse an fheidhmiúlachais, is ionann líon na léamh ar théacs agus líon na bhfaighteoirí féin. Luann Lanters gur cheap bean áirithe i ndiaidh di an dráma a fheiceáil go raibh an léiriú ar na hÉireannaigh ciníoch. I léirmheas eile le Richard Harris, rinneadh cur síos ar BÁL mar, ‘Irish cliché after Irish cliché’ (Lanters, 2007: 9). Deir Lanters féin, ‘This Ireland is a stereotype built around traditional clichés, a throwback untouched by even the feeblest of Celtic Tigers’ (Lanters, 2007: 215). Agus é ag trácht ar dhrámaí McDonagh i gcoitinne, úsáideann Grene an téarma ‘Black Pastoral’ (2000a: 68) chun fonóid a dhéanamh faoi aon fhonn a bheadh ar dhuine filleadh ar íomhá idéalaithe d’iarthar na hÉireann i saothair McDonagh. Is é atá i gceist ag Grene ‘that “Pastoral” concerns an idealized place of origin, while “Black Pastoral” mocks the very desire to go back to that origin’ (Castleberry, 2007: 44). Mar léiriú níos intleachtúla ar shaothair McDonagh, tá John Peters den tuairim go seasann ‘conscience and self-examination’

amach mar théama lárnach agus, dá bharr sin, go meallann na drámaí ceisteanna amhail, 'Who are we as a nation? Have we an identity?' (in Lanthers, 2007: 220). I bhfianaise na tuisceana sin agus íomhá reatha iarthar na hÉireann, maíonn Lonergan go bhfuil cáil ar shaothair McDonagh de bhrí gur breathnaíodh orthu mar léiriú éigin ar 'bhranda' d'Éirinn bunaithe ar dhearcadh ón domhan mór taobh amuigh. Déanann sé comparáid idir bunsaothair McDonagh agus saothair eile a shamhlaítear leis an imeall amhail saothair sa Ghaeilge féin nó saothair Bhéarla, fiú; drámaí le Tom Murphy, mar shampla, a bhfuil tuiscint ar leith ag teastáil ón bhfaighteoir bunaithe ar '[the] audiences' appreciation for a range of references that are specific to Ireland' (Lonergan, 2007: 170). Tagann McDonagh i dtír ar choincheap an hibridithe chun íomhá réamhcheaptha d'Éirinn a mheascadh le béim níos mó ar an bplota agus ar charachtracht sheasmhach (Lonergan, 2007: 170). De bhreis ar an míniú áirithe seo ar 'hibridiú', pléadh le cineál eile hibridithe roimhe seo a tharraingíonn ar smaointeoireacht Nic Eoin i gcás na Gaeilge agus Bhéarla na hÉireann. Maíonn sí nach féidir modh critice a chur i bhfeidhm ar litríocht na Gaeilge gan na pointí éagsúla seo faoi theanga, féiniúlacht, agus cultúr a admháil (Nic Eoin, 2005: 322):

- 1) gur i suíomh teagmhála teangacha atá litríocht na Gaeilge á saothrú le fada an lá agus gur i gcomhthéacsanna sóisialta ina bhfuil an dá theanga á n-úsáid agus á measadh atá formhór de phobal na Gaeilge ag feidhmiú;
- 2) gur teanga í an Ghaeilge chomhaimseartha a léiríonn go leor de chomharthaí sóirt teanga atá i mbaol a báis agus gur básaithe a bheadh sí cinnte murach tacaíocht leanúnach an stáit — dá easnamhaí í sin dar le go leor — ó na fichidí ar aghaidh;
- 3) gur láidre ná riamh stádas an Bhéarla mar theanga dhomhanda.

I bhfianaise phointe a haon agus a trí go príomha, ní mór a bheith feasach ar ghné chomhaimseartha na Gaeilge i gcomhthéacs litríocht na Gaeilge mar theanga hibridithe a raibh tionchar ón domhan mór agus ón mBéarla go tréan uirthi i dtreo dheireadh an 20ú haois. Dá bhrí sin, ní féidir glacadh le ‘híonghlaineacht na Gaeilge’ mar léiriú deifnídeach ar athghabháil na Gaeilge i dtéacs ach bheith de shíor ar an airdeall gur imir raon fórsaí seachtracha tionchar mór ar an teanga le 100 bliain anuas lena múnú sa chruth ina bhfuil sí sa lá atá inniu ann. Thuig Ó Conghaile an comhthéacs sin agus luadh san anailís roimhe seo cúpla uair gur ag iarraidh Gaeilge chomhaimseartha nádúrtha Chonamara a shní isteach sna haistriúcháin a bhí sé, rud a thug air neart Béarla a úsáid de bhrí gur gné hibridithe ach orgánach í sin i gcaint chomhaimseartha mhuintir na Gaeltachta as a thaithí féin uirthi. Ag tagairt siar do Grene agus Harris, tapaíodh an deis sna haistriúcháin Ghaeilge an dá eilimint seo a chomhcheangal lena chéile, .i. dráma a bhí spráúil agus greannmhar ach, ag an am céanna, dráma a bhí inchreidte i gcomhthéacs chultúr agus shaol iarthar na hÉireann, ‘Bhí sé an-inchreidte mar ábhar. Bhí sé spráúil, greannmhar agus bhí gach cineál ruda a theastódh ó dhráma maith, go háirithe a thaitneoidh leis an ngnáthphobal’ (Ó Conghaile 2020, agallamh pearsanta, 11 Nollaig). D’admhaigh Ó Conghaile gur athghabháil de shaghas éigin a bhí á déanamh aige agus na drámaí seo a n-aistriú go Gaeilge aige. Ag tagairt siar do thuairimí Lonergan, is féidir gur ag iarraidh éalú ó dhrámaíocht imeallaithe na Gaeilge féin a bhí Ó Conghaile nuair a thug sé faoi dhrámaí a aistriú a raibh cáil orthu cheana féin sa Bhéarla. D’oibreodh a leithéid go han-éifeachtach i saol agus i litríocht na Gaeilge de bhrí go mbaineann drámaí McDonagh trí chéile le saol iarthar na hÉireann agus go bhfuil bunchlocha teangeolaíoch na Gaeilge i mBéarla na gcarachtar iontu. Is fiú a lua arís, dá bhrí sin, go mbaineann an pointe seo go dlúth le saineolas an aistritheora agus sa chás seo, go sonrath, lena shaineolas ar iarthar na hÉireann agus Gaeilge chomhaimseartha Chonamara i gcomhthéacs an lae inniu. Mar

phointe comparáide treisiúcháin ar an ngné áirithe seo de chúram an aistritheora, luaigh Ó Conghaile go ndearna sé teagmháil leis an drámadóir, Jimmy Murphy, agus *Kings of Kilburn Highroad* á aistriú aige. Sa chás áirithe sin, bhí fonn ar Ó Conghaile nádúrthacht an téacs a dheimhniú trí ainmneacha na gcarachtar a dhéanamh níos orgánaí agus iad lonnaithe i gConamara. Bhí Murphy breá sásta leis sin agus dúirt sé nár smaoinigh sé rómhór ar na hainmneacha nuair a scríobh sé an dráma. Tríd an teagmháil le Murphy faoin gceist seo, d'éirigh le Ó Conghaile dílseacht a choinneáil leis an drámadóir agus, ag an am céanna, dhearbhaigh sé nádúrthacht sna haistriúcháin Ghaeilge chun an teanga a athghabháil ar bhealach líofa chomh maith do mhuintir na Gaeltachta (Ó Conghaile 2020, agallamh pearsanta, 11 Nollaig).

Deir Ó Conghaile féin go dtéann McDonagh thar fóir leis an léiriú ar íomhá iarthar na hÉireann ach go bhfuil fírinne fós le brath ann ina ainneoin sin. Déanann Cadden tagairt do stiúrthóir thríológ an Líonáin, Evan Hynes, agus an dearcadh a bhí aici nach bhfuil an léiriú atá ag McDonagh ar iarthar na hÉireann fíor in aon chor ach go raibh an dochreidteacht sin ag teastáil ó McDonagh, 'There's this issue about Martin and authenticity — the response that his is not Irish life now and it's not Connemara life. Of course it isn't. It's an artifice. It's not authentic. It's not meant to be. It's a complete creation, and in that sense it's fascinating' (Cadden, 2007: 673). Cé gur fíor an méid sin i bhfianaise bhunleagan na ndrámáí, an féidir a rá gur baineadh barántúlacht as dochreidteacht tríd an teanga féin? Measaim féin go láidir gur féidir agus pléifear an tuairimíocht sin san fhianaise seo. D'éirigh le Ó Conghaile an teanga a athghabháil ar go leor bealaí leis an aistriúchán Gaeilge. San *Irish Times*, dúirt Kiberd gur éirigh le Ó Conghaile luach breise a chur leis an aistriúchán ar BÁL, 'Is it really possible to use Irish to "bring it all back home"? ... the script confirms the suspicion that modern translation, far

from traducing the text, has merely given it some added value' (*Irish Times*, 1999a). Dúradh i léirmheas eile faoi BÁL, 'Micheál Ó Conghaile turned his hand to writing an Irish language translation which would be true of the original and expose the deeper truths and more natural language which lies underneath the McDonagh classic.' San alt céanna, rinneadh cur síos ar an gcaidreamh idir Máire agus Máirín agus an chaoi a léirítear an charachtracht ar bhealach níos nádúrtha sa Ghaeilge (*Donegal News*, 2000). I léirmheas eile san *Irish Times*, maíodh go raibh an leagan Gaeilge níos láidre i gcomparáid leis an mbunleagan. Chomh maith leis sin, ceapadh go raibh aistriúchán Uí Chonghaile níos líofa agus go raibh an charachtracht san aistriúchán Gaeilge níos áitithí dá bhrí sin (*Irish Times*, 1999b). Mar a luadh cheana, mhaígh Delap go raibh teanga an aistriúcháin níos saibhre ar an iomlán i gcomparáid leis an mbunleagan (*Irish Times*, 2002). Is spéisiúil chomh maith in alt ó *City Tribune* go ndéantar cur síos ar McDonagh féin mar scríbhneoir Chonamara amhail is go raibh seilbh á glacadh air a bhuí sin le rath na mbundrámaí in iarthar na hÉireann agus thar sáile (*City Tribune*, 1996b).

I bhfianaise an phlé seo uile, is léir go bhfuiltear den tuairim nach é bunchuspóir shaothair McDonagh íomhá rómánsach d'iarthar na hÉireann a chur chun cinn. Téann téamaí na ndrámáí thar fóir, tá an charachtracht iomarcach, tá plota na scéalta ábhairín neamhréalaíoch agus déantar íomhá iarthar na hÉireann a dhímhíotasú ach, mar a luadh cheana, seans gurb é sin atá de dhíth chun dráma a dhíol leis an bpobal. Ar an taobh eile den scéal, ámh, táthar den tuairim go bhfuil tuilleadh fírinne agus nádúrthachta sna haistriúcháin Ghaeilge agus go mbogtar na drámaí ó leibhéal dromchlach go peirspictíocht níos doimhne ar réaltacht iarthar na hÉireann tríd an nGaeilge a úsáid mar mhodh iompair. Dá bhrí sín, ní hé go n-athghabhtar an teanga *per se* sna drámaí ach go n-athghabhtar na drámaí féin tríd an mBéarla a aistriú chuig cló dúchais na Gaeilge.

Seasann normáltacht agus nádúrthacht amach níos mó sna leaganacha Gaeilge agus, ar bhealach, athraítear na scigdhramaí seo ina méaldramaí. Éiríonn le Ó Conghaile, dá réir sin, osréalachas áibhéalach a mhaolú sna bundramaí chun an dáiríreacht i gcroílár na ndrámáí a chaomhnú tríd an nGaeilge toisc, mar a luadh cheana, go n-oireann an Ghaeilge níos fearr dá leithéid de bhuntéama agus bunghné an Éireannachais. Méadaítear an doimhneacht sna haistriúcháin dá réir sin nó go bhfeileann iontonú, rithim, tuin agus caoineadh na Gaeilge go héifeachtach don fhoshruith anáis a cheiltear sna bundramaí tríd an ngréann agus an áiféis. Lagaítear íomhá an ‘stage Irishman’ mar charachtar atá béalscaoilte agus geabach sa bhunleagan Béarla agus ionadaítear é sin le carachtar atá níos deisbhéalaí agus deaslabhartha sa leagan Gaeilge. Éiríonn na téacsanna níos inchreidte agus níos nádúrtha dá bhrí sin ach cailítear giotaí den ghreann mar chúiteamh ar an athrú stíle nó teicníce seo. Mar threisiú ar chumas Uí Chonghaile nádúrthacht na Gaeilge a instealladh sna haistriúcháin, mhaígh sé gur chomhoibrigh sé leis an bhfoireann amharclannaíochta ar an gcéad dul síos, ní hamháin chun cabhrú le sruth na ndrámáí ar an stáitse, ach chun mothú nádúrtha na Gaeilge a bhaint amach sna haistriúcháin. Ba chainteoirí dúchais iad formhór na n-aisteoirí a bhí ag plé leis na haistriúcháin seo agus chabhraigh an tuiscint a bhí acu ar ionramháil na teanga comhaimseartha le Ó Conghaile dráma nádúrtha a mheallfadh gnáthphobal Chonamara, agus an ceantar mórthimpeall air, chuig dráma suite i suíomh réalafach. Léiríodh carachtair áiféiseacha ach fós inchreidte, agus teanga nádúrtha a labhraítear ar bhealach a suífeadh isteach go compordach le Gaeilge na bhfaighteoirí sa suíomh sin.

Tá baint lárnach idir McDonagh agus Ó Conghaile sa mhéid gur chaith McDonagh cuid dá óige i gConamara agus gurb as Inis Treabhair Ó Conghaile. Tá cur amach tánaisteach ag McDonagh ar an gcuid sin d’Éirinn de bhrí gur chaith sé tamall maith agus é óg ag

éisteacht le muintir na háite agus lena theaghlach féin i Sasana. Cé go bhfuil cuimhní McDonagh ar an gceantar láidir go leor, tá miontuiscint Uí Chonghaile i bhfad níos doimhne de bhrí gur fhás sé aníos ansin agus gurb í an Ghaeilge a mháthairtheanga. Tá saineolas traschultúrtha an aistritheora ríthábhachtach mar d'fhéadfaí a rá go bhfuil Ó Conghaile ag athghabháil na mbundrámaí chun iad a chur ina gcló dúchais trí mheán na Gaeilge ar bhealach nádúrtha, comhaimseartha, réalaíoch agus é ag tarraingt go tréan ar a shaineolas lárnach féin ar an gceantar. I bhfianaise a bhfuil le rá sna léirmheasanna dearfacha san anailís féin, is léir gur éirigh le Ó Conghaile nádúrthacht na Gaeilge a bhaint amach sna haistriúcháin ós rud é gur thaitin siad chomh mór sin leis na faighteoirí in iarthar na hÉireann. Leag Ó Conghaile béim ar bharántúlacht na Gaeilge sa chomhthéacs seo agus mhaígh sé go raibh tuiscint de dhíth i gcás an aistritheora chun an t-éacht sin a bhaint amach ionas nach mbeadh cuma ait ar na drámaí agus go nglacfadh faighteoirí na n-aistriúchán leo go fonnmhar. Is féidir an chuid seo d'athghabháil na Gaeilge a thomhas ar dhá bhealach: 1) Oibríonn an t-aistriúchán go héifeachtach i súile an fhaighteora toisc go n-athraítear an t-aistriúchán ina bhuntéacs nó ina bhundráma. Is cuma faoi sin, áfach, chomh fada agus a éiríonn leis an aistritheoir aistriúchán a sholáthar nach gcuirfidh as don fhaighteoir. 2) Aithníonn na faighteoirí iad féin, ar bhealach, trí aidhm na féin-sainaitheanta sna drámaí, rud a léiríonn gur éirigh le Ó Conghaile athghabháil na Gaeilge a bhaint amach. Is féidir leis na faighteoirí caidreamh a chothú idir iad féin agus a bhfuil ar an stáitse nó sna haistriúcháin, dá réir sin. Feictear chomh maith nach raibh aidhm an oideachais, na bolscaireachta ná an náisiúnachais mar chuid de rún an aistritheora sa chás seo ach oiread toisc go raibh na drámaí dírithe ar chainteoirí dúchais agus líofa seachas foghlaimeoirí nó feachtasóirí na Gaeilge. Baineadh úsáid as cineál Gaeilge a dhíreodh ar fhaighteoirí iarthar na hÉireann a rachadh chun dráma a fheiceáil chun críocha na siamsaíochta. Is gnéithe seachthéacsúla iad seo go léir ach tá

baint lárnach acu le gnéithe intéacsúla na hanailíse chomh maith céanna. Baineann an bhéim ar na cainteoirí dúchais in iarthar na hÉireann le gné sheachthéacsúil ach chun tuiscint níos mionsonraithe a fháil air sin, ní mór súil ghéar a chaitheamh ar an teanga a labhraíonn cainteoirí dúchais sna ceantair seo chun nádúrthacht na Gaeilge sna haistriúcháin a thomhas agus a iniúchadh. Ar an mbonn sin, díreofar anois ar na gnéithe intéacsúla chun an plé go dtí seo a dhaingniú.

Tá nádúrthacht na teanga ríshoiléir sna haistriúcháin Ghaeilge agus cuireann an inchreidteacht agus an bharántúlacht seo le hathghabháil na Gaeilge mar skopos toisc go bhfítear Gaeilge chomhaimseartha Chonamara gan dua isteach sna haistriúcháin. Ó thaobh na hanailíse de, is féidir a oibriú amach, bunaithe ar nádúrthacht na Gaeilge sna haistriúcháin, gur éirigh le Ó Conghaile prosóid na Gaeilge a bhaint amach trí Ghaeilge líofa Chonamara a chur i bhfeidhm sna haistriúcháin. Léiríonn úsáid cheart na prosóide seo athghabháil na Gaeilge de bhrí go ndaingníonn sé nádúr orgánach agus tuin chainte na teanga sna drámaí. Is féidir a mheas gur aistríodh na haistriúcháin Ghaeilge go doiciméadach ar an iomlán ós rud é go dtagann an Ghaeilge sna haistriúcháin go grinn leis an mBéarla sna bunleaganacha. Coinnítear an plota mar an gcéanna agus fanann Ó Conghaile dílis do rún shaothair McDonagh. Coinnítear an greann ón mbunleagan Béarla a oiread agus is féidir leis an athrá a athlua sna haistriúcháin. Cuireann an t-athrá i measc na gcarachtar leis an easpa oideachais atá orthu agus tagraíonn sé don 'stage Irishman' ar bhealach, .i. feictear é seo in BÁL i gcás dhrochuillinn Helen nó an comhrá idir Bobby agus Johnny faoin gcurach a réiteach leis an ráiteas céanna á rá arís is arís eile. Ar scála níos mó, feictear an t-athrá céanna i measc na ndrámaí ar fad leis an ráiteas, 'Ireland mustn't be so bad after all.' Lena chois sin, coinnítear struchtúir thacair chomh maith, .i. 'You feckin fecker ya' a aistrítear mar 'níl ionat ach feicin fecker.' Tagann na pointí seo go

léir le haistriúchán doiciméadach nó go ndearnadh oll-iarracht na buntéacsanna a thabhairt leis an nGaeilge le go n-aistreofaí go dílis iad agus an dílseacht théacsúil a choinneáil leis an nGaeilge chomh maith céanna.

Feictear, freisin, go bhfuil forluí idir an leagan Béarla agus Gaeilge ó thaobh úsáid focal áirithe de, fiú. In BQL, feictear ‘ceilidh’ agus ‘gasur’, in TLW, feictear ‘gob’, ‘poteen’ agus ‘gasur’; arís eile, in CIM, feictear ‘gosawer’ nó ‘praitie’. Ar an gcaoi chéanna, ach ar leibhéal níos minice b’fhéidir, úsáidtear focail Bhéarla sna haistriúcháin Ghaeilge. In BÁL, feictear ‘aftershave’, ‘handouts’ nó ‘drains’. In UAU, úsáidtear ‘statues’, ‘stove’ nó ‘balance’. In TCOI, baintear úsáid as ‘liver’, ‘screen test’ nó ‘fortune’. Gné eile a chuireann an t-aistriúchán doiciméadach in iúl is ea úsáid focal iasachta sna leaganacha Gaeilge, .i. ‘Avenues’, ‘swingball’, ‘yalla-mallows’, ‘Complan’ nó ‘Cup-a-Soup’. Baineann na tagráin seo leis an bhfeidhm eispriseach nó glacann Ó Conghaile leis go mbeidh sé ar chumas na bhfaighteoirí na téarmaí seo a thuiscint bunaithe ar a n-eolas domhanda.¹¹⁴ Coimeádtar mórchuid de na maslaí Béarla sna haistriúcháin Ghaeilge freisin, .i. ‘virgin fecking gayboy’, ‘Pakies’, ‘eej’ agus ‘sean-ghobshiteannaí’ (cé go bhfuil dul na Gaeilge air sa leagan aistrithe). Caomhnaíonn na maslaí seo cumhacht, luas agus rithim na mbuntéacsanna agus oibríonn siad go héifeachtach sna leaganacha aistrithe de bhrí go bhfuil cur amach ag muintir na Gaeltachta ar a leithéid de mhasla agus iad á n-úsáid go cros-síolrach idir Béarla na hÉireann agus an Ghaeilge. Cé gur aistriúchán doiciméadach atá ann, déanann Ó Conghaile roinnt focail ghalldaithe a athdhúchasú agus cuireann sé na focail seo ina gceart, .i. ‘chaineen’ - ‘slabhra’, ‘poteen’ - ‘poitín’, ‘biteen’ - ‘beagáinín’, ‘gasur/gosawer’ - ‘gasúr’.¹¹⁵ Úsáidtear focail amhail ‘loafeen’, ‘plankeen’, ‘tripeen’, nó ‘boxeen’ chun dul chaint na Gaeltachta a chur in iúl sna bundrámaí ach tá roinnt mhaith áibhéile ag baint leis

¹¹⁴ Féach ‘Feidhm eispriseach’ i Rannán 1.3.

¹¹⁵ Féach Kallen, 1994: 180 le haghaidh tuilleadh plé air seo.

sin agus thuigfeadh duine nach n-úsáidfeá focail mar iad sa ghnáthchaint ach amháin má bhí fonóid de shaghas éigin i gceist. Athghabhann Ó Conghaile na focail sin agus cuireann sé cruth níos nádúrtha orthu sa Ghaeilge, .i. ‘bosca’, ‘arán’ nó ‘turas’, agus baintear an scigaitheas ar mhuintir iargúlta na hÉireann dá bhrí sin sna haistriúcháin.

Ar an mbealach céanna, déantar logainmneacha na hÉireann a athghabháil ón mBéarla, .i. An Líonán, An Cheathrú Rua, Cathair na Mart agus Conamara. Léiriú eile ar athghabháil na teanga is ea na réamhghlacana idir na leaganacha Béarla agus Gaeilge de bhrí nach bhfuil tuiscint bhreise ag teastáil ó thaobh fhaighteoírí na n-aistriúcháin toisc go mbaineann suíomh agus taithí na mbunleaganacha leo cheana agus, mar a luaigh Ó Conghaile, tá na drámaí féin ‘dochreidte simplí’. Ar an gcaoi chéanna, coinnítear na feidhmeanna tagracha sa leagan Gaeilge de bhrí go dtuigfeá iad ó na bunleaganacha Béarla, .i. ‘bald donkey’ = ‘asal maol’, ‘nicer eyes on a goat’ = ‘súile gabhair níos deise’, nó ‘bore the head off a dead bee’ = ‘... go gcuirfeadh ‘sylum ar bheach chaillte’. I gcás an natha deiridh, is frása coitianta é i gConamara atá fréamhaithe sa Bhéarla, rud a léiríonn an t-idirphlé agus tionchar na dteangacha ar a chéile. Athghabhatar an teanga anseo toisc go dtuigtear bunbhrí na teanga idir an Béarla agus an Ghaeilge ó thaobh an chultúir de, is é sin le rá go dtuigfeadh duine nach bhfuil súile gabhair deas in aon chor nó go dtuigfeá cén sórt duine atá ann dá bpógfadh an duine sin asal maol gan míniú sa bhreis nó fonóta a chur isteach.¹¹⁶

Pointe eile a bhaineann le hathghabháil na Gaeilge, go háirithe Gaeilge chomhaimseartha Chonamara, is ea an códmheascadh idir an Béarla agus an Ghaeilge. Chonacthas dhá chineál códmheasctha san anailís. Ar an gcéad dul síos, d’éirigh le Ó Conghaile comhréir an Bhéarla agus na Gaeilge a mheascadh gan uaim lena leithéid de fhrása agus, ‘bímse

¹¹⁶ Féach ‘feidhm thagrach’ i Rannán 1.3.

fed-up', 'giúmar crazy', 'do bhloody tórramh', 'ceapairí jam', 'deargspite', 'cailín backward' nó 'gach cineál breed ann'.¹¹⁷ Ar an dara dul síos, d'úsáid Ó Conghaile teicníc chun fréamhacha briathra Béarla a dhúchasú agus cruth gramadaí na Gaeilge a chur orthu, mar shampla, 'murderáil', 'gallivantáil', 'watcháil' nó 'misseáil'. Sna cásanna sin, d'fhéadfaí a cheapadh gur leisce a bhí ann ar thaobh an aistritheora ach baineann na cineálacha fréamhacha dúchasaithe le Gaeilge chomhaimseartha Chonamara (agus le ceantair eile sa tír, go deimhin) agus tá an saineolas ag an aistritheoir iad a chur i bhfeidhm ar bhealach nach dtéann thar fóir. Chomh maith leis sin, baineann roinnt de na samplaí seo le tuiscint an fhaighteora i gcomhthéacs comhaimseartha agus le luas na drámaíochta ar an stáitse agus i bhfoirm chlóite. Lena chois sin, cé go n-úsáidtear neart focail Bhéarla sna haistriúcháin, rinneadh iarracht uaireanta focail áirithe a Ghaelú, .i. 'peartaí', 'húr', 'bleaics' nó 'scimpí'. Ní bhainfeadh na focail sin den taispeántas ar an stáitse de bhrí gur comhainmneacha (homonyms) iad, .i. 'peartaí' vs 'party', agus is beag difríocht a dhéanfaidís i gcás na n-aistriúchán clóite ach oiread. Níl anseo ach sampla eile a léiríonn an chaoi a n-éiríonn leis an aistritheoir nádúrthacht na Gaeilge a fhí isteach sna haistriúcháin agus iad a thabhairt abhaile ar bhealach. Bhí Ó Conghaile in ann giotáí áirithe de chanúint Chonamara a thabhairt isteach sna haistriúcháin chomh maith le leaganacha áirithe ar nós 'tamallachaí', 'inseacht' agus 'éicint'. Cruthaíonn úsáid na mionfhocal seo tuilleadh nádúrthachta i measc na gcarachtar sna drámaí agus iad lonnaithe in iarthar na hÉireann.¹¹⁸

Anuas ar na focail aonair a luadh go dtí seo, déanann Ó Conghaile an chomhréir sna bundrámaí a cheansú ar shlí. Mar a luadh roimhe seo, baintear úsáid as comhréir sna bundrámaí atá bunaithe, ar bhealaí, ar an nGaeilge. Oibríonn an chomhréir seo uaireanta

¹¹⁷ Sampaí tógtha ó na trí dhráma aistrithe.

¹¹⁸ Féach 'aidhm na féin-sainaitheanta' i Ránnán 2.3.6.

ach i gcásanna eile, déantar an áibhéil a mhaolú píos a beag lena cur in oiriúint do Ghaeilge nádúrtha, chaighdeánach. I gcás na mbundrámaí Béarla, úsáidtear an-chuid struchtúir ghramadaí atá coitianta i mBéarla na hÉireann ach is struchtúir iad is féidir a bhunú ar chomhréir na Gaeilge. Téann McDonagh thar fóir leis seo in áiteanna ach i gcásanna eile, is féidir an Ghaeilge a mhapáil siar ar an mBéarla, rud a chuireann athghabháil na teanga in iúl. Úsáidtear struchtúir amhail an aimsir ghnáthláithreach, an clásal coibhneasta díreach agus indíreach, an chopail, an struchtúr béime agus struchtúir shealbhacha ina n-úsáidtear an réamhfocal ‘ar’ sa Ghaeilge chun ‘to have’ a léiriú sa Bhéarla. Cuirtear ‘does be’ agus a leithéid sin in iúl sna bundrámaí Béarla chun Éireannachas/Gaelachas na gcarachtar a chur chun cinn. Cé go gcuireann an méid sin leis an Éireannachas/Gaelachas sna bundrámaí, baineann gné ghramadúil na haimsire gnáthláithrí le teanga nádúrtha sa Ghaeilge agus, dá bhrí sin, feictear go n-aistrítear an abairt bhréag-Éireannach, ‘Valene does be a biteen tight with his money’ go breá nádúrtha mar ‘Bíonn Veailín beagáinín teann lena chuid airgid.’ I gcás na samplaí sa chéad tábla eile, is léir gur féidir an Ghaeilge a mhapáil siar ar an mBéarla den chuid is mó ach, chomh maith leis sin, is léir go ndearna Ó Conghaile an cur i gcéill a bhaint in áiteanna chun nádúrthacht na Gaeilge a chur chun cinn agus an cur i gcéill sa Bhéarla a mhaolú píos a beag.

... though I tell her several hundred times, the lavvy to use, but oh no.	BQL	29	... théis chomh maith agus atá sé ráite a'm léi é a chaitheamh sa leithreas, ach cé mhaith a bheith ag caint.	BÁL	50
Like an alcoholic you paint me as half the time.	TLW	130	Cheapfaí gur alcoholic mise an chaoi a mbíonn tú ag labhairt fúm leath den am.	UAU	9
Oh not a thing am I doing.	"	190	Ó níl rud ar bith beo á dhéanamh a'm ...	"	96
... a hundred dollars a week he's on ...	TCOI	342	... agus é ag fáil céad dollar sa tseachtain.	CIM	204
... in a minute I'm coming.	"	399	Beidh mé amach faoi cheann nóiméad.	"	278
... an accomplice that makes ya.	"	363	Fágann sé sin go mbeidh tú páirteach sa gcoir freisin.	"	230
He said there was nothing on me chest at all but a bit of wheeze ...	"	340	Dúirt sé nach raibh tada ar mo chliabhrach seachas beagán de chársán a bhí orm ...	"	201

Agus an anailís seo ar siúl mar chuid den tráchtas, ba mhór an cuidiú codanna áirithe den iniúchadh chun athghabháil na Gaeilge mar skopos a mheas. Bhí codanna eile ann, áfach, nár eascair toradh chomh fónta céanna ná toradh ar bith astu. I gcás na ngnéithe 'eilimintí neamhbhriathartha', 'leagan amach an téacs', 'meán/cainéal an téacs' agus 'cathain a scríobhadh an téacs', ní léir go raibh siad chomh húsáideach sin mar chuid den phlé sa mhéid gur beag eolas luachmhar breise a d'eascair as an bplé orthu. Mar sin féin, ní féidir a shéanadh gur ghin siad eolas comhthéacs sa bhreis agus tuiscint níos iomláine i dtaca leis an anailís féin. Ní mór a rá go mbaineann bunús chur chuige anailíse Nord le deacrachtaí aistriúcháin i dtimpeallacht oiliúna aistritheoirí trí chéile agus nach iad a bhí iomlán feiliúnach mar chuid de chur chuige an tráchtas seo. Tá tábhacht leis na gnéithe

seo i gcur chuige Nord, áfach, ach is dócha gur fearr a d'fheilfidís do chomhthéacs ina bhfuil oiliúint á cur ar aistritheoirí, go háirithe agus anailís á déanamh ar an gcomparáid idir an buntéacs agus an phróifíl aistriúcháin sa chás go mbeadh treoir an aistriúcháin mar chuid de chur chuige feidhmeach. I gcás na ngnéithe eile 'ábhar an téacs' agus 'inneachar an téacs', d'eascair toradh fóna astu sin de bharr gur sholáthair siad comhthéacsú breise agus gur chuir siad leis an hipitéis gur aistriúcháin dhoiciméadacha a bhí sna haistriúcháin atá faoi scrúdú. Chun críocha an tráchtais seo, cinneadh iad a choinneáil mar chuid den chur chuige anailíse ar ghrá saothar níos iomláine a chur ar fáil agus le nach n-imeofaí rófhada ó obair Nord. Maidir le hathghabháil na Gaeilge mar skopos a mheas, áfach, chaithfí a admháil gur beag toradh a d'eascair as na sé rannán sin ar an iomlán.

In ainneoin nach raibh cuid de na gnéithe a luadh roimhe seo chomh héifeachtach sin san anailís, ní mór a admháil gur oibrigh anailís mhúnlaith Nord chun athghabháil na Gaeilge mar skopos cúlghabhálach a iniúchadh. Má ghlactar leis gurb ionann slat tomhais an tráchtais agus aidhm athghabháil na Gaeilge nó, go raibh athghabháil na Gaeilge mar skopos i gcás na n-aistriúcháin, is féidir a rá gur chomhlíon na haistriúcháin an treoir aistriúcháin cúlghabhálach seo. I réimse an fheidhmiúlachais agus i gcur chuige Nord, is ionann treoir an aistriúcháin agus an ghné a ndéantar an t-aistriúcháin a chur i gcomparáid léi chun a fháil amach ar comhlíonadh critéir na teorach agus chun a dheimhniú gur baineadh aistriúcháin feidhmeach amach bunaithe ar na critéir sin. I gcás na hanailíse seo, is ar athghabháil na Gaeilge a bunaíodh an anailís trí chéile mar chritéar anailíseach agus is léir ó na rannáin mhionsonraithe san anailís féin agus sa phlé roimhe seo gur baineadh an aidhm sin amach. Má scrúdaítear torthaí na hanailíse agus an plé roimhe seo, feictear gur éirigh le Ó Conghaile athghabháil na Gaeilge a bhaint amach ag leibhéal níos cuimsithí, fiú. D'éirigh leis suíomh na mbundrámaí a úsáid chun an Ghaeilge a athlonnú

sna ceantair Ghaeltachta in iarthar na hÉireann, go háirithe Gaeltacht Chonamara, trí chaint na gcarachtar sna bundrámaí a chur ina ceart agus an Ghaeilge a thabhairt ar ais don suíomh, do na carachtair agus do na faighteoirí, bíodh siad ina lucht féachana nó léitheoireachta, de bhrí gur bhain suíomh na n-aistriúchán le suíomh agus saol a raibh cur amach cuimsitheach acu air. Dhearbhaigh an cumas seo i gcás Uí Chonghaile gur ceanglaíodh spéis na bhfaighteoirí agus drámaí aistrithe ina dteanga dhúchais le chéile ar bhealach nádúrtha. Thaispeáin an anailís an chosúlacht, ó thaobh inneachair, ábhair, réamhghlacana, feidhm thagrach, prosóide agus plota de, idir na bundrámaí agus na drámaí aistrithe, gné a léiríonn an dlúthbhaint idir na téacsanna uile. Léiríodh san anailís saineolas an aistritheora na buntéacsanna a thabhairt abhaile agus iad a chur i gcruth a shásaigh faighteoirí na ndrámáí bunaithe ar chritéar na teanga, .i. Gaeilge chomhaimseartha Chonamara an lae inniu. Ceann de na comharthaí seo ba ea canúint Ghaeilge Chonamara a úsáid sna haistriúcháin, rud a chuir le barántúlacht na n-aistriúchán sa Ghaeilge tríd is tríd. Chomh maith leis sin, chonacthas san iniúchadh na cineálacha éagsúla gramadaí agus comhréire i dtaca leis an nGaeilge a bhí le feiceáil ag teacht trí Bhéarla na mbundrámaí agus an chaoi ar éirigh le Ó Conghaile na míreanna Gaeilge sin a athghabháil agus a asbhaint lena gcur in oiriúint sna haistriúcháin Ghaeilge. Chonacthas chomh maith nach i gcónaí a d'oibrí áibhéil na mbundrámaí don Ghaeilge, ámh, agus gurbh fhearr le Ó Conghaile Gaeilge na n-aistriúchán a cheansú nuair ba ghá chun cloí le Gaeilge nádúrtha Chonamara na linne seo. Léiríodh sa litríocht agus sna léirmheasanna, a bhí dearfach ar an iomlán, gur oibrigh na leaganacha Gaeilge go suntasach agus gur baineadh tuilleadh tairbhe, ar an mórgóir, as na haistriúcháin Ghaeilge nach raibh ar fáil sna buntéacsanna.

Ceiliúradh nádúrthacht na Gaeilge sna haistriúcháin cé gur admháodh gur cailleadh cuid den ghreann a bhí sna bundrámaí mar chúiteamh air sin. De bhrí nach critéar é seo a bhí le comhlíonadh mar chuid d'athghabháil na Gaeilge mar skopos, áfach, ní bhaineann sé sin de shlat tomhais na hanailíse seo. In ainneoin gur éirigh na haistriúcháin Ghaeilge níos dáiríre le linn phróiseas an aistriúcháin, ní smál é sin de bhrí go mbaineann an dáiríreacht seo le nádúrthacht na teanga agus, ar bhealach, go gcabhraíonn sé leis an hipitéis gur baineadh athghabháil na Gaeilge amach go héifeachtach bunaithe ar shruth nádúrtha na teanga trí chéile. Dá bhrí sin, nuair a chuirtear gach aon ní san áireamh bunaithe ar na rannáin san anailís agus an plé roimhe seo, is féidir a dhearbú go mbaintear athghabháil na Gaeilge amach mar skopos cúlghabhálach sna haistriúcháin Ghaeilge ar na saothair seo.

Caibidil 5

5 John Millington Synge

5.1 Gnéithe seachthéacsúla — *The Playboy of the Western World, Deirdre of the Sorrows, In the Shadow of the Glen, Riders to the Sea agus The Tinker's Wedding*

Tá John Millington Synge ar dhuine de na drámadóirí is mó le rá, ní hamháin in Éirinn, ach ar fud na cruinne. D'fhéadfaí gach leathanach den saothar seo a líonadh le faisnéis agus tuairimíocht faoina shaol ach chun críocha an tráchtais seo, ní dhíreofar ach ar roinnt de na príomhghnéithe dá shaol agus béim ar leith ar athghabháil na Gaeilge agus aon fhaisnéis a chabhróidh le hipitéis an tráchtais seo a neartú.

Rugadh in 1871 i Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath é. Rinne sé staidéar ar an nGaeilge i gColáiste na Tríonóide; chaith sé seal sa Fhrainc; rinne sé staidéar ar an gceol sa Ghearmáin agus bhí páirt mhór aige i mbunú Amharclann na Mainistreach. D'fhulaing sé ar feadh a shaoil le galar Hodgkin agus fuair sé bás agus é ina fhear óg in 1909. Rinne duine de na cairde is gaire dó, WB Yeats, cur síos air mar 'perfection of personality ... perfection of its surrender' (Féach O'Driscoll, 1972: 160). Mhaígh sé chomh maith go raibh Synge ina 'drifting silent man full of hidden passion, and loved wild islands, because there, set out in the light of day, he saw what lay hidden in himself' (Féach O'Driscoll, 1972: 162). Dar le Yeats ba 'man of the soil' é Synge agus gurbh é sin an fáth ar éirigh leis drámaíocht a chumadh a bhain leis an mbun-eispéireas daonna (Munro, 1972: 229). Anuas air sin, mheas Yeats go raibh Synge 'by nature unfitted to think a political thought' (Féach Greene, 1971: 3). Bhí sé go hiomlán in aghaidh an fhoréigin agus ba shóisialaí seachas náisiúnaí é, cé gur áitigh Corkery go raibh Synge ina náisiúnaí cultúrtha seachas

polaitiúil (Féach Grene, 1975: 11). Dúirt Synge le Maud Gonne go raibh sé in aghaidh náisiúnachas míleatach agus go n-eascródh an saorstát go nádúrtha as scaipeadh an tsóisialachais (Hewitt, 2021: 6). Mar scríbhneoir, léirigh sé nach raibh aon rud i gcoitinne idir scríbhneoirí an Bhéarla agus na Gaeilge ach ‘mothú náisiúnta’ (Kiberd, 1979c: 217). Ní raibh dóchas gan údar aige riamh don Ghaeilge agus chreid sé ‘centuries must pass before the country in general can have assimilated the language perfectly enough to produce anything that has real value as literature’ (Kiberd, 1979c: 219). Dúirt sé gurbh é an t-aon dóchas a bhí ann don Ghaeilge ná í a thabhairt saor ón mbás (Kiberd, 1979c: 150). Agus é ag tagairt do Chonradh na Gaeilge, mhaígh sé nár tuigeadh san fheachtas a bhí ar bun acu ‘any gleam of truth’ faoi staid na Gaeilge in Éirinn (Richards, 2009: 31). Cé nach raibh Synge ar son an Ghaeilge a chaomhnú in Éirinn trí chéile, bhí sé ar son an Ghaeilge a chaomhnú sa Ghaeltacht (Kiberd, 1979c: 216). Mar threisiú air sin, bhí sé glan in aghaidh chur i bhfeidhm an Bhéarla sa Ghaeltacht chomh maith (Titley, 2009: 95). D’amharc sé ar iarthar na hÉireann, na hoileáin agus an Ghaeilge mar acmhainn chultúrtha (Titley, 2009: 97). Ag tagairt dó don Ghaeilge arís eile, chuir sé in iúl: ‘... the Irish language is essential, particularly for any sort of literary worker. It supplies that unknown quantity in us that enables us to transform the English language ...’ (Kiberd, 1979c: 16). Tugann Yeats léargas fíorchuimsitheach ar iarracht Synge tabhairt faoin nGaeilge ar na hoileáin ‘to express a life that has never found expression’ (Féach Kiberd, 1979c: 36). Maítear arís is arís eile gur mhol Yeats do Synge dul chuig Oileáin Árann cé nárbh é sin an t-aon chúis amháin a raibh fonn ar Synge dul chun na n-oileán. Ar an iomlán chaith Synge tuairim is 18 seachtaine ar Oileáin Árann (Kiberd, 1979c: 39). Tuigtear óna chuntais féin gur chaith sé dúthracht le foghlaim na Gaeilge agus gur fhreastail sé ar chúrsaí Gaeilge a bhunaigh Conradh na Gaeilge ar na hoileáin chomh maith (Kiberd, 1979c: 43–7). Thuig Synge nach mbeadh sé de chumas aige scríobh i

nGaeilge agus cé gur cheap sé gur theanga stairiúil de chuid an náisiúin í, níor labhair sé ón gcliabhán í. Thuig sé go mbainfeadh sé lucht leanúna níos mó amach sa Bhéarla dá bhrí sin (Kiberd, 1979c: 198). Mhol Synge Anatole France go hard de bhrí go raibh sé in ann canúint Pháras a ghabháil agus a ionramháil go héifeachtach ina chuid scríbhinní agus is dócha gurbh é sin ceann de na spreagthaí a bhí aige féin tabhairt faoi chanúint Bhéarla na hÉireann (Kiberd, 1979c: 198).

Mar bhall d'Amharclann na Mainistreach, throid sé ar son bhaill Chonradh na Gaeilge san Amharclann agus bhí sé go mór i bhfabhar comhlachtaí drámaíochta taistil Gaeilge a bhunú (Féach O'Leary, 1994: 195 & Kiberd, 1979c: 242). Tháinig Lennox Robinson i gcomharba ar Synge san Amharclann nuair a fuair sé bás in 1909 ach go dtí sin, chothaigh Synge meon dearfach tríd is tríd i ndáil le drámaíocht na Gaeilge (Kavanagh, 1984: 123).

Mar scríbhneoir, file, drámadóir agus scoláire meastar go raibh tionchar aige ar scríbhneoirí amhail O'Casey, Friel, Carr, McDonagh, Beckett, Joyce agus Yeats gan trácht ar go leor eile. Tá oidhreacht ollmhór fágtha ina dhiaidh ag Synge agus pléitear a shaothair go fóill 'in a century-long dialogue which shows no signs of ending' (Roche, 2009: 173).

Léiríonn na blianta de thaighde scolártha ar shaothair Synge nach bhfuil aon chloch gan iompú ag an bpointe seo. Cheangail scoláirí ar fud an domhain rún Synge le neart tuairimí. Mar shampla: an Darwineachas agus an rún a bhí aige saol mhuintir na n-oileán a chur in iúl ar an mbonn ársa agus éabhlóideach sin (Greene, 1975: 3); an spéis a bhí aige i ngnéithe neamhcheansaithe den saol a fhiosrú; an rún chun tuilleadh fiosrú a

dhéanamh maidir leis an bpaindiachas ar na hoileáin (Price, 1965: 16–18); stádas na mban in Éirinn a chur in iúl ar bhealach fírinneach de chéadair i gciall na drámaíochta (Henigan, 2002: 109); dráma a chruthú a bhí in aghaidh na gcoilínithe agus saoirse a thabhairt d'Éirinn ina shaothair (Innes, 2009: 118) agus go leor rúin eile nach iad.

In agallamh le Synge faoi *The Playboy of the Western World*, áfach, dúirt sé go lom, 'I wrote the play because it pleased me, and it just happens that I know Irish life best so, I made my methods Irish' (Kiberd, 1979c: 106). Chuir sé in iúl freisin, 'I follow Goethe's rule to tell no one what one means in one's writings' (Holder, 1988: 527). Agus a chéad dráma, *The Well of Saints*, léirithe aige, mhaígh Synge faoina chéad dráma eile, 'The next play I write, I will make sure it will annoy them' (Kavanagh, 1984: 57). In ainneoin an ráitis sin, léiríonn formhór na faisnéise atá ar fáil nach raibh Synge polaitiúil agus nach bhfuil aon rian den náisiúnachas d'aon ghnó ina shaothair ar an iomlán. Maíonn Henigan arís eile, 'Synge felt strongly about keeping overtly nationalistic statements or sentiments out of his plays, and was skeptical of the nationalist movement in general in both its methods and, to some degree, its goals' (Henigan, 2002: 109). Mar threisiú air sin, d'áitigh Synge:

I do not wish to enter the question which of us may be in the right but I think you will not be surprised to hear that I cannot possibly continue to be a member of a society which works on lines such as those laid down for the *Irlande Libre*. I wish to work in my own way for the cause of Ireland and I shall never be able to do so if I get mixed up with a revolutionary and semi-military movement (Krause, 1994: 77).

Bhí Yeats nach mór den tuairim chéanna, 'The theatre must be a place as sacred as a church, and those who attend it must come not to be preached at but to listen to a poet

explain his vision. Above all, politics must be kept out of the theatre ...' (Kavanagh, 1984: 24).

Mura raibh rún polaitiúil ar intinn ag Synge, áfach, cérbh é fíor-rún an drámadóra? I mbrollach *Playboy*, mhaígh Synge, 'On the stage, one must have reality, and one must have joy ...' (Munro, 1972: 223). Scríobh Synge a shaothar, *The Aran Islands*, roimh a chuid drámaí agus chuir sé in iúl gur chabhraigh an taighde ar Oileáin Árann sa saothar sin leis na bunchlocha a chur síos do chanúint na gcarachtar sna drámaí s'aige (Greene, 1975: 24). Is é seo an cineál réaltachta a theastaigh ó Synge ina chuid drámaí; léiriú a dhéanamh ar shaol nár léiríodh riamh i gceart os comhair lucht féachana na príomhchathrach agus an fhís sin a chur ar an stáitse de chéadair ar bhealach fírinneach, ionraic agus réalaiöch. Ó thaobh na réaltachta de, d'áitigh Greene, 'His imagination worked always with what he knew ...' (Greene, 1975:185). Deir Frawley i ndáil le rún Synge, 'In discovering that he could quite literally grant voice to the people he had long observed, Synge found his forte' (Frawley, 2009: 15). Áitíonn Henigan:

Similarly, in *The Playboy of the Western World*, Synge drew upon his knowledge of traditional Irish narrative and storytelling to portray social and human capabilities and failings in a way that reflected his views not only of Irish society but of the human condition in general (Henigan, 2002 :97).

Mar chosaint ar *Playboy*, mhaígh Synge féin go daingean go raibh an fhírinne á léiriú aige freisin, 'What I write of Irish country life I know to be true and I will not change a syllable of it because A, B, or C may think they know better than I do' (Féach Lonergan, 2013: 76). Arís, is ag caint faoi rún an drámadóra atáthar anseo ach chun a raibh ar intinn ag Synge

a chur in iúl ar an stáitse, bhí air é a mhúnlú ar bhealach a d'oirfeadh d'fhaighteoirí an dráma. Deir Lonergan, 'Synge's task, as conceived (retrospectively) by Yeats was to retrieve something original from the regions and to convey it in a form that can be understood in metropolitan and cosmopolitan literary centres' (Lonergan, 2013: 73). Ar deireadh thiar, bunaíodh *Playboy* ar scéal ó sheanchaí ar Árann, Pat Dirane, agus dá bhrí sin, is eol dúinn go raibh bunús *Playboy* lonnaithe i scéalaíocht iarthar na hÉireann ach bhí ar Synge an scéal sin a chur in oiriúint don stáitse i gcomhthéacs na drámaíochta comhaimseartha.

Ní féidir a shéanadh go raibh grá ag Synge don tír trí chéile agus do thuathánaigh na hÉireann chomh maith, agus b'ionann an paisean agus an chomhbhá sin agus roinnt de na tréithe a spreag é chun tabhairt faoin dráma ar an gcéad dul síos. Ní mór a chur san áireamh chomh maith gur scríbhneoir é Synge agus cé go bhfuair sé an bhé a bhí á lorg aige ar Oileáin Árann, chothaigh sé tuairimí, stíl agus teicnící scríbhneoireachta le linn a shaoil chomh maith. Luann Kiberd:

Synge was no mere Gaelicist but a man who brought a thoroughly European sensibility to bear on the native literary tradition. He modelled himself on writers such as Keating, who had managed to Europeanise Irish writing without making it any less Gaelic (Kiberd, 1979c: 59).

Deir Greene linn, chomh maith, '... the plays which Synge brought out of Aran are as European as the paintings Gauguin sent home from Tahiti' (Greene, 1971: 6). Dar le Kiberd, chaith Synge seal ag déanamh staidéir ar chultúr na Briotáine agus é sa Fhrainc agus gurbh é sin ceann de na hábhair spéise a bhí aige chun tabhairt faoin nGaeilge ina

thír dhúchais agus tuilleadh béime a chur ar sheanchas a thíre féin (Kiberd, 1979c: 37). Mar aon leis an spéis sin sa seanchas, cuireann Kiberd in iúl go bhfuil macallaí idir *Playboy* agus an Rúraíocht; cosúlachtaí idir Cú Chulainn agus an príomhcharachtar Christy, mar aon le teicnící *amour courtois*, mar shampla (Kiberd, 1979c: 122–24). Léiríonn sé sin go raibh Synge ag tarraingt ar a lán foinsí, idir Eorpach agus Ghaelach, chun na bunchlocha a leagan síos don dráma seo.

Áitítear gur dráma é *Playboy* nach bhfuil cúis ná feidhm ar leith aige de bhrí gur féidir breathnú ar an dráma go dromchlach mar dhráma grinn. Mhaígh Synge fiú:

The *Playboy* is not a play with a 'purpose' in the modern sense of the word, but, although parts of it are or are meant to be extravagant comedy, still a great deal that is in it and a great deal more that is behind it is perfectly serious when looked at in a certain light (Féach Grene, 1975: 132).

Fiú agus an méid sin curtha in iúl ag Synge, is féidir léamha éagsúla a dhéanamh ar dhráma chomh maith. Léiríodh an dráma mar chuid de *repertoire* Amharclann na Mainistreach agus ag tagairt d'aidhm nó feidhm na Mainistreach, maíonn Yeats:

... It would express the real spirit of Ireland, which had been suppressed for centuries by the British, and it would counteract the vulgar, journalistic plays imported from England. It was not Yeats's intention that the new drama should descend to doling out nationalistic propaganda for Ireland (Féach Kavanagh, 1984: 6).

Treisiú air sin is ea an méid a deir Gömceli agus James, '[The Abbey] was established with the aim of promoting Irish language and Irish culture by bringing the history and lives of Irish people onto the stage in the early 20th century, a time when Ireland was declaring its wish for independence from Britain' (Gömceli & James, 2015: 107). Bunaíodh Amharclann na Mainistreach chun fáil réidh leis an íomhá seo den 'stage Irishman' agus léiriú ionraic a chur chun cinn ach bhraith sé sin ar an gcaoi ar breathnaíodh ar 'Éireannachas' nó 'Gaelachas' agus ar tuigeadh na téarmaí sin.

Áitíonn Ó Siadhail gurbh 'iad na peacaí marfacha a rinne Synge ná gur chuir sé an íomhá idéalaióch rómánsúil a bhí ag a lucht féachana cathrach ar shaol na tuaithe bunoscionn trína thabhairt le fios ... go ndéanfadh pobal tuaithe laoch den ógfhear a raibh a athair maraithe aige, mar dhea ...' (Ó Siadhail, 2007: 120). Bhí dhá dhream ann, dá bhrí sin, a cheap go raibh an ceart acu faoin dráma. Bhí rud éigin éagsúil á dhéanamh ag Synge, áfach, agus é ag tagairt don teannas sin, d'áitigh Kiberd:

The play is not simply a critique of Yeat's and Lady Gregory's Cuchulain, nor is it just another sally against the Gaelic League's idealisation of the countryman. It is a challenge to both schools to concede the essential continuity of both traditions and to recognise the savagery, as well as the beauty, which lies at their heart (Kiberd, 1979c: 114).

Ar lámh amháin, dá bhrí sin, is féidir breathnú ar an dráma seo mar agóid liteartha toisc go dtig breathnú ar fheidhm an dráma ó Synge mar bhealach chun noirm na drámaíochta ag an am a bhrú chun tosaigh, rud a chuir le míchompord agus míshástacht na bhfaighteoirí (Féach Kiberd, 2009: 151 & Hewitt, 2021: 202). Ar an lámh eile, agus in

ainneoin ar mhaígh dreamanna amhail Conradh na Gaeilge, mheas Yeats agus Synge gurbh é feidhm na drámaíochta nua in Éirinn agus an dráma seo go háirithe ná Éire a thaispeáint go fírinneach ionraic. Agus an dráma seo fós á léiriú níos mó ná céad bliain níos déanaí, ní féidir a chur as an áireamh freisin go bhfreastalaíonn faighteoirí ar an dráma seo ar son chúis shimplí na siamsaíochta nó go léann siad mar sin é (Price, 1972: 295). Is dráma den scoth é agus níl aon iontas ann gur mhair sé i lár an aonaigh i saol na drámaíochta in Éirinn ar feadh na mblianta.

Maidir le *Deirdre*, tá an dráma bunaithe ar an mbéaloideas faoin bpríomhcharachtar miotaseolaíoch, Deirdre. Léiríonn Kiberd go raibh Synge in ann tarraingt as, ní hamháin aistriúcháin Bhéarla an 19ú haois, ach bunleaganacha Gaeilge ó Leabhar Laighean agus fiú aistriúchán faoi chás Dheirdre le Douglas Hyde (Kiberd, 1979c: 178). Maítear go bhfuair Synge inspioráid ó *Cuchulain of Muirthemne* le Lady Gregory freisin (Kiberd, 1979c: 90). Áitítear gur chuir Synge spéis ar leith sa scéal *The Fate of the Children of Uisneach* ach, i gcomparáid leis na leaganacha de scéalta faoi Dheirdre le Yeats agus Russell, chuir Synge tuilleadh suime sa leagan Gaeilge dar teideal *Oidhe Chloinne Uisnigh* (Féach Grene, 1975: 163; Kiberd, 2009: 64; & Kiberd, 1979c: 195). Luaigh Synge an scéal seo in alt as *L'Européen*: 'tel que le *Sort des Fils d'Uisneach*', scéal a bhí lán le 'cette poésie particulièrement celtique qui réunit d'une façon inattendue une tendresse timide, un héroïsme rude et mâle et un amour infini pour les beautés de la nature' (Grene, 1975: 163 & Kiberd, 1979c: 182). Chomh maith leis sin, tá aistriúchán 57 leathanach lámhscríofa as Gaeilge le Synge de *The Fate of the Children of Uisneach* i measc a chuid páipéar i mBaile Átha Cliath (Greene, 1948: 1314). Rinne Synge rud difriúil lena leagan féin de *Deirdre*, áfach. Bhí sé i gceist aige Deirdre a dhúchasú agus gné réalachais na dtuathánach a shní isteach sa scéal s'aige (Moore, 1972: 98). Bhí sé muiníneach nach

mbeadh a leagan féin cosúil leis na haistriúcháin le Russell ná Yeats agus d'admhaigh sé, 'People are entitled to use these old stories in any way they wish. My treatment of the story of Deirdre wouldn't be like either of theirs' (Kiberd, 2009: 67). Bhí Synge in ann tarraingt as na seanscéalta seo ach teicníc agus stíl nua a chur i bhfeidhm ar a scéal féin (Kiberd, 1979c: 97). Chun é sin a bhaint amach, díríonn Synge arís eile ar chanúint Bhéarla na hÉireann agus doiléiríonn sé an líne idir an uasaicme agus an íosaicme d'fhonn scéal Dheirdre a thabhairt níos gaire do na tuathánaigh trí chéile agus scéal 'frith-thréadach' a chur chun cinn (Kiberd, 2009: 66). Theastaigh ó Synge iad a léiriú mar "natural" human beings expressing their passions as though their story were just now occurring for the first time' (Moore, 1972: 92). Bhí an-chuid leaganacha den scéal seo ar fáil ag an am agus ní mór cuimhneamh nár éirigh le Synge an dráma a thabhairt chun críche ach oiread.

Bhí rún pearsanta aige chomh maith agus áitítear gur scríobhadh an dráma seo dá *fiancée*, Molly Allgood (Féach Kiberd, 2009: 71). Tá leagan Synge de *Deirdre* lán le mothúcháin phearsanta de bhrí gur múnlaíodh an príomhcharachtar ar phearsa Molly. Anuas air sin, thuig Synge go raibh sé ag druidim leis an mbás ag an am agus chuir sé sin le gné chorraitheach an scéil (Greene, 1975: 167). Cuireann Greene in iúl go raibh a thuairisc bháis féin á scríobh aige i gcaoineadh Dheirdre faoi Naisi sa dráma. Thuig Synge go léifeadh Molly an caoineadh seo amach os ard sa Mhainistir i ndiaidh dó bás a fháil (Féach Kiberd, 2009: 72). Fíonn sé seo gné phearsanta bhás Synge agus plota an dráma féin le chéile. D'fheidhmigh an dráma seo, dá bhrí sin, mar mhodh chun dul i ngleic lena éag féin. Áitíonn Greene gurb é sin téama an dráma agus go bhfuil comparáid le feiceáil idir Synge agus Deirdre, 'From the filth of the grave she can never flee' (Greene, 1948: 1316). Bunaithe ar an bplé roimhe seo, d'fhéadfaí a mhaíomh gurb ionann rún Synge

agus seansága Gaelach a nuachóiriú; an deighilt idir an dá aicme a bhriseadh síos agus, ag an am céanna, a dhochloíteacht mar dhuine a chur i mbéal a sheirce ar an stáitse i ndiaidh a bháis.

Is féidir a rá go raibh deis ag Synge Deirdre dhúchasaithe a chur faoi bhráid fhaighteoirí Bhaile Átha Cliath de chéadair. I gcás scéal *Deirdre*, ba chur chuige nua é sin agus chuir sé ar a chumas do Synge borradh a chur faoi sheanscéal *Deirdre* agus ní éigin nuálach a dhéanamh i réimse na drámaíochta ar leibhéal náisiúnta a thaitneodh le faighteoirí na príomhchathrach (Moore, 1972: 98). Athrú a bhí sa dráma seo i gcomparáid leis an 'Peasant Comedy' a rinne sé cheana i gcás a chuid drámaí eile agus ba dheis í cúinsí na drámaíochta in Éirinn a bhrú chun tosaigh trí chomparáid a dhéanamh le leaganacha de *Deirdre* le Yeats agus Russell roimhe sin, mar shampla. Réitigh sé bealach nua le breathnú ar an sága dá bhrí sin (Greene, 1975: 161).

Tá *In the Shadow of the Glen* bunaithe ar chúpla foinse. Tig nasc a chruthú idir an dráma seo agus roinnt de *Wicklow Essays* le Synge. Is féidir tarraingt as *The Oppression of the Hills* agus *An Autumn Night* chun cúlra an dráma a thuiscint agus é a ghreanadh i dtírdhreach Chill Mhantáin. Treisíonn Greene an pointe sin, 'The hills are to the Wicklow men what the sea is to the Aran islanders, at once their source of livelihood and a potentially terrible enemy' (Greene, 1975: 86). Ó thaobh an téama de, féadtar comparáid a dhéanamh le dráma eile le Synge, *When the Moon has Set* (Féach Greene, 1975: 90). Anuas air sin, téann bunús an scéil ar ais chuig seanchas a chuala sé ar Oileáin Árann a cheap sé a bheadh feiliúnach do stáitse na príomhchathrach (Féach Alexander, 1972: 21 & Synge, 1979c: 33). Bhí Synge in ann tarraingt as a shaineolas féin ar an mbéaloidas agus ar thórraimh thraidisiúnta. I gcás an triúr carachtar sa dráma, thuig Synge tábhacht

an tramp mar dhuine a rinne cinneadh pearsanta fáil réidh le laincísí noirm na sochaí nó bíonn eolas an tsaoil mhóir ag an tramp i gcomparáid leis an bpobal nach bhfágann an tsochaí sin (Féach Grene, 1975: 88–89). Thaitin an ghné seo le Synge agus ba léir sin nuair a léirigh sé, ‘... the tramp is the outlaw of peasant society because of his superior vitality and intelligence’ (Alexander, 1972: 30). I gcás na gcarachtar eile, Nora agus a fir chéile, is léir go gcaitheann Synge leo ar bhealach thar a bheith macánta chun solas a chaitheamh ar phósadh gan ghrá in Éirinn, rud nár thaitin le faighteoirí an dráma de réir mar a fheicfear ar ball beag. Ina fhianaise sin, cheistigh Synge stádas na mban i sochaí na hÉireann, rud a chuaigh in aghaidh idéil chultúrtha a bhí in ainm is a bheith in Éirinn. Maíonn Frawley, ‘Synge critiqued contemporary Irish culture and exposed the strain that results from insisting that women remain merely symbolic for a nationalist and chauvinist society’ (Frawley, 2009: 26). Cé gur leasaigh Synge giotaí áirithe den bhunscéal chun é a chur in oiriúint don stáitse, ní féidir a chur as an áireamh gur tráchtairacht shóisialta a bhí ar bun aige. Thaispeáin an tráchtairacht seo ionracas i gcás pósadh gan ghrá, rud nach raibh mórán daoine ag iarraidh labhairt faoi ag an am agus, chun dáiríreacht an dráma a threisiú, ní mór a nótáil chomh maith nár bhaist Synge ‘dráma grinn’ ar an scéal seo ach oiread i gcomparáid le *Playboy* (Grene, 1975: 146). Tagann an rún seo a bhí aige ar ais chuig ar mhaígh Yeats faoi thasc Synge i ndáil leis na drámaí seo, ‘... as someone who will give voice to what is already there’ (Lonergan, 2013: 73). Treisíonn sé sin rún Synge léiriú a dhéanamh orthu siúd nár léiríodh i gceart ar an stáitse comhaimseartha, .i. tuathánaigh Chill Mhantáin. Déanann Kiberd an chomparáid idir an dráma seo agus ‘Chanson de la malmariée’ arb ionann é agus amhrán a dhéanann cur síos ar anchaoi na mban i bpósadh gan ghrá. Úsáideann Synge an múnla seo mar bhunús an dráma cé nach leantar gach uile ghné de shamhail an chineáil sin amhráin (Féach Kiberd, 1979c: 127–29). In ainneoin nár thacaigh an-chuid náisiúnach leis an léiriú seo ar an bpósadh sa

dráma, mhaígh daoine áirithe amhail Máire Nic Shiubhlaigh gur éirigh le Synge a aidhm a bhaint amach trí chreideamh traidisiúnta ársa a athrú ina ealaín dhrámatúil chomhaimseartha (Kiberd, 1979c: 175).

Agus é ar na hoileáin, bhí Synge in ann tarraingt arís eile as a shaineolas ar bhéaloideas na hÉireann agus é a chur i bhfeidhm ar *Riders to the Sea*. Cuireann Kiberd in iúl go bhfeicfeadh béaloideasóir deireadh tragóideach *Riders* láithreach bunaithe ar líon na marcóirí anachaine sa dráma.¹¹⁹ Mar thaca leis an bpointe sin, maíonn sé go bhfuil cuid den dráma seo bunaithe ar bhéaloideas a bhailigh Lady Gregory in *Visions and Beliefs in the West of Ireland* ina ndéantar tagairt do phiseog an chapail léith atá ina chomhartha báis. Lena chois sin, tagraítear don phiseog nach cóir sagart a lua i gcomhthéacs na hiascaireachta, rud a dhéanann Nora agus í ag iarraidh a fháil amach ar bád Micheal san fharraige (Féach Kiberd, 1979c: 163–64). Ba bhreathnóir díograiseach é Synge agus ina leabhar, *The Aran Islands*, feictear dúinn go bhfuil neart tagairtí don bhéaloideas a cheanglaítear le bunús an dráma seo. I measc na dtagairtí sa leabhar sin tá:

Then she told them they would all be leaving that part of the country on the Oidhche Shamhna, and that there would be four or five hundred of them riding on horses, and herself would be on a grey horse, riding behind a young man ... (Synge, 1979: 142).

When the horses were coming down to the slip an old woman saw her son, that was drowned a while ago, riding on one of them (Synge, 1979: 149).

¹¹⁹ Féach ‘marcóirí téacs’ i Rannán 1.4 chomh maith.

Mar aon le tagairtí d'ábhar béaloidis, thug Synge gnéithe eile de shaol na n-oileán faoi deara. Thuig sé an dlúthchaidreamh idir máithreacha agus a mic, 'On these islands the women live only for their children ...' (Synge, 1979: 58) agus 'The maternal feeling is so powerful on these islands that it gives a life of torment to the women' (Synge, 1979: 77). Bhí Synge in ann aithne a chur ar mhuintir an oileáin de réir a chéile agus bhí sé ábalta a shainspéis sa bhéaloideas agus an chomhbhá a bhraith sé do mhuintir na n-oileán a cheangal le chéile chun ómós a léiriú do na hoileánaigh agus bunús an dráma a chur i dtoll a chéile. Bhí Synge in ann fáil réidh le laincisí Bhaile Átha Cliath agus breathnú ar mhuintir na n-oileán chun léargas fírinneach a thiomsú gan bacadh le hidéil réamhcheaptha i measc náisiúnaigh na príomhchathrach. Bhí sármheas ag Synge ar na hoileánaigh agus chuir tuairimíocht criticeoirí áirithe a d'áitigh nár léirigh sé lucht na n-oileán ar bhealach macánta isteach air ós rud é go raibh sé féin diongbháilte ina thuairim go raibh an fhírinne á léiriú aige. In agallamh leis an aisteoir cáiliúil agus oileánach, Siobhán McKenna, mar thagairt do Synge agus muintir na n-oileán, luaigh sí '... they [na hoileánaigh] reveal themselves to me and Synge' (*John Bowman's weekly archive programme*, 2022: 12:40). Maíonn Grene, 'He prided himself on his knowledge of the people and his sympathy with them, and he refused to admit that his view could be mistaken' (Grene, 1975: 9). Mar a mhaígh Synge é féin 'It gave me a moment of exquisite satisfaction to find myself moving away from civilisation in this rude canvas canoe of a model that has served primitive races since man first went on the sea' (Féach Grene, 1975: 23).

Anuas ar an ngrá a bhí ag Synge do shimplíocht agus barántúlacht na n-oileán, a spéis sa bhéaloideas agus an chomhbhá a bhraith sé do na tuathánaigh, maítear go raibh rún eile i gceist aige chomh maith, is é sin le rá, aitheantas a mhortlaíochta féin. Maíonn Padraic

Colum go raibh sé sin ar cheann de na cúiseanna ar scríobhadh *Riders*. Mar threisiú air sin, deir Grene, 'The life of the sense in its very intensity carries for Synge always the fear of its ending. Any quietest emotion, any desire for reconciliation in death must struggle with the protesting indignant revulsion' (Grene, 1975: 183). Thug Synge an tuiscint seo leis arís eile in *The Aran Islands* agus bhí sé in ann é a úsáid mar bhunús téamach in *Riders*:

I could not help feeling that I was talking with men who were under a judgment of death. I knew that every one of them would be drowned in the sea in a few years and battered naked on the rocks ... (Synge, 1979: 145).

D'fhéadfaí breathnú ar an tuiscint sin mar cheann de na catalaígh eile a spreag an fhís a bhí aige do *Riders*. Bhí Synge in ann béaloideas iarthar na hÉireann agus a shaineolas air a úsáid chun é a chur in oiriúint don stáitse. Mar aon leis sin, caitheann an dráma seo solas ar shaol mhuintir na n-oileán le linn ceann de na hamanna is deacra sa saol, .i. nuair a chailltear duine go tragóideach. Is féidir breathnú ar chúis *Riders* mar chatairsis chun ardán a thabhairt do léan na mban cráite ar na hoileáin agus a mic, a bádh san fharraige, á gcaoineadh acu. D'fhéadfaí é seo a cheangal freisin le rún Synge chun dul i ngleic lena mhortlaíocht féin agus catairsis dá chuid féin a bheith aige. Idir a shuim sa bhás agus a scil mar dhrámadóir, d'fhéadfaí breathnú ar an dráma seo mar thoradh nó léiriú físiúil ar ar bhraith sé féin i leith an bháis agus é ar na hoileáin.

I ndáil le *The Tinker's Wedding*, cuireann nia Synge, Edward Stephens, in iúl go bhfuair Synge ábhar an dráma seo ó bhéaloideas mhuintir na tuaithe i gCill Mhantáin agus ní ó na tincéirí iad féin (Grene, 1975: 106). Áitíonn Grene go raibh Synge ag iarraidh áit a chur ar

fáil i réimse na drámaíochta do dhream atá saortha ón ngnáthshochaí. Maíonn sé, áfach, gur teip atá ann de bhrí go bhfuil difríocht idir ‘tramp’ agus ‘tincéir’ sa chiall seo. Tá an tramp saor ón tsochaí ach baint fós aige léi. Ar an taobh eile den scéal, déanann an tsochaí tincéirí a imeallú agus a thoirmeasc (Greene, 1975: 109). Cosúil leis na drámaí eile, bhí Synge ag iarraidh guth a thabhairt do na daoine gan ghuth agus iad a léiriú ar bhealach firinneach agus macánta. Mhaígh sé i gcónaí go raibh greann le baint as na dreamanna sin, ní mar fhonóid ach mar cheiliúradh ar an sonas atá fós sna dreamanna sin, ‘in the greater part of Ireland, the whole people, from the tinkers to the clergy, have still a life, and view of life, that are rich and genial and humorous’ (Féach Zabel, 1933: 105). Mar cheangal idir an spéis a bhí ag Synge i muintir iarthar na hÉireann mar phobal nach raibh ualach an tsaoil mhóir tar éis tionchar a imirt air, cheap Synge go raibh iarsmaí de thréimhse a chuaigh thart sa phobal sin chomh maith:

Synge’s tinkers and tramps partake of the folkloric tradition of the roguish wanderer even as his sympathy for such communities places him squarely in the camp of educated peers who considered tinkers to be the living vestiges of an ancestral dreamtime (Burke, 2009a: 45).

Ina leabhar, *Tinkers*, áitíonn Burke go bhfuil dhá leibhéal ag rún nó dearcadh Synge i leith tincéirí mar ‘sundry cultural origins’ agus mar ‘a reality that exemplifies Irish cultural diversity’ (Burke, 2009b: 59). Maíonn sí chomh maith gurb é cúis an dráma seo ná ‘to highlight the profound link between marriage and economics in the rural Ireland of his time’ (Burke, 2009a: 50). Ó thaobh na drámaíochta de, is féidir breathnú ar an dráma seo mar thurgnamh ag Synge chun an léim idir drámaí aonghnímh go drámaí ilghnímh a dhéanamh (Greene, 1947: 824–26).

5.2 Gnéithe seachthéacsúla — Aistritheoirí shaothair Syngé

Seán Ó Carra a rinne an t-aistriúchán ar *Playboy* agus *Tinker's — Áilteoir na Dúiche Thiar* agus *Pósadh an Tincéara*. Níl mórán eolais faoin aistritheoir seo ar fáil cé go bhfuil clú air mar aistritheoir i dTaibhdhearc na Gaillimhe idir 1946 agus 1986 (Ó Carra, 1990: 49). Ba é Traolach Ó hAonghusa an té a d'fhiafraigh de Ó Carra aghaidh a thabhairt ar aistriúchán don Taibhdhearc ar an gcéad dul síos le haistriúchán ar *The Evil Defence I Will Give* le Ristéard Mac Eoin, agus lean an socrú sin ar feadh nach mór 20 bliain (Ó Carra, 1990: 49). Le linn an tseala seo, ghlac sé páirt lárnach san aisteoireacht cé nach raibh mórán dúile aige inti ar dtús (Ó Carra, 1990: 49). Mhaígh Ó Carra gur aistrigh sé 28 ndrámá ar an iomlán go Gaeilge don amharclann. Mar thagairt do cheird an aistriúcháin, d'áitigh Ó Carra go raibh aistriúcháin Ghaeilge 'éasca go leor' má bhí 'an Béarla mar a labhraítear é in Éirinn nó caighdeán réasúnta ard sa Bhéarla iontu' (Ó Carra, 1990: 50). Chuir Ó Carra in iúl freisin gur nós le lucht na Taibhdheirce na drámaí a thaispeáint sa Gaeltacht, .i. Túr Mhic Éadaigh, an Spidéal, an Cheathrú Rua nó Oileáin Árann. Bhí dlúthpháirt ag muintir na Gaeltachta leis an Taibhdhearc agus b'aisteoirí agus aistritheoirí cuid mhaith acu inti agus mhaígh sé go raibh 'tionchar ag an Taibhdhearc ar an nGaeltacht agus ag an nGaeltacht ar an Taibhdhearc' (Ó Carra, 1990: 50). Cuireann Ó Siadhail in iúl go raibh Ó Carra mar dhuine de bhuíon aistritheoirí sa Taibhdhearc toisc gur dhoiligh an rud é teacht ar bhundrámaí maithe (Ó Siadhail, 1993: 122).

Liam Ó Briain a rinne an t-aistriúchán *Déirdre an Bhróin*. Rugadh é sa Phort Thuaidh, Baile Átha Cliath sa bhliain 1888. Níor labhair a thuismitheoirí Gaeilge ach chuir sé féin spéis sa teanga trí leabhair ghramadaí a léamh (Rouse, 2015). D'úsáid sé a ainm Gaeilge

'Liam Ó Briain' agus bhí sé mar bhall de chraobh Lorcan O'Toole de Chonradh na Gaeilge. Bhain sé chéad onóracha amach sa Bhéarla, Gaeilge agus Fraincis ó UCD sa bhliain 1909 agus bronnadh MA sa Fhraincis air an bhliain dár gcionn (Rouse, 2015). Rinne sé staidéar ar an nGaeilge mar chuid den chéad scoláireacht taistil de chuid NUI i mBeirlín, in Bonn agus Freiburg. Agus é ar ais in Éirinn, scríobh sé do *Claidheamh Soluis*, ghlac sé páirt in Óglaigh na hÉireann agus d'oibrigh sé mar chúntóir i Roinn na Fraincise in UCD. Bhí páirt aige, leis, i bpriontáil Fhorógra na hÉireann na laethanta roimh Éirí Amach na Cásca (Rouse, 2015). Chaith sé tréimhse mar phríosúnach i gcampa Frongoch agus i bpríosún Wandsworth i ndiaidh Éirí Amach na Cásca. Scríobh sé faoin tréimhse seo ina leabhar *Cuimhní Cinn: Cuimhní an Éirí Amach* (Ó Briain, 1951). Ba náisiúnach go smior é agus rith sé in olltoghcháin Ard Mhacha in 1918 cé nár éirigh leis (Rouse, 2015). Bhí sé ar son an Chonartha Angla-Éireannaigh agus sheas sé don Seanad in 1925 cé nár éirigh leis san iarracht sin (Rouse, 2015).

Bhí sé mar bhall den ghrúpa bunaidh i dTaibhdhearc na Gaillimhe. Chaith Ó Briain deich mbliana ag obair leis an amharclann seo. D'éirigh sé as in 1938 de bhrí gur cheap seisean gurbh fhearr fhiúntaí drámaíocht na Gaeilge a bhunú ar na haistriúcháin is fearr ó dhrámaí de chuid na hEorpa in ainneoin gur mheas daoine eile gurbh fhearr bundrámaíocht na Gaeilge a spreagadh chun an teanga a chaomhnú. Bhí sé dóchasach go ndéanfaí an Ghaeilge a athnuachan arís agus dá nglacfaí le teangacha iasachta ón Eoraip agus dá mbeadh daoine níos oscailte do smaointe agus cultúr ón Eoraip, go bhfeicfí díghalldú na hÉireann dá bharr sin. Anuas air sin, bhí páirt aige i mbunú na chéad scoile lán-Ghaeilge i nGaillimh (Rouse, 2015). Ba dhuine mór le rá é Ó Briain thar na blianta i sochaí agus cultúr na Gaeilge agus bhí tionchar mór aige ar go leor nithe i saol na Gaeilge. Ina measc, bhí sé ina bhall den Bhord um Chinsireacht Fhoilseachán [sic], bord Amharclann na

Mainistreach, coiste comhairliúcháin Raidió na hÉireann agus Cumann Staire Míleata na hÉireann (Rouse, 2015). Bhronn NUI dochtúireacht oinigh air in 1974 agus fuair sé bás an bhliain chéanna (Rouse, 2015).

Tomás Sailí Ó Flaithearta a rinne na haistriúcháin cháiliúla, *Chun na Farraige Síos* agus *Uaigneas an Ghleanna*.¹²⁰ Aisteoir, scríbhneoir agus aistritheoir aitheanta a bhí ann i saol na Gaeilge. Rugadh Ó Flaithearta ar an gCeathrú Rua i nGaeltacht Chonamara in 1931. Bhí spéis ollmhór aige san aisteoireacht agus sa drámaíocht trí chéile agus bhunaigh sé Aisteoirí Loch Conaortha sna 1950idí. Tá aithne air ón gclár *Rós na Rún*, chaith sé seal ag aisteoireacht leis an Damer sna 1960idí agus bhí páirt aige sa tsraith *Labhair Gaeilge Linn* ar RTÉ. Shaothraigh sé clú mar aistritheoir ar thrí shaothar de chuid Synge cé nach bhfuil fáil ar *Pósadh an Tincéara* i bhfoirm cló a thuilleadh. Is féidir caidhp an scéalaí, an drámadóra, an fhile agus an amhránaí a chur air freisin. Bhí cuid mhaith filíochta de chuid Raiftearaí ar a thoil aige, bhí páirt lárnach aige i *Seanchas na Sceiche* agus i gcompántas drámaíochta Johnny Chóil Mhaidhc. Duine uasal a bhí ann dar le cách agus fuair sé bás le linn dom an tráchtas seo a scríobh in 2021.

Risteard Ó Foghludha a rinne an t-aistriúchán eile de *Uaigneas an Ghleanna* atá á iniúchadh mar chuid den tráchtas seo.¹²¹ Fear cáiliúil a bhí ann i saol na Gaeilge agus bhí

¹²⁰ Is beag eolas oifigiúil atá ar fáil faoi Thomás Sailí Ó Flaithearta. Tá an píosa seo bunaithe ar alt ó Tuairisc.ie a foilsíodh nuair a chuaigh Ó Flaithearta ar shlí na fírinne in 2021.

Tuairisc.ie (2021) ‘Sár-aisteoir agus fear lách’ — Tom Sailí Ó Flaithearta ar shlí na fírinne’, 15 Aibreán. Ar fáil ag: <https://tuairisc.ie/sar-aisteoir-agus-fear-lach-tom-saili-o-flaithearta-ar-shli-na-firinne/> (Arna rochtain: 22 Márta 2022).

¹²¹ Tá an t-eolas sa chuid seo den rannán bunaithe ar an dá fhoinsé seo a leanas:

Ní Mhughhaile, L. (2009) ‘Ó Foghludha, Risteard (Richard Foley)’, *Dictionary of Irish Biography*. Ar fáil ag: <https://www.dib.ie/biography/o-foghludha-risteard-richard-foley-a6358> (Arna rochtain: 22 Márta 2022).

chomh maith le Breathnach, D & Ní Mhurchú, M. (2022a) ‘Ó FOGHLUDHA, Risteard (1871–1957)’, *Ainm.ie*. Ar fáil ag: <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=75>. (Arna rochtain: 22 Márta 2022).

ról aige i go leor réimsí den chultúr. Rugadh é in 1871 i gCnoc Chonail Aodha, Corcaigh agus ba chainteoir dúchais Gaeilge é ón gliabhán.¹²² Bhí ardchaighdeán Gaeilge aige tríd is tríd agus bhí an ghráin dhearg aige ar dhroch-Ghaeilge a fheiceáil i gcló. Bhí sé ar dhuine de chéad bhunaitheoirí de chuid Chraobh an Chéitinnigh,¹²³ scríobh sé do *Freeman's Journal*, chaith sé seal thar sáile i Sasana agus d'oibrigh sé mar mhúinteoir i gColáiste na Carraige Duibhe i mBaile Átha Cliath chomh maith. D'fhoilsigh sé a chéad phíosa próis in *An Claidheamh Soluis* in 1901 faoin ainm pinn 'An Corcaigheach Macánta'. Bhí suim mhór aige sa drámaíocht agus d'aistrigh beart mór drámaí ón mBéarla agus ón bhFraincis. Mar aon leis sin, bhí sé tiomanta do logainmneacha na hÉireann a bhailiú agus ceapadh é ar fhoireann Choimisiún na Logainmneacha in 1946. Os a choinne sin, bhí sé ina eagarthóir le An Gúm agus cuireann Uí Laighléis in iúl go raibh sé mar bhall d'fhochoiste in An Gúm a bhí ag plé le scrípteanna drámaíochta a thagadh isteach (Uí Laighléis, 2021: 37 & 42). Bhí sé mar eagarthóir ar an aistriúchán a rinneadh ar an mBunreacht chomh maith. D'fhág sé oidhreacht mhór ina dhiaidh agus d'éag sé in 1957.

Tomás Ó Muircheartaigh agus **Séamus Ó Séaghdha** a rinne an dara leagan de ***Chun na Fairrge Síos***¹²⁴ atá á iniúchadh sa tráchtas seo.¹²⁵ Rugadh Ó Muircheartaigh i mBaile Átha Cliath in 1907. Bhí sé ina bhall de Chraobh an Chéitinnigh, áit ar fhoghlaim sé an Ghaeilge. Bhí sé an-tiomanta d'Athbheochan na Gaeilge agus in 1937, scríobh sé an paimfléad, *You may revive the Gaelic language*, inar mhínigh sé céard a bhí ag teastáil sa

¹²² Ceantar Gaeltachta a bhí ann ag an am.

¹²³ Ba é manadh na Craoibhe sin, 'Múscail do mhisneach, a Bhanba.'

¹²⁴ Léiríonn eolas i bhfillteán ED/AnGúm/A0451 sa Chartlann Náisiúnta go raibh an bheirt aistritheoirí seo mar bhaill de Chraobh an Chéitinnigh a léirigh an dráma seo ar an gcéad dul síos sa Mhainistir in 1936.

¹²⁵ Tá formhór an eolais sa chuid seo den rannán tógtha ó na hailt seo a leanas ó Ainm.ie mura gcuirtear a mhalairt in iúl:

Breathnach, D. & Ní Mhurchú, M. (2022b) 'Ó MUIRCHEARTAIGH, Tomás (1907–1967)', Ainm.ie. Ar fáil ag: <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=92>. (Arna rochtain: 23 Márta 2022).

Breathnach, D. & Ní Mhurchú, M. (2022c) 'Ó SÉAGHDHA, Séamus (1870–1959)', Ainm.ie. Ar fáil ag: <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=222>. (Arna rochtain: 22 Márta 2022).

Stát chun an Ghaeilge a athbheochan in Éirinn (Ó Muircheartaigh, 1937).¹²⁶ Ar an ábhar sin, léirigh Ó Duibhginn ‘... bhí Tomás Ó Muircheartaigh cinnte go dtiocfadh leis an Stát an Ghaeilge a chur in áit an Bhéarla ach an toil chuige a bheith ann’ (Ó Duibhginn, 1970: vi). Sa phaimfléad úd, mhaígh Ó Muircheartaigh ‘English came, Irish went. If Irish is to come, English must go’ (Ó Muircheartaigh, 1937: 35). Cuireann Ó Duibhginn in iúl go raibh Ó Muircheartaigh den tuairim ‘nach mairfidh ach teanga amháin’ sa Stát agus gur ghá spás a shaothrú don Ghaeilge i ngnóthaí an Stáit, ‘saol an dráma’ ina measc (Ó Duibhginn, 1970: vii & Ó Muircheartaigh, 1937: 35). Thuig Ó Muircheartaigh tábhacht na litríochta dúchais chun an Ghaeilge a shlánú sa Stát agus chun cur leis an iarracht seo, chuaigh sé i mbun na scríbhneoireachta, na foilsitheoireachta agus na léitheoireachta (Ó Duibhginn, 1970: xi). Bhí sé ina scríbhneoir don iris *Feasta*, bhí sé ar Fhochoiste Ealaíne an Oireachtais agus toghadh é mar uachtarán ar Chonradh na Gaeilge idir 1955–59. In ainneoin a thréaniarrachtaí chun amharclann Ghaeilge a chur ar bun san Ardchathair, níor éirigh leis an bhfeachtas sin. Ba ghrianghrafadóir é freisin agus dúirt Ó Duibhginn go raibh sé ‘de shíor ar thóir na foirfeachta agus na fírinne.’ D’éag Ó Muircheartaigh in 1967.

Rugadh Ó Séaghdha i mBéara, Corcaigh in 1870. Fear lán lena chuid tuairimíochta féin a bhí ann agus in ainneoin gur mhol a theaghlach dó dul leis an Eaglais Anglacánach, thug sé aghaidh ar Mheiriceá nuair a diúltaíodh post mar mhonatóir scoile dó. Agus é thall i Meiriceá, chaith sé seal mar chuntasóir i Nua-Eabhrac agus cé go raibh sé ar tí cáiliú mar mhinistir in Ollscoil Columbia, tholg sé tífeas agus bhí air teacht abhaile. Agus é ag tagairt dá leibhéal Gaeilge, dúirt sé:

¹²⁶ Cuireann Ó Duibhginn in iúl, áfach, nár chuir Ó Muircheartaigh a ainm leis an bpaimfléad toisc nár nós le státseirbhísigh a leithéid a dhéanamh ag an am (Ó Duibhginn, 1970: vi).

I had not learned to write or even to read Irish, so I had to begin at the bottom. To this end ... I got in an old woman who could speak hardly any English and we talked to each other with much mutual misunderstanding but with exemplary patience, till we were able to do better. And I found an old blind man who was a perfect mine of Irish poetry and prose, and I wrote daily from his dictation (Féach Ó Coigligh, 2000: 139).

Faoi dheireadh a shaoil, bhí meas mór ag Ó Séaghdha ar an teanga agus d'úsáid sé an Ghaeilge ar mhaithe le teagasc Eaglais Anglacánach na hÉireann a chur chun cinn timpeall na tíre (Ó Coigligh, 2000: 146). In 1897, bhain sé céim B.A. amach le teastas diagachta ó Choláiste na Tríonóide. Fear díograiseach a bhí ann ó thaobh na seanmóireachta de sa Ghaeilge. Áitfódh faoi:

He was a great Irish scholar and for that reason was most popular in all the western parishes where he served. He loved to go into the cottages of the country people and sit by the kitchen fire speaking to them in Irish and hearing the old stories of their grandparents. It was in this way that he learned so much of Irish folklore (*The Church of Ireland Gazette*, 1959).

Scríbhneoir clúiteach a bhí ann chomh maith agus tuairiscíodh gur scríobh sé do *An Claidheamh Soluis*, *Cork Examiner*, *Fáinne an Lae*, *An tEirópach* agus go leor eile nach iad. Bhí baint ag Ó Séaghdha chomh maith le bunú an Chonartha cé gur éirigh sé as nuair a tháinig cúrsaí polaitíochta go mór i gceist ann. I measc a shaothar tá, cnuasach dánta *Kerry Pie and other indigestibles* (1902), *Scríbhinní Naoimh Phádraig* (1932) agus *Fé'n*

sceich sidhe (1936) atá ina dhráma do pháistí. Sula bhfuair sé bás in 1959, bhog sé idir paróistí éagsúla timpeall na tíre mar reachtaire.

Is é **Seán Tóibín** a rinne an t-aistriúchán deireanach de *Riders* atá á iniúchadh sa tráchtas ar a dtugtar *An Mhuir*.¹²⁷ Rugadh é ar an bPasáiste, Corcaigh in 1882. D'oibrigh sé mar mhonatóir scoile agus bhain sé MA amach ón tsean-Ollscoil Ríoga in 1931 leis an tráchtas *Béarlagar na Saor*. Bhí baint aige le Conradh na Gaeilge mar thimire agus múinteoir agus bhí a scoil samhraidh féin aige idir 1910–11. Bhí Gaeilge na Mumhan ar a thoil aige agus maíodh nár chuir sé suim sna canúintí eile.¹²⁸ D'oibrigh sé mar bhainisteoir ar an iris *An Lóchrann* agus ba thuarisceoir é don *Irish-American* agus *Irish World*. Bhíodh alt á scríobh aige freisin san *Irish Examiner* agus bhunaigh sé iris nua ar tugadh *An Lasair* air in 1919. Áitíodh gur piúrantánach a bhí ann i leith na Gaeilge agus 'go raibh sé greamaithe sa saol mar a bhí agus an impireacht ina buaic agus an Eaglais Chaitliceach ina buaic'. Thóg sé a chlann trí Ghaeilge agus ina measc bhí an file Tomás Tóibín agus an t-aisteoir Niall Tóibín. Fuair sé bás in 1971 agus chuir Peadar Ó hAnnracháin in iúl go raibh sé ar dhuine de na daoine ba chliste i gCorcaigh i dtaobh na Gaeilge. San *Irish Times*, maíodh,

Ní raibh a shárú de mháistir Gaeilge ann: le beaichte, le gontacht, le ciall do rith agus rithim chainte, le héisteacht fhriotail, le séimhe, le neart. Ba aistritheoir den scoth é, arae bhí tuiscint aige do dhlúth agus inneach teanga nach mbíonn ag mórán (Féach *Ainm.ie*).

¹²⁷ Tá an chuid seo den rannán bunaithe ar an alt thíosluaite mura gcuirtear a mhalairt in iúl. Breathnach, D. & Ní Mhurchú, M. (2022d) 'TÓIBÍN, Seán (1882–1971)', *Ainm.ie*. Ar fáil ag: <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=174>. (Arna rochtain: 25 Márta 2022).

¹²⁸ Maíonn Uí Laighléis nach raibh a chanúint teoranta do Ghaeltacht amháin sa Mhumhain agus go raibh blaiseadh de Ghaeilge Iarthar Chorcaí agus Chiarraí ar a chuid Gaeilge (Uí Laighléis, 2017: 118).

Aistritheoir díograiseach a bhí ann chomh maith agus áirítear ina *repertoire*, *Iain Álainn*, 1931 (*John Splendid*), *Muintir Inis Anaithe*, 1934 (*Children of Tempest*) agus *Ag baint lae as*, 1958 (*The Passing Day*). Maíonn Uí Laighléis, ‘Cheap sé go bhféadfadh sé a rogha rud a dhéanamh, mar gurbh iad an t-aistriúchán agus an chumadóireacht an bóthar chun an aistriúcháin chóir’ (Uí Laighléis, 2017: 108). Maíonn sí leis go bhfuil an focal ‘aistriúchán’ sách scaoilte i gcás an Tóibínigh agus gur athscríobh thar aon ní eile a bhí á chleachtadh aige (Uí Laighléis, 2017: 111). Cé gur bhuaigh sé go leor duaiseanna sna hOireachtais i ndáil leis an drámaíocht, thairg sé bundráma nua do An Gúm ‘Inghean an Phailtínigh’, ach mhol Gearóid Ó Lochlainn gur scéalaí níos mó ná drámadóir a bhí sa Tóibíneach (Uí Laighléis, 2017: 116). In ainneoin sin, bhí meas millteanach air mar aistritheoir agus chuir Torna in iúl ‘Tá an oiread san ... measa againn ar a chuid oibre’ (Féach Uí Laighléis, 2017: 119). Cosúil le Ó Briain, bhain Tóibín trial as Shakespeare a aistriú chomh maith agus d’aistrigh sé óráid Portia ó *The Merchant of Venice* (*Stáitse 2005*). Mar fhocal scoir, maíonn Uí Laighléis ‘[gur] mhórscribhneoir cruinn Gaeilge é, agus d’fhág sé samplaí luachmhara againn d’ealaín an aistriúcháin, samplaí ar léiriú iad ar an dóigh leis an cheird áirithe sin a chleachtadh go cruthaitheach’ (Uí Laighléis, 2017: 131).

I dteannta na n-aistritheoirí a luadh roimhe seo, ní mór trácht a dhéanamh ar na haistriúcháin eile a rinneadh ar shaothair Synge nach ndéantar iniúchadh orthu mar chuid den tráchtas seo. Maidir le *Playboy*, rinne Seán Ó Morónaigh ó Bhuíon Phádraig agus Mairéad Ní Mhurchadha ó Aisteoirí Strand dhá leagan éagsúla le haghaidh chomórtas drámaíochta an Oireachtais in 1970.¹²⁹ Tugadh *An Buachaill Báire* ar leagan le Ó Morónaigh agus *Buachaill Báire an Domhain Thiar* ar an leagan le Ní Mhurchadha (*Irish*

¹²⁹ Chuir Ó Morónaigh in iúl in agallamh leis nach bhfuil fáil a thuilleadh ar an leagan a d’aistrigh sé de *Playboy*.

Independent, 1970). Tá script d'aistriúchán *Playboy* le Pádraig Ó Cíobháin ar fáil chomh maith sa Chomhlachas Náisiúnta Drámaíochta.¹³⁰ Tá fianaise ar fáil freisin gur aistrigh Seán Ó Coistealbha ó Chumann Drámaíochta Indreabháin leagan eile de *Playboy* (*Connacht Tribune*, 1967). Anuas air sin, de réir léirmheasanna éagsúla, is léir gur stáitsigh compántais agus cumainn Ghaeilge éagsúla leaganacha eile de *Playboy* amhail Compántas Chorcaí. Tagraíonn Ó Siadhail d'aistriúchán eile ar *Riders* le Domhnall Ó Ríordáin ar tugadh *Maicne Mara* air. Is cosúil gur léiríodh an leagan seo sa Taibhdhearc in 1933 agus 1937¹³¹ agus ba iad Aisteoirí na hIolscoile faoi stiúir Dermody a bhí ina bhun. Fuair an léiriú sin moladh dearfach i léirmheas amháin ó Connacht Sentinel, '... thaithnig na drámaí go h-ana mhaith ag na daoinibh a bhí i láthair agus bhí bualadh bos mór ag deireadh an léiriú' agus tagraíodh do 'Ghaedhilg thar barr' freisin (*Connacht Sentinel*, 1933).¹³² I ndáil le *Tinker's*, tuairiscíodh gur scríobh Tomás Sailí Ó Flaithearta a leagan féin den dráma sin cé nach bhfuil fáil ar an leagan áirithe sin a thuilleadh (*Irish Times*, 1996c).¹³³ D'aistrigh an scoláire Pádraigín Riggs agus Pádraig Ó hUrmultaigh a leagan féin de *Pósadh an Tincéara*, leis. Cé go ndearnadh teagmháil le Riggs faoin script seo, chuir sí in iúl trí chomhfhreagras ríomhphoist gur caitheadh an t-aistriúchán sin, a bhí lámhscríofa acu ar chóipleabhar, i dtraipisí an lá i ndiaidh an léirithe. Tá fianaise ar fáil chomh maith gur aistrigh Aodh Ó Tuama leagan eile den dráma agus gur léiríodh é i gCorcaigh freisin (*Evening Echo*, 1968). In ainneoin go bhféadfadh aistriúcháin eile ar shaothair Synge a bheith ar fáil i gcruthanna éagsúla, seo iad na hiarrachtaí is mó le rá idir leaganacha proifisiúnta agus amaitéireacha a mheastar atá ar fáil.

¹³⁰ Ó Cíobháin, P. (1990) "*Playboy*" an *Iarthar Domhain*. Conamara: An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta.

¹³¹ 1927 atá luaite ag Ó Siadhail ach is cosúil gur botún cló atá ann i bhfianaise an chomhthéacs a ghabhann leis.

¹³² Cé gur tagraíodh don léiriú sin i gCartlann Thaibhdhearc na Gailimhe, tá an chuma ar an scéal nach bhfuil fáil ar an script a thuilleadh agus ní bheidh sé mar chuid den iniúchadh sa tráchtas seo, dá bharr sin.

¹³³ Rinneadh teagmháil le hamharclanna éagsúla chun teacht ar aon fhaisnéis maidir leis an leagan siúd ach níor tháinig toradh ar bith ar na hiarrachtaí sin.

5.3 Glacadh na mbundrámaí

Ní haon rún é nár ghlac faighteoirí Bhaile Átha Cliath go rómhaith le *Playboy* ar an gcéad dul síos. Ag tús an 20ú haois, ní raibh spás ceart saothraithe don fhíordhrámaíocht as Béarla ná as Gaeilge go fóill in Éirinn. Bhí bainisteoirí amharclann sásta chomh fada agus a bhí na suíocháin lán agus bhí an lucht féachana sásta lena leithéid de théadchleasaí a fheiceáil ar an stáitse. Ní raibh lucht féachana na n-amharclann ag freastal ar thaispeántais ar mhaithe le spreagadh intleachtúil ach ar son réaltacht dhromchlach (Munro, 1972: 219–20). I gcás *Playboy*, deir Kenny, ‘It is as if we looked in a mirror for the first time, and found ourselves hideous. We fear to face the thing ... We scream’ (Hewitt, 2021: 176 & *Irish Times*, 1907a). Maíonn Richards:

This was striking at the bourgeoisie with a vengeance, and the presence in the audience of many Gaelic Leaguers and nationalists added to the play’s impact — and their fury at a ‘misrepresentation’ which the Abbey had supposedly been founded to eradicate (Richards, 2009: 36).

I measc na bhfaighteoirí is mó a bhí i gcoinne an dráma, bhí Seosamh Ó Gríobhtha, an Béaslaíoch, Joseph Holloway agus an Piarsach. Chuir an Piarsach in iúl, ‘... he [Synge] is using the stage for the propagation of the monstrous gospel of animalism, of revolt against sane and sweet ideals, of bitter contempt for all that is fine and worthy ...’ (Kiberd, 1979c: 252). Cé nár thacaigh an Piarsach le lucht na círeibe, mhaígh sé go raibh an dráma ‘indefensible’ (O’Leary, 1994: 318). Bhí Ó Gríobhtha, ar iriseoir mór le rá é, den tuairim gur cheart an drámaíocht a úsáid mar uirlis bholscaireachta agus nár tháinig *Playboy* leis an idéal sin in aon chor (Foster, 2014: 154–57). Anuas ar an mbeirt sin, bhí an Béaslaíoch

chomh mór sin i gcoinne an dráma go raibh sé ag iarraidh baghcat a dhéanamh ar an Mainistir (Ó Siadhail, 2007: 126–7 & Kiberd, 1979c: 247). Dúirt Holloway ‘I maintain that his play of *The Playboy* is not a truthful or just picture of the Irish peasants ...’ (Féach Grene, 2009: 152). I measc daoine agus dreamanna eile nár thaitin an dráma leo, bhí Conradh na Gaeilge, Cumann Lúthchleas Gael agus fiú Lady Gregory a dúirt, ‘it was a mistake to produce the play’ (Kiberd, 1979c: 246). Caitheadh anuas go mór ar an dráma sna nuachtáin, chomh maith. San *Irish Times*, dúradh nár léiriú ceart ar iarthar na hÉireann a bhí ann, nach raibh Christy Mahon ina Éireannach agus gur eachtra é a tharlódh i mBéal Feirste nó i mBaile Átha Cliath agus ní in iarthar na hÉireann (*Irish Times*, 1907b). I gcuntais eile, maíodh gur chuir an ‘Playboy’ féin as do dhaoine agus go raibh siosadh i measc an lucht féachana agus é ar an stáitse (*Irish Times*, 1907c).¹³⁴ Dúradh in *Freeman’s Journal*, ‘the Playboy is a poor thing, hardly worth making a fuss about one way or another. Synge does not seem to have known clearly what he was about when he wrote it.’ Maíodh sa nuachtán céanna, ‘The blood boils with indignation as one recalls the incidents, expression, ideas of this squalid, offensive production ...’ (Féach Ó Siadhail, 2007: 118–19). Tuairiscíodh in áiteanna eile gurbh é úsáid an fhocail ‘shift’ sa dráma a spreag an oiread sin réabtha i measc an lucht féachana ag an am (Kavanagh, 1984: 57).¹³⁵ Chuaigh an focal sin i gcoinne idéil fhormhór na náisiúnaithe. Maidir le *Playboy*, d’áitigh Hewitt gur maslaíodh na hidéil sin sa dráma toisc go raibh sé bunaithe ar ‘Revivalist attempts to circumscribe Irish identity within a wholesome, puritanical version of Gaelic Ireland ...’ (Hewitt, 2021: 171). Tugann Ní Mhuircheartaigh achoimre uilechuimsitheach ar a raibh i gceist leis seo trí chéile:

¹³⁴ Is fiú a lua chomh maith, i ndiaidh bhás Synge, go ndearnadh iarracht sa radharc gan an oiread fola a úsáid ar an stáitse agus maolaíodh tuin an athar chun é a dhéanamh níos gleoite agus séimhe, rud a thaitin leis an lucht féachana níos mó ba chosúil (Grene, 1975: 145).

¹³⁵ Pléifear an focal ‘shift’ ar leibhéal níos mionsonraithe i Rannáin 5.5 agus 5.8.2.

Uirlis a bhí sa drámaíocht le híomhá idileach den náisiún a chur chun cinn agus ní haon ionadh sa chomhthéacs sin an raic a tógadh nuair a measadh go raibh drámaí áirithe le Synge ag maslú mhuintir na hÉireann. Cuireadh in aghaidh aon rud nach raibh ag teacht le teagasc na hEaglaise chomh maith agus cuireadh i leith drámadóirí áirithe go rabhadar ag déanamh athnuachan ar an 'stage Irishman' (Ní Mhuirheartaigh & Mac Congáil, 2008: 31).

Agus Yeats agus Synge ag tagairt do lucht na gcíríbeacha ar an oíche, rinne siad cur síos orthu mar 'syphilitic and impotent' agus chuir siad ina leith go raibh 'venereal diseases' ag cuid acu (Hewitt, 2021: 199). In ainneoin na míshástachta ar fad, áfach, bhí ráchairt ar an dráma agus bhí rath ann ó thaobh an airgid de ós rud é go raibh formhór na ndaoine fiosrach faoin bhfuadar ar fad (Kavanagh, 1984: 59). De bhrí gur spreag an dráma seo an oiread sin fuadair nuair a léiríodh é ar an gcéad dul síos, thuig Yeats go raibh talamh nua á bhriseadh ag Synge i ndrámáíocht na hÉireann trí chéile (Féach O'Driscoll, 1972: 167). Níor thuig Synge an raic ar fad agus mar chosaint ar an dráma mhínigh sé gurbh ionann an dráma agus 'a comedy, an extravaganza, made to amuse' (Holder, 1988: 528).

I ndiaidh bhás Synge, d'éirigh tuairimíocht an phobail ábhairín níos séimhe i leith an dráma. Mhaígh Ua hÉigearthaigh, 'The play was both attacked and defended on wrong grounds. The things for which it was attacked are mere excrescences on it, which obscure the central idea, but do not detract from its worth. A calmer generation will see this more clearly' (O'Leary, 1994: 339). Aistríodh an dráma chuig go leor teangacha ina dhiaidh sin agus taispeánadh é ar fud an domhain agus leathnaíodh lucht na bhfaighteoirí chun an domhan ar fad a chlúdach, bíodh sé ar an stáitse nó i gcruth clóite. Tá sé fós á léiriú inniu

agus is dócha go bhfuil an ceart ag Ua hÉigearthaigh anois de bhrí gur deacair a shamhlú anois nach bhfáilteofaí roimhe a thuilleadh i measc na bhfaighteoirí.

Cosúil le *Playboy*, ba iad uasaicme Bhaile Átha Cliath chéad fhaighteoirí *Deirdre of the Sorrows*. I gcomparáid le chéad fhaighteoirí *Playboy*, ámh, ní raibh an oiread céanna frustrachais i leith an dráma seo ar an gcéad dul síos. Taispeánadh an dráma seo i ndiaidh do Synge bás a fháil agus seans gur mhaolaigh sé sin an tionchar a d'imir an dráma ar fhaighteoirí i mBaile Átha Cliath. Fuair an dráma cúpla drochléirmheas mar is iondúil ach ar an iomlán, glacadh leis an dráma. I ndiaidh an chéad léirithe sa Mhainistir in 1910, dúradh in *Freeman's Journal*, '... the play was received with plaudits, the final fall of the curtain being signalised by an outburst of enthusiasm which lasted several minutes' (*Freeman's Journal*, 1910). Níos déanaí an bhliain sin, taispeánadh an dráma seo sa Court Theatre i Londain. Dúradh san *Irish Times* go bhfuair an dráma 'a hearty welcome' agus 'The house was well filled with a brilliant audience, many well-known people taking a great interest in the Abbey Street Theatre' (*Irish Times*, 1910). I ndiaidh na mblianta d'aighneas i gcoinne Synge, tar éis a bháis, glacadh leis an dráma go fonnmhar i measc chiorcail liteartha na nGael. Deir Kiberd linn gur scríobhadh alt in *An Claidheamh Soluis* in ómós do Synge i ndiaidh a bháis gan choinne agus gur moladh é mar 'Gaedheal ar fearaibh iseadh Synge' (Féach Kiberd, 1979c: 257–8).

Nuair a léiríodh *In the Shadow of the Glen* ar an gcéad dul síos, níor glacadh go fonnmhar leis ach oiread. Ba é Griffith an duine ba mhó a bhí i gcoinne an dráma seo ón tús. Chuir Griffith i leith Synge gur 'treating women's frailty as a subject for laughter' a bhí ar bun aige (Kiberd, 1979c: 233); dúirt sé go raibh an dráma 'no more Irish than the *Decameron*' (Lonergan, 2013: 75); mhaígh sé nach raibh Nora Éireannach; agus gur scéal Gréagach

seachas Éireannach a bhí ann (Féach Frawley, 2009: 21–22). Tuairiscíodh chomh maith gur fhág Maud Gonne an amharclann de bhrí nár thacaigh sí leis an gcaoi ar léiríodh an carachtar Nora bunaithe ar ‘the insidious and destructive tyranny of foreign influence’ (Frawley, 2009: 21). Dar le formhór na gcéad fhaighteoirí, bhí Synge tar éis bantracht na hÉireann a mhaslú sa dráma (Ó Siadhail, 2007: 121). In ainneoin na critíce uile, bhí Synge docht daingean sa seasamh a bhí aige ar son an dráma agus thuig sé go raibh an fhírinne á léiriú aige ar an stáitse. Mar fhreagairt ar Griffith, sholáthair Synge an bunscéal, *The Unfaithful Wife*, as ar eascair an dráma chun barántúlacht an dráma a chur in iúl do mhuintir Bhaile Átha Cliath (Féach Kiberd, 1979c: 157). An lá i ndiaidh léiriú an dráma, dúradh san *Irish Independent*, ‘... the play’s only merit was its brevity. It is nothing more or less than a farcical libel on the character of the average decently reared Irish peasant woman’ (Kavanagh, 1984: 41). Bhreathnaigh na chéad fhaighteoirí, na náisiúnaigh go háirithe, ar Synge mar bhoihéamach ó Pháras a chaith anuas ar na tuathánaigh chun scéalta béadánacha a ghiniúint don stáitse. Chuir Kavanagh in iúl freisin go raibh dreamanna áirithe den tuairim nach raibh a leithéid de rud agus pósadh gan ghrá in Éirinn (Kavanagh, 1984: 56). Níl an ráiteas sin uilechuimsitheach, áfach, toisc gur mhol an Piarsach do scríbhneoirí áirithe aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna sóisialta sa scríbhneoireacht, ‘the loveless marriage’ ina measc.

Ba léir arís eile nach raibh faighteoirí i mBaile Átha Cliath réidh le glacadh leis an íomhá seo d’Éirinn de bhrí nár tháinig sí leis na hidéil a bhí roinnt náisiúnach ag iarraidh a lua leis an tír (Féach Frawley, 2009: 25). Ba léir, áfach, go raibh brú sa bhreis ar ghualainn an téatair iarracht a dhéanamh tacú le híomhá na hÉireann. Maíonn Frawley:

... the Irish Literary Theatre was perceived to have responsibilities other than the simple performance of its chosen plays — the plays were held accountable for their entertainment value, but also for their politics and their representation of an Irishness whose definition was still under construction (Frawley, 2009: 20).

Ghlac roinnt náisiúnaigh liteartha leis an dráma, ámh, de bhrí gur thuig siad gur eascair sé as foinse nádúrtha agus go raibh bunús an dráma fréamhaithe i mbéaloideas iarthar na hÉireann (Alexander, 1972: 21). Mar a pléadh cheana, bhí dúil ag Synge sa seanchas agus i dtraidisiúin chultúrtha agus bhí sé in ann an tuiscint orthu a mhúnlú lena gcur in oiriúint don stáitse. Maítear go bhfuil an dráma seo lán le gnéithe áirithe den bhéaloideas ach is dócha nach dtuigfeadh faighteoirí áirithe roinnt acu sin sa lá atá inniu ann de cheal eolais. Mar aon leis an ngné sin, maíonn Grene go bhfuil an dráma agus na carachtair sa dráma seo chomh domhain sin nach féidir le faighteoirí san amharclann tuiscint chuimsitheach a fháil ar an dráma gan dul ar ais agus an dráma a léamh.

In ainneoin an mórcháineadh a rinneadh ar an dráma seo, thaitin sé le faighteoirí freisin. Sa *Weekly Irish Times*, dúradh go raibh ar an amharclann tuilleadh léirithe a chur leis an sceideal de bharr an éilimh (*Weekly Irish Times*, 1904). In alt eile ón *Irish Times*, cé go raibh aiféala ar an léirmheastóir gur phléigh Synge le téama an phósta gan ghrá in Éirinn, tuigeadh san alt go raibh a leithéid de rud in Éirinn agus ní dhearnadh sin a shéanadh, ‘... though no doubt it is designed to throw a lurid light on the loveless, mercenary marriage too common in Ireland’ (*Irish Times*, 1903). Bliain is fiche níos déanaí, léiríodh an dráma arís eile sa Mhainistir, agus cosúil lenar tharla i gcás *Playboy*, ‘All past bitterness was forgotten ...’ (Kavanagh, 1984: 126).

In ainneoin critic fairsing i gcoinne dhrámaí eile Synge, thaitin *Riders to the Sea* le cuid mhór de na chéad fhaighteoirí, ar an iomlán. Nuair a léiríodh an dráma de chéadair, maíonn Kavanagh, ‘... the audience were so moved by its beauty and tragedy they did not applaud it at the end’ (Kavanagh, 1984: 42). Cuireann Kiberd in iúl go measann criticeoirí áirithe gurb é seo an dráma aon radhairc is fearr dá raibh riamh (Kiberd, 1979c: 105). Áitíonn Grene gur tagraíodh don dráma seo mar ‘flawless masterpiece’ (Féach Frawley, 2009: 16). Dúradh san *Irish Independent*, ‘[*Riders*] proved successful from the point of view of numbers as well as enthusiasm’ (*Irish Independent*, 1906a). Dúradh in *Tuam Herald* gurbh é *Riders* an dráma ba láidre i *repertoire* na Mainistreach (*Tuam Herald*, 1906). I léirmheas eile ón *Irish Independent*, tuairiscíodh ‘... it is no exaggeration to say that applause could hardly have been more cordially bestowed’ (*Irish Independent*, 1906b). Chuaigh an dráma ar turas timpeall na Ríochta Aontaithe chomh maith agus glacadh leis go fonnmhar ann (*Irish Times*, 1906).

Ar ndóigh, bhí roinnt náisiúnach glan ina choinne. Dhóigh an dráma an ghearb arís eile ag D.P. Moran agus thug sé ‘ghastly production’ ar an dráma toisc gur chuir sé ‘a visit to a dissecting room’ i gcuimhne dó (Féach Kavanagh, 1984: 48). Anuas air sin, bhí sé den tuairim gur ‘corpse curtain raiser’ a bhí sa dráma (Féach O’Leary, 1994: 282). In *An Claidheamh Soluis*, bhí meascán tuairimíochta faoin dráma agus cé gur moladh an dráma ar an gcéad dul síos, faoin 3 Feabhra, 1906 maíodh ‘nach raibh gaol na cosmhalacht ag na daoibh do bhí ar an ardán le muintir Inis Meadhain thar mar a bhí aca le muintir Hong-Cong’ (Féach Kiberd, 1979c: 243). San *Irish Times*, dúradh ‘The long exposure of the dead body before an audience may be realistic, but it is not artistic’ (Féach Grene, 2009: 149).

Scríobhadh *The Tinker's Wedding* d'Amharclann na Mainistreach ag fiorthús an 20ú haois ach ceapadh ag an am nach mbeadh ábhar an dráma féin feiliúnach lena chur ar an stáitse náisiúnta. In ainneoin gur léiríodh an dráma i Sasana san Afternoon Theatre Company agus His Majesty's Theatre in 1909 i ndiaidh do Synge bás a fháil, níor léiríodh an dráma sa Mhainistir go dtí 1971 (Vandevelde, 2006: 120 & Burke, 2009a: 42). Ar an gcaoi chéanna le drámaí eile le Synge, níor léiríodh mórán measa ar an dráma seo in aon chor nó maíonn Maguire 'Synge got little but hostile criticism from his countrymen, for he carried his love of strong life and vigour and fierceness to a degree unpleasing in a country where these things are held at poor enough value' (Maguire, 1911: 39). Mhaígh Daniel Corkery 'the play is scarcely worth considering either as a piece of stagecraft or as a piece of literature' (Féach Burke, 2009a: 42). Maíonn Burke gur thuig Synge nach mbeadh dearcadh an phobail sásta le giotáí áirithe sna chéad dréachtaí den dráma nó '... nationalist audiences had little tolerance for the overt undermining of normative sexual mores.' De thoradh na léargas sin, baineadh den dráma beirt pháistí a bhí ina gcarachtar i gceann de na chéad dréachtaí de bhrí gur saolaíodh na páistí sin lasmuigh den phósadh (Burke, 2009a: 49). In ainneoin na hiarrachta sin, áfach, maíodh '... the mockery of the mass and Sacraments is so blasphemous, it is unthinkable how any man of healthy mind could father it or expect any audience to welcome it' (*Freeman's Journal*, 1911). Áitíodh freisin go raibh 'exotic gloom' le feiceáil sa dráma seo i gcomparáid le *Riders (Western People*, 1913). Cáineadh láidir eile a rinneadh in aghaidh an dráma, '... it is safe to say once more that if this 'comedy' if ever placed before an Irish house, the actors who play it and the people who sanction its production will be taught a lesson that will make them sadder, if wiser, men' (*Irish Independent*, 1908). Tuairiscíodh san *Irish Examiner* go raibh an dráma 'without idea' agus gur 'error of taste' a bhí ann (*Irish Examiner*, 1910). I measc ciorcail liteartha, bhaist Greene 'ugly duckling' ar an dráma seo i *repertoire* Synge (Féach

Burke, 2009b: 64). Léiríodh an dráma sna blianta ina dhiaidh sin, chomh maith, agus mar chuid de thaispeántas lae de dhrámaí Synge (le DruidSynge), dúradh faoin dráma, ‘*The Tinker’s Wedding*, here dragged up to date via the slatternly modern-day apparel of some latterday but still timeless trailer trash is pure McDonagh pre-dated, a dirty-minded, sacrilegious ode to life’s bawdy extremes’ (*The Herald*, 2005). Ba é sin an chéad uair a léiríodh na saothair ar fad de chuid Synge in aon bhabhta amháin. (*The Irish Times*, 2005). Lena chois sin, in ainneoin gur ceapadh go raibh an dráma maslach ag an am ar go leor bealaí, luann Burke gur léirigh compántais amaitéaracha sa Phobal Taistealaithe an dráma seo go minic ó na 1970idí (Burke, 2009a: 43). Ó léiríodh drámaí Synge de chéadair, taispeánadh iad arís is arís eile go hidirnáisiúnta i gcruthanna éagsúla a gcuimsítear iontu buíonta éagsúla faighteoírí ó gach cearn den domhan.

5.4 Glacadh na n-aistriúchán¹³⁶

In ainneoin go raibh neart faisnéise ar fáil ar bhundrámaí Synge agus fiú bundrámaí McDonagh agus aistriúcháin Uí Chonghaile, níl an oiread sin fianaise ar fáil maidir le haistriúcháin shaothair Synge trí chéile. I ndáil le *Áilteoir na Dúiche Thiar* (nó *Buachaill Báire an Domhain Thiar* mar a tugadh air i roinnt léirmheasanna), is léir gur glacadh leis go fonnmhar ar an iomlán. I léirmheas ar an *Connacht Tribune*, maíodh gur léiríodh an dráma seo beag beann ar chostas toisc gurb é seo an chéad uair a léiríodh an dráma sa Taibhdhearc, agus ar stáitse proifisiúnta, dá bhrí sin. Léiríodh *Uaigneas an Ghleanna*, *Chun na Farraige Síos* agus *Pósadh an Tincéara* san amharclann roinnt uaireanta roimhe seo agus thaitníodh na drámaí sin go mór leis na gnáthóirí amharclainne. Cuireadh in iúl, leis, gur oibrigh comhréir an bhundráma seo go han-nádúrtha sa Ghaeilge. Áitíodh freisin

¹³⁶ Cé go bhfuil léirmheasanna moltacha faoin leagan de *Pósadh an Tincéara* le Ó Flaithearta, níl fáil ar an script chun anailís a dhéanamh ar an téacs féin. Seachas tagairt fhaisnéiseach nó dhó don leagan le Ó Carra, bhí fáil ar an leagan seo ó chartlann NUIG. Déanfar an téacs a anailísiú ó thaobh ábhar an dráma de sna chéad rannáin eile.

gur tugadh cuairt ar an iliomad tithe timpeall Chontae na Gaillimhe chun teacht ar na frapaí is feiliúnaí don léiriú seo (bunaithe ar alt as *Connacht Tribune*, 1973).

Taispeánadh *Déirdre an Bhróin* sa Taibhdhearc in 1931, áit a bhfuair sé ‘moladh mór’, go háirithe don aisteoir Máirtín Ó Direáin i ról Naoise (Féach *Connacht Sentinel*, 1931 / *Túinléigh*, 1988: 33). Léiríodh an dráma sa Phéacóg i mBaile Átha Cliath den chéad uair in 1937 mar chuid den 15ú sraith sa Chomhar Dramuíochta freisin (*Evening Herald*, 1937). Moladh Brigid Ní Loinsigh mar aisteoir sa taispeántas in ainneoin go raibh critic áirithe ag dul do na haisteoirí eile i ndáil lena gcuid foghraíochta (*Irish Press*, 1937). Maíodh in *Ireland To-Day* (*Samhain*, 1937), ‘If most of these players are actors, then a tin whistle player outside a pub is a musician and, funny enough, both expect to get money from it’ (Féach O’Leary, 2021: 12). In ainneoin an léirmheasa sin, i léirmheas eile ón *Irish Independent*, cuireadh in iúl gur ‘ughdair misnigh an oiread sin daoine a thigheacht ag breathnú ar “*Deirdre an Bhróin*”’ (*Irish Independent*, 1937). Cuireadh an dráma seo ar stáitse na Taibhdheirce in 1934 freisin agus áitíodh gurb é ‘one of the most successful yet seen in Galway’ (*Irish Press*, 1934). Taispeánadh sa Ghailimh arís eile é in 1937 agus tugadh ‘great success’ ar an taispeántas seo chomh maith (*Tuam Herald*, 1931). Ba é Ó Briain féin a bhí i mbun an róil mar Rí Conchobhar agus maíodh gur léirigh sé a ‘customary finesse’ sa pháirt sin (*Irish Independent*, 1931).

Maidir le *Uaigneas an Ghleanna*, le Ó Foghludha toisc nach bhfuil ach cúpla léirmheas ar an bhfoilseachán, *Naoi nGearra-Chluichí*, ní féidir a bheith cinnte cén leagan ar leith a bhí in úsáid ag compántais amaitéaracha agus phroifisiúnta thar na blianta.¹³⁷ Bhí cúpla

¹³⁷ I léirmheas ó shliocht nuachtáin anaithnid bunaithe ar an leabhar seo i bhfillteán ED/AnGúm/N170 sa Chartlann Náisiúnta, cuireann údar an ailt in iúl gur deacair an rud é ‘rith agus ceol na cainnte do thabhairt leis agus meon an ughdair a nochtadh.’ Ní lochtaíonn an t-údar siúd Gaeilge Uí Fhoghludha agus ní léiríonn sé aon fhianaise ar leith chun tacú leis an tuairimíocht sin, áfach.

tagairt, áfach, don aistriúchán seo ar *Raidió Éireann* ar an 28 Márta 1942 (*Connacht Tribune*, 1942) agus i léirmheas sa *Ballina Herald* in 1948, moladh an t-aistriúchán as ‘... fine phrases and subtle cadences of the original’ (*Ballina Herald*, 1948). Cuireann Ó Siadhail in iúl gur léiríodh an t-aistriúchán seo in Amharclann na Mainistreach le hAisteoirí Átha Cliath faoi choimirce an Chomhair Drámaíochta ar an 12 Samhain 1923 (Ó Siadhail, 1993: 168).

I ndáil le *Chun na Farraige Síos* agus *Uaigneas an Ghleanna* le Ó Flaithearta, seachas léirmheas dímheasúil anseo is ansiúd i dtaobh na haisteoireachta i dtaispeántas nó dhó gur glacadh leis na haistriúcháin féin glan amach. Taispeánadh *Chun na Farraige Síos* ar an gcéad dul síos mar chuid de chlár Amharclann de hÍde agus chuaigh sé ar camchuairt timpeall na hÉireann, chuig na hOileáin Árann, an Phéacóg agus an Damer ina measc (Féach Ó Siadhail 1993: 217). Mar thagairt don dá aistriúchán seo, ar bhlurba an chnuasaigh drámaí ó Sáirséal agus Dill, maíodh ‘D’fhéadfaí a rá gurb é atá déanta ag Tomás Ó Flaithearta sna haistriúcháin seo ar dhrámaí clúiteacha Synge, a dteanga dhúchais a chur ar ais go nádúrtha i mbéal na gcarachtar in áit an Bhéarla-Ghaeilge a bhí acu go dtí seo ...’ (Ní Chonaire, 1972: 14 / Ó hÓgáin, 1972: 8). Maidir leis an dá dhráma, áitíodh ‘Retrieved from the Kiltartan dialect as it used to be called, the two classics are restored to beauty’ (*Evening Herald*, 1972). Mar thrácht ar áilleacht an aistriúcháin seo arís eile, cuireadh in iúl i léirmheas eile, ‘Ó Flaithearta’s translation shocks the ear with a sense of rightness, the feeling that, linguistically, the play has come home’ (*Irish Times*, 1996c). Maidir le *Uaigneas* sa Damer, cé nach raibh dúil ag an léirmheastóir, Lionard Ó Coigligh, sa bhundráma, mhaígh sé ‘go ndearnadh go maith é’ ó thaobh an aistriúcháin de (Ó Coigligh, 1972: 18). Cuireadh in iúl san *Irish Independent* gur thug Ó Flaithearta

‘outstanding performance’ sa phríomhpháirt sa léiriú seo sa Damer chomh maith (*Irish Independent*, 1962).

Maidir le *Chun na Fairrge Síos* le Ó Muircheartaigh agus le Ó Séaghdha, is é an áit is mó a bhfuil clú agus cáil ar an aistriúchán seo ná ar raidió na hÉireann le tuairiscí ó *Connacht Sentinel*, *Irish Examiner*, *Evening Echo*, *Irish Press* agus *Irish Times* ó 1947 ar aghaidh faoi chlár raidió a léirigh an dráma seo ar na haerthonnta.¹³⁸ Ciallaíonn sé sin go raibh clúdach uile-Éireann ag an dráma seo ar an gcéad dul síos. Sa nuachtán, *An Glór*, moladh an t-aistriúchán seo go hard agus maíodh gur aistriúchán cruinn agus beacht a bhí ann agus gur píosa filíochta a bhí san aistriúchán féin. Mhaígh an léirmheastóir nár ghá d’aon duine ach an t-aistriúchán Gaeilge seo a chur taobh le taobh leis an mbunleagan Béarla mar chruthúnas ar cé chomh maith agus atá an t-aistriúchán seo leis an mbeirt aistritheoirí (*An Glór*, 1945). D’fhoilsigh An Gúm an leagan seo den dráma agus cuireadh in iúl go raibh an dráma ‘competently done into Irish’ (L. O’B, 1945: 540).¹³⁹ Léiríodh an leagan seo in Amharclann na Mainistreach ar an 19 Meán Fómhair 1960 freisin (Ó Siadhail, 1993: 188).¹⁴⁰

Maidir le *An Mhuir* le Tóibín, glacadh leis ar an mórgóir. In *Limerick Leader* in 1935, scríobhadh píosa faoi ‘Gaelic Drama’ agus chuir an t-údar in iúl ‘Much of the inspiration of the early Gaelic playwrights was derived from what was genuinely Gaelic in Anglo-Irish drama.’ Leanann an t-údar ar aghaidh agus tráchtann sé ar *Riders* mar ‘a poignant drama

¹³⁸ Thuig Ó Muircheartaigh tábhacht an raidió agus shíl sé go bhféadfaí úsáid cheart a bhaint as an raidió mar uirlis in aghaidh an Bhéarla. D’admhaigh sé ag an am nár baineadh gach uile thairbhe as an raidió leis an nGaeilge a neartú ach gur chóir a leithéid a dhéanamh chun dul i ngleic le húsáid leathan an Bhéarla in Éirinn (Féach Ó Muircheartaigh, 1937: 23–4).

¹³⁹ Glactar leis gur Liam O’Brian a scríobh an léirmheas seo ach níl aon fhianaise bheacht san eagrán sin den iris.

¹⁴⁰ 1936 ba ea an chéad léiriú sa Mhainistir faoin ainm *Muir na Cinneamhna*. Feach ED/AnGúm/A0451 sa Chartlann Náisiúnta.

dealing with the ceaseless struggle for existence of the Aran Islander, maintain[ing] a genuine Gaelic atmosphere throughout' (*Limerick Leader*, 1935). Agus é ag tagairt don dráma seo luann sé *An Mhuir* le Tóibín go sonrath chun an ghné seo a léiriú san alt. In alt eile ó *Freeman's Journal*, déantar tagairt don Tóibíneach mar 'scríbhneoir cliste' agus an t-údar ag trácht ar *An Mhuir* arís eile anseo (*Freeman's Journal*, 1923). Léiríodh an t-aistriúchán seo ar an gcéad dul síos sa Mhainistir ar an 17 Nollaig 1923, agus maíonn Ó Siadhail gurbh é sin an chéad uair a rinneadh an dráma seo, agus drámaí eile a bhí mar chuid den tsraith, a mheas le slat tomhais na gnáthdhrámaíochta in Éirinn (Ó Siadhail, 1993: 62 & 168).

I gcás na n-aistriúchán ar fad a ndéantar tagairt dóibh sa rannán seo, glacadh leo go díocasach agus cé go raibh fáil fhorleathan ar na bundrámaí Béarla in Éirinn, cuireadh iallach, bealach amháin nó eile, ar na haistritheoirí seo na haistriúcháin a chur ar fáil sa Ghaeilge. I measc na n-aistritheoirí seo, tá idir chainteoirí dúchais agus chainteoirí a d'fhoghlaim an Ghaeilge sa mheá ó iarthar na hÉireann go Corcaigh agus Baile Átha Cliath. Cé go bhfuil roinnt éagsúlachta i gceist leis na haistriúcháin ar dhrámaí Synge, tá rud amháin i gcoitinne ag na haistritheoirí seo, is é sin le rá, go bhfuil cuspóir athghabháil na teanga i gceist de bhrí gur athshealbhaíodh na bundrámaí seo go Gaeilge lena gcur ar fáil do phobal na Gaeilge timpeall na tíre.

5.5 Léargas ar na bundrámaí

Tríd is tríd, is scigdhráma atá in *Playboy* nó leanann an dráma an mhíthuiscint gur mharaigh Christy Mahon a athair. Déann Grene tagairt don 'snowball' sa dráma seo arb ionann é agus 'the preposterous growth of misconception ... depend[ing] on a simple mechanism for the creation of misunderstanding' (Grene, 1975: 136). Cé go gcuirtear síos

ar an dráma seo mar scigdhrama, is féidir leis an ngreann sa dráma a bheith ábhairín iomarcach uaireanta. Mar shampla, sa líne, ‘... them lads caught a maniac one time and pelted the poor creature till he ran out raving and foaming and was drowned at sea’ (Greene, 1975: 143). Déanann Synge iarracht sa dráma mothúcháin as cuimse a chur in iúl trína charachtair freisin. I measc na mothúchán sin tá ualach an uaignis, an eagla roimh an mbás, an tseanaois, agus an t-aighneas idir an grá agus an ghráin i measc na gcarachtar. Anuas air sin, pléitear leis an bhfearg, an náire agus an iarracht atá ar bun ag carachtair áirithe an taobh is fearr a choinneáil amuigh sa tsochaí áirithe seo. In ainneoin gur scigdhrama atá ann, léirítear é le béim ar leith ar réaltacht an tsaoil in iarthar na hÉireann. Déantar trácht ar ghnáthchúrsaí an tsaoil agus déantar iarracht saol a chruthú atá réadúil agus ionadaíoch do shuíomh mar seo in iarthar na hÉireann. Ní léirítear aon rud as an ngnáth sa dráma agus ní bheadh deacracht ag faighteoirí ó thús an 20ú haois le haon réamhghlacan a léiríodh sa dráma. Is cinnte go bhfuil saol na linne tar éis bogadh ar aghaidh go mór ach bheadh tuiscint éigin ag faighteoirí an lae inniu ar réamhghlacana *Playboy* nó is ag tagairt do shaol tráth dá raibh in iarthar na hÉireann atá sé. Cuireann sé sin le nádúrthacht agus barántúlacht an dráma féin go fóill ach b’fhiú an focal ‘shift’ a lua anseo mar réamhghlacan i gcás fhaighteoirí an lae inniu. Gan míniú breise, tá an baol ann nach dtuigfeadh faighteoirí áirithe ciall an fhocail seo. In ainneoin nach bhfuil baint mhór ag an bhfocal seo le tuiscint an dráma, ní mór tagairt a dhéanamh dó anseo de bhrí gur tuairiscíodh gur eagraíodh agóidí in aghaidh an dráma toisc an fhocail sin. Maíonn Greene, ‘... the infamous word ‘shift’ used by Christy Mahon in Act III, an old-fashioned word for a woman’s chemise regarded as coarse by the middle-class Dubliners, seems to have triggered the riot, but it was symptomatic of a sexual indelicacy detected throughout’ (Greene, 2009: 152) (Féach *Playboy*, 208 & 226). Ó scríobhadh *Playboy*, cuireadh os comhair an phobail i gcruithanna éagsúla é. De bhrí gur dráma é a scríobhadh don stáitse

ar dtús, athléiríodh é le leasuithe áirithe agus béim ar ghnéithe éagsúla ag brath ar an léiriú féin. In 1995 i léiriú le Brian Brady in Amharclann na Mainistreach, beartaíodh gurbh fhiúntaí Father Reilly a choinneáil ar an stáitse agus é ina thost chun a thábhacht mar charachtar a chur in iúl (Hewitt, 2021: 194). Le linn phaindéim COVID-19, athraíodh an bundráma seo ina cheoldráma agus taispeánadh é sa Galway Summer Garden (Andrews, 2020). Cuireann Grene in iúl gur athshamhlaíodh an dráma i gcoimisiún speisialta d'Amharclann na Mainistreach le Roddy Doyle agus Bisi Adigun in 2007. Sa leagan áirithe sin, athraíodh an suíomh ó chontae Mhaigh Eo go Baile Átha Cliath agus díríodh ar an gcoireacht drongchoirpeachta in ionad an athairmharaithe (Grene, 2009: 160). Is sa chomhthéacs sin a thagraíonn Hewitt do shuíomh an dráma, 'Though The Playboy is not an allegory, it is a representation of the socio-economic life of Mayo which draws on literary, scientific, and economic sources to produce a dramatic 'mirror' of the 'essence' of contemporary malaise' (Hewitt, 2021: 191–2). Déanann scoláirí áirithe tagairt do chontae Mhaigh Eo agus Cogadh na mBórach de bhrí gur rugadh John MacBride ann, duine a chuir in aghaidh fothoghchán parlaiminteach sa chontae le linn dó a bheith ag troid sa chogadh sin. Déantar tagairt dó sa dráma féin agus sin an fáth a gceanglaítear suíomh an dráma leis an gcogadh sin. Ina fhianaise sin, áitíonn Innes, 'The play is thus historically and geographically located as a site of antagonism to colonialism, an occupied territory where the local dream of escape and redemption' (Innes, 2009: 123). Scríobhadh an dráma nuair a bhí Éire fós mar chuid den Ríocht Aontaithe agus tráth a raibh rialtas dúchais ar cheann de na hábhair chainte ba mhó (Grene, 1975: 2).¹⁴¹ Chuir Synge tús leis an dráma in 1904 agus chríochnaigh sé dhá bhliain go leith níos déanaí in 1907 é. Le linn an ama sin, bhí ionchur ó Gregory agus Yeats agus thuig siad go mbeadh an dráma seo ina ócáid mhór i saol na drámaíochta (Richards, 2009: 28). Léiríodh an dráma de

¹⁴¹ In ainneoin an pointe seo, dúradh cheana sa tráchtas seo nach raibh aon rian den pholaitíocht ina shaothair, féach Rannán 5.1.

chéaduair in Amharclann na Mainistreach ar an 26 Eanáir 1907 agus foilsíodh sa bhliain chéanna é. Cé go bhfuil níos mó ná 100 bliain caite ó scríobhadh an dráma, is fíor do léitheoirí áirithe a áitíonn gur doiligh an rud é Synge a rangú sa stair de bhrí go bhfuil cuma chomhaimseartha air mar dhrámadóir (Féach Grene, 1975: 159). Chun críocha an tráchtais seo, áfach, is leis an leagan seo den dráma a phléitear: Synge, J.M. (1981c) 'Playboy of the Western World', in Henn, T.R. (ed.) *Synge — The Complete Plays*. London: A & C Black Publishers Limited, pp. 173–229.¹⁴²

I gcás *Deirdre*, maítear go raibh Synge ag smaoineamh ar dhráma ceithre ghníomh agus dhá ghníomh sular socraíodh ar an dráma sa chaoi a bhfuil cur amach air anois mar dhráma trí ghníomh (Grene, 1975: 162). Cuireadh in iúl chomh maith go raibh suas le 15 leagan iomlána den dráma seo roimh bhás Synge, rud a chuireann in iúl go raibh Synge ag streachailt ar feadh i bhfad le gnéithe áirithe den dráma (Greene, 1948: 1320). Maíonn Kiberd gur bhain sé breith Dheirdre den dráma, rud a chabhraigh leis líon na gcarachtar sa dráma a laghdú agus tuilleadh béime a chur ar phearsantacht na gcarachtar (Kiberd, 1979c: 192). Ní mór cuimhneamh air chomh maith go bhfuair Synge bás sular stáitsíodh an dráma agus nach raibh sé páirteach sa leagan deireanach den dráma féin.

Tá an dráma seo lonnaithe den chuid is mó i dTuaisceart Éireann (mar a thugtar air sa lá atá inniu ann) agus in Albain (Féach Lonergan, 2013: 72). Is doiligh áit bheacht a bhronnadh ar shuíomh an dráma seo ar chúpla cúis. Ar an gcéad dul síos, ní thagann canúint na gcarachtar lena mbeifí ag súil leis de bhrí gur baineadh úsáid as canúint iarthar na hÉireann ar an iomlán. Ar an dara dul síos, baineann ábhar an dráma le seansága béaloidis agus ní féidir a bheith go hiomlán cinnte faoi bhunáiteanna a luaitear sa dráma

¹⁴² Dráma fada trí ghníomh atá ann. Cuirtear ainm an charachtair i litreacha móra ag tús gach abairte agus cuirtear na treoracha stáitse i gcló iodálach sa leagan seo den téacs.

féin. Thosaigh Synge ag obair ar an téacs timpeall Mheán Fómhair, 1907 agus faoi Nollaig na bliana sin, bhí suas le seacht leagan dréachtaithe aige. D'oibrigh sé ar an saothar seo go dtí gur cuireadh san ospidéal é in Eanáir 1909 (Féach Grene, 1975: 161 & 177 & Kiberd, 2009: 66). Murab ionann agus na drámaí eile leis, ní bhaineann am an tsaothair seo leis an tréimhse inar scríobhadh é. Baineann sé le scéalta Rúraíochta i miotaseolaíocht na hÉireann timpeall na chéad aoise AD.

I gcomparáid le leaganacha den scéal seo a tháinig roimh leagan Synge, mhaígh Spangler gurbh ionann an leagan seo de Dheirdre agus 'feminine tragedy' a bhfuil an spótas ar Dheirdre féin síos tríd (Spangler, 1977: 98). Dráma grá tragóideach bunaithe ar scéal as miotaseolaíocht na hÉireann is ea *Deirdre of the Sorrows*. Baineann ábhar an dráma féin le triantán suthain idir Deirdre, Conchubor agus Naisi agus an plean fealltach a chuireann Conchubor ar bun chun an lámh in uachtar a fháil ar Naisi agus grá Dheirdre a mhealladh. Arís eile, braitheann carachtair i ndrámaí Synge mothúcháin as cuimse amhail an grá, an fhearg, an mhian agus an eagla. Nuair a stáitsíodh an dráma ag tús an 20ú haois, thuig Synge an baol a bhí ann go raibh scéal *Deirdre* chomh haitheanta nach mbainfí mórán siamsaíochta as de bhrí go bhfuil tuar na tragóide ann ón tús. Bhain Synge tairbhe as an tuar seo, áfach, agus mhúnlaigh sé an plota ar bhealach chun bás an ghrá idir Deirdre agus Naisi a chur chun cinn, rud nach ndearnadh i leaganacha eile. Cé gurbh fhiú réamhfhaisnéis de shaghas éigin a bheith ag an bhfaighteoir roimh bhreathnú ar an dráma nó é a léamh, níl sí bunriachtanach. Chun críocha an tráchtais seo, is leis an leagan seo den dráma a phléitear: Synge, J.M. (1981a) 'Deirdre of the Sorrows', in Henn, T.R. (ed.) *Synge — The Complete Plays*. London: A & C Black Publishers Limited, pp. 231–73.¹⁴³

¹⁴³ Ar an gcaoi chéanna le *Playboy*, dráma fada trí ghníomh atá ann. Cuirtear ainm an charachtair i litreacha móra ag tús gach abairte agus cuirtear na treoracha stáitse i gcló iodálach sa leagan seo den téacs. Áitíonn Kiberd go gcoinníonn Synge an struchtúr céanna cosúil le leagan Yeats, .i. '...

Mar a pléadh cheana, d'eascair *Shadow* as seanscéal a chuala Synge ar Oileáin Árann. Tuigtear, chomh maith, go raibh cúpla leagan den dráma seo ann roimh an leagan deireanach. Cuireann Hewitt in iúl go raibh dréachtaí éagsúla in *Samhain* agus i lámhscríbhinní áirithe ina raibh gnéithe difriúla i gcomparáid leis an leagan deiridh. Tugadh '*Dead Man's Deputy*' ar leagan amháin den dráma seo, fiú (Féach Hewitt, 2021: 103). Chun críocha an tráchtais seo, áfach, is é an leagan den dráma a phléitear: Synge, J.M. (1981b) 'In the Shadow of the Glen', in Henn, T.R. (ed.) *Synge — The Complete Plays*. London: A & C Black Publishers Limited, pp. 81–94.¹⁴⁴ Maíonn Hewitt gur úsáid Amharclann na Mainistreach an seit céanna sé huaire déag faoin mbliain 1911. Léiríodh sa seit sin an radharc steiréitipiciúil de theachín a bhí coitianta in áiteanna iargúlta in Éirinn. Tugann Hewitt doras an teachín chun solais nuair a luann sé go seasann an doras seo do thairseach idir an saol taobh amuigh (an saol réalaíoch) agus an domhan a chruthaítear sa dráma. Is féidir breathnú ar an tairseach sin mar dheighilt idir dhá dhomhan éagsúla (Hewitt, 2021: 86). I bhfianaise aistí Synge faoi Chill Mhantáin, is féidir a dhéanamh amach gurb é Gleann Molúra suíomh an dráma féin (Féach Grene, 1975: 84). Cé go bhfuil spás an dráma teoranta do shuíomh an teachín féin, cruthaíonn Synge saol níos fairsinge trí thagairt a dhéanamh do charachtair atá ina gcónaí sa ghleann, amhail Peggy Cavanagh nó Patch Darcy, ach nach bhfeictear sa dráma. Cruthaíonn sé seo pobal níos leithne ach is cleas é chun líon na n-aisteoirí a íslíú don dráma féin (Féach Grene, 1975: 99). Cosúil le suíomh *Playboy* agus *Riders*, thuig Synge tábhacht na

the three main episodes — elopement, life in Alban and tragic return to Ireland — within the three-act form' (Kiberd, 1979c: 177).

¹⁴⁴ Dráma gearr aonghnímh atá ann. Cuirtear ainm an charachtair i litreacha móra ag tús gach abairte agus cuirtear na treoracha stáitse i gcló iodálach sa leagan seo den téacs. Luann Henn gur baineadh an 'In' ag tús an teidil sa dara heagrán den dráma (Henn, 1981, 274). Mionrud atá ann ach is fiú é a lua de bhrí nach bhfuil 'In' mar chuid den teideal aistrithe sa Ghaeilge, *Uaigneas an Ghleanna*.

timpeallachta agus an tionchar a d'imir sé sin ar dhaoine. Mhínigh Synge, '[climate] has caused or increased a tendency to nervous depression among the people, and every degree of sadness ... is common among these hills.' Áitíonn Frawley go léiríonn Synge radharc an teachín iargúlta ar bhealach a threisíonn an tionchar diúltach a imríonn an timpeallacht ar na carachtair, Nora go háirithe (Frawley, 2009: 24). Taispeánadh an dráma seo de chéadair ar an 8 Deireadh Fómhair 1903 (Féach Kiberd, 1979c: 174). Go teicniúil, baineann am na scríbhneoireachta agus na taispeána le fráma ama an dráma féin ach maíonn Hewitt go bhfuil gné sa bhreis ó thaobh cúrsaí ama de sa dráma seo. Deir sé, '... plural lifeworlds and spatialized temporalities begin[s] to strain against both form and plot, creating a sense of crisis that functions not only through an 'old/new' binary, or a 'past/present/future' relationship' (Hewitt, 2021: 91). Cé gur dráma aon radhairc é seo, déantar trácht ar an saol taobh amuigh mar aon leis an todhchaí, rud a mhéadaíonn ceithre bhalla an teachín ina bhfuil an dráma suite chun domhan níos leithne a chlúdach. Cuireann Hewitt leis an bpointe sin á rá:

In fact, the characters of both one-act plays constantly refer to futures that will never be realized onstage, thus drawing attention to the form of the play itself, which constrains the possibilities of plot and time span allowed to longer forms of drama, and even to one-act plays which comprise more than a single scene (Hewitt, 2021: 97).

Scigdhrama a chaitheann solas ar ghné an phósta gan ghrá atá i gceist le hábhar an phlota seo. Síleann Nora go bhfuil a fear céile, Dan, tar éis bás a fháil ach faightear amach faoi dheireadh an scéil gur bhuaill sé bob uirthi. Le linn an dráma, tagann tramp isteach mar léiriú ar an domhan taobh amuigh den teachín ina bhfuil an dráma suite agus

imíonn Nora leis nuair a fhaightear amach go bhfuil Dan fós ar an saol.¹⁴⁵ In ainneoin gur dráma grinn atá ann ar go leor bealaí, pléann Synge le téamaí láidre amhail pósadh gan ghrá, stádas na mban sa chaidreamh pósta agus sa tsochaí chomh maith leis an mian i ndiaidh saol níos fearr. Agus Frawley ag tagairt do stádas na mban in *Riders* agus *Shadow*, maíonn sí:

... [it] renovated notions of the dramatic in Irish theatre with a social realism that altered the perception and function of the woman on-stage, while heightening expectations placed on Irish women off-stage; it also granted new dramatic importance to landscape and place by refusing simple idealisation of rural Ireland (Frawley, 2009: 17).

Cosúil le *Riders*, déantar neart tagairtí do phiseoga an bháis atá le fáil i mbéaloideas na hÉireann. I gcás ceann de na piseoga seo, ní féidir an corp a fhágáil ina aonar. Tá Nora trína chéile de bhrí nach raibh sí in ann na comharsana a chur ar an eolas ó fuair Dan bás tráth luí na gréine. Dá bhfágfadh sí corp Dan ina aonar, bhrisfeadh sí ceann de na rialacha traidisiúnta (Kiberd, 1979c: 170). Bhí traidisiúin mar seo coitianta go leor ag tús an 20ú haois go háirithe i gceantair taobh amuigh de bhailte agus cathracha na tíre ach b'fhéidir nach mbeadh an traidisiún seo ar eolas ag faighteoirí an lae inniu. Sa chás sin, ba ghá d'aistritheoir bheith feasach ar a leithéid san aistriúchán.

Scríobh Synge *Riders* le linn shamhradh 1902 agus tuairiscíodh go raibh sé in ann leagan de *Riders* a thaispeáint do Gregory agus Yeats faoi Dheireadh Fómhair na bliana céanna

¹⁴⁵ Maíonn Grene go bhfuil deireadh an dráma neamhghnách do dhráma grinn sa mhéid go bhfágann Nora ar deireadh, 'It is relatively seldom that the unfaithful wife of comedy leaves her husband ... *The Shadow*, by contrast, shows the definitive break-up of a marriage' (Grene, 1975: 147).

(Clark, 1972: 42). Is eol dúinn arís eile go raibh leaganacha éagsúla den dráma seo ann nó maíonn Hewitt go raibh leagan den dráma ann le dhá radharc. Cuireann Hewitt in iúl nach n-osclaítear an beart éadaí sa leagan sin ná i leagan lámhscríbhíne eile (Hewitt, 2021: 99). Foilsíodh an dráma féin in *Samhain* i Meán Fómhair 1903 ach ní dhearnadh é a stáitsiú go dtí an 25 Feabhra, 1904 (Féach McCormack, 2010: 5 & Clark, 1972: 42). Chun críocha an tráchtais seo, is é an leagan den dráma a phléitear: Synge, J.M. (1981d) 'Riders to the Sea', in Henn, T.R. (ed.) *Synge — The Complete Plays*. London: A & C Black Publishers Limited, pp. 95–106.¹⁴⁶ Cé go bhfuil ceangal aitheanta idir Synge agus Oileáin Árann, is spéisiúil a lua gurb é seo an t-aon dráma i *repertoire* Synge atá lonnaithe ar Oileáin Árann (Greene, 1975: 41). Bhí Synge ar Inis Oírr timpeall an ama ar scríobh sé an dráma seo chomh maith agus ba é sin an uair dheireanach a chuaigh sé chun na n-oileán sula bhfuair sé bás (McCormack, 2010: 5). Scríobhadh an dráma in 1902 agus tá sé lonnaithe sa fhráma ama céanna. Tá an dráma seo cosúil le *In the Shadow of the Glen* sa mhéid gur doiligh am ar leith a lua leis. Ar an gcaoi chéanna, déantar tagairt don todhchaí sa dráma seo, rud a fhadaíonn tréimhse ama an tsaothair gan é a léiriú go fisiciúil ar an stáitse (Féach Hewitt, 2021: 91 & 97). Scéal lán le cumha, crá agus pian atá in *Riders*. Pléann ábhar an phlota leis an léan a bhraitheann Maurya dá mac, Michael. Meascann Synge béaloideas maidir le creidimh i leith an bháis leis an uafás a bhuaileann Maurya nuair a fhaigheann sí amach gur bádh a mac. I ndiaidh di a fháil amach gur bádh Michael creideann sí go bhfaca sí a mac eile, Bartley, ag marcaíocht ar chapall taobh thiar de thaibhse Michael. Cosúil le Nora in *Shadow*, ardaíonn Synge ceist stádas na mban i sochaí na hÉireann trí sholas a chaitheamh ar chruatan follasach Maurya mar charachtar ionadaíoch ar oileán in iarthar na hÉireann. Baineann an dráma le saol na n-oileán agus rinne Synge iarracht prapaí fisiciúla ó na hoileáin a úsáid ar an stáitse don chéad léiriú nó

¹⁴⁶ Dráma gearr aonghnímh atá ann. Cuirtear ainm an charachtair i litreacha móra ag tús gach abairte agus cuirtear na treoracha stáitse i gcló iodálach sa leagan seo den téacs.

ba léir dó go raibh tábhacht agus luach ar leith le nithe coiteanna a bhain le saol mhuintir na n-oileán. Deir Synge, 'Every article on these islands has an almost personal character, which gives this simple life, where all art is unknown, something of the artistic beauty of medieval life' (Synge, 1979c: 14). Rinne Synge teagmháil lena chara leis, Martin McDonagh, chun prapaí amhail 'pampooties' ó Inis Mór a sheoladh chuige lena n-úsáid ar stáitse na hAmharclainne (Féach Lonergan, 2013: 77 & Kiberd, 1978: 17). Don té nach bhfuil ar an eolas, cheapfaí gur gnáthrudáí atá sna prapaí seo ach is féidir plé leo mar réamhghlacana nó tá bríonna breise ag baint le nithe áirithe ar na hoileáin. Le linn an dráma, déantar tagairt do rudaí áirithe amhail boird, rópa, léinte, maide, arán, stocaí nó crúsca uisce coisreacain. Maíonn Grene, 'we have our attention drawn to all of these things ... each one has its function in the dramatic structure' (Grene, 1975: 42). Déantar aird na bhfaighteoirí a tharraingt ar bhás Michael agus Bartley trí thrácht a dhéanamh ar na prapaí seo agus mar mheabhúrú 'in the simple objects which remain there before us, like rocks with the tides of human emotion eddying round them' (Grene, 1975: 48). Mar aon le luach na nithe éagsúla seo, déantar tagairt do neart piseogachta agus béaloidis. Mar shampla, 'the pig with the black feet' arb ionann é agus siombail don bhás (Kiberd, 1979c: 165). Anuas air sin, creideadh gur leis an duine a fuair bás aon mhaoin a fágadh i ndiaidh an té sin. Is droch-chomhartha é nuair a chaitheann Bartley léine Michael, dá bharr sin (Kiberd, 1979c: 166). Ar an ábhar sin, cuireann Maurya cupán, ar le Michael é, béal faoi ar an tábla chun ábhar contúirteach a bhí ann a fholmhú. Baineann sé sin le traidisiúin tíortha éagsúla agus cuireann sé piseog an bháis in iúl don fhaighteoir arís eile (Kiberd, 1979c: 167). Baineann an capall liath a bhfuil Michael air le 'pale horse of *Revelation*', gné eile a chuireann piseog faoin mbás in iúl (Grene, 1975: 52). In ainneoin nach bhfuair faighteoirí ag tús an 20ú haois aon réamheolas faoi na nithe seo, is dócha gur féidir breathnú orthu mar réamhghlacana ó iarthar na hÉireann agus mar

sheantraidisiúin na tíre a tharlódh nár ghá go dtuigfeadh faighteoirí Bhaile Átha Cliath ná faighteoirí aon aistriúcháin a dhéanfaí ar an dráma de cheal eolais ar a leithéid.

Maunsel & Co. a d'fhoilsigh *Tinker's* ar an gcéad dul síos i Nollaig 1907 (McCormack, 2010). Rinneadh neart dréachtaí den dráma agus is é an chéad dréacht a bhfuil eolas air ná tras-scríbhinn 13 leathanach ar tugadh '*Movements of May*' air, leagan ina luaitear páistí na dtincéirí (Greene, 1947: 825). Foilsíodh an dráma seo mar shraith le Synge in 1914, chomh maith, agus in ainneoin na gcéad chriticí, maíodh gur 'the handsomest thing on bookcraft we have seen for some time' a bhí ann (*Waterford News and Star*, 1914). In ainneoin go ndéantar an dráma a chatagóiriú mar dhráma tuathánach, maíonn Burke gurb é seo an t-aon dráma i ré na hAthbheochana nach luaitear feirmeoir ná tuathánach ann (Burke, 2009b: 67). Chun críocha an tráchtais seo, is leis an leagan seo a phléifear: Synge, J.M. (1981e) 'The Tinker's Wedding', in Henn, T.R. (ed.) *Synge — The Complete Plays*. London: A & C Black Publishers Limited, pp. 107–29.¹⁴⁷ Tá an dráma seo lonnaithe ar thaobh bhóthar sráidbhaile i gCill Mhantáin. Scríobhadh an dráma seo timpeall 1902/3. Is cosúil go mbaineann an ré ina bhfuil an dráma seo lonnaithe leis an tréimhse ama chéanna. Dráma a dhíríonn ar phlota simplí atá in *The Tinker's Wedding*. Mar a léiríonn an teideal, tá beirt tincéirí ag iarraidh pósadh agus déanann siad iarracht iallach a chur ar shagart an tsráidbhaile áitiúil iad a phósadh. Cé gur dráma grinn atá ann, pléitear le téamaí pas trom sa dráma amhail, stádas agus comhéigean na hEaglaise, saol fiáin na dtincéirí mar dhream, foréigean agus breabaireacht. De bhreis air sin, maíonn Hewitt go bpléann an dráma seo le 'assimilation, non-conformity, and Romantic individualism', chomh maith (Hewitt, 2021: 88). Áitíonn Grene go dtéann Synge thar fóir le plota agus ábhar an dráma agus go bhfuil cur i gcéill le feiceáil i ndáil le háiféis an phósta (Grene,

¹⁴⁷ Dráma dhá ghníomh atá ann cé go ndeirtear gur dráma aonghnímh atá ann le dhá radharc. Cuirtear ainmneacha na gcarachtar i gceannlitreacha ag tús na n-abairtí. Cuirtear na teoracha stáitse i gcló iodálach taobh le téacs an dráma.

1975: 107). Braitheann aon réamhghlacan sa dráma seo ar réamheolas an fhaighteora faoi shaol na dtincéirí. Luadh cheana go meastar go bhfuil áibhéil i gceist leis an léiriú a dhéantar ar shaol na dtincéirí ach d'fhéadfaí an rud céanna a rá i gcás na ndrámáí eile, chomh maith. Braitheann 'léiriú fírinneach' ar dhearcadh an fhaighteora féin faoina bhfuil á thaispeáint ar an stáitse nó atá á léamh aige. Ar leibhéal dromchlach, níl aon rud ródhúshlánach a thuiscint sa dráma ach braithfidh sé sin ar eolas domhanda an fhaighteora. Rud amháin a bhfuil Synge cáiréiseach faoi ná an difríocht idir 'tramp' agus 'tincéir' de réir mar a fheictear san aiste, *The Oppression of the Hills*. Is dreamanna faoi leith iad agus ní mór an difríocht sin a bheith ar eolas ag an bhfaighteoir roimh ré nó is léir sa lá atá inniu ann go bhfuil cumasc á dhéanamh ag an bpobal i leith na dtéarmaí sin agus téarmaí eile a úsáidtear le cur síos a dhéanamh ar 'tincéir'.

5.6 Léargas ar na haistriúcháin

Maidir le *Áilteoir na Dúiche Thiar*, script chlóschríofa atá ann ó Chartlann Thaibhdhearc na Gaillimhe, Ollscoil na Gaillimhe. Aistríodh an dráma lena stáitsiú sa Taibhdhearc. De bhrí go ndearna Ó Carra neart aistriúcháin don amharclann sin, is cosúil gur aistríodh an dráma Béarla seo chun cur le *repertoire* na hamharclainne. Chun críocha an tráchtáis seo, déanfar anailís ar an script seo: Ó Carra, S. (1973) *Áilteoir na Dúiche Thiar*. Gaillimh: Bailiúcháin Speisialta, NUIG. Ní mór a lua go bhfuil an script seo faoi chóipcheart na mbailiúchán speisialta agus nach bhfuil fáil oscailte uirthi. Cé go bhfuil an script féin clóschríofa, cuireadh na síntí fada isteach de lámh — go mícheart in áiteanna — agus cuireadh cúpla líne bhreise isteach de lámh chomh maith — féach leathanach 30 mar shampla. Mar aon leis na gnéithe sin, tá cúpla sleamhnú pinn anseo is ansiúd freisin agus bíonn na gníomhartha mícheart in áiteanna — féach leathanach 44 mar shampla.¹⁴⁸

¹⁴⁸ Ó thaobh na hanailíse aistriúcháin de, ní chuirfear na sleamhnuithe pinn seo san áireamh sa phlé níos faide ar aghaidh.

Rinneadh an téacs ar fad a aistriú go Gaeilge lena n-áirítear amhrán Mhíchíl ar leathanach 49 den script. Coinnítear ábhar an aistriúcháin díreach mar an gcéanna ó thaobh ama, suímh agus réamhghlacana de ach déantar na logainmneacha a aistriú ar ais go Gaeilge. Déantar ainmneacha na mbuncharachtar a ghaelú chomh maith, .i. Mícheál Shéamais, Peigín Maidhc, Baintreach Uí Chuinn, Seán Mac Eochaidh, Criostóir Ó Mathúna, Seanóir Ó Mathúna, Pilib Ó Coileáin, Séamas Ó Fearghail, Sorcha Ní Thansaigh, Siobhán Ní Bhrádaigh, Onóir de Bláca agus Neil Nic Lochlainn.

I ndáil le *Déirdre an Bhróin*, dráma foilsithe atá ann ó Oifig an tSoláthair. Is cosúil gur aistríodh an dráma seo ar an gcéad dul síos chun na críche céanna le *Áilteoir*, is é sin le rá chun cur le haschur na drámaíochta Gaeilge sa Taibhdhearc. Foilsíodh an dráma go hoifigiúil an bhliain dár gcionn in 1932 agus é sin an leagan atá á iniúchadh sa tráchtas seo: Ó Briain, L. (1932) *Déirdre an Bhróin*. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais.¹⁴⁹ Tá an dráma seo scríofa sa chló Rómhánach cé nach bhfeictear caighdeán oifigiúil sa litriú toisc nár foilsíodh an chéad chaighdeán oifigiúil sa Ghaeilge go dtí na 1950idí. Feictear samplaí amhail ‘oidhche’, ‘mnaoi’, ‘uirre’, ‘amuich’, ‘dubhairt’, ‘sgéal’, ‘buaidhirt’ nó ‘saoghal’ ceal caighdeán oifigiúil a bheith ar an bhfód.¹⁵⁰ Leantar an bhunscript go hiomlán agus ní fhágtar aon ghné den bhundráma ar lár. Cloítear le bunábhar an dráma Béarla ó thaobh ama, suíomhanna agus réamhghlacana de chomh maith. Ar an gcaoi chéanna le *Áilteoir*, déantar ainmneacha na gcarachtar agus logainmneacha a athdhúchasú, .i. Déirdre, Eoghan, Conchubhar, Naoise, Áinnle, Árdán, Sliabh Fuaidh, Albain, Eamhain Macha, Tír Chonaill Ghulban.

¹⁴⁹ Léiríonn fillteán ED/AnGúm/MD014 sa Chartlann Náisiúnta go raibh Ó Briain ag obair le profléitheoir ar an script seo sular foilsíodh é go hoifigiúil. Ní léir go bhfuil aon chomhfhreagras idir an Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais (An Gúm ina dhiaidh sin) agus Ó Briain ar fáil sa chartlann.

¹⁵⁰ Spéisiúil go leor chomh maith go dtráchtann Kiberd ar easpa caighdeán sa Ghaeilge mar cheann de na cúiseanna féideartha nár scríobh Synghe sa Ghaeilge ar an gcéad dul síos (Kiberd, 1979c: 26).

Maidir leis an gcéad aistriúchán de *Riders* atá á iniúchadh sa tráchtas seo, foilsíodh *Chun na Farraige Síos* le Tomás Ó Flaithearta in 1972. Stáitsíodh an dráma seo ar an gcéad dul síos sa Taibhdhearc in 1969 agus ar an gcaoi chéanna le *Áilteoir* agus *Déirdre*, is féidir a thomas gur aistríodh an dráma chun cur le *repertoire* na hamharclainne sin. Chun críoche an tráchtais seo, cloítear leis an leagan foilsithe sin: Ó Flaithearta, T. (1972a) *Chun na Farraige Síos*. Baile Átha Cliath: Sáirséal — Ó Marcaigh. I léirmheasanna agus foinsí áirithe eile, cuirtear meascán teideal ar an dráma seo sa Ghaeilge (*Chun na Fairrge Síos*, *Chun an Farraige Síos* agus *Chun na Farraige Síos*). Ar son na héascaíochta agus chun idirdhealú a dhéanamh idir an leagan seo agus *Chun na Fairrge Síos* le Ó Muircheartaigh agus le Ó Séaghdha, úsáidtear *Chun na Farraige Síos* anseo amháin. Cloíonn an t-aistriúchán seo leis an mbunleagan Béarla go hiomlán ó thaobh ama, suíomhanna agus réamhghlacana de, na piseoga ‘muc na coise duibhe’ (*Farraige*, 43) nó ‘cailleacha dubha’, mar shampla (*Farraige*, 53). Dúchasaíonn Ó Flaithearta ainmneacha na gcarachtar chomh maith, .i. Máire, Beartla, Caitlín agus Nóra.

Foilsíodh *Chun na Fairrge Síos* le Ó Muircheartaigh agus Ó Séaghdha in 1945 (de chéaduair) agus baineadh úsáid as an leagan sin lena léiriú ar an raidió chomh maith de réir mar a chonacthas i Rannán 5.4. Cé go ndearna an Tóibíneach iarracht tabhairt faoi *Riders* a aistriú in 1920, seans go raibh leagan níos úire agus inrochtana ag teastáil faoin mbliain 1945. In ainneoin gur ar an raidió a bhí cur amach ag muintir na hÉireann ar an dráma seo, léiríodh é in Amharclann na Mainistreach de chéaduair in 1936 faoin teideal *Muir na Cinneamhna* sular foilsíodh é, chomh maith. Sa tráchtas seo pléifear leis an leagan foilsithe ó 1945: Ó Muircheartaigh, T. & Ó Séaghdha, S. (1945) *Chun na Fairrge*

Síos. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.¹⁵¹ Leagan clóscríofa sa seanchló gaelach atá san fhoilseachán seo ach bainfear úsáid as an aibítir Rómhánach chun tagairt a dhéanamh don aistriúchán féin sa tráchtas seo. Ó thaobh ábhair, ama agus suímh de, cloíonn an bheirt aistritheoirí go docht le bunchoinbhinsiúin leagan Synge san aistriúchán. Lena chois sin, cosúil le haistriúchán Uí Fhlaithearta, cloítear le réamhghlacana agus piseoga bhundráma Synge freisin, .i. ‘An sagart óg a thug dom é’ (*Fairrge*, 5), ‘muc na gcos ndubh’ (*Fairrge*, 7) nó ‘na cailleacha dubha’ (*Fairrge*, 12). De réir mar a luadh leis na haistriúcháin eile, dúchasaíodh ainmneacha na gcarachtar chomh maith, .i. Máire, Nóra, Caitlín agus Beartlín.

Foilsíodh *An Mhuir* le Tóibín de chéaduaire in *Cluichíní ón Iasacht* mar chuid d’Oireachtas 1920. Is fiú a lua go bhfuil fáil ar an leagan sin ón gComhlachas Náisiúnta Drámaíochta freisin. Léiríodh an t-aistriúchán seo go proifisiúnta in 1923 sa Mhainistir agus pléifear leis an leagan sin sa tráchtas seo: Tóibín, S. (1920) ‘An Mhuir’, in *Cluichíní ón Iasacht*. Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, lgh 7–27. Arís eile, is sa seanchló gaelach atá an t-aistriúchán seo ach ar son na héascaíochta, tagrófar dó san aibítir Rómhánach sna chéad rannáin eile. In ainneoin go gcloíonn Tóibín le ham, suíomh agus ábhar bhunleagan Synge, is fíor dá bhfuil luaite ag Uí Laighléis maidir leis an gcleachtadh athscríofa ba choitianta i scríbhneoireacht an Tóibínigh. Cé gur féidir formhór an dráma a mhapáil siar ar an mbunleagan Béarla, tá an t-aistriúchán seo pas scaoilte i gcomparáid leis an dá aistriúchán eile ar *Riders*. Tagrófar don ghné sin a thuilleadh sna chéad rannáin

¹⁵¹ Léiríonn an t-eolas i bhfillteán ED/AnGúm/A0451 sa Chartlann Náisiúnta gur ordaíodh 500 cóip den leabhar seo in 1945 agus 500 eile in 1952. Chuir an bheirt aistritheoirí gearán isteach mar gheall ar chaighdeán an pháipéir a úsáideadh sa chéad chló cé go bhfuil sé soiléir ó na litreacha idir Seán Mac Lellan in Oifig an tSoláthair (An Gúm) agus na haistritheoirí go mb’fhéidir gur chuir ‘saoghal cogaidh’ isteach air sin. Is spéisiúil a lua chomh maith ó na litreacha san fhilleán sin go bhfuair Ó Muircheartaigh cead cóipchirt ó Edward Synge chun ‘tiontú’ Gaeilge a chur ar fáil i bhfoirm leabhair (Bunaithe ar an gcéad teideal *Muir na Cinneamhna* a foilsíodh in iris ar tugadh *Bonaventura* air). Ní féidir teacht ar aon fhianaise go raibh cead faighte ag Tóibín dá aistriúchán féin *An Mhuir* roimhe sin.

eile. Ina ainneoin sin, cloítear le réamhghlacana agus piseoga an bhunleagain san aistriúchán seo trí chéile, .i. ‘An sagart óg a thug so dham’ (*Muir*, 7), ‘an mhuc dhubh’ (*Muir*, 11) nó ‘fiacha dubha na mara’ (*Muir*, 18).¹⁵² Déanann Tóibín iarracht ainmneacha na gcarachtar a dhúchasú nó fiú a athrú san aistriúchán seo freisin, .i. Máire, Nóra, Caitlín agus Brian (Bartley sa bhunleagan).

Maidir leis an gcéad aistriúchán eile le Ó Flaithearta atá á anailísiú sa tráchtas seo, stáitsíodh *Uaigneas an Ghleanna* sa Taibhdhearc in 1962 agus léiriú de chuid Aisteoirí Loch Con Aortha faoi choimirce an Damer a bhí ann. Níor foilsíodh an dráma seo go dtí 1972 agus tá sé mar chnuasach sa leabhar céanna le *Riders* agus ó thaobh an tráchtais seo de, cloítear leis an leagan sin: Ó Flaithearta, T. (1972b) *Uaigneas an Ghleanna*. Baile Átha Cliath: Sáirséal — Ó Marcaigh. Ar an iomlán, leanann an t-aistriúchán seo gnáthchoinbhinsiúin an bhunleagain Bhéarla ó thaobh ama, suímh agus réamhghlacana de. Seans, áfach, gur fiú ‘Richmond Asylum’ a lua anseo. In aistriúchán Uí Fhlaithearta, ní luaitear ach ‘Teach na nGealt’ de bhrí go mb’fhéidir nach mbeadh an tagairt sin do ghealtlann ar leith san Ardchathair ar eolas ag muintir iarthar na hÉireann. Ar an gcaoi chéanna le *Riders*, tapaíonn Ó Flaithearta an deis chun ainmneacha na gcarachtar a dhúchasú agus bunlogainmneacha Gaeilge a úsáid san aistriúchán, .i. Dónal de Búrca, Nóra de Búrca, Micheál Dara, Bacach, Páidín Ó Dorcha, Peige Ní Chaomhánaigh, Rath Bhanna, Loch Éirne nó Éachroim.

Maidir leis an dara haistriúchán ar *Shadow*, léiríodh *Uaigneas an Ghleanna* le Ó Foghludha in Amharclann na Mainistreach le hAisteoirí Átha Cliath faoi choimirce an Chomhair Drámaíochta. Foilsíodh an dráma seo mar chuid de chnuasach drámaí aistrithe in 1930 ar a dtugtar *Naoi nGearra-Chluichí*: Ó Foghludha, R. (1930) ‘Uaigneas an

¹⁵² Féach Rannán 5.8 maidir le ‘fiacha dubha’.

Ghleanna', in *Naoi nGearra-Chluichí*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, lgh 141–60.¹⁵³ Cuireadh an chnuasach seo le chéile i gcuimhne Nóra Ní Fhoghludha. Cloítear leis an mbunleagan Béarla i ndáil le ham, suíomh agus réamhghlacana ar an mórchoír. Ar an dóigh chéanna le *Uaigneas* le Ó Flaithearta, ní aistrítear 'Richmond Asylum' agus ar na cúiseanna céanna a luadh roimhe seo, b'fhéidir, aistríodh an tagairt seo mar 'tigh na ngealt'. Mar is gnách go dtí seo, dúchasaíonn Ó Foghludha na hainmneacha agus na logainmneacha, .i. Domhnall de Búrc, Nóra, Micheál Mac Dara, Straeire Fir, Páid Ó Dorcha, Loch na hOnchon, Ráth Bheannach, Eachdhrum, Máire Ní Bhriain.¹⁵⁴

Maidir leis an dara haistriúchán le Ó Carra atá á iniúchadh sa tráchtas seo, *Pósadh an Tincéara*, is féidir tarraingt ar an bplé roimhe seo maidir le *Áilteoir na Dúiche Thiar*. Aistríodh é don Taibhdhearc lena chur le repertoire na hamharclainne agus taispeánadh é de chéadair in 1970. Cosúil le *Áilteoir*, ní féidir a bheith cinnte faoi dháta beacht na scrípte seo. Is script chlóscríofa atá ann ach cuireadh na síntí fada isteach de láimh. Toisc nach script fhoilsithe atá ann, tá sí lán le sleamhnuithe pinn agus tuaipisí cló. Fiú agus an méid sin ráite, cloítear go daingean leis an mbunscript Bhéarla agus is féidir a mhaíomh go leanann an t-aistriúchán seo an bundráma ó thaobh ama, suímh agus réamhghlacana

¹⁵³ An seanchló gaelach atá á úsáid sa chnuasach seo ach ar son na héascaíochta, cloítear leis an aibítir Rómhánach sa tráchtas. Cuireann fillteán ED/AnGúm/N170 sa Chartlann Náisiúnta in iúl gurbh fhearr le Ó Foghludha an cló gaelach a úsáid ina shaothair. Léirítear san fhillteán céanna gur ordáíodh 3,000 cóip den leabhar seo ar an gcéad dul síos. Is fiú a lua chomh maith go bhfuil cóip thras-scríofa ar fáil den aistriúchán seo le Ó Foghludha. Is cosúil gur tras-scríobhadh an leagan seo ón mbun-aistriúchán sa chnuasach drámaí seo. Ar son na barántúlachta agus na hinfhaighteachta, cloífear leis an mbunchnuasach dramaí agus tagairt á déanamh don dráma.

¹⁵⁴ Is fiú tagairt a dhéanamh don dá leagan éagsúla ag Ó Foghludha agus Ó Flaithearta maidir leis an bhfocal 'tramp' a bhí ag Synge. Seans gur fearr an focal 'straeire' anseo de bhrí go dtagraíonn sé sin ar an gcineál íomhá a bhí ag Synge orthu mar dhaoine deoraíocha a dhéanann an cinneadh a bheith ar imeall na sochaí. Lena chois sin, baineann Ó Flaithearta úsáid as an bhfocal 'bacach' ina aistriúchán féin, rud a chuireann 'beggar' an Bhéarla in iúl. Cé nach bhfuil locht iomlán ar an bhfocal sin, seans nach bhfuil sé feiliúnach a dhóthain toisc nach ndéantar tagairt don bhacachas *per se* sa dráma seo. Míníonn Oxford English Dictionary 'tramp' mar 'one who travels from place to place on foot, in search of employment, or as a 'vagrant' agus 'beggar' mar 'one who asks alms, especially habitually; one who lives by so doing' rud a chuireann in iúl go bhfuil difríocht shuntasach idir an dá fhocal seo.

de. Is é an t-ábhar céanna atá á phlé san aistriúchán agus ní scinntear ón mbunscript in aon chor. De réir mar a pléadh i gcás na n-aistriúchán eile sa tráchtas seo, athghabhadh ainmneacha na gcarachtar agus na logainmneacha, .i. Cill Mhantáin, Contae na Mí, Baile na Claise, Baile na gCroí, Inbhear Mór, Tí Bhradáin, Cnoc Teamhrach, Loch Garman, Mícheál Ó Broin, Sorcha Ní Cathasaigh, An Sagart agus Máire Bean Uí Bhroin. Níl fáil phoiblí ar an aistriúchán seo ach oiread agus chun críocha an tráchtas seo, pléitear leis an leagan neamhfhoilsithe i mbailiúcháin speisialta NUIG: Ó Carra, S. (1970) *Pósadh an Tincéara*. Gaillimh: Bailiúcháin Speisialta, NUIG.

5.7 Nótaí faoi na gnéithe neamhbhriathartha agus na gnéithe osteascánacha sna buntéacsanna agus sna aistriúcháin

Baineann Synge úsáid as gnáthchoinbhinsiúin drámaíochta chun gothaí aghaidhe, gluaiseachtaí coirp agus treoracha a chur in iúl don aisteoir ar an stáitse agus don fhaighteoir a fhéachann ar an dráma nó a léann é. Is léir go raibh fíis shoiléir ag Synge faoina chuid drámaí go léir nó cuirtear treoir don aisteoir ar fáil i ndiaidh gach abairte, nach mór. Níor fhág Synge aon chloch gan iompú leis na treoracha stáitse nó tá na drámaí lán le treoracha mionsonraithe a chuidíonn le sruth na ndrámaí féin. Cuireann sé sin leis an gcaoi ar shamhlaigh Synge a chuid drámaí á léiriú ar an stáitse agus léiríonn sé a chumasaí a bhí sé cruth na ndrámaí a thuar ar an stáitse féin. Cé gur cineál meiteathéacs atá sna treoracha seo agus sa chur síos ar ghluaiseachtaí aghaidhe agus coirp, iompraíonn siad ualach mór sna drámaí nó cruthaíonn siad domhan drámaíochta ar an stáitse agus i samhlaíocht an fhaighteora a léann an téacs. Ní mór béim a leagan orthu agus iad a aistriú go cáiréiseach in aon aistriúchán, dá bhrí sin. Déanann Gömceli agus James tagairt do Wales (1994) chun tábhacht na dtreoracha stáitse a chur in iúl mar ‘kinesis’ an choirp. Cuirtear in iúl go mbaineann Synge an-úsáid as an ngné sin mar chuid

den ‘ongoing narrative commentary’ sa dráma. Luann siad chomh maith an chodarsnacht idir Béarla na dtreoracha stáitse agus Béarla na hÉireann sa téacs féin (Gömceli & James, 2015: 122–3). Ar an iomlán, thuig Synge go mbeadh deacrachtaí éigin ag faighteoirí a chuid drámaí i mBaile Átha Cliath de bhrí go raibh an teanga eachtrannach agus strainséartha don chluas neamhoilte. Ar an ábhar sin, mhúnlaigh Synge caint na gcarachtar lena cur in oiriúint don stáitse. Níor athraigh sé rithim ná tréithe chaint na gcarachtar rómhór agus má léitear na drámaí, feictear nach bhfuil mórán difríochta ann ó thaobh na cainte de i measc na gcarachtar. Thuig sé gné an stáitsithe sa chás áirithe seo sa mhéid go gcuirfeadh na haisteoirí beocht sa téacs don mheán a raibh sé i ndán dó. Maíonn Grene, ‘... when read aloud Synge’s lines sometimes can seem monotonous. But in the theatre the variation in the voice of the speakers and the substance of their speech removes the impression of mechanical regularity’ (Grene, 1975: 79).

Ó thaobh an aistriúcháin de, is fiú go mór na treoracha seo a chur i gcomparáid lena chéile chun a léiriú cé chomh dlúth agus atá na haistriúcháin agus na bundrámaí. Sa tábla seo a leanas, feictear cé chomh héifeachtach agus a éiríonn leis na haistritheoirí go léir bunfhís Synge a choinneáil beo sna haistriúcháin.

Dráma	Aistritheoir	Lgh	Treoir stáitse / aisteora	Buntreoir stáitse / aisteora	Lch
<i>Áilteoir na Dúiche Thiar</i> ¹⁵⁵	Ó Carra	6–7 ¹⁵⁶	Mícheál Shéamais (GO SOINEANTA)	MICHAEL <i>good-humouredly:</i>	179
"	"	"	Séamas Ó F (GO PLÁMÁSACH)	JIMMY <i>flatteringly</i>	"
"	"	"	Mícheál Shéamais (LE DROCHMHEAS)	MICHAEL <i>with contempt:</i>	"
<i>Déirdre an Bhróin</i>	Ó Briain	14–16	LABHARCHAM, <i>ag labhairt mar a labhair sí i dtús an chomhrádha</i>	'LAVARCHAM <i>in the tone of the earlier talk</i>	235
"	"	"	CONCHUBHAR, <i>go han-righin</i>	CONCHUBOR <i>very stiffly,</i>	"
"	"	"	DEIRDRE, <i>go ciúin</i>	DEIRDRE <i>quite self-possessed</i>	"
"	"	"	DEIRDRE, <i>ag tabhairt dúshláin, beagán, mar gheall ar a chéileabhar</i>	DEIRDRE <i>made a little defiant by his tone</i>	"
<i>Chun na Farraige Síos</i>	Ó Flaithearta	46–7	BEARTLA, <i>ag fáil a spáráin agus a chuid tabac</i>	BARTLEY <i>getting his purse and tobacco</i>	99
"	"	"	MÁIRE, <i>ag iompú i dtreo na tine agus ag cur</i>	MAURYA <i>turning round to the fire, and putting her</i>	"

¹⁵⁵ I gcomparáid leis an mbunleagan a bhfuil sé soiléir ann go bhfuil difríocht idir caighdeán an Bhéarla a úsáidtear sna treoracha agus an cineál Béarla a úsáideann na carachtair, ní fhéadfaí a rá go bhfuil difríocht shuntasach idir an Ghaeilge a úsáidtear idir na treoracha stáitse agus caint na gcarachtar san aistriúchán seo. Mar shampla ar leathanach 58 (UAFÁS LE **FEISCINT** INA AGHAIDH).

¹⁵⁶ Ní mór a lua anseo go bhfuil botúin áirithe ó thaobh uimhriú na leathanach de sa script aistrithe seo. Ina fhianaise sin, cloíodh le huimhir an leathanaigh ar an PDF sa chartlann ar son na héascaíochta agus an chruinnis.

			<i>a seáil ar a cloigeann</i>	<i>shawl over her head</i>	
"	"	"	MÁIRE, <i>ag caoineadh agus é sa doras</i>	MAURYA <i>crying out as he is in the door</i>	"
"	"	"	CAITLÍN, <i>ag iompú an cháca as an mbácús</i>	CATHLEEN <i>turning the cake out of the oven</i>	"
<i>Chun na Fairge Síos</i>	Ó Muircheartaigh & Ó Séaghdha	9–10	Beartlí (<i>ag cur a spáráin agus a chuid taobac chuige</i>)	BARTLEY <i>getting his purse and tobacco</i>	"
"	"	"	Máire (<i>ag iompú chun na teine agus a tarrac an tseáil</i>)	MAURYA <i>turning round to the fire, and putting her shawl over her head</i>	"
"	"	"	Máire (<i>de ghuth ard agus Beartlí sa doras</i>)	MAURYA <i>crying out as he is in the door</i>	"
"	"	"	Máire (<i>ag iompú an chiste amach as an oighean</i>) <small>157</small>	CATHLEEN <i>turning the cake out of the oven</i>	"
<i>An Mhuir</i>	Tóibín	13–14	Brian: <i>é do chur agus spáráin chuige</i> ¹⁵⁸	BARTLEY <i>getting his purse and tobacco</i>	"
"	"	"	Máire: <i>í d'iompáil chun na teine agus do shocrughadh a brait cinn um á ceann</i>	MAURYA <i>turning round to the fire, and putting her shawl over her head</i>	"

¹⁵⁷ Ní mór a lua go bhfuil na treoracha stáitse seo sa seanchló gaelach. Baineadh úsáid as an aibítir Rómhánach anseo ar son na héascaíochta.

¹⁵⁸ Úsáidtear an seanchló gaelach sa leagan seo chomh maith. Baineadh úsáid as an aibítir Rómhánach anseo ar son na héascaíochta.

"	"	"	Máire: <i>í do dhíriughadh ar ghol</i>	MAURYA <i>crying out as he is in the door</i> ¹⁵⁹	"
<i>Uaigneas an Ghleanna</i>	Ó Flaithearta	12–13	BACACH, <i>ag ól</i>	TRAMP <i>drinking</i>	84
"	"	"	NÓRA, <i>ag suí</i>	TRAMP <i>sitting down</i>	"
"	"	"	BACACH, <i>ag breathnú ina timpeall agus é ar leathcríth</i>	TRAMP <i>looking around with a half shudder</i>	"
"	"	"	NÓRA, <i>ag breathnú go fiosrach air ar feadh nóiméid</i>	NORA <i>looking at him for a moment with curiosity</i>	"
"	"	"	NÓRA, <i>le suim</i>	NORA <i>with interest</i>	"
"	Ó Foghludha	144/5	An Straeire: (<i>é d'ól scíobairín eile</i>)	TRAMP <i>drinking</i>	"
"	"	"	An Straeire: (<i>é do shuidhe</i>)	TRAMP <i>sitting down</i>	"
"	"	"	Straeire: (<i>é d'fhéachaint timcheall an tige agus iarracht den bhaillichrith air</i>)	TRAMP <i>looking around with a half shudder</i>	"
"	"	"	Nóra: (<i>í dá bhreithniughadh le ciúirtacht</i>)	NORA <i>looking at him for a moment with curiosity</i>	"
"	"	"	Nóra: (<i>go speóiseach</i>)	NORA <i>with interest</i>	"

¹⁵⁹ Is cosúil nach bhfuil 'CATHLEEN *turning the cake out of the oven*' (de réir mar a bhí sé sa bhunleagan Béarla) mar threoir stáitse ar fáil i leagan an Tóibínigh. Mionrud atá ann agus ní léir cén fáth a ndearnadh a leithéid.

<i>Pósadh an Tincéara</i>	Ó Carra	12	Sagart (<i>Ag tochas a chinn go mí-shuaimhneach</i>)	<i>uneasily scratching his ear</i>	122
"	"	"	Máire (<i>ag teacht anuas chúcha, labhrann le h-iontas agus alltacht ach gan aon rian feirge</i>)	<i>coming down to them, speaking with amazement and consternation, but without anger</i>	"
"	"	"	Máire (<i>Breathnaíonn sí ar Shorcha nóiméad agus ansin briseann gáire searúis uirthé</i>)	<i>MARY looks at Sarah for a moment, and then bursts out into a laugh of derision</i>	"

Mar aon leis na samplaí sin, sampla suimiúil den phrosóid in aistriúcháin áirithe is ea go gcailltear an ‘a’ caighdeánach ag deireadh abairte roimh an ainm briathartha, .i. chun X a dhéanamh. Cé nach bhfuil leanúnachas iomlán i gceist leis seo, cailltear an ‘a’ ar an iomlán san aistriúchán, rud a chabhraíonn le rithim an téacs i mbéal a aisteora b’fhéidir. Mar shampla, ‘... le cailín bocht fhágáil na haonar ...’ (ÁNDT, 4). Feictear an ghné seo ó am go chéile in *Déirdre*, .i. ‘... mac Neasa fháil mar chéile’ (*Déirdre*, 9) nó in *An Mhuir*, ‘... chun é thórramh ná chun é chaoine ...’ (*Muir*, 18). Bá guta (vowel elision) atá i gceist anseo. Ciallaíonn sé sin go mbáitear guta gearr neamhaiceanta roimh ghuta (nó fuaim ghuta) a thagann díreach roimh ghuta aiceanta. Ní pointe gramadaí *per se* atá ann agus is gaire do phointe stíle a bheadh sé mar fheiniméan ach nós coitianta ba ea é sa scríbhneoireacht — faoi réir chleachtas na cainte.

5.8 Foclaíocht agus comhréir na mbuntéacsanna agus na n-aistriúchán

5.8.1 Réamhrá

Déanann Lanto M. Synge cur síos ar theanga agus foclaíocht Synge mar ‘a mixture of Elizabethan English and Irish Syntax’ (Synge, 1972: 124). Maíonn Munro gurb ionann teanga na ndrámáí seo agus ‘a form of English modified by Gaelic habits of thought, speech, imagery and syntax’ (Munro, 1972: 223). Mhaígh Synge féin ‘the linguistic atmosphere of Ireland has become definitely English enough, for the first time, to allow work to be done in English that is perfectly Irish in essence’ (Féach Kiberd, 1979c: 201). D’áitigh St John Ervine gur ‘faker of peasant speech’ a bhí in Synge (Kiberd, 1979b: 59). Chuir Yeats in iúl, ámh, ‘His [Synge’s] language is a heightened version of natural peasant speech. The heightening is achieved by emphasising those aspects of peasant dialect which have their sources in Gaelic speech and syntax’ (Kiberd, 1979c: 204). Agus Kiberd ag tagairt do theanga Synge arís eile, deir sé, ‘His language represents not the talk of the folk, but a colourful intensification of the peculiarly Irish elements of their idiom’ (Kiberd, 1979c: 214). Déanann Hewitt cur síos ar scríbhneoireacht Synge mar mheascán de ghreann Raibiléiseach agus misteachas *fin de siècle* (Hewitt, 2021: 7). Mhaígh Grene gurbh ionann drámaíocht Synge agus ‘a late romantic cult of the peasant, a pastoral kitsch particularly distasteful in a country bent on establishing its credentials as a fully modernized urban society’ (Grene, 2000b: 12). Breathnófar go mion anois ar an bhfoclaíocht agus comhréir i ndrámáíocht Synge.

Sa phlé seo a leanas, breathnófar ar na hocht n-aistriúchán atá á n-anailisiú sa tráchtas agus feicfead go bhfuil meascán canúintí ó chainteoirí dúchais agus neamhdhúchais araon sna drámaí aistrithe. Déanfar trácht ar stíl agus canúint freisin sa phlé agus tagrófar do ghnéithe eile ar ábhar spéise iad. Rinneadh gach iarracht na téacsanna ar fad a chíoradh go mion le skopos na hathghabhála teanga ar intinn ach beidh an rannán seo níos uileghabhálaí sa chur chuige toisc go bhfuil an oiread sin leaganacha agus aistritheoirí le tagairt a dhéanamh dóibh.

5.8.2 Eiseamláirí den fhoclaíocht sna bundrámaí agus aistriúcháin

Mar thagairt do *Playboy* ar dtús, maidir le focail róshocraithe, is féidir ‘cleamhnas’ (ÁNDT, 4) mar aistriúchán ar ‘bargain’ nó, ‘spéirbhean’ (ÁNDT, 56) mar aistriúchán ar ‘female’ a lua freisin. Mar thagairt don fhocal is cáiliúla sa dráma ‘shift’, cuireann Ó Carra dhá fhocal ar fáil sa Ghaeilge ‘cnisléine’ (ÁNDT, 38) agus ‘léine’ (ÁNDT, 56). Os a choinne sin, is féidir a rá go bhfuil an Ghaeilge foshocraithe in áiteanna anseo chomh maith. Mar shampla ‘Giúdach’ (ÁNDT, 49) mar aistriúchán ar ‘Jew-man’ toisc nach ndéantar idirdhealú sa Ghaeilge ó thaobh inscne de i gcás focail mar seo. Maidir le húsáid an laghdaigh ‘-ín’, coinnítear an cleas seo go fairsing in *Playboy* agus sna haistriúcháin eile freisin. Mar shampla, ‘sagairtín’ (ÁNDT, 18), ‘cnoicín’ (ÁNDT, 24), ‘cnuicín’ (Déirdre, 33) nó ‘braoinín’ (ÁNDT, 27).

Maidir le *Deirdre*, maíonn Kiberd gur éirigh le Synge caint na ríthe agus na laochra a chlaohlú i gcanúint a bheadh níos fóirsteanáí don ghnáthdhuine, ‘By reducing kings and warriors to speakers of his rustic dialect, Synge was merely the exponent of a tradition which had already reduced the gods to mortals and thence to day-labourers on the

railroad’ (Kiberd, 1979c: 111). De bhrí nach tuathánaigh an 20ú haois atá sna carachtair seo, is féidir leis an gcanúint a bheith ait anseo is ansiúd. Cuireann Grene an bheannacht seo in iúl, mar shampla, ‘Conchubor and Fergus: The gods save you. Lavarcham: The gods save and keep you kindly ...’ Sa chás seo, múnlaíonn Synge caint phágánach na gcarachtar ar bheannacht chaitliceach na Gaeilge de bhrí gurb é sin an cineál cainte a bhfuil cleachtadh aige air óna chuid drámaí eile. Athraítear leithéidí ‘Dia duit’ agus ‘Dia is Muire duit’ ina bhfoirmeacha drámatúla lena gcur in oiriúint don dráma seo, dá bhrí sin (Féach Grene, 1975: 171). Ní mór a lua, chomh maith, go mbaineann Synge úsáid as logainmneacha na Gaeilge sna drámaí, .i. ‘Slieve Fuadh’ (Sliabh Fuaid), Alban agus Emain Macha (Eamhain Mhacha (the twins of Macha)) (Féach Henn, 1981: 303). Sna drámaí eile, baintear úsáid as an logainm Béarla, .i. Tara Hill,¹⁶⁰ The County Meath, Tibbradden, Ballinacree, Glen Malure, Wicklow nó Wexford.

Is fiú tagairt amháin a dhéanamh anseo chomh maith do thuin *Riders* agus úsáid an fhorainm ‘we’ i gcomparáid le ‘I’ faoi dheireadh an dráma. Maíonn Clark go n-íompraíonn an forainm seo ualach mór sa mhéid go gcuireann sé ‘imní uilíoch’ in iúl. Ar an ábhar sin, déanann sé tagairt do Yeats ar shaothair Synge, ‘a reverie of passion that mounts and mounts till grief itself has carried [one] beyond grief itself into pure contemplation’ (Clark, 1972: 50). Sa chás seo, ní mór d’aistritheoir bheith feasach ar an mionathrú seo san fhoclaíocht chun críche thuin an téacs trí chéile.

Anuas ar na focail sin, má scrúdaítear *Tinker’s*, maíonn Burke go n-úsáideann an pobal taistealaithe ‘country people’ sa Chaintis chun tagairt a dhéanamh don tsochaí i gcoitinne sa tír (Burke, 2009b: 68). Úsáideann Mary agus an sagart an tagairt seo ag pointí áirithe sa dráma, ach i gcialla difriúla. Ar ábhar eile, áitíonn Burke go n-úsáideann an sagart an

¹⁶⁰ Teamhan (*sic*) na Ríogh (the royal acropolis) (Henn, 1981: 304).

focal 'holy' chun cur síos diamhaslach a dhéanamh ar na tincéirí, Sarah agus Michael, ach níos faide ar aghaidh sa dráma, aisiompaíonn na tincéirí an focal seo chun tagairt a dhéanamh don sagart féin mar 'Holy father' síos tríd an dráma. Maíonn Burke, dá bhrí sin, 'Synge both unmoors words from their received meanings and subliminally links tinker and settled members of society through linguistic repetition' (Burke, 2009b: 71).

I ndáil le tionchar na Gaeilge ar na drámaí, chuir Alan Bliss gluais foclaíochta Synge le chéile in 1972 sa saothar *Sunshine and the Moon's Delight: Centenary Tribute to J.M. Synge*. Mar chuid den ghluais sin, rangaigh Bliss focail agus frásaí Synge ina seacht gcatagóir (Bliss, 1972a: 298–9):

- 1) Focail atá múnlaithé ar an nGaeilge;
- 2) Focail agus frásaí atá aistrithe díreach ón nGaeilge;
- 3) Focail nach bhfuil aistrithe i gceart ón nGaeilge;
- 4) Focail i mBéarla caighdeánach ach atá imithe i léig anois;
- 5) Focail atá in úsáid i gcanúintí Shasana agus na hAlban ach atá imithe i léig anois;
- 6) Focail a bhí in úsáid i gcanúintí áirithe de chuid Thuaisceart Shasana agus na hAlban;
- 7) Focail agus frásaí nach bhfuil in úsáid in áit ar bith eile agus a bhfuil an chuma orthu gur chruthaigh Synge iad.

Baineann Catagóirí 1–3 leis an nGaeilge amháin agus, ó thaobh an aistriúcháin de, is fiú na focail nuachumtha ó Chatagóir 7 a lua freisin chun a fháil amach cén chaoi ar éirigh leis na haistritheoirí cruth níos nádúrtha a chur ar na focail sin sa Ghaeilge. Sna táblaí seo a leanas, cuirtear leis an méid a d'áitigh Bliss trí na samplaí éagsúla ó na haistriúcháin Ghaeilge a chur i gcomparáid leis na pointí a rinne sé maidir le fréamh na Gaeilge a bheith faoi dhromchla an Bhéarla i gcásanna áirithe. Mínítear ar dheis na cinntí

aistriúcháin éagsúla a rinneadh — a oiread agus is féidir — agus an chaoi ar éirigh leis na haistritheoirí na téacsanna seo a thabhairt ar ais don Ghaeilge, mar dhea, ó thaobh na foclaíochta de.¹⁶¹

¹⁶¹ Is fiú Kiberd a lua arís eile anseo toisc go dtráchtann sé féin ar Bliss agus an chaoi ar léirigh sé tionchar na Gaeilge ar shaothair Synge ó thaobh na foclaíochta de. Cé go luann Kiberd na haistriúcháin Ghaeilge ar dhrámaí Synge mar fhonóta ag deireadh an leabhair, ní dhéantar na bundrámaí a chur i gcomparáid leis na haistriúcháin ar aon bhealach suntasach (Kiberd, 1979c: 210–11). Cuireann eiseamláirí na dtáblaí seo leis an bplé sin ó thaobh na n-aistriúchán de.

Catagóir 1 ó Bliss — Focail atá múnlaíthe ar an nGaeilge								
Dráma	Bunfhocal EN	Lch	Bunfhocal GA	Míniú	Aistritheoir	Aistriú	Lch	Nóta / sampla
<i>Playboy</i>	banbh	188	banbh	piglet, bonham	Ó Carra	banbh	17	"
"	boreen	210	bóithrín	county lane	"	bóithrín	39	bóthar + an laghdach '-ín'
"	cleeve	202	cliabh	Basket (Henn, 1981: 296)	"	cliabh	31	"
"	curragh	209	curach	coracle, boat covered in skins or tarred canvas. (Féach Henn, 1981: 305) chomh maith.	"	curach	39	litrítear é mar 'curragh' sa Bhéarla chomh maith.
"	frish-frash	199	frois-frais	mix of cooking ingredients (beaten eggs (Féach Henn, 1981: 296).	"	dríodar	29	ciallaíonn sé seo 'dreg(s)'
"	loy	211	láighe	long narrow spade	"	láí	41	comhchiallach atá ann
"	thraneen	202	tráithnín	straw, insignificant thing (Henn, 1981: 296)	"	tráithnín	31	úsáidtear '-ín' anseo chun mionrud a chur in iúl
"	poteen	204	poitín	illicit whiskey	"	poitín	33	úsáid an laghdaigh arís eile
"	shebeen	191	síbín	low wayside public house	"	síbín	19	"
"	sop	191	sop	wisp, sheaf	"	sop	20	mar ainmfhocal anseo
"	streeler	205	straoilleadh	loiterer	"	sraoilleán	35	untidy, slovenly person

Catagóir 2 ó Bliss — Focail agus frásaí atá aistrithe díreach ón nGaeilge								
Dráma	Bunfhocal EN	Lch	Bunfhocal GA	Nóta	Aistritheoir	Aistriú	Lch	Míniú / sampla
<i>Playboy</i>	playboy	207	buachaill báire	"	Ó Carra	áilteoir	37	clown, leg-puller
"	ridge	197	droim (back)	ridge of his skull	"	mullach	26	crown of head
<i>Deirdre</i>	ill-lucky	249	mí-adhmharach	Unlucky (Yourself's an ill-lucky thing to meet a morning)	Ó Briain	mí-adha	50	'ill luck' sa tuiseal ginideach (Is tusa an tuar mí-adha a theacht treasna ar dhuine ...)
"	skin	240	craiceann	in one's skin, naked	"	luid	28	Ina seasamh annsin gan luid uirre (not a shred on her)
"	share	267	cuid	fate, lot (share of troubles)	"	gan aistriú díreach (leis an ualach trioblóide atá anuas orm)	94	Tá samplaí eile den chineál gné seo san aistriúchán, áfach, .i. mo chuid éadaigh nó a chuid óir
<i>Shadow</i>	skin	93	craiceann	"	Ó Foghludha	(leath)-noc htaithe	15 7	naked, revealed
					Ó Flaithearta	(leath)noc ht	32	naked
<i>Riders</i>	black hag	101	cailleach dhubh	cormorant (sea bird)	Ó Flaithearta	cailleacha dubha	53	"
					Ó Muircheartaigh & Ó Séaghdha	cailleacha dubha	12	"
					Tóibín	fiacha dubha	18	comhchiallach
<i>Tinker's</i>	share	111	cuid	'... his share of gold ...'	Ó Carra	cuid	3	'... a chuid óir.'

Catagóir 3 ó Bliss — Focail nach bhfuil aistrithe i gceart ón nGaeilge								
Dráma	Bunfhocal EN	Lch	Bunfhocal GA	Miniú	Aistritheoir	Aistriú	Lch	Miniú / sampla
<i>Playboy</i>	astray	218 / 216	ar strae	wandering about / wrong or mistaken (ar seachrán)	Ó Carra	Fánaíocht / ceann as a chéil	48/46	aistriúcháin bhreátha bunaithe ar an dá mhíniú ar chlé
"	comrade	190	céile	wife, husband	"	fearchéile	19	husband
"	itself	191	féin	tramp itself	"	féin	20	tramp féin
"	let	184	lig	let a grunt or groan	"	lig	12	'olagón a ligint as'
"	right	185	ceart	sa chiall 'duty to do something'	"	cóir	13	.i. ba chóir
<i>Deirdre</i>	comrade	234	céile	"	Ó Briain	beanchéile	19	wife
"	itself	232	féin	'if they do itself'	"	féin	8	'Má leagann féin'
"	right	233	ceart	I've right not to heed her ...	"	ceart	11	'... an ceart a bhéadh agam ...'
"	astray	240	ar strae	mad-looking	"	dul amú	28	Mistaken (tá dul amú mór orm ...)
<i>Shadow</i>	let	83	lig	let a cry	Ó Foghludha	scaoil	143	'Do scaoil se liach nimhe...'
					Ó Flaithearta	lig	10	'Lig sé béic'
<i>Riders</i>	itself	97 m.s	féin	sa chiall 'even'	Ó Flaithearta	féin	43 m.s	'Where is he himself — 'Cá bhfuil sé féin?'
					Ó Muircheartaigh & Ó Séaghdha	féin	8 m.s	'Mara bhfágtar féin é'
					Tóibín	féin	17 m.s	'Acht má's é féin ...'
<i>Tinker's</i>	itself	115	féin	'If it's starving you are itself'	Ó Carra	féin	6	'Má's ocrasach féin thú'
"	right	110	ceart	'I'd have a right to be going off	"	ceart	2	'gur cheart dom dhul leis na tincéirí'

				to the rich tinkers'				
--	--	--	--	-------------------------	--	--	--	--

Catagóir 7 ó Bliss — Focal agus frásaí nach bhfuil in úsáid in áit ar bith eile agus a bhfuil an chuma orthu gur chruthaigh Synge iad							
Dráma	Bunfhocal EN	Lch	Nóta	Aistritheoir	Aistriú	Lch	Míniú nó sampla
<i>Playboy</i>	curiosity man	189	human prodigy	Ó Carra	fear aisteach	18	strange man
"	to drunken	193	make drunk	"	dall le meisce	22	blind with drunkenness
"	lengthy	176	sa chiall 'long'	"	ard	3	high, tall
"	louty	220	loutish, clumsy	"	bodúil	50	churlish
"	pitchpike	184	Pitchfork (Féach Henn, 1981: 295)	"	píce	12	pike
"	puzzle-the-world	182	total enigma	"	fadhb gan réiteach	10	unsolvable problem
"	scorch	227	blaze (gan bheith ar fáil mar bhriathar ag an am)	"	loisc	58	scorch (mar bhriathar)
"	scruff	176	bunaithe ar 'faoi chúl' nó 'ar chúl' ach gan bheith ar fáil sa chiall seo sa Bhéarla	"	cúl	14	back (ar chúl cnoic)
"	straitened waistcoat	216	strait-jacket	"	seaicéad coinneála	46	<i>Go litriúil:</i> retaining jacket
"	string gabble	189	to chatter away	"	lean den bhladar	18	continue blabbering (leanfaidh sí den bhladar go maidin)
<i>Deirdre</i>	to hoop (mar bhriathar)	251	become crooked	Ó Briain	tagann dronn eadar a slinneáin	53	a hump came on their shoulder
"	sloppy	260	sa chiall 'tear-stained'	"	buaidheartha fuillteach	77	bloody
<i>Riders</i>	over	99	sa chiall 'again and again' — 'and she saying it over.'	Ó Flaithearta	arís agus arís eile	47	again and again
				Ó Muircheartaigh & Ó Séaghdha	port céadna i gcóinnuidhe e ar siubhal aici	9	and her always saying the same tune
				Tóibín	siorphort	13	"
<i>Shadow</i>	turn of the day	94	tagairt do 'noon' den chuid is mó	Ó Foghludha	ó éirighe gréine	159	sunrise

				Ó Flaithearta	d'éirigh grian inniu	35	the sun came up
<i>Tinker's</i>	tackle	119	to tie up	Ó Carra	cuir thart faoi bhun do smíge	10	put around
"	turn of the day	120	"	"	deireadh an lae	11	end of the day

5.8.3 Eiseamláirí den chomhréir sna buntéacsanna agus sna aistriúcháin

Maidir le *Playboy*, maítear go bhfuair Synge inspioráid sa scríbhneoireacht ó Amhráin Ghrá na hÉireann amhail *Idir Chaiseal agus Dúrlas*, áit a ndéantar tagairt don fhocal 'shift' mar 'leinidh' (Henigan, 2002: 97). Anuas air sin, feictear tionchar *Love Songs of Connacht* agus an mí-aistriúchán 'star of knowledge' ón amhrán sin i gcaint Christy — 'Amn't I ever seeing that lovelight of the star of knowledge shining from her brow' (Féach Greene, 1971: 5).¹⁶² Chun an inspioráid a fuair Synge ón nGaeilge a chur in iúl, maíonn Bliss:

Because of the social conditions existing in Ireland, Irish speakers rarely had the opportunity of prolonged contact with speakers of Standard English, and learned their English from those whose English was already less than perfect; so that the influence of the Irish language was cumulative, and remains strong even in those parts of Ireland where Irish has long ceased to be spoken (Bliss, 1972b: 63).

I ndáil le *Deirdre*, áitíonn Grene go raibh tobar na canúna ídithe ag Synge faoin am ar scríobh sé *Deirdre*. Maítear nach raibh dlúthcheangal lena inspioráid ó iarthar na hÉireann

¹⁶² Le haghaidh tuilleadh fianaise ar thionchar *Love Songs of Connacht* ar shaothair Synge agus an chaoi ar éirigh leis tairbhe a bhaint as na hamhráin sin ina chuid drámaí, is fiú súil a chaitheamh ar *Collecting Music in the Aran Islands, a Century of History and Practice* le Deirdre Ní Chonghaile, lgh 18–20.

agus gur fhill sé ar ghnáth-thróip chanúnacha sa dráma (Féach Grene, 1975: 172). Feictear an Ghaeilge fréamhaithe go fóill ar fud an dráma féin sna struchtúir chomhréire agus ghramadaí. In *Riders*, áitíonn Grene go bhfuil teanga an dráma seo ‘spare’ i gcomparáid le teanga *Playboy* áit a bhfuil sí ‘as fully flavoured as a nut or an apple’ (Féach Grene, 1975: 61). Mar nasc leis na drámaí eile, áitíonn Grene gurb ionann teanga *Tinker’s* agus teanga an tuathánaigh Chaitlicigh:

... the tinkers’ language in the play is the language of the ordinary Catholic peasants, for Synge knew no other speech to give them. Although for the purposes of the situation they are seen as a pagan ‘natural tribe’, as separate from the country people as the true gypsies, it was not possible to make them convincingly different in words and behaviour (Grene, 1975: 107).

Is fíor go bhfuil struchtúir Ghaeilge fréamhaithe i mBéarla na ndrámáí go léir agus, don té a bhfuil an Ghaeilge ar a thoil aige, is léir go bhfuil an Ghaeilge ag teacht amach trí na línte. Don té nach bhfuil an Ghaeilge ar a thoil aige, ámh, úsáideann Synge cleas sa drámaíocht seo, is é sin le rá, go gcruthaíonn sé rithimí leanúnacha seasmhacha chun cluas an fhaighteora a thraenáil. Maíonn Green, ‘[this] enables Synge to build up structural patterns of words and phrases which act as key-notes for the play’s meaning’ (Grene, 1975: 70). Dá bhrí sin, cé go bpléann Synge le muintir iarthar na hÉireann, oirthear na hÉireann, tincéirí, lucht na hEaglaise agus Ríthe, fiú, tá snaidhm chomóna eatarthu, is é sin le rá, go bhfuil foshruith chomhréir na Gaeilge i gcaint na gcarachtar. Ba shaineolaí air seo é agus feicfead anois gur féidir an teanga a rianú agus a mhapáil siar ar an nGaeilge sna drámaí uile.

I ndáil le *Áilteoir* agus *Pósadh an Tincéara*, éiríonn le Ó Carra cruth Gaeilge an-nádúrtha a thabhairt ar ais don bhunleagan. Ar an iomlán leantar comhréir Bhéarla na hÉireann chun téacs breá orgánach a chur ar fáil sa Ghaeilge agus shamhlófá nach bhfuil na drámaí aistrithe seo bunaithe ar bhunleagan in aon chor de bhrí go ritheann an chomhréir sa Ghaeilge chomh héifeachtach sin. I ndáil le *Déirdre* le Ó Briain, coinnítear comhréir an bhunleagain go tréan sa Ghaeilge agus is léiriú suntasach é sin ar a ghaire atá an dá théacs dá chéile. Ina fhianaise sin, tá Ó Briain in ann na habairtí fada casta ón mbunleagan Béarla a choinneáil sa Ghaeilge gan aon dochar a dhéanamh do nádúrthacht an aistriúcháin. Is é an scéal céanna é i ndáil le *Farraige* agus *Uaigneas* le Ó Flaithearta nó feictear nádúrthacht an téacs go ríshoiléir amhail is nach aistriúchán atá ann in aon chor. Is amhlaidh an scéal é i gcás *Fairrge* le Ó Séaghdha agus Ó Muircheartaigh, freisin. Ar an iomlán, bhí an Tóibíneach i bhfad níos scaoilte ó thaobh an aistriúcháin de agus feicfead sin sna samplaí níos faide ar aghaidh sa rannán seo. I ndáil le *Uaigneas* le Ó Foghludha, scinntear ó bhunchomhréir an bhunleagain Bhéarla píosa beag agus ní chloítear le sruth na Gaeilge atá faoin mBéarla ar an iomlán. Os a choinne sin, éiríonn leis aistriúchán nádúrtha a chur i dtoll a chéile de réir mar a fheicfead sna heiseamláirí a leanas. I gcás na n-eiseamláirí sna táblaí sa rannán ina dhiaidh seo, de réir mar a míníodh sa mhodheolaíocht, bunaíodh an plé sa rannán seo ar shampla ionadaíoch ach randamach i measc na ndrámáí ar fad chun dromchla na Gaeilge faoin mBéarla a thaispeáint a oiread agus is féidir. I gcás gach pointe, léirítear na samplaí a choinníonn an struchtúr Gaeilge sa chéad tábla agus léirítear na samplaí nach gcoinníonn an pointe comhréire Gaeilge sa dara tábla. Feicfead sna heiseamláirí gur minice i bhfad na samplaí a choinníonn an chomhréir Ghaeilge idir na bundrámaí agus na haistriúcháin. Tarlaíonn sé, áfach, go bhfuil aistriúcháin éagsúla den bhundráma céanna scartha thar an dá thábla ag brath ar chinneadh aistriúcháin an aistritheora atá i gceist.

Agus an struchtúr ‘after’ agus ‘an geireann’ faoi chaibidil, .i. after having, after eating nó after playing, tagann sé sin díreach ón nGaeilge, .i. tar éis X a dhéanamh, tar éis X a ithe, tar éis imirt (Féach Grene, 1975: 68). Ar an gcaoi chéanna leis na haistriúcháin ar shaothair McDonagh, feictear samplaí de na gnéithe comhréire céanna sna haistriúcháin a rinneadh ar shaothair Synge.

(Tacar samplaí 1) After + geireann — Coinnithe sna haistriúcháin					
Bundráma	Lch	Buntéacs	Aistritheoir	Aistriúchán	Lch
<i>Playboy</i>	177	... aren't we after making a good bargain ...	Ó Carra	Nach bhfuilimid tar éis cleamhnas maith a dhéanamh ...	4
"	178	I'm after feeling a kind of fellow ...	"	... táim tar éis sórt éigin duine aireachtáil sa scairt aitinn thuas agus é ag cneadaíl ar ...	5
"	188	And I after toiling, moiling, digging, dodging from the dawn ...	"	Agus mé tar éis a bheith ag stracadh is ag sclábhaíocht ...	35
"	206	Amn't I after saying it ...	"	Nach bhfuilim tar éis a rá leat gur eisean a mhill mise ...	35

<i>Deirdre</i>	235	I'm after telling her one time and another ...	Ó Briain	Táim tar éis a innseacht dí anois agus arís ...	14
"	249	... and I after waiting three weeks ...	"	... tréis dom bheith ag fanacht le trí seachtmhainí agus mé ag fáil critheadh agus múchadh ...	50
"	256	... and he's after splitting his gullet ...	"	... agus tá sé tar éis a phíobáin a sgoilteadh ...	67
<i>Shadow</i>	82	He's after dying on me, God forgive him ... ¹⁶³	Ó Foghludha	Tar éis bháis atá sé ...	142
			Ó Flaithearta	Tá sé tar éis bás a fháil orm ...	8
"	85	... the young man you're after seeing ...	"	... ar an bhfear céanna sin atá tú tar éis a fheiceáil ...	16
<i>Riders</i>	96	The young priest is after bringing them ...	"	An sagart óg atá tar éis a theacht leo ...	40
"	99	... we're after forgetting his bit of bread ...	"	... mura bhfuilimid tar éis dearmad glan a dhéanamh ar	44

¹⁶³ Maíonn Grene gurb é 'dative of disadvantage' an struchtúr atá i gceist leis sin, .i. úsáidtear 'on me' tógtha ón nGaeilge díreach leanta le 'God forgive him.' Áitíonn Grene, '... it gives the suggestion of accusation to the sentence — the crime for which Dan needs God's forgiveness is dying at such an inconvenient time' (Grene, 1975: 74).

				an phíosa aráin ...	
			Ó Muircheartaigh & Ó Séaghdha	... táimid tar éis a chuid aráin do dhearmad ...	10
"	101	... she'll be after giving her blessing ...	Tóibín	... beidh sí níos trócaire innti féin tar éis beannacht do chur leis ...	19
			Ó Flaithearta	B'fhéidir gur suaimhní í anois tar éis a beannacht a thabhairt do Bheartla ...	54
			Ó Muircheartaigh & Ó Séaghdha	B'fhéidir gur suaimhneasa ighe a bheadh sí tar éis a beannacht a chur le Beartlí ...	13
Tinker's	119	... Biddy Flynn below, that's after marrying her second man ...	Ó Carra	... ise tar éis an dara fear a phósadh agus deir sí liom ...	10
"	114	I'm after bringing down a smart drop ...	"	... táim tar éis braoinín breá a thabhairt liom ...	6
"	120	... and you're after waking me up, and I having a great sleep ...	"	... agus tá tú tar éis mé dhúiseacht agu mé imo chodladh ...	10

"	126	... it's herself, I'm thinking, is after swapping the tin can for a pint ...	"	... is í féin atá tar éis an cana mhalartú ar phionta ...	15
"	110	... and he after getting a great price for his ...	"	... agus é tar éis praghas mór a fháil ...	3

(Tacar samplaí 2) After + geireann — Gan bheith coinnithe sna haistriúcháin

Bundráma	Lch	Buntéacs	Aistritheoir	Aistriúchán	Lch
<i>Playboy</i>	192	What's that she's after saying?	Ó Carra	Céard é sin a bhí dhá rá aici?	21
<i>Deirdre</i>	234	I'm after serving you two score of years ...	Ó Briain	Tá mé 'mo sheirbhíseach agat le dhá sgór bliain ...	13
<i>Shadow</i>	85	... the young man you're after seeing ...	Ó Foghludha	Agus an buachaill sin a chonnaicís ó chlainibh ...	147
<i>Riders</i>	96	The young priest is after bringing them ...	Ó Muircheartaigh & Ó Séaghdha	An sagart óg a thug dom é ...	5
			Tóibín	An sagart óg a thug so dham ...	7
"	99	... we're after forgetting his bit of bread ...	"	... níor chuimhnigheas ar an mblúire aráin a thabhairt do ...	14

Feictear úsáid na haimsire gnáthláithrí sa Ghaeilge i gcás dhrámaíocht Synge chomh maith:

(Tacar samplaí 3) Aimsir ghnáthláithreach — Coinnithe sna haistriúcháin					
Bundráma	Lch	Buntéacs	Aistritheoir	Aistriúchán	Lch
<i>Playboy</i>	182	... the police do be coming into this place ...	Ó Carra	An minic a thagann na póilíní isteach sa teach seo ...	9
"	205	There's harvest hundreds do be passing these days ...	"	Bíonn na mílte spailpíní ag gabháil an bealach seo ...	35
<i>Deirdre</i>	233	... she does be all times straying around ...	Ó Briain	Bíonn sí amuich i gcomhnaidhe ag baint bláthanna ...	10
"	249	... though young girls and poets do be storming at the shapes of age.	"	... cé go mbíonn cailíní óga agus lucht amhrán ag fíodh-mhagadh faoi cham-chromthacht na sean-aoise.	49
"	245	... the apple-trees do be budding.	"	... na crainnte ubhail a bhíos faoi bhláth san earrach ...	41

<i>Shadow</i>	84	... that does be walking round in the long nights ...	Ó Foghludha	Orm-sa, fear a bhíonn ag síorshiúbhal na n-árd ist oidhche ag taisteal ...	145
			Ó Flaithearta	Mise ar ea, a bhean an tí, a bhíos ag siúl thart sna hoícheanta fada ...	13
"	84	... the things they do be saying in the glen ...	"	... ach cé a chreidfeadh leath dá n-abraítear sa ngleann?	14
			Ó Foghludha	... cé chuirfadh tóir insna ráflaí a bhíonn sa gleann?	145
"	90	I do be thinking in the long nights ...	"	... ná ritheann sé liom gur mhór an óinseach me i láthair na huaire úd ...	153
<i>Riders</i>	100	In the big world the old people do be leaving things after them for their sons and children, but in this place it is the young men do be leaving things behind for them that do be old ...	Ó Flaithearta	... is iad na fir óg a bhíonn ag fágáil rudaí ina ndiaidh ag na seandaoine ...	49
			Ó Muircheartaigh & Ó Séaghdha	... ach san áit seo 'siad na fir óga fhágann oidhreachtaí	10

				ag na seandaoine ...	
"	106	No man at all can be living forever ... <small>164</small>	Tóibín	Ní mhaireann éinne acht seas, agus caithfam bheith sásta le toil an Tiarna ...	27
"	101	... black hags that do be flying on the sea ...	Ó Muircheartaigh & Ó Séaghdha	Na cailleach dubha a bhíonn ag eitilte ...	12
			Ó Flaithearta	... na cailleacha dubha a bhíos ag eitilt ...	53
<i>Tinker's</i>	109	... I do be thinking I'd have a right ...	Ó Carra	Ag breacadh an lae a thagann an smaoineamh chugam ...	2
"	110	... the rich tinkers do be travelling from Tibradden to the Tara Hill ...	"	... gur cheart dom dhul leis na tincéirí saibhre a bhíonn ag taisteal ó Thí Bhradáin ...	2
"	111	... that name they do be putting on the horses they have below ...	"	Ar na capaill a bhíonn ag rásaíocht thíos ag Inbhear Mór ...	3
"	120	... a few halfpence from the rich men do be driving early to the fair.	"	Nuair a bhíonn na fir shaibhre ag tiomáint go moch ...	11

¹⁶⁴ Is spéisiúil a lua gur tógadh an ráiteas seo díreach ó litir chuig Synge ó Martin McDonagh (Greene & Stephens, 1959: 105).

"	123	... any speckled female does be sleeping in the black hovels ...	"	... ag bean bhreac ar bith dá gcodlaíonn ins na botháin dubha thuas ...	13
"	127	... whose hay it is the grey ass does be eating.	"	... léis an féar a bhíonn dhá itheadh ag an asal glas ...	16
"	111	It's often his reverence does be in there playing cards ...	"	Is minic a bhíonn a oirmhinneacht istigh ann ag imirt cártaí ...	4

(Tacar samplaí 4) Aimsir ghnáthláithreach — Gan bheith coinnithe sna haistriúcháin

Bundráma	Lch	Buntéacs	Aistritheoir	Aistriúchán	Lch
<i>Shadow</i>	90	I do be thinking in the long nights ...	Ó Flaithearta	Is minic mé ag cuimhneach sna hoíche-anta fada go mba mhór an óinseach a bhí ionam ...	26
"	90	... where you do be sitting looking out ...	Ó Foghludha	... don mhnaoi bheadh ina suidhe i mbéal dorais agus gan nidh ar domhan le feicsint ...	153
			Ó Flaithearta	I do shuí ag breathnú	26

				amach an doras sin ...	
<i>Riders</i>	100	In the big world the old people do be leaving things after them for their sons and children, but in this place it is the young men do be leaving things behind for them that do be old ...	Tóibín	... ach is amhlaidh fhagaid an t-aos óg rudaí ag na sean-daoine anois ...	15
"	106	No man at all can be living forever ...	Ó Muircheartaigh & Ó Séaghdha	Ní go deo a mhairfidh aenne ...	19
			Ó Flaithearta	Ní féidir le fear ar bith maireachtáil go deo agus ní mór dúinn bheith sásta.	64
"	101	... black hags that do be flying on the sea ...	Tóibín	... agus fiacha dubha na mara ag faire air le dúil ...	18

Anuas air sin, feictear úsáid an struchtúir béime. Sa chás seo cuirtear béim ar chuid ar leith den abairt agus déantar í a aisiompú dá bharr sin, rud atá iomlán nádúrtha sa Ghaeilge cé go bhfuil an struchtúr seo ar fáil i dteangacha eile, baineann sé le Béarla na hÉireann agus an chaoi a bhfuil an chomhréir múnlaithé ar an nGaeilge. Tá an struchtúr seo thar a bheith leathan sna drámaí go léir.

Irish sentences normally place the verb first, unless some part of the predicate requires emphasis, in which case it can be moved forward and preceded by the copula. As P.L. Henry remarks, the phonetic similarity between 'It's' and 'is' must

have lightened the task of the early bilingual speaker when he instinctively sought to reproduce the Irish construction in English. This construction with prefatory ‘It’s’ is a favourite with Synge. It occurs in over twenty per cent of all sentences in *Riders*, and Newlin suggests that it is so common as to have lost its emphatic function altogether’ (Féach Grene, 1975: 67).

(Tacar samplaí 5) Struchtúr béime — Coinnithe sna haistriúcháin					
Dráma	Lch	Buntéacs	Aistritheoir	Aistriúchán	Lch
<i>Playboy</i>	226	It's Pegeen I'm seeking only ...	Ó Carra	Peigín amháin a shantaím ...	56
"	184	It's the truth they're saying ...	"	Sí an fhírinne atá dhá rá acu ...	12
"	215	Is it in a crazy-house for females that I'm landed now?	"	An i dteach gealt do mhná atáim gafa anois?	45
"	215	It's mad yourself is ...	"	As do mheabhair atá tú féin de dheasca an bhuille sin ...	45
<i>Deirdre</i>	237	It's for this life I'm born ...	Ó Briain	Budh é saoghal na háite seo an saoghal a bhí i ndán dom go cinnte ...	20
"	252	... it's the truth I'm saying ...	"	... gurb í an fhírinne atá mé a rádh.	57
"	255	... it's for that we are going ...	"	Is i ngearr air sin a bheimíd ag dul go ...	64

"	258	It is in this place we'd be lonesome in the end ...	"	Is san áit seo a bhéad uaigneas orainn sa deireadh thiar ...	70
"	260	It's too much talk you have ...	"	An iomarca seafóid atá tú a stealladh uait.	77
"	251	It's a sunny nook you've found in Alban ...	"	Is grianmhar an cúilín a fuair abhair dhíbh féin in Albain ...	55
<i>Shadow</i>	82	Is it walking on your feet ...	Ó Flaithearta	De shiúl de chos an ea ...	8
"	83	... but I'm thinking it's dead he is surely ...	"	Ach déarfainn gur básaithe atá sé ceart go leor ...	10
			Ó Foghludha	Ach ní foláir nó is tar éis bháis atá sé ...	143
"	85	It's myself will go for him ...	Ó Flaithearta	Is mise féin a ghabhfas ina choinne ...	16
"	84	... it's a long time ago I'd have been locked into the Richmond Asylum ...	"	... gur fadó an lá a bheinn faoi ghlas i dTeach na nGealt ...	13
			Ó Foghludha	... is fadó riamh a bhios i dtigh na ngealt ...	145

"	92	It's little you care if it's dead or living I am ...	Ó Flaithearta	Beag a ghoilleann sé ortsa más beo nó marbh atáim ...	30
			Ó Foghludha	Leat-sa is ró-chuma ciaca beó nó marbh atáim ...	156
"	92	... it's soon you'll be getting old with that life.	"	... creid uaim-se é gur ró-ghearr go mbeidh an tseanaois ag brúgh ort ...	156
			Ó Flaithearta	... agus is gearr go mbeidh tusa ag éirí sean ...	31
"	94	... and it's with yourself I'll go ...	"	... agus is leatsa a ghabhfas mé ...	34
<i>Riders</i>	98	... for it's a deep grave we'll make him ...	"	... mar is uaigh dhomhain sa talamh a dhéanfas dó le cúnamh grásta Dé ...	44
			Ó Muircheartaigh & Ó Séaghdha	... mar is doimhin an uaigh a dhéanfam do ...	7
"	100	It would be in seven days you would be in Donegal ...	"	... agus dubhairt sé gur i gcionn seacht lá	11

				scriosfeá Dún na nGall ...	
"	106	It's getting old she is ...	"	Tuitithe briste leis an aois atá sí ...	18
<i>Tinker's</i>	110	It's making tight you are, and the edges sharp on the tin.	Ó Carra	Cúng atá sé á dhéanamh agat ...	2
"	110	... it's a clumsy man you are this night ...	"	... is amalach an fear thú anocht ...	3
"	111	It's lonesome and cold you'll be feeling the ditch ...	"	Is fuar uaigneach a bhéas tú ...	3
"	111	It's a great bargain we'll make now and he after drinking his glass.	"	... is fiúntach an margadh a dhéanfas muid ...	4
"	113	It's two years we are getting the gold ...	"	Is le dhá bhliain atáimid ag cruinniú an óir sin ...	5

(Tacar samplaí 6) Struchtúr béime — Gan bheith coinnithe sna haistriúcháin

Dráma	Lch	Buntéacs	Aistritheoir	Aistriúchán	Lch
<i>Deirdre</i>	238	It's one year I am asking only ...	Ó Briain	Tabhair bliain dom ... bliain dom féin ... bliain amháin, iarruighim ort ...	23

"	248	It was power enough you had ...	"	Bhí cumhachta go leor agat an oidhche úd ...	47
<i>Shadow</i>	82	Is it walking on your feet, stranger?	Ó Foghludha	Det chois?	142
"	83	he was saying it was destroyed he was ...	"	... dúirt sé go raibh a ghnó déanta ...	3
			Ó Flaithearta	... agus bhí ag rá go raibh sé réidh go deo nuair a bhí scáileanna an dorchadas ...	10
"	85	It's myself will go for him ...	Ó Foghludha	... leig damh-sa dul ina choinne.	147
"	94	... and it's with yourself I'll go ...	Ó Foghludha	... agus táim-se fonnmhar chum gabháil leat.	158
<i>Riders</i>	98	... for it's a deep grave we'll make him ...	Tóibín	Déanfam uaigh mhór dhomhinn do ...	11
"	100	It would be in seven days you would be in Donegal ...	Ó Flaithearta	... go dtógfadh sé seacht lá na seachtaine ort sulta sroichfeá Dún na nGall ...	51
			Tóibín	... dubhairt sé go bainfeadh sé lá fada díot siubhal ó thuaidh go Tír Conaill ón gCarraig seo thall ...	16

"	105	It's a great rest I'll have now ...	"	Beidh codladh na hoidhche againn mura mbíonn sé ...	25
			Ó Muircheartaigh & Ó Séaghdha	Beidh suaimhneas mór agam feasta agus codladh sámh 'sna hoidhcheanta fada ...	18
			Ó Flaithearta	Beidh scíth bhreá agam anois agus codladh breá sna hoícheanta fada ...	62
"	106	It's getting old she is ...	Tóibín	Tá sé ag éirighe aosta, an bhean bhocht — go bhfoire Dia uirthi ...	26
			Ó Flaithearta	Tá sí ag éirí sean, agus cloíte ...	63
<i>Tinker's</i>	109	It is near done this time, or what was is it at all?	Ó Carra	Bhfuil sé geall le bheith réidh nó cé'n chaoi atá air ...	1
"	115	It's destroyed you must be hearing the sins of the rural people ...	"	Ní fuláir nó bíonn tú céasta ag éisteacht le peacaí ...	7

Baintear an-úsáid as an struchtúr Gaeilge ‘agus + forainm’ chun ‘as/when/while’ a chur in iúl sa Bhéarla.¹⁶⁵ Bíonn cuma pas ait air seo sa Bhéarla caighdeánach ach is féidir an ghné seo de Bhéarla na hÉireann a mhapáil siar ar struchtúr nádúrtha sa Ghaeilge sna drámaí go léir. Mar shampla:

(Tacar samplaí 7) Agus + forainm — Coinnithe sna haistriúcháin					
Dráma	Lch	Buntéacs	Aistritheoir	Aistriúchán	Lch
<i>Playboy</i>	177	... and they lost in their wits.	Ó Carra	Agus iad ar strae ina n-intinn ...	4
"	183	... and he getting old and crusty ...	"	... agus é ag éirí sean agus cantalach ...	11
"	188	And I after toiling, moiling, digging ...	"	Agus mé tar éis a bheith ag stracadh is ag sclábhaíocht ...	16
<i>Deirdre</i>	232	... and it falling to the night ...	Ó Briain	... agus tuitim na hoidhche ann?	7
"	234	... and she a score only ...	"	... agus gan fiche bliain slán aice fós ...	13
"	235	... and you herding your geese ...	"	... agus tú ag fosúíocht gébhaidh nó ag tiomáint ...	16
"	236	... and they chasing in the woods ...	"	... agus a bheirt dritheáir ann nuair a bhíos siad ag fiadhach ins ...	17

¹⁶⁵ Is féidir leis an struchtúr sin sa Ghaeilge bríonna eile a chur in iúl sa Bhéarla ar ndóigh ag brath ar an gcomhthéacs.

"	240	... and he with all his spirits ...	"	... agus é go hárd-intinneach ag ceapadh dhó féin ...	29
"	245	... and I each twilight meeting you ...	"	... agus mé bheith ag teacht faoi do dhéin gach ...	40
"	247	... and we so quiet in the woods ...	"	... agus sinn chomh socair suaimhneasach sa gcoill ...	46
"	258	... and we thinking on our seven years in Alban ...	"	... agus sinn ag cuimhneamh ar ár seacht mbliana in Albain ...	70
"	264	... and we two lovers have had a great space without weariness ...	"	... agus is beirt leannán sinne a shiubhal i bhfad ...	86
<i>Shadow</i>	90	... and I a fine girl growing up ...	Ó Foghludha	... agus mé féin im chailín óg ...	154
			Ó Flaithearta	... agus mise i mo chailín breá ag fás aníos ...	27
"	94	... and you dead surely	Ó Foghludha	... agus tú chomh marbh le hArt ...	159
			Ó Flaithearta	... agus tú básaithe dáiríre ...	35
"	86	... and you not knowing on what thing your mind would stay?	Ó Foghludha	... agus gan fhios agat cadé an smaoineamh is túisce a bhuaileadh isteach it cheann?	147
			Ó Flaithearta	... agus gan a fhios agat cén rud a luífeadh d'intinn.	17

<i>Riders</i>	97	... and he in a hurry ...	Ó Muircheartaigh & Ó Séaghdha	'Sé atá ann, agus deabhadh air ...	7
			Tóibín	Seo chugainn é, agus deabhadh air ...	10
			Ó Flaithearta	... agus é ina dheifir air ...	43
"	98	... and I after giving a big price ...	"	... agus mé tar éis an praghas is airde a fóca ar na cláir ...	44
			Ó Muircheartaigh & Ó Séaghdha	... agus mise tar éis airgead mór a thabhairt ar na cláracha bána ...	8
			Tóibín	Agus mise tar éis na cláracha admhaid ba ghlaine is ba bhreaghtha i gConnamara do cheannach ar airgead mór ...	11
"	98	... and I an old woman looking for the grave?	Ó Flaithearta	... agus mé i mo sheanbhean chríon chaite agus cos liom sa uaigh mar tá mé?	46
			Ó Muircheartaigh & Ó Séaghdha	... agus gan ionam ach sean-bhean ag tnúth leis an uaigh?	9
"	100	... and they passing the black cliffs ...	"	... agus iad ag gabháil tar failtreacha dubha an tuaiscirt ...	11
			Tóibín	... agus iad i gcomhgar na faille ...	16

			Ó Flaithearta	... agus iad ag dul thar na haille dubha ó thuaidh ...	50
"	103	... and he riding on the red mare ...	"	... agus é ag marcaíocht ar an láir agus an capaillín glas ina dhiaidh ...	56
			Ó Muircheartaigh & Ó Séaghdha	... agus é ag marcaigheacht ar an láirín ruadh agus an capaillín glas 'na dhiaidh ...	14
<i>Tinker's</i>	110	... and I'm thinking of the way I came behind you ...	Ó Carra	... agus táim ag smaoineamh ar an bhealach go dtáinig mé aniar ...	3
"	115	... a power of queer things and I walking the world ...	"	... agus mé ag suil [sic] talamh an domhain ...	7
"	116	... people making a queer noise and they going to rest ...	"	... agus iad ag dul chun suain ...	7
"	117	... and I a young woman, making whisper-talk with the like of him ...	"	... agus mé i mo bhean óg ...	8
"	120	... and I having a great sleep in the sun ...	"	... agus tá tú tar éis mé dhúiseacht agus mé imo chodladh ...	10
"	123	... and they making great talk would soon	"	... agus an chaint acu ...	13

		have the life of you ...			
"	124	... things might happen her and she walking single in a lonesome place.	"	... agus í ag siul 'na h-aonar in áit uaigneach iargúlta ...	14

(Tacar samplaí 8) Agus + forainm — Gan bheith coinnithe sna haistriúcháin					
Dráma	Lch	Buntéacs	Aistritheoir	Aistriúchán	Lch
<i>Deirdre</i>	244	... and you born for great company ...	Ó Brian	... a rugadh i gcóir árd-chomhludair.	38
<i>Riders</i>	98	... and I an old woman looking for the grave?	Tóibín	Cionnas a mhairfeam-na mná nuair a bheidh ár macra le chéile imthighthe?	12
"	103	... and he riding on the red mare ...	"	Chuadhar chomh fada leis an dtobar beannuighthe agus bhí paidir agam á rádh nuair a chonnac Briain chugam ar an láir agus an capaillín glas á leanamhaint ...	21

Baintear úsáid as an réamhfhocal ‘ar’ go minic, chomh maith, i dteanga na ndrámái chun ‘to have’ nó ‘to be’ a chur in iúl sa Ghaeilge.¹⁶⁶ Mar shampla:

¹⁶⁶ Féach Rannáin 4.8.3 agus 5.8.3 maidir le ‘dative of disadvantage’ chomh maith.

(Tacar samplaí 9) An réamhfocal ‘ar’ — Coinnithe sna haistriúcháin

Dráma	Lch	Buntéacs	Aistritheoir	Aistriúchán	Lch
<i>Playboy</i>	229	Ten thousand blessings upon all that's here ...	Ó Carra	Céad míle beannacht ar chuile dhuine anseo ...	60
"	180	Get the curse of the priest on you ...	"	... guífidh mé mallacht na sagart ort ...	7
"	212	... and I got a drouth upon me ...	"	... agus tháinig tart millteach orm ...	41
"	221	... when it's sooner on a bullock's liver you'd put a poor thinking than on the lily or the rose?	"	... nuair is túisce chuirfeá cailín ag smaoineamh ar ae bulláin ná ar lile nó ar rós?	51
<i>Deirdre</i>	236	... be happy seeing age coming on me ...	Ó Briain	... ríméad ormsa agus an aois ag teacht orm 'chuile bhliain ...	19
"	232	... keep a check on her ...	"	... níor mhisde dhuit smacht a choinneáil uirre ...	8
"	253	I've dread upon me a day'd come ...	"	... go dtiocfadh cineál sgannradh orm go dtuirseochainn ...	58
<i>Shadow</i>	82	It's a queer look is on him ...	Ó Foghludha	Nach greanamhar an chuma atá air maidir le corpán?	142
"	82	... put a black curse on me ...	"	... mar do bhagair sé mór-mhallacht anuas orm annsan ...	142

			Ó Flaithearta	... óir chuir sé an dúmhallacht orm maidin inniu ...	9
"	94	There's a great drough [sic] on me ...	Ó Foghludha	... agus is scólta an scórnach atá orm féin.	159
<i>Riders</i>	99	There's no sense left on any person ...	Ó Flaithearta	Ach cén mhaith a bheith ag iarraidh céille ar aoinne i dteach a mbíonn ...	48
			Ó Muircheartaigh & Ó Séaghdha	Ní fhanann ciall ar aenne sa tigh ...	10
			Tóibín	... ach ní bhíonn rath ar aon tigh a mbíonn seanbhean ag síorclamhrán ann ...	14
"	103	... the blessing of God on you ...	Ó Flaithearta	Dé go bhféacha sé orainn ...	56
			Ó Muircheartaigh & Ó Séaghdha	Bail ó Dhia ort ...	15
<i>Tinker's</i>	121	... for I hear the drouth upon your tongue to-day ...	Ó Carra	... mar airim an tart ar do theanga inniu ...	11

(Tacar samplaí 10) An réamhfocal 'ar' — Gan bheith coinnithe sna haistriúcháin

Dráma	Lch	Buntéacs	Aistritheoir	Aistriúchán	Lch
<i>Deirdre</i>	246	... forward on the seas to be looking on your face ...	Ó Briain	... ar an bhfarrage le do ghnúis dhil a fheiceáil arís ...	42
<i>Shadow</i>	82	It's a queer look is on him ...	Ó Flaithearta	Nach aisteach a bhreathnaíonn sé mar fhear caillte ...	9

"	94	There's a great drough [sic] on me ...	"	Táim spallta leis an tart ...	35
<i>Riders</i>	103	... the blessing of God on you ...	Tóibín	Go mbuadha Dia leat!	21

Cleas eile a úsáideann Synge atá thar a bheith nádúrtha sa Ghaeilge is ea úsáid na huama. In ainneoin nach gné í sin a bhaineann leis an nGaeilge go dlúth, bíonn sé an-chomónta mar chleas i litríocht na Gaeilge.¹⁶⁷ I gcás *Áilteoir*, déanann Ó Carra iarracht den chéad scoth an uaim ón mbunleagan Béarla a choinneáil. Seans maith gurbh é sin a bhí ar intinn Synge ar an gcéad dul síos. Cé nach raibh Ó Carra in ann an uaim ar fad a choinneáil ón mbunleagan Béarla, thapaigh sé an deis uaim a instealladh in áiteanna eile sa téacs. Mar shampla:

(Tacar samplaí 11) Úsáid na huama sna buntéacsanna/aistriúcháin					
Dráma	Lch	Buntéacs	Aistritheoir	Aistriúchán	Lch
<i>Playboy</i>	182	... wicked-looking young fellow ...	Ó Carra	Fear fiáin fíochmhar ...	110
"	187	... as much talk and streeleen ...	"	Caint is clabaireacht ...	15
"	197	... jobbing jockies, parching peelers ...	"	... na spailpín-mharcaigh; poiliní tartmhara ...	27
"	203	... devil's own temper ...	"	... diabhachtach tachtadh teasaí ...	32

¹⁶⁷ Ní mór a chur in iúl gur ag leanúint seanchleas litríochta sa Ghaeilge a bhí Synge mar bhí sé coitianta mar nós i litríocht na Nua-Ghaeilge Moiche agus i saothar crábhaidh, go háirithe. Féach Céitinn, mar shampla. Go leor faoin gcur chuige seo (uaim agus carnadh) ag Tadhg Ó Dúshláine in *An Eoraip agus Litríocht na Gaeilge: Gnéithe den Bharócachas Eorpach i Litríocht na Gaeilge 1600–1650*.

"	205	... dirty, stuttering lout.	"	... bodach badach briotach.	35
"	221	... dirty tramp ...	"	... bacach breá bóthair.	51
"	227	... horny-fingered hangman hitching slip-knots ...	"	... crochaire crua lena lámha cranrach ag ceangal snaidhm an bháis ...	58

Anuas ar na samplaí roimhe seo, tá neart samplaí eile is féidir a lua, chomh maith, a bhfuil dul na Gaeilge orthu. Cuimsítear i measc na samplaí seo a leanas, úsáid an dobhriathair, an ailt agus an tuisil ghinidigh ar bhealach a chuireann comhréir na Gaeilge chun cinn sna bundrámaí.

(Tacar samplaí 12) Samplaí eile de chomhréir na Gaeilge idir na bundrámaí agus na haistriúcháin						
Dráma	Lch	Buntéacs	Aistritheoir	Aistriúchán	Lch	Nóta
<i>Playboy</i>	184 and didn't destroy you with the weight of work?	Ó Carra	... dá dtugaimis pá mhaith gan tú a chreachadh le tromaíocht oibre ...	13	Úsáid an ghinidigh ar bhealach pas ait sa Bhéarla. Oibríonn an struchtúr seo go breá sa Ghaeilge.
"	200	... and I'm my whole life with my father only.	"	... gan aon duine liom ach m'athair amháin.	30	Úsáid aisteach an dobhriathair sa Bhéarla ach is gné nádúrtha sa Ghaeilge í. 'Pegeen is the only one that I am seeking' atá

						i gceist i mBéarla caighdeána ch.
"	187	... fine, prancing women making laughter with the men	"	... mná giodamach móiréiseach ag déanamh grinn i bhfochair na bhfear.	15	Bunaithe ar an ngnáthstruchtúr comhréire sa Ghaeilge chun 'to laugh' a chur in iúl. Go litriúil, 'to make laughter'.
"	191	Father Reilly has cuteness to divide you now ...	"	Bhuel, bhí sé de stuaim ag an Athair Ó Raghallaigh , an bheirt agaibhse a scaradh ó chéile ...	19	Úsáid pas ait den bhriathar 'to have' chun aidiacht a chur in iúl. Oibríonn an t-aistriúchán go horgánach sa Ghaeilge, áfach.
"	198	Whisht your talking of girls ...	"	Éist do bhéal is ná bí ag tagairt do chailíní.	28	Whisht: Focal ó Bhéarla na hÉireann den chuid is mó. Oibríonn 'Éist do bhéal' go maith anseo mar fhrása nádúrtha sa Ghaeilge.
"	193	... the County Clare ...	"	... Chontae an Chláir ...	22	Úsáid an ailt sa Bhéarla nach bhfuil ag teastáil.

"	179	... whether I go for the whole night or part only ...	"	Nach é an dá mhar-a-chéi le é cé acu roinnt den oíche nó an oíche iomlán a chaithfeas mé as baile?	6	Féach roimhe seo maidir le húsáid an dobhriathair.
"	176	Six yards of stuff for to make ...	"	Sé shlat stuif le gúna buí a dhéanamh ...	3	Is sampla den chlásal feidhme é seo, rud atá bunaithe ar fhreamh na Gaeilge i mBéarla na hÉireann.
"	189	... or what is it you're wanting at this hour ...	"	Céard tá ort nó céard tá uait an tráth seo den oíche?	18	Úsáid aisteach den aimsir láithreach sa Bhéarla ach a oibríonn go breá sa Ghaeilge.
"	192	I've won me in the end of time ...	"	Agus is éachtach an t-ádh agus an dea-chuidea chta atá buaite agam i ndeireadh na dála ...	21	Úsáid an ghinidigh arís eile anseo ar bhealach neamhchaig hdeánach sa Bhéarla ach caighdeánach sa Ghaeilge.
"	195	... then my thousand welcomes to you ...	"	Leis seo mo chéad míle failte romhat mar sin ...	24	Frása fréamhaithe sa Ghaeilge ar an gcéad

dul síos.

"	212	God increase you!	"	Go méadaidh Dia do stór!	42	"
<i>Deirdre</i>	241	What is it you're wanting in the blackness ...	Ó Briain	Céard tá sibh a thóruíocht i ndorchadas na hoidhche?	29	Féach roimhe seo maidir le húsáid na haimsire láithrí.
"	253	... but my dreams are dreams only ...	"	Ach ní raibh ins na brionglóidí sin ach brionglóidí ...	58	Féach roimhe seo maidir le húsáid an dobhriathair.
"	238	... a year of quiet ... It's one year I'm asking only ...	"	Tabhair bliain dom ... bliain dom féin ... bliain amháin, iarruighim ort ...	23	"
<i>Shadow</i>	94	It's not my blather you'll be hearing only ...	Ó Foghludha	... agus ní sárchainnt amháin a bheidh it chluais feasda acht ...	158	"
			Ó Flaithearta	... agus ní mo chuidse bladair amháin a bheas le cloisteáil agat ...	34	"
<i>Riders</i>	98	a son where there is one son only ...	Tóibín	... cad is fiú airgead seachas mac, agus é	12	"

				féin in a mhac anois, leis ...		
			Ó Muircheartaigh & Ó Séaghdha	... seachas mac agus gan ann ach an t-aon mhac ...	6	"
			Ó Flaithearta	... i dteach nach bhfuil ann ach aon mhac amháin?	45	"
"	98	It will be wanting in this place ...	"	... teastóidh sé uainn san áit seo, tá mé ag rá leat ...	44	Féach roimhe seo maidir le húsáid na haimsire láithrí.
			Ó Muircheartaigh & Ó Séaghdha	Beidh gnó dí, adeirim leat ...	7	"
			Tóibín	Beidh gnó againn de sin annseo adeirim leat ...	11	"
"	96	... the length of that way to the far north ...	Ó Muircheartaigh & Ó Séaghdha	... an fhaid sin slighe chun an tuaiscirt?	5	Úsáid an ghinidigh ar bhealach mínádúrtha sa Bhéarla.
			Ó Flaithearta	Cén chaoi a ngabhfaidh sé an t-achar sin i bhfad ó thuaidh?	40	"
			Tóibín	... chomh fada ó	8	"

bhaile le Tír
Chonaill.

<i>Tinker's</i>	112	I'd do it for a pound only ...	Ó Carra	Déanfaidh mé an beart ar phunt amháin ...	4	Féach roimhe seo maidir le húsáid an dobhriathair
"	113	... the county Meath ...	"	... agus Condae [sic] na Mí	5	Úsáid an ailt nach bhfuil de dhíth sa Bhéarla.

Ó thaobh chomhréir na canúna de sna haistriúcháin, feictear rian láidir Ghaeilge na Mumhan. Mar shampla in *Áilteoir*: ‘ag ligint’ (26), ‘Gura míle maith’ (47), ‘ins na laetha’ (50), ‘gan tada’ (53), ‘munar mian leat’ (55), ‘dod thachtadh’ (56), ‘mhúineadar’ (57) nó ‘sara mbéarfaidh’ (58). I ndáil le *Déirdre*, feictear canúint na Mumhan ag teacht tríd san aistriúchán chomh maith. Mar shampla an fhoirm tháite ‘chualas’ nó ‘feicfead’, an fhoirm neamhchaighdeánach de ‘murar’ agus ‘mura’ mar ‘munar’ nó ‘muna’, nó focail litrithe go neamhchaighdeánach amhail ‘amuich’, ‘éicint’, ‘leigint’ nó ‘chím’. Cé nach bhfuil blas na Mumhan an-láidir sa téacs, is fiú na pointí sin a lua toisc go mbaineann siad le stíl an aistritheora féin san aistriúchán. I gcomparáid le *Áilteoir* agus *Déirdre*, tá *Chun na Farraige Síos* le Ó Flaithearta níos caighdeánaí ó thaobh na Gaeilge cé go bhfuil claonadh éigin i dtreo Gaeilge Chonamara sa téacs, .i. inseacht, a bheas, aoinne, sa gcaoi.¹⁶⁸ I ndáil le *Fairrge*, feictear blas na Mumhan ag teacht tríd san aistriúchán arís eile anseo. Mar shampla an fhoirm tháite ‘thugais’, ‘ghabhas’ nó ‘chonnaicis’, nó samplaí eile amhail ‘de sna’ (seachas an fhoirm chaighdeánach ‘de na’), ‘im’ shuidhe’ (seachas ‘i mo’) nó ‘ná fuil’ (seachas ‘nach bhfuil’). Ar an gcaoi chéanna le *Fairrge*, is léir go raibh tionchar

¹⁶⁸ Is spéisiúil a lua, áfach, go n-áitíonn Ní Chonaire go bhfuil blaiseadh ‘Ghaolainn na Mumhan’ sna haistriúcháin *Uaigneas* agus *Farraige*. Tugann sí na samplaí ‘fuair mé eolas air’ ar Ich 10 agus ‘chun fead a ligean’ ar Ich 15 mar eiseamláirí. Admhaíonn sí, áfach, gur meascán canúna ar an iomlán atá ann nó gur ‘le hÉirinn go léir an dráma seo’ (Ní Chonaire, 1972: 15).

chanúint na Mumhan ar *Uaigneas* le Ó Foghludha, .i. chonaicís, fanúint, fén, ligint, ataoi nó ansan. Cosúil le *Áilteoir*, tá rian chanúint na Mumhan le brath ar an teanga in *Pósadh*, .i. go dtáinig, imo chodladh, ins na botháin dubha. Ar an iomlán is Gaeilge na Mumhan atá in úsáid ag Tóibín cé gur léir ó na heiseamláirí roimhe seo gur téacs ann féin atá ann i gcás fhormhór na sleachta thuasluaite.

5.9 Plé ar athghabháil na Gaeilge mar skopos i saothair aistrithe Synge

Sna rannáin roimhe seo, baineadh úsáid as an anailís mhúnlaithe chéanna a cuireadh i bhfeidhm ar dhrámaí McDonagh agus na haistriúcháin a rinneadh orthu.¹⁶⁹ Ar an dóigh chéanna, rachfar tríd an tráchttaireacht, léirmheastóireacht agus litríocht ar dhrámaí Synge agus na haistriúcháin éagsúla a rinneadh orthu le fócas níos mionsonraithe ar ghné na hathghabhála Gaeilge. Pléifear le torthaí na hanailíse ansin chun athghabháil na Gaeilge mar skopos cúlghabhálach a phlé.

Mhaígh Synge:

All these years, I felt frustrated by the thought that I could write only in English — and now on re-reading my plays in hospital I find that I have really been writing in Irish all the time. The rhythms, the syntax, the very texture of my thoughts all came from the native idiom — only the words were English (Féach Kiberd, 1979a: 19).

Bhí deis ag Synge, de chéadair, úsáid a bhaint as teanga agus suíomh nár baineadh tairbhe astu riamh i litríocht an Bhéarla ar an gcaoi sin. Fuair sé inspioráid as cuimse sa

¹⁶⁹ Ar an gcaoi chéanna lenar cuireadh in iúl i gcás anailís dhrámaí McDonagh, is anailís mhúnlaithe í seo bunaithe ar obair Nord de réir mar a míníodh i modheolaíocht an tráchtais i gCaibidil 3.

Ghaeilge agus as an gceantar a bhain léi. Thug Tomás Ó Muircheartaigh ‘living wood’ ar an nGaeltacht (Ó Muircheartaigh, 1937: 31) agus ba as an tobar sin a bhí Synge in ann tarraingt. Mar a luadh i gCaibidil 5, thuig Synge mianach in iarthar na hÉireann agus i gCill Mhantáin chun drámaíocht a chumadh a bhí nuálach don ré sin agus a tharraingeodh aird ar leibhéal nár baineadh amach riamh. Thuig sé tábhacht na Gaeilge mar bhunús don chaint ina chuid drámaí agus ní gá ach breathnú ar *The Aran Islands* chun léargas agus cuntas a fháil ar an spéis a bhí aige sa teanga agus an tuiscint a bhí aige uirthi.¹⁷⁰ Tugadh an spéis agus an ceangal seo faoi deara ag an iliomad scoláirí ina dhiaidh sin freisin. Luaigh Friel, ‘... we have not yet discovered a language appropriate to the theatre in this country — as singularly appropriate as Synge’s invention’ (Roche, 1999: 145). Mar thrácht ar úsáid na Gaeilge chun cineál nua cainte sa téatar in Éirinn a chruthú, maíonn Hewitt:

Synge’s continuous study of the Irish language, both through immersion during his visits to the Aran Islands and West Kerry, and through scholarly study in Dublin and Paris, informed his sense of the ‘old’ and its uses, in many ways setting him apart from his contemporaries and working as a catalyst for his ‘brutal’ drama (Hewitt, 2021: 16).

Mar threisiú air sin, cuireann Hewitt in iúl gur bhain Synge úsáid as cultúr na Gaeilge sa chaoi gur ‘survival of the old’ a bhí ann mar fhreagairt ar ‘anglicization, materialism, and the homogenizing effects of the civilizing imperatives’ (Hewitt, 2021: 17). Áitíonn Munro gurb é an ní atá déanta ag Synge ná carachtair a chruthú a labhraíonn i spás atá idir an Ghaeilge agus an Béarla (Munro, 1972: 228). Mar thagairt dár éirigh le Synge a dhéanamh ó thaobh na Gaeilge de, mhaígh Greene, ‘[his work] more than that of any of

¹⁷⁰ Féach, mar shampla, ar leathanaigh 4, 12, 16, 41, 65, 72, 85, 94, 115, 119, 122, 129 agus 173 le haghaidh tagairtí éagsúla don Ghaeilge ar na hoileáin (Synge, 1979: 4–173).

his contemporaries comes closest to achieving the assimilation of the Gaelic past which the Irish Renaissance stood for' (Greene & Stephens, 1959: 302). Leis an éacht seo a bhaint amach, ba ghá do Synge an teanga a fhoghlaim agus maíonn Kiberd, 'It would have been impossible for Synge to express a life that had never found expression without first learning the language through which the daily affairs of that life were conducted' (Kiberd, 1979c: 38). Áitíonn Kiberd, áfach, nach *calque* simplí a bhí ann agus go raibh ar Synge cultúr iomlán na Gaeilge a ionphlandú sa Bhéarla, ar teanga í a bhí aduain i gcúinse an Bhéarla (Kiberd, 1979c: 88). Duine sách cumasach a bhí i Synge i ndáil leis an nGaeilge agus áitíonn Kiberd go raibh Synge in ann mórchanúintí na Mumhan agus Chonnacht a thuiscint agus a labhairt cé go raibh claonadh aige i dtreo Ghaeilge Chonnacht, a d'fhoghlaim sé ar Árann (Kiberd, 1979c: 92). Dar le Kiberd, bunaithe ar an tuiscint agus cumas sin, bhí Synge in ann scríobh '... in an English as Irish as it is possible for English to be, an English into which toxins of the Gaelic mode of speech and syntax had been injected' (Kiberd, 1979c: 199). Mar a luadh roimhe seo, mhaígh Synge go raibh an cineál Béarla a scríobh sé 'perfectly Irish in essence' (Féach Kiberd, 1979c: 201). Ar an ábhar sin, áitíonn Lonergan gurb é an ní atá déanta ag Synge ná scéalta a fháil óna bhfoinsí dúchais. Ar an gcaoi sin, is féidir leis ábhar barántúil, amhail scéalta ó Dirane, a ghabháil agus iad a chur i lár an aonaigh (Lonergan, 2013: 79). Mar ghoineog ar obair Synge, mheas George Moore gur filíocht an toradh a bhí ar aistriúchán Gaeilge go Béarla. Mar dhuine nach raibh Gaeilge ar a thoil aige, cuireann Kiberd in iúl nár thuig Moore a chónagaraí a bhí an ráiteas sin do *modus operandi* Synge, áfach (Kiberd, 1979b: 61). Thar aon ráiteas eile a scrúdaíodh mar chuid den anailís seo, gabhann Grene a raibh i gceist le Synge ar an mórchóir:

The language of the people is fashioned by Synge, not by transcribing what he heard, but by reworking it in accordance with this theoretical knowledge of Irish grammar and syntax, his sense of the genuineness of some phrases, his personal preferences for others. What emerges is the distinctive, the unique dialect of Synge's plays, the appropriate medium for his dramatic expression (Greene, 1975: 29).

Fágann sé sin go bhfuil an bhearna idir bundrámaí Synge agus na haistriúcháin Ghaeilge an-chúng agus shamhlófaí, dá bhrí sin, gur éasca an t-éacht é iad a aistriú ar ais ina gcruith dúchais. Maíonn Delap 'The dialogue in his plays often sounds like a literal translation and it was felt that it should follow naturally to translate them back into Irish and re-annexe them into their original context' (Delap, 2001: 219). Ardaíonn an ráiteas sin ceist athghabháil na Gaeilge ón mBéarla agus an paradacsa gur gabhadh an inspioráid ón nGaeilge ar an gcéad dul síos. Sholáthair an Ghaeilge, dá bhrí sin, '*substratum*' an Bhéarla do Synge (Kiberd, 1979c: 205 & Kiberd, 1978: 3). Mar threisiú ar an méid sin, luann Kiberd staidéar le Dáithí Ó hUaithne, *The Irish Language*, ina maíonn sé gur léiriú cruinn atá i ndrámáí Synge ar chomhréir na Gaeilge. Chun cur leis an bpointe sin, luann Kiberd na haistriúcháin éagsúla ar Synge a rinneadh thar na blianta, cé nach dtéann sé i bhfad scéil leis an ráiteas sin (Kiberd, 1979c: 210–11).

Cé go gcuirtear neart béime ar ghné na Gaeilge agus na Gaeltachta i saothair Synge, ní mór cuimhneamh ar shaol oirthear na hÉireann agus an spéis a bhí aige i dtincéirí go háirithe, chomh maith nó maíonn Burke, 'the figure had become overwhelmingly associated with Ireland and authentic Irishness by the Revival' (Burke, 2009b: 58). Mar a

luadh roimhe seo, mheas Synge gurb é ‘the best of Irishness’ a bhí sna tincéirí (Burke, 2009b: 81).

In ainneoin gur maíodh thar na blianta gurbh í an Ghaeilge a bhí faoi bhun chaint na gcarachtar i ndrámáí Synge agus gur shaothraigh sé féin an teanga, is beag taighde ceart a rinneadh chun an ghné sin a thabhairt chun solais. Seachas tagairtí anseo is ansiú do na haistriúcháin a rinneadh ar na bundrámaí, ní dheachthas i bhfad scéil le samplaí leordhóthanacha ná eiseamláireacha go dtí seo. Ar an ábhar sin, pléifear thíos an Ghaeilge sna heiseamláirí ó Rannán 5.8 a thagraíonn do na bundrámaí, agus léireofar agus míneofar na staitisticí ar na heiseamláirí sin de réir ghné na comhréire agus na foclaíochta, agus de réir an aistriúcháin ar leith.

I gcás na samplaí neamhbhriathartha sa rannán roimhe seo, baineadh úsáid as tacar eiseamláireach de 31 sampla ó na drámáí go léir. I gcás na n-eiseamláirí Gaeilge, d'éirigh leis na haistritheoirí an Ghaeilge a aistriú go cuí ceart sna samplaí uilig.¹⁷¹ Tá difríocht amháin i gcás na Gaeilge, áfach, is é sin le rá nach bhfuil sé chomh soiléir céanna i gcomparáid leis na bundrámaí Béarla go bhfuil difríocht idir teanga na ndrámáí agus teanga na dtreoracha stáitse srl. I gcás na Gaeilge, is beag difríocht atá le haithint ar an teanga trí chéile agus tá rian den chanúint sna treoracha stáitse de réir mar a chonacthas sna samplaí roimhe seo.

Bunaithe ar an gcéad tábla eile, as na 57 sampla foclaíochta, feictear an Ghaeilge sna haistriúcháin sa chruth a raibh siad bunaithe air ar an gcéad dul síos i gcás 47 sampla (82.5%). Sna samplaí nár choinnigh fréamhacha na Gaeilge, ní hé go bhfuil locht ar bith ar roghanna na n-aistritheoirí. Mar shampla, ‘cabaireacht’ ar ‘streeleen’ nó ‘dríodar’ ar

¹⁷¹ Seachas an sampla amháin sin i gcás an Tóibínigh a luadh i Rannán 5.7.

‘frish-frash’ in *Áilteoir*, nó fiú ‘áilteoir’ ar ‘playboy’ seachas ‘buachaill báire’. Tagraíodh do ‘share’ agus a bhunús Gaeilge ‘cuid’, .i. mo chuid óir, agus cé nár coinníodh an fhréamh sin go leanúnach i measc na n-aistriúchán, ní imríonn sé sin aon tionchar ar éifeachtacht na n-aistriúchán ó thaobh na Gaeilge de. I ndáil le ‘in one’s skin’ bunaithe ar an nGaeilge, oibríonn na haistriúcháin Ghaeilge anailísithe go maith leis an bhfocal ‘nocht’. I gcomhthéacs na n-aistriúchán éagsúil, oibríonn na focail eile san anailís ‘fánaíocht’, ‘ceann as a chéill’ agus ‘dul amú’ go breá bunaithe ar an bhfaisnéis sna táblaí i Rannán 5.8.2. Maidir le Catagóir 7, as na 19 sampla Ghaeilge a anailísíodh sna haistriúcháin, d’éirigh leis na haistritheoirí Gaeilge bhreá nádúrtha a chumadh do na focail nuachumtha ag Synge. I gcás aistriúcháin amháin, ámh, is cosúil nár aistrigh Ó Briain ‘sloppy’ ar bhealach oiriúnach le ‘bluideartha fuillteach’ toisc go luann Bliss go dtagraíonn ‘sloppy’ sa chás seo do ‘tear-stained’.

Catagóir	Líon samplaí EN	Líon samplaí GA	Coinnithe sa GA	Coinnithe beagán sa GA	Gan bheith coinnithe sa GA
1	21	30	23	5	2
2	8	11	3	2	6
3	13	16	12	2	2
Iomlán	42	57	38 (66.5%)	9 (16%)	10 (17.5%)

I ndáil leis an gcomhréir agus bunstruchtúr Gaeilge sna drámaí, anailísíodh 132 shampla Béarla.¹⁷² ó na drámaí go léir atá á n-iniúchadh sa tráchtas mar thacar eiseamláireach, ionadaíoch agus inláimhseáilte. De bhrí go raibh cúpla aistriúchán i gcás *Riders* agus

¹⁷² Tá na samplaí a bhaineann leis an uaim as an áireamh sa líon sin toisc go mbaineann siad le cúrsaí stíle.

Shadow, is ionann líon na n-eiseamláirí Gaeilge sa tráchtas seo agus 193 ar an iomlán.

Eagraítear na heiseamláirí thíos de réir na gné chomhréire sna haistriúcháin.

Gné chomhréire	Líon na samplaí sa GA	Coinnithe sa GA	Gan bheith coinnithe sa GA
After + geireann	27	21	6
An aimsir ghnáthláithreach	29	22	7
Struchtúr béime	47	30	17
And + forainm	41	38	3
An réamhfhocal 'ar'	21	17	4
Samplaí ilghnéitheacha eile	28	17	11
Céatadán	100%	75%	25%

Bunaithe ar na staitisticí sa tábla thuas, is féidir an buntéacs a mhapáil siar ar an nGaeilge sna samplaí aistriúcháin roghnaithe 75% den am (nó 145/193). Chun na heiseamláirí a chur in iúl ar bhealach níos suntasaí, feicfeadh thíos na staitisticí seo arna mbriseadh síos de réir an dráma aistrithe féin.

Dráma aistrithe	Líon samplaí EN	Coinnithe sa GA	Gan bheith coinnithe sa GA
<i>Áilteoir na Dúiche Thiar</i> (Ó Carra)	30	27 (90%)	3 (10%)
<i>Déirdre an Bhróin</i> (Ó Briain)	32	24 (75%)	8 (25%)
<i>Uaigneas an Ghleanna</i> (Ó Flaithearta)	21	16 (76%)	5 (24%)
<i>Uaigneas an Ghleanna</i> (Ó Foghludha)	21	15 (71%)	6 (29%)
<i>Chun na Farraige Síos</i> (Ó Flaithearta)	20	14 (70%)	6 (30%)
<i>Chun na Fairrge Síos</i> (Ó Muircheartaigh & Ó Séaghdha)	20	15 (75%)	5 (25%)
<i>An Mhuir</i> (Tóibín)	20	7 (35%)	13 (65%)
<i>Pósadh an Tincéara</i> (Ó Carra)	29	27 (93%)	2 (7%)

Bunaithe ar na staitisticí sa tábla thuas, is féidir a dhéanamh amach gur chloígh na haistritheoirí ar fad, ach amháin an Tóibíneach, leis an mbunsruth Gaeilge a bhí faoi dhromchla dhrámaí Synge. Is céatadán agus toradh deifnídeach é seo a léiríonn gur féidir a áitiú gur athghabhadh na bundrámaí Béarla go Gaeilge i gcás na n-aistriúchán a rinneadh orthu. As na 193 shampla a roghnaíodh mar thacar eiseamláireach, cloíodh leis an mbunstruchtúr Gaeilge i gcás 75% de na heiseamláirí. Is figiúr suntasach é seo sa mhéid go léiríonn sé go bhfuil an Ghaeilge le feiceáil go ríshoiléir faoi dhromchla dhrámaí Synge agus gur féidir a rá go críochnúil gur athghabhadh drámaí Synge ar ais go Gaeilge i gcás na n-aistriúchán.

Má bhrítear síos an 25% de na samplaí eile, áfach, in ainneoin nár chloígh siad le comhréir na mbundrámaí, ní hé go bhfuil locht ar na haistriúcháin áirithe sin. Ag tosú leis an Tóibíneach, ar anailís na samplaí sna táblaí, is beag locht is féidir a fháil ar a aistriúchán ar *Riders*. Thar aon rud eile, tá an chuma ar an scéal go simplíonn sé an chomhréir sa Ghaeilge ar an iomlán. Mar thagairt do dhá eiseamláir, áfach, feictear go scineann sé píosa beag ó bhunstruchtúr an Bhéarla cé go gcoinnítear brí an fhriotail sa Ghaeilge, .i. ‘Beidh gnó againn de sin annseo adeirim leat’¹⁷³ nó ‘Cionnas a mhairfeam-na mná nuair a bheidh ár macra le chéile imthighthe?’¹⁷⁴ Ar an taobh eile den speictream, is cosúil go bhfanann Ó Carra dílis do bhunstruchtúr na Gaeilge 90% den am agus fiú i measc na samplaí nach leanann comhréir na Gaeilge ó na bundrámaí, ní fhéadfaí locht ar bith a fháil orthu. I measc na n-eiseamláirí anailísithe, ámh, éiríonn an t-aistriúchán Gaeilge seo ‘Nach é an dá mhar-a-chéile é cé acu roinnt den oíche nó an oíche iomlán a chaithfeas mé as baile’¹⁷⁵ pas ciotach i gcomparáid lena mhacasamhail Bhéarla atá níos simplí ó thaobh comhréire agus luas labhra de ar an stáitse. I gcás aistriúchán Uí Bhriain ar *Deirdre*, is beag locht is féidir a fháil ar na heiseamláirí nár chloígh le bunchomhréir na Gaeilge sna drámaí Béarla ar an iomlán. Arís eile, éiríonn na haistriúcháin seo níos simplí de réir mar a fheictear sna samplaí i Rannán 5.8. Mar thrácht ar aistriúcháin Uí Fhlaithearta ar *Riders* agus *Shadow*, ceiliúradh nádúrthacht na n-aistriúchán i dtaca le gaireacht na Gaeilge do na bundrámaí agus is é sin a fuarthas amach le linn na hanailíse chomh maith. Arís eile, feictear sna heiseamláirí Béarla nach gcloíonn le bunchomhréir na Gaeilge, go mbíonn aistriúcháin Uí Fhlaithearta níos éifeachtaí agus níos fusa a láimhseáil i mbéal an aisteora, go háirithe aisteoirí a bhfuil Gaeilge Chonamara acu. I ndáil le haistriúchán Uí Fhoghludha ar *Shadow*, is aistriúchán éifeachtach é sin chomh maith. An locht is mó atá ar an aistriúchán sin ná nach raibh caighdeán Gaeilge ar fáil

¹⁷³ ‘It will be wanting in this place ...’ (*Riders*, 98).

¹⁷⁴ ‘... and I an old woman looking for the grave?’ (*Riders*, 98).

¹⁷⁵ ‘... whether I go for the whole night or part only ...’ (*Playboy*, 179).

tráth ar aistríodh *Uaigneas an Ghleanna* nó baineann poncaíocht, litriú agus comhréir na Gaeilge den éifeacht atá ag an mbunleagan píosa beag.¹⁷⁶ Sa chás seo, síltear gur maith an rud é gur éirigh le Ó Flaithearta aistriúchán nua a chur ar fáil ar *Shadow*. Maidir le *Chun na Fairrge Síos*, is éacht atá déanta ag Ó Muircheartaigh agus Ó Séaghdha toisc a ghaire agus atá an t-aistriúchán Gaeilge s'acu don bhundráma, ar an iomlán. Tá an t-aistriúchán seo agus aistriúchán an Fhlaitheartaigh inchomparáide lena chéile sa mhéid go gcloíonn siad le bunstruchtúr na Gaeilge sa bhundráma Béarla, ar an iomlán. Anuas air sin agus ar an dóigh chéanna le formhór na n-eiseamláirí eile a luadh anseo, is beag tuaiplis a d'fhéadfá a fháil ar na samplaí aistrithe nár chloígh leis an mBéarla de réir mar a fheictear sna samplaí i Rannán 5.8. Seans, áfach, go raibh leagan níos úire de dhíth faoin am ar thosaigh Ó Flaithearta ar a aistriúchán féin.

Is féidir a mhaíomh go ndearna na haistritheoirí éacht leis na haistriúcháin uile agus gur éirigh leo na bundrámaí seo a chur ina gceart tríd an nGaeilge, amhail is gur bundrámaí a bhí iontu ón tús. D'éirigh leo prosóid na mbundrámaí a thabhairt abhaile trí threisiú a chur ar chanúintí éagsúla go háirithe i gcás aistriúcháin Uí Fhlaithearta. Tá rian láidir Ghaeilge na Mumhan ar aistriúchán Uí Charra, an Tóibínigh, Uí Bhriain, Uí Fhoghludha, Uí Sheaghdha & Uí Mhuircheartaigh, chomh maith, mar is léir ó na samplaí ag deireadh Rannán 5.8. Éiríonn leis na haistritheoirí uilig, seachas an Tóibíneach, dílseacht théacsúil a choinneáil le bunrún Synge sna haistriúcháin agus is aistriúcháin dhoiciméadacha atá á gcur ar fáil acu, dá bhrí sin. Léiriú eile air sin is ea an chaoi ar éirigh leis na haistritheoirí logainmneacha na Gaeilge a chur ina gceart agus ainmneacha na gcarachtar a athghaelú i ngach aistriúchán. Ag trácht ar aistriúchán doiciméadach agus i gcás na samplaí uama in *Playboy* agus *Áilteoir*, feictear cumas Uí Charra scil liteartha Synge a ghabháil sa

¹⁷⁶ Is spéisiúil an pointe seo de bhrí gur cuireadh in iúl i Rannán 5.2 go raibh spéis mhór ag Ó Foghludha i nGaeilge chruinn cheart. Ní mór a choinneáil ar intinn, áfach, nach raibh caighdeán oifigiúil Gaeilge ar fáil an tráth sin.

Ghaeilge. Éiríonn leis an uaim a choinneáil ar an iomlán agus sa chás nach féidir leis an uaim a choinneáil le sampla ar leith, éiríonn leis eiseamláirí eile a shní isteach san aistriúchán chun draíocht chumas drámaíochta Synge a choinneáil sa Ghaeilge. I ndáil leis an Tóibíneach, is nós leis scinneadh ó na bunsaothair chun aistriúcháin iontu féin a thairiscint. Níl aon eisceacht anseo in *An Mhuir* mar is léir ó líon na n-eiseamláirí i Rannán 5.8 nár chloígh sé le bunchomhréir *Riders*. Cé nach locht é seo ar chumas an Tóibínigh, is é an t-aon eisceacht sa tráchtas seo a théann in aghaidh an easa. Baineann a aistriúchán le bundráma Synge ar ndóigh ach ní leanann sé bunstruchtúr comhréire na Gaeilge atá faoi bhun dhráma Synge trí chéile.

Is doiligh a dhéanamh amach cén rún ar leith a bhí ag na haistritheoirí go léir agus ní fhéadfaí a rá gurbh í athghabháil na Gaeilge a bhí ar bun acu agus na haistriúcháin seo á scríobh acu ag tréimhsí áirithe le linn an 20ú haois ach is féidir cúpla rud a áitiú bunaithe ar shonraí seachthéacsúla agus intéacsúla na hanailíse seo. Ar an gcéad dul síos, is léir i gcás *Riders* agus *Shadow* go raibh leaganacha níos nuaí ag teastáil thar na blianta chun freastal ar phobail nua agus ar cheantair Ghaeltachta éagsúla. Is léir sin i gcás na n-aistriúchán le Ó Flaithearta nó freastalaíonn na drámaí sin ar mhuintir Chonamara agus Gaeilge Chonnacht. Cuireann sé sin Ó Conghaile agus drámaí McDonagh i gcuimhne chomh maith. Seans gurbh fhéidir an ní céanna a mhaíomh i gcás aistriúchán Uí Fhlaithearta ar *The Tinker's Wedding* agus is mór an trua nach bhfuil fáil ar an aistriúchán, dá bhrí sin. I gcás Uí Charra agus *Pósadh an Tincéara* agus *Áilteoir na Dúiche Thiar*, in ainneoin go bhfuil rian láidir Ghaeilge na Mumhan le feiceáil sna haistriúcháin s'aige, is ag freastal ar mhuintir na Gaillimhe agus lucht na hamharclannaíochta is mó a bhí sé lena aistriúcháin siúd. Ní féidir a shéanadh nach raibh an chanúint sin feiliúnach nó mar a luaigh Kiberd roimhe seo, bhí cur amach ag Synge ar an dá chanúint, .i. Gaeilge na

Mumhan agus Gaeilge Chonnacht. Ar an dara dul síos, cuimsíonn tréimhse na n-aistriúchán sa tráchtas seo nach mór 50 bliain agus is léiriú é sin ar chumhacht agus tionchar bhundrámaí Synge ar dhrámaíocht aistrithe na Gaeilge toisc go ndeachaigh na haistritheoirí seo ar ais arís is arís eile le drámaí seo Synge a athghabháil agus a chur in oiriúint mar shaothair Ghaeilge. Is tráthúil, b'fhéidir, go bhfuil os cionn 50 bliain eile caite ó aistríodh na haistriúcháin is comhaimseartha sa tráchtas seo, *Uaigneas an Ghleanna* agus *Chun na Farraige* Síos le Ó Flaithearta, agus go bhfuil an tsuim chéanna á cur i ndrámáíocht Synge go fóill sa lá atá inniu ann agus a bhí riamh. Ar an tríú dul síos, cé go raibh baint ag Ó Muircheartaigh agus Ó Briain le cúrsaí polaitíochta agus gur scríobhadh na bundrámaí le linn réimeas na Sasanach, ní féidir a dhéanamh amach go críochnúil go raibh gné pholaitiúil i gceist leis na haistriúcháin in ainneoin go mbíonn teannas ann i gcónaí idir an Béarla agus an Ghaeilge mar theanga iarchoilíneach. Cé gur éirigh le Ó Conghaile an Béarla a shaothrú mar ghné hibrideach sna haistriúcháin ar shaothair McDonagh chun Gaeilge chomhaimseartha Chonamara a chur chun cinn, is suntasach nach bhfuil oiread is focal Béarla sna haistriúcháin ar dhrámaí Synge. Gaeilge bhreá, líofa a bhí ann tríd is tríd agus de cheal caighdeán aontaithe Gaeilge a bheith ar fáil i gcás cuid de na haistriúcháin, éiríonn leis na haistritheoirí uile Gaeilge ghlán, nádúrtha agus eiseamláireach a chur chun cinn ar feadh an ama. Léiriú air sin is ea na samplaí ó Chatagóir 7 le Bliss agus an chaoi ar éirigh leis na haistritheoirí go léir Gaeilge orgánach a chur in áit chumadóireacht Synge. D'fhéadfaí an chreidiúint faoi seo a chur i leith scileanna na n-aistritheoirí nó i leith bhunscil Synge Béarla na hÉireann a bhí breá nádúrtha a chur ar fáil ar an gcéad dul síos lena shaothrú nó lena athghabháil go Gaeilge arís eile.

Cé gur chabhraigh na samplaí go léir roimhe seo le bunús a thabhairt do bhuntéis an tráchtais seo, .i. athghabháil na Gaeilge mar skopos culghabhálach, cosúil leis an anailís ar dhrámaí McDonagh, ní i gcónaí a d'eascair toradh fóna as codanna den anailís. Cé nach féidir mórán a rá maidir le hathghabháil na Gaeilge i gcás leagan amach, an meán, an cainéal, an t-am, an t-ábhar agus an t-inneachar sna haistriúcháin, soláthraíonn na gnéithe sin fiúntas agus cúram don anailís ar an iomlán trí chomhthéacsú a thabhairt don léitheoir. Treisíonn siad na heiseamláirí san anailís agus tugann siad tuiscint níos fearr orthu, dá bhrí sin. Luadh an ní céanna i gcás McDonagh ach is ar an gcúis sin a coinníodh na gnéithe sin mar chuid den anailís ar dhrámaí Synge.

Ní mór Nord a lua anseo arís toisc gur ar a creatlach anailíse siúd a bunaíodh an tráchtas seo. Tuigtear, mar a luadh cheana, gur le haghaidh oiliúint aistritheoirí luathghairme a coincheapadh an chreatlach sin ar dtús ach measadh go raibh a cur chuige chomh huileghabhálach sin go bhféadfaí úsáid a bhaint as leagan múnlaíthe di chun plé a dhéanamh ar dhrámaí McDonagh agus Synge ar bhealach a léireodh bunsruth na Gaeilge faoi bhun na ndrámaí. In ainneoin nár baineadh úsáid choinbhinsiúnach as creatlach anailíse Nord, meastar go láidir go n-oibríonn an cur chuige múnlaíthe seo chun slat tomhais an tráchtais seo, athghabháil na Gaeilge mar skopos cúlghabhálach, a phlé agus a chur in iúl ar bhealach meallacach. Éascaíonn an cur chuige múnlaíthe an plé ar choincheap nach bhfuil chomh héasca sin a mhíniú. Tugann sé scóip dó i gcás na ngnéithe go léir a pléadh chun an coincheap sin a iniúchadh agus cuireann sé spás ar fáil dó fás agus forbairt de réir mar a théann an anailís ar aghaidh. Cé nach raibh gach rannán san anailís seo chomh hinábhartha céanna le rannáin eile, soláthraíonn siad go léir coirnín eolais sa bhreis chun an plé ar fad ar athghabháil na Gaeilge thar ocht

n-aistriúchán a chur i dtoll a chéile agus solas a chaitheamh ar scil agus cumas na n-aistritheoirí bundrámaí Synge a thabhairt abhaile.

Ag eascairt as an anailís i gCaibidil 4, is féidir a áitiú go n-éiríonn le Ó Conghaile drámaí aistrithe comhaimseartha a chur ar fáil sa Ghaeilge do mhuintir Chonamara. Is léiriú suntasach ar athghabháil na Gaeilge é sin de bhrí go soláthraíonn Ó Conghaile drámaíocht chomhaimseartha lonnaithe don phobal sa Ghaeltacht a bhaineann le scéal, plota agus suíomh na ndrámáí sin. Éiríonn leis Gaeilge na linne seo atá lán den hibridiú teanga a úsáid chun nádúrthacht na ndrámáí a chur ar fáil amhail is gur mar sin atá carachtair na ndrámáí ag caint ar an gcéad dul síos. Mar mhalairt air sin, éiríonn leis na haistritheoirí i gcás dhrámáí Synge úsáid a bhaint as bunstruchtúr na Gaeilge a bhí faoi bhun dhrámaíocht Synge ón tús. Níor chainteoir dúchais é Synge ach bhí tuiscint agus aithne aige ar charachtair a chuid drámaí, agus chaith sé dúthracht leis an teanga a fhoghlaim. D'úsáid sé an cumas sin Béarla a scríobh a bhí chomh cosúil leis an nGaeilge agus a d'fhéadfadh sé a bheith gan an teanga féin a úsáid. Mhaígh Synge nach raibh sé de chumas aige scríobh i nGaeilge ar an gcéad dul síos ach mhaígh sé, agus é ag druidim leis an mbás, gur thuig sé gur i nGaeilge a bhí sé ag scríobh an t-am ar fad. Bunaithe ar an anailís atá déanta, is féidir a mhaíomh gur éirigh leis na haistritheoirí an bhunghné sin i ndrámáí Synge a shaothrú agus Gaeilge rithimiúil, líofa agus shaibhir a thabhairt ar ais do na bunsaothair agus beocht a instealladh sna drámaí arís eile tríd an nGaeilge a bhronnadh ar 'bhréag-Bhéarla' Synge. Ghlac an anailís seo conair dhifriúil i gcomparáid le drámaí McDonagh toisc an oiread sin aistritheoirí a bheith sa mheá. Tá gné amháin i gcoitinne acu go láidir, áfach, is é sin le rá gur éirigh leo bunsruth Bhéarla Synge a mhapáil siar ar an nGaeilge agus beocht a thabhairt don Ghaeilge a bhí faoi cheilt sna

bunsaothair. D'éirigh leo anam a chur sna bunsaothair arís eile trína n-athghabháil go Gaeilge.

Conclúid

Is é aidhm an tráchtais seo ná tairbhe a bhaint as an smaointeoireacht a bhí faoi bhun réimse an fheidhmiúlachais i staidéar an aistriúcháin d'fhonn sainmhúnla anailíse a sholáthar chun na drámaí aistrithe de chuid McDonagh agus Synge a iniúchadh agus a phlé. Chun bunús a thabhairt don mhúnla sin, pléadh an feidhmiúlachas agus an chaoi ar éirigh le Nord cur leis an obair sin trí choincheap na dílseachta. Chun cúlra níos uileghabhálaí a thabhairt don anailís agus chun cabhrú leis an anailís a threorú ó pheirspictíocht chomhthéacsúil i gCaibidlí 4 agus 5, pléadh tábhacht drámaí aistrithe in Éirinn agus dearcadh an phobail ina leith i gCaibidil 2. Ar mhaithe le skopos cúlghabhálach an tráchtais seo, athghabháil na Gaeilge, a threisiú agus a chomhthéacsú, pléadh aidhmeanna féideartha eile a d'fhéadfadh a bheith in aistriúcháin sa chaibidil chéanna sular pléadh obair Nord go mion i gCaibidil 3. Sa chaibidil sin, leagadh síos na bunchlocha don anailís ba chuimsithí a rinneadh riamh ar dhrámaí aistrithe le McDonagh agus Synge.

I gcás shaothair McDonagh, nocht an anailís ar na haistriúcháin le Ó Conghaile úsáid fhorleathan an hibridithe chun Gaeilge chomhaimseartha Chonamara a chur in iúl a bhí breac le cros-síolrú agus códmheascadh. Ó thaobh na ngnéithe seachthéacsúla de, is trína shaineolas mar aistritheoir agus a thuiscint mar chainteoir dúchais ó iarthar na hÉireann gur éirigh leis beocht a chur sna haistriúcháin a bhí an-nádúrtha, barántúil agus fírinneach. In ainneoin go bhfuil fírinne éigin le brath i léiriú McDonagh ar shaol mhuintir na n-oileán, tugann an taighde chun solais go bhfuil an léiriú sin pas áibhéalach agus

téann sé thar fóir leis an gcarachtracht agus ábhar na ndrámaí féin. Is spéisiúil, áfach, go n-éiríonn níos fearr leis na haistriúcháin ar an iomlán amhail is go nochtann an tiontú go Gaeilge anchaoi an tsaoil sna bundrámaí ar bhealach fírinneach, sochreidte agus ionraic. Baintear an íomhá den 'stage Irishman' agus roinnt den ghreann de na bundrámaí toisc nach ag magadh faoi na carachtair a thuilleadh atáthar ach ag fáil tuiscint níos réalaíche ar a bhfíorfhéiniúlacht agus dínit sna haistriúcháin Ghaeilge. Leagtar tuilleadh béime ar an doimhneacht sna drámaí aistrithe, dá bhrí sin, toisc go nochtann an taighde go bhfuil an chuma ar an scéal go n-oireann comhréir na Gaeilge trí chéile go héifeachtúil don bhonn anró a fholaítear tríd an gcur i gcéill agus an mugadh magadh sna bundrámaí. Nuair a bhí Ó Conghaile in ann bunsruth na Gaeilge a shaothrú ó na bundrámaí, d'éirigh leis an teanga a bhí faoi cheilt ag McDonagh a shaoradh. Os a choinne sin, nuair a thuig Ó Conghaile nach bhfeilfeadh an cur i gcéill do Ghaeilge chomhaimseartha Chonamara, bunaithe ar a shaineolas mar aistritheoir Gaeilge, bhí sé ar a chumas an áibhéil sin a cheansú agus a chur in oiriúint do na haistriúcháin Ghaeilge. D'fhág sé sin go raibh Ó Conghaile in ann aistriúcháin a bhí níos nádúrtha, réadúla agus feiliúnaí a chur ar fáil.

Is féidir breathnú ar McDonagh agus Synge mar dhaoine ón taobh amuigh ach ceann de na difríochtaí is mó atá eatarthu ná go ndearna Synge oll-iarracht barántúlacht a shní isteach sna bundrámaí ar an gcéad dul síos i gcomparáid le bundrámaí McDonagh. Ina fhianaise sin d'eascair tátal ábhairín éagsúil as an anailís a rinneadh ar shaothair Synge. Cé go ndeachaigh an anailís ar na saothair sin trí na céimeanna agus rannáin chéanna, ghlac conair na hanailíse féin bealach éagsúil ó thaobh athghabháil na Gaeilge de toisc go bhfuil bunsruth láidir Gaeilge faoi na drámaí Béarla sa chás seo. Tá an bunsruth seo bunaithe ar thuiscint agus saineolas Synge ar chultúr, béaloideas, teanga agus muintir na Gaeilge agus na Gaeltachta a lig dó bunsaothair a chur ar fáil a bhí sáinnithe sa Ghaeilge

ach gan an Ghaeilge féin a úsáid. Nochtadh teanga Synge nó mar a deir Grene ‘Synge-song’, is é sin le rá, an spás a bhí idir an Ghaeilge agus an Béarla. D’éirigh leis teanga dhrámatúil a ghiniúint do na bundrámaí a bhí chomh cóngarach don Ghaeilge agus a d’fhéadfadh sí a bheith gan an teanga féin a úsáid — ach ag an am céanna, teanga a d’fheilfeadh don stáitse i mBaile Átha Cliath. Sholáthair an tsárthuiscint sin ar an nGaeilge an ‘*substratum*’ arbh fhéidir leis na haistritheoirí Gaeilge tarraingt air agus anam na Gaeilge a bhí faoi cheilt sna bunsaothair a scaoileadh agus a nochtadh chun aistriúcháin an-nádúrtha a chur ar fáil sa teanga dhúchais arís eile. I ngan fhios do Synge agus gan machnamh a dhéanamh air, is é a rinne sé an t-ullmhúchán agus an bhunobair a chur ar fáil do na haistritheoirí a bpléitear leo sa tráchtas seo nó, ar ndóigh, d’aon aistritheoir amach anseo a thabharfaidh faoina dhrámaí a aistriú. Mar is léir ón anailís, thapaigh na haistritheoirí an deis seo agus d’éirigh leo na bunsaothair a ‘thabhairt abhaile’ amhail gur sa Ghaeilge a scríobhadh iad ar an gcéad dul síos. Is dlúth an dá theanga sa chás seo nó shamhlófaí go mb’fhéidir nach bhféadfadh aistriúcháin i dteangacha eile an athghabháil sin a bhaint amach ar bhealach a bhí chomh nádúrtha leis an nGaeilge mar theanga dhúchais na gcarachtar. In ainneoin go scinneann an Tóibíneach píosa beag ón hipitéis seo, d’éirigh leis na haistritheoirí eile formhór ghnéithe na mbundrámaí a athdhúchasú agus a athghabháil, ó fhoclaíocht chatagóirí Bliss, go treoracha stáitse agus an iliomad samplaí comhréire a bhaineann leis an nGaeilge. Feictear, leis, íonghlaineacht na Gaeilge sna haistriúcháin sin i gcomparáid leis na haistriúcháin a rinne Ó Conghaile. Léiríonn an difríocht stíle go nglactar le tuilleadh hibridithe sa teanga sa lá atá inniu i gcomparáid leis na haistriúcháin ón tréimhse idir na 1920idí agus 1940idí. Bíodh sin mar atá, cuireann cur chuige na n-aistritheoirí go léir a pléadh sa tráchtas seo gnéithe fiúntacha sa mheá chun an skopos cúlghabhálach, athghabháil na Gaeilge, a phlé ar

bhealach nach ndearnadh riamh agus an stádas atá ag dul do na haistriúcháin sin a thabhairt dóibh de chéadair.

In ainneoin go raibh an tráchtas seo bunaithe ar an bhfeidhmiúlachas ar an gcéad dul síos, ghlac an anailís féin conair éagsúil i gcomparáid le bunchlocha na teoirice seo. Mar sin féin, sholáthair an teoric agus obair Nord creatlach, friotal agus fráma anailíse solúbtha chun slat tomhais a chruthú don anailís sa tráchtas seo trí chéile. Admhaítear go bhfuil cur chuige na hanailíse seo coigeartaithe de réir mar atá mínithe sa mhodheolaíocht ach táthar ag súil gur féidir le taighdeoirí eile úsáid a bhaint as múnla an tráchtais seo mar shlat tomhais agus mar eiseamláir ann féin chun anailís a dhéanamh ar skopoi nó aidhmeanna cúlghabhálacha eile sna haistriúcháin iomadúla i stair litríocht agus dhrámaíocht na Gaeilge.

Leabharliosta

Foinsí príomha

McDonagh, M. (1999a) 'Beauty Queen of Leenane', in *Martin McDonagh: Play I*. London: Methuen Drama, pp. 1–60.

McDonagh, M. (1999b) 'Lonesome West', in *Martin McDonagh: Play I*. London: Methuen Drama, pp. 128–96.

McDonagh, M. (2008) 'Cripple of Inishmaan', in *The Methuen drama anthology of Irish plays*. London: Methuen Drama, pp. 333–421.

Ó Briain, L. (1932) *Déirdre an Bhróin*. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais.

Ó Carra, S. (1970) *Pósadh an Tincéara*. Gaillimh: Bailiúcháin Speisialta, Ollscoil na Gaillimhe.

Ó Carra, S. (1973) *Áilteoir na Dúiche Thiar*. Gaillimh: Bailiúcháin Speisialta, Ollscoil na Gaillimhe.

Ó Conghaile, M. (1999) *Banríon Álainn an Líonáin*. Conamara: Cló Iar-Chonnacht.

Ó Conghaile, M. (2002) *Ualach an Uaignis*. Conamara: Cló Iar-Chonnacht.

Ó Conghaile, M. (2009) *Cripil Inis Meáin*. Conamara: Cló Iar-Chonnacht.

Ó Flaithearta, T. (1972a) *Chun na Farrage Síos*. Baile Átha Cliath: Sáirséal — Ó Marcaigh.

Ó Flaithearta, T. (1972b) *Uaigneas an Ghleanna*. Baile Átha Cliath: Sáirséal — Ó Marcaigh.

Ó Foghludha, R. (1930) 'Uaigneas an Ghleanna', in *Naoi nGearra-Chluichí*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, lgh 141–60.

Ó Muircheartaigh, T. & Ó Séaghdha, S. (1945) *Chun na Fairrge Síos*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Synge, J.M. (1979) *The Aran Islands*. Oxford: Oxford University Press.

Synge, J.M. (1981a) 'Deirdre of the Sorrows', in Henn, T.R. (ed.) *Synge — The Complete Plays*. London: A & C Black Publishers Limited, pp. 231–73.

Synge, J.M. (1981b) 'In the Shadow of the Glen', in Henn, T.R. (ed.) *Synge — The Complete Plays*. London: A & C Black Publishers Limited, pp. 81–94.

Synge, J.M. (1981c) 'Playboy of the Western World', in Henn, T.R. (ed.) *Synge — The Complete Plays*. London: A & C Black Publishers Limited, pp. 173–229.

Synge, J.M. (1981d) 'Riders to the Sea', in Henn, T.R. (ed.) *Synge — The Complete Plays*. London: A & C Black Publishers Limited, pp. 95–106.

Synge, J.M. (1981e) 'The Tinker's Wedding', in Henn, T.R. (ed.) *Synge — The Complete Plays*. London: A & C Black Publishers Limited, pp. 107–29.

Tóibín, S. (1920) 'An Mhuir', in *Cluichíní ón Iasacht*. Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, lgh 7–27.

Foinsí tánaisteacha

Aaltonen, S. (2000) *Time-sharing on stage: drama translation in theatre and society*. Buffalo, New York: Multilingual Matters.

Alexander, J. (1972) 'Synge's Play of Choice: The Shadow of the Glen', in Badi Bushrui, S. (ed.) *Sunshine and the Moon's Delight: Centenary Tribute to J.M. Synge, 1871–1909*. Buckinghamshire: Colin Smythe Ltd, pp. 21–31.

Amery, R. (2016) *Warraparna Kurna!: Reclaiming an Australian language*. Adelaide: University of Adelaide Press.

Bassnett, S. (1998a) 'The Translation Turn in Cultural Studies', in Bassnett, S. & Lefevere, A. (eds) *Constructing Cultures: Essays on Literary Translation*. Clevedon: Multilingual Matters, pp. 123–41.

Bassnett, S. (1998b) 'When is Translation not a Translation?', in Bassnett, S. & Lefevere, A. (eds) *Constructing Cultures: Essays on Literary Translation*. Clevedon: Multilingual Matters, pp. 35–40.

Bassnett, S. & Trivedi, H. (1999) *Postcolonial Translation: Theory and Practice*. London: Routledge.

Bell, R.T. (1991) 'Translation theory; where are we going?', *META*, 31(4), pp. 403–15.

Ben-Ari, N. (2013) 'Past, Present and Future of the Art: A Conversation with Gideon Toury', *Translation and Interpreting Studies*, 1(2), pp. 147–60.

Bliss, A. (1972a) 'A Synge Glossary', in Badi Bushrui, S. (ed.) *Sunshine and the Moon's Delight: Centenary Tribute to J.M. Synge, 1871–1909*. Buckinghamshire: Colin Smythe Ltd, pp. 297–316.

Bliss, A.J. (1972b) 'Languages in Contact: Some Problems of Hiberno-English', *Proceedings of the Royal Irish Academy: Archaeology, Culture, History, Literature*, 72, pp. 63–82.

- Breathnach, D. & Ní Mhurchú, M. (2022a) 'Ó FOGHLUDHA, Risteard (1871–1957)', *Ainm.ie*. Ar fáil ag: <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=75>. (Arna rochtain: 22 Márta 2022).
- Breathnach, D. & Ní Mhurchú, M. (2022b) 'Ó MUIRCHEARTAIGH, Tomás (1907–1967)', *Ainm.ie*. Ar fáil ag: <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=92>. (Arna rochtain: 23 Márta 2022).
- Breathnach, D. & Ní Mhurchú, M. (2022c) 'Ó SÉAGHDHA, Séamus (1870–1959)', *Ainm.ie*. Ar fáil ag: <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=222>. (Arna rochtain: 22 Márta 2022).
- Breathnach, D. & Ní Mhurchú, M. (2022d) 'TÓIBÍN, Seán (1882–1971)', *Ainm.ie*. Ar fáil ag: <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=174>. (Arna rochtain: 25 Márta 2022).
- Brisset, A. (1996) *A sociocritique of translation: theatre and alterity in Québec. 1968–1988*. Toronto: University of Toronto Press.
- Bühler, K. (1934) *Sprachtheorie*. Jena: Fischer.
- Burke, M. (2009a) 'The Well of the Saints and The Tinker's Wedding', in Mathews P.J. (ed.) *The Cambridge Companion to J.M. Synge*. Cambridge: Cambridge University Press, pp. 41–51.
- Burke, M. (2009b) *'Tinkers' — Synge and the Cultural History of the Irish Traveller*. Oxford University Press: Oxford.
- Cadden, M. (2007) 'Violence, Storytelling, and Irish Aesthetics: A Theatergoer's Guide to Martin McDonagh', *The Princeton University Library Chronicle*, 68(1–2), pp. 671–83.
- Castleberry, M. (2007) 'Comedy and violence in The Beauty Queen of Leenane', in Russell, R. R. (ed.) *Martin McDonagh, a Casebook*. New York: Routledge, pp. 41–59.
- Catford, J.C. (1965) *A Linguistic Theory of Translation: An Essay in Applied Linguistics*. Oxfordshire: Oxford University Press.
- Chesterman, A. (1997) *Memes of translation: the spread of ideas in translation theory*. Amsterdam: Philadelphia: J. Benjamins.
- Chesterman, A. (1998) 'Review on "Hans J. Vermeer. 1996. A Skopos Theory of Translation: (Some Arguments For and Against)"', *TARGET*, 10(1), pp. 155–9.
- Chesterman, A. & Wagner, E. (2002) *Can Theory Help Translators?* Manchester: St. Jerome Publishing.
- Clark, D.R. (1972) 'Synge's "Perpetual Last Day": Remarks on *Riders to the Sea*', in Badi Bushrui, S. (ed.) *Sunshine and the Moon's Delight: Centenary Tribute to J.M. Synge, 1871–1909*. Buckinghamshire: Colin Smythe Ltd, pp. 41–51.
- Coilféir, M. (2018) 'Contemporary Theatre in the Irish Language', in Jordan, E. & Weitz, J. *The Palgrave handbook of contemporary Irish theatre and performance*. Basingstoke, Hampshire: Palgrave Macmillan, pp. 135–49.

- Cronin, M. (1995) 'Altered States: Translation and Minority Languages', *TTR: Traduction, Terminologie, Rédaction*, 8(1), pp. 85–103.
- Cronin, M. (1996) *Translating Ireland: translation, languages, cultures*. Cork: Cork University Press.
- Cronin, M. (1998) 'The Cracked Looking Glass of Servants', *The Translator*, 4, pp. 145–62.
- Cronin, M. (2008) 'Brollach an Leabhair', in Ní Fhrighil, R. & Dillon, C. (eds) *Aistriú Éireann*. Béal Feirste: Ollscoil na Banríona, lgh vii–ix.
- Delap, B. (2001) 'Never Mind the Quality, Feel the Gaelic', in Bolger, D. (ed.) *Druids, Dudes and Beauty Queens, The Changing Face of Irish Theatre*. Dublin: New Island, pp. 215–30.
- De Paor, L. (2008) 'Cumhacht an Aistriúcháin', in Ní Fhrighil, R. & Dillon, C. (eds) *Aistriú Éireann*. Béal Feirste: Ollscoil na Banríona, lgh 1–15.
- Derrida, J. (1985) *The ear of the other: Otobiography, transference, translation*. New York: Schocken Books.
- Desmond, A. (2002) 'Súil Siar', *Comhar*, 62(5), lgh 5–7.
- Dunleavy, W. G. & Dunleavy, Egleston, J. (1988) *Selected plays of Douglas Hyde, "An Craibhín Aoibhinn"*. Washington D.C.: Catholic University Press of America.
- Eco, U. (1977) *A Theory of Semiotics*. London, Basingstoke: Macmillan.
- El-dali, M.H. (2011) 'Towards an understanding of the distinctive nature of translation studies', *Journal of King Saud University — Languages and Translation*, 23, pp. 29–45.
- Even-Zohar, I. (1978) 'The Position of Translated Literature within the Literary Polysystem', in Holmes, J., Lambert J. & Van den Broeck R. (eds) *Literature and Translation: New Perspectives in Literary Studies*. Leuven: Acco, pp. 117–27.
- Even-Zohar, I. (2005) 'Idea-Makers, Culture Entrepreneurs, Makers of Life Images, and the Prospects of Success', *Papers in Culture Research*, pp. 185–203. Ar fáil ag: <http://citeseerx.ist.psu.edu/viewdoc/download?doi=10.1.1.477.787&rep=rep1&type=pdf> (Arna rochtain: 27 Márta 2019).
- Feeney, J. (1998) 'Martin McDonagh, Dramatist of the West', *An Irish Quarterly Review*, 87, pp. 24–32.
- Fitzpatrick Dean, J. (2007) 'Martin McDonagh's stagecraft', in Russell, R. R. (ed.) *Martin McDonagh, a Casebook*. New York: Routledge, pp. 25–40.
- Foster, R.F. (2014) *Vivid Faces*. London: Allen Lane.

- Frawley, O. (2009) 'The Shadow of the Glen and Riders to the Sea', in Mathews P.J. (ed.) *The Cambridge Companion to J.M. Synge*. Cambridge: Cambridge University Press, pp. 15–27.
- Glynn, D. (2020) 'Theater Translation Research Methodologies', *International Journal of Qualitative Methods*, 18, pp. 1–8.
- Gömceli, N. & James, A. (2015) 'Hiberno-English and beyond in J.M. Synge's "The Playboy of the Western World": A Literary Linguistic Analysis of its Dramatic Significance', *Arbeiten aus Anglistik und Amerikanistik*, 40(1/2), Tübingen: Narr Francke Attempto Verlag GmbH Co. KG, pp. 105–25.
- Greene, D. (1947) 'The Tinker's Wedding, a Revaluation', *PMLA*, 62(3), pp. 824–7.
- Greene, D. (1948) 'Synge's Unfinished Deirdre', *PMLA*, 63(4), pp. 1314–21.
- Greene, D. & Stephens, M.E. (1959) *J.M. Synge: 1871–1909*. New York: The MacMillan Company.
- Greene, D. (1971) 'Synge in the West of Ireland', *Mosaic*, 5(1), pp. 1–8.
- Greene, N. (1975) *Synge: a critical study of the plays*. Basingstoke: Macmillan.
- Greene, N. (2000a) 'Black Pastoral: 1990s Images of Ireland', *Litteraria Pragensia*, 20(10), pp. 67–75.
- Greene, N. (2000b) 'Introduction', in Greene N. (ed.) *Interpreting Synge: Essays from the Synge Summer School: 1999–2000*. Dublin: Lilliput Press, pp. 11–16.
- Greene, N. (2005) 'Ireland in Two Minds: Martin McDonagh and Conor McPherson', *The Yearbook of English Studies*, 35, pp. 298–311.
- Greene, N. (2009) 'Synge in performance', in Mathews P.J. (ed.) *The Cambridge Companion to J.M. Synge*. Cambridge: Cambridge University Press, pp. 149–72.
- Harris, P. (2004) 'Sex and Violence, the shift from Synge to McDonagh', *Hungarian Journal of English and American Studies*, 10(1), pp. 51–9.
- He, C. (2014) 'Nationalism and the West in Brian Friel's "The Gentle Island" and Martin McDonagh's "The Beauty Queen of Leenane"', *Nordic Irish Studies*, 13, pp. 1–17
- Henigan, J. (2002) "'The Power of a Lie': Irish Storytelling Tradition in "The Playboy of the Western World"', *New Hibernia Review*, 6(3), pp. 92–112.
- Henn, T.R. (1981) *Synge — The Complete Plays*. London: A & C Black Publishers Limited.
- Hermans, T. (1991) 'Translational norms and correct translation', in Van Leuven-Zwart K.M. & Naaijken, T. (eds) *Translation Studies: The State of the Art*. Amsterdam: Rodopi, pp. 155–69.

- Hewitt, S. (2021) *J.M. Synge: Nature, Politics, Modernism*. Oxford: Oxford University Press.
- Holder, J.H. (1988) 'Between Fiction and Reality: Synge's "Playboy" and Its Audience', *Journal of Modern Literature*, 14(4), pp. 527–42.
- Holledge, J. & Tompkins, J. (2000) *Women's Intercultural Performance*. London & New York: Routledge.
- Holmes, S. (1988) *Translated Papers on Literary Translation and Translation Studies*. Amsterdam: Rodopi.
- Holton, K. (2022) 'Theatre in Ireland in the mid-nineteenth century: the troubled 1840s', *Studia Hibernica*, 48, pp. 63–102.
- Holz-Mänttari, J. (1984) *Translatorisches Handeln: Theorie und Methode*. Helsinki: Suomalainen Tiedeakatemia.
- House, J. (1997) *Translation Quality Assessment. A Model Revisited*. Tübingen: Gunter Narr.
- Innes, C.L. (2009) 'Postcolonial Synge', in Mathews P.J. (ed.) *The Cambridge Companion to J.M. Synge*. Cambridge: Cambridge University Press, pp. 117–31.
- Institiúid Téatair na hÉireann (2011) *Playography na Gaeilge 1901 — 2010*. Baile Átha Cliath: Institiúid Téatair na hÉireann. Ar fáil ag: <http://www.irishplayography.com/attachments/db73f7a4-88d8-4408-9283-5c729784ed8d.PDF> (Arna rochtain: 8 Eanáir 2020).
- Jakobson, R. (1960) 'Linguistics and Poetics', in Sebeok Albert, T. (ed.) *Style in Language*. Cambridge, MA: MIT Press, pp. 350–77.
- Johnson, D. (2017) 'Teaching Theater Translation', in Venuti, L. (ed.) *Teaching Translation: Programs, Courses, Pedagogies*. New York: Routledge, pp. 94–101.
- Kade, O. (1968) *Zufall und Gesetzmässigkeit in der Übersetzung*. Leipzig: Verlag Enzyklopädie.
- Kallen, J.L. (1994) 'English in Ireland', in Burchfield R. (ed.) *The Cambridge History of the English Language, Volume 5*. Cambridge: Cambridge University Press, pp. 148–96.
- Katan, D. (2004) *Translating Cultures: An Introduction for Translators, Interpreters and Mediators. 2nd Edition*. Manchester: St. Jerome.
- Katz, J. (1978) 'Some logical problems in translation', in Guenther F. & Guenther-Reutter M. (eds) *Meaning and Translation*. London: Duckworth, pp. 191–234.
- Kavanagh, P. (1984) *The Story of the Abbey Theatre*. Orono: Maine University.

- Keenan, E. (1978) 'Some logical problems in translation', in Guenther F. & Guenther-Reutter M. (eds) *Meaning and Translation*. London: Duckworth, pp. 157–89.
- Kiberd, D. (1978) 'Synge's studies in the Gaeltacht', *Reviú Mhá Nuad*, 4(2), pp. 3–21.
- Kiberd, D. (1979a) 'Idir Dhá Cheann na hImlí: Cuid a Dó', *Comhar*, 38(5), lgh 17–19.
- Kiberd, D. (1979b) 'J.M. Synge: 'A Faker of Peasant Speech'?', *The Review of English Studies*. 30(117), pp. 59–63.
- Kiberd, D. (1979c) *Synge and the Irish Language*. London: Macmillan.
- Kiberd, D. (2009) 'Deirdre of the Sorrows', in Mathews P.J. (ed.) *The Cambridge Companion to J.M. Synge*. Cambridge: Cambridge University Press, pp. 64–74.
- Krause, D. (1994) 'Synge's Aesthetic Regeneration of Ireland', *The Canadian Journal of Irish Studies*, 20(1), pp. 74–88.
- Lanters, J. (2000) 'Playwrights of the Western World: Synge, Murphy, McDonagh', in Watt, S., Morgan, E. & Mustafa, S. (eds) *A Century of Irish Drama: Widening the Stage*. Bloomington: Indiana UP, pp. 204–22.
- Lanters, J. (2007) 'The identity politics of Martin McDonagh', in Russell, R. R. (ed.) *Martin McDonagh, a Casebook*. New York: Routledge, pp. 9–24.
- Lefevere, A. (1992) *Translation, History, Culture. A Sourcebook*. London & New York: Routledge.
- Levý, J. (1969) *Die literarische Übersetzung: Theorie einer Kunstgattung*. Frankfurt am Main: Athenäum.
- Levý, J. (2000) 'Translation as Decision Process', in Venuti L. (ed.) *The Translation Studies Reader*. London: Routledge, pp. 148–59.
- Littau, K. & Kuhlczak, P. (2007) *A companion to translation studies*. Clevedon, Buffalo: Multilingual Matters Ltd.
- Lonergan, P. (2007) 'Never mind the shamrocks', in Russell, R. R. (ed.) *Martin McDonagh, a Casebook*. New York: Routledge, pp. 149–77.
- Lonergan, P. (2013) 'J.M. Synge, Authenticity, and the Regional', in Alexander N. & Moran, J. (eds) *Regional Modernisms*. Edinburgh University Press: Edinburgh, pp. 65–82.
- Mac Giolla Léith, C. (2008) 'An Iasacht, an Aduaine agus Cúram an Aistitheora', in Ní Fhrighil, R. & Dillon, C. (eds) *Aistriú Éireann*. Béal Feirste: Ollscoil na Banríona, lgh 16–25.
- Mac Lochlainn, A. (2012) 'Ealaín an Aistriúcháin 4: The Jabberwocky', *Comhar*, 72(5), lgh 22–23.

Mac Risteaird, S. (2023) 'Ó Dhaoirse go Saoirse: Staidéar Téacsúil Aiteach ar dhrámaí Mhichíl Uí Chonghaile', *Review of Irish Studies in Europe*, 6(1), lgh 25–40.

Magan, M. (2020) *Thirty-Two Words for Field*. Dublin: Gill Books.

Maguire, M. (1911) 'John Synge', *The Irish Review*, 1(1), pp. 39–43.

Matthews, B. & Ross, L. (2010) *Research Methods: A Practical Guide for the Social Sciences*. Edinburgh: Pearson Education Ltd.

McCormack, W.J. (2010) 'Synge (Edmund) John Millington (1871–1909)', in *Oxford Dictionary of National Biography*. Ar fáil ag: [Synge, \(Edmund\) John Millington \(1871–1909\), playwright | Oxford Dictionary of National Biography \(oxforddnb.com\)](https://www.oxforddnb.com) (Arna rochtain: 16 Lúnasa 2021).

McNulty, E. & Ní Gharbhí, R. (2013) *Patrick Pearse: collected plays — Drámaí an Phiarsaigh*. Dublin: Irish Academic Press.

McNulty, E. & Ní Gháirbhí, R. (2017) *Patrick Pearse and the theatre*. Dublin: Four Courts Press.

Merriman, V. (1999) 'Decolonisation Postponed: The Theatre of Tiger Trash', *Edinburgh University Press*, 29(2), pp. 305–17.

Millán, C. & Bartina, F. (2013) *The Routledge handbook of translation studies*. New York: Routledge.

Moore, J.R. (1972) 'Synge's Deirdre and the Sorrow of Mortality', in Badi Bushrui, S. (ed.) *Sunshine and the Moon's Delight: Centenary Tribute to J.M. Synge, 1871–1909*. Buckinghamshire: Colin Smythe Ltd, pp. 91–105.

Munday, J. (2012) *Introducing translation studies. 3rd Edition*. London & New York: Routledge.

Munro, J. (1972) 'J.M. Synge and the Drama of the Late Nineteenth Century', in Badi Bushrui, S. (ed.) *Sunshine and the Moon's Delight: Centenary Tribute to J.M. Synge, 1871–1909*. Buckinghamshire: Colin Smythe Ltd, pp. 219–30.

Murphy, J. (2015) 'Cé chomh sonrath agus chomh soiléir agus atá an dúchasú agus an t-eachtrannú sa mhodh aistriúcháin a rinneadh sa leagan Gaeilge den saothar Harry Potter and the Philosopher's Stone?', Miontráchtas MA neamhfhoilsithe, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath.

Murphy, J. (2021) 'An Ghaeilge mar Mhionteanga Iarchoilíneach i gComhthéacs an Aistriúcháin', *Irisleabhar Mhá Nuad 2021*, lgh 81–90.

Murphy, J. & Mac Murchaidh, C. (2021) 'An Drámaíocht Aistrithe faoin Spotsolas', *Léann*, 6, lgh 97–119.

Ní Bhaighill, C. (1991) 'An Drámaíocht Ghaeilge 1954–89', *Irisleabhar Mhá Nuad*, lgh 131–61.

Ní Bhrádaigh, S. (1996) *Máiréad Ní Ghrádaigh — Ceannródaí Drámaíochta*. Conamara: Cló Iar-Chonnacht.

Nic Eoin, M. (2004) 'Idir dhá theanga: Irish language culture and the challenges of hybridity', in Mac Murchaidh, C. (ed.), *Who Needs Irish? Reflections on the Importance of the Irish Language Today*. Dublin: Veritas Publications.

Nic Eoin, M. (2005) *Trén bhFearann Breac: An Diláithriú Cultúir agus Nualitriocht na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Cois Life.

Nic Eoin, M. (2006) 'Contemporary prose and drama in Irish: 1940–2000', in O'Leary, P. & Kelleher, M. (eds) *The Cambridge History of Irish Literature: Volume II: 1890–2000*. Cambridge: Cambridge University Press, pp. 270–316.

Nic Giolla Iasachta, R. (2009) 'Craoltóireacht Teilifíse i Mionteanga Dhúchais: cás Whakaata Māori (seirbhís teilifíse na Maoirise) agus TG4', *Comhar*, 69(10), lgh 13–21.

Ní Chinnéide, M. (2008) *An Damer: Stair Amharclainne*. Baile Átha Cliath: Gael Linn.

Ní Chonaire, M. (1972) 'Drámaí Synge i nGaeilge', *Comhar Teoranta*, 31(7), lgh 14–15.

Ní Chonghaile, D. (2022) *Collecting Music in the Aran Islands — A Century of History and Practice*. Wisconsin: The University of Wisconsin Press.

Nida, E. (2000) 'Principle of correspondence', in Baker, M. & Venuti, L. (eds) *The Translation Studies Reader*. London: Routledge, pp. 125–41.

Ní Mhaoinigh, T. (2023) "'Tá Magh Nuadhat ina dúiseacht le dóchas is le dúthracht i bhfíor dtosach na cúise lenár dteanga chur ar fhágháil": Cúis na Gaeilge agus Traidisiún na Drámaíochta i gColáiste Phádraig, Maigh Nuad', *Drámaíocht agus Taibhléiriú na nÓg i dTeangacha Réigiúnacha, Mionteangacha agus Teangacha Mionlath* (ar líne), 23 Márta 2023.

Ní Mhuircheartaigh, É. & Mac Congáil, N. (2008) *Drámaí Thús na hAthbheochana*. Gaillimh: Arlen House.

Ní Mhunghaile, L. (2009) 'Ó Foghludha, Risteard (Richard Foley)', *Dictionary of Irish Biography*. Ar fáil ag: <https://www.dib.ie/biography/o-foghludha-risteard-richard-foley-a6358> (Arna rochtain: 22 Márta 2022).

Nord, C. (1988) *Textanalyse und Übersetzen. Theorie, Methode und didaktische Anwendung einer übersetzungsrelevanten Textanalyse. Revised Edition*. Heidelberg: Gross.

Nord, C. (1989) 'Loyalität statt Treue', *Lebend Sprachen*, 34(3), pp. 100–5.

- Nord, C. (1991) 'Skopos, Loyalty and Translational Conventions', *Target*, 3(1), pp. 91–109.
- Nord, C. (1995) 'Text-Functions in Translation: Titles and Headings as a Case in Point', *Target*, 7(2), pp. 261–85.
- Nord, C. (1997a) 'Functional Units in Translation', in Mauranen, A. & Puurtinen, T. (eds) *Translation — Acquisition — Use*. Jyväskylä: AFinLA Yearbook, pp. 41–50.
- Nord, C. (1997b) *Translating as a Purposeful Activity: Functionalist Approaches Explained*. Manchester: St Jerome Publishing.
- Nord, C. (2001) 'Loyalty Revisited, Bible Translation as a Case in Point', *The Translator*, 7(2), pp. 185–202.
- Nord, C. (2002) 'Manipulation and loyalty in functional translation', *Current Writing: Text and Reception in Southern Africa*, 14(2), pp. 32–44. Ar fáil ag: <https://www.tandfonline.com/doi/abs/10.1080/1013929X.2002.9678123> (Arna rochtain: 1 Samhain 2019).
- Nord, C. (2005) *Text Analysis in Translation: Theory, Methodology, and Didactic Application of a Model for Translation-oriented Text Analysis*. Amsterdam: Rodopi.
- Nord, C. (2018) *Translating as a Purposeful Activity: Functionalist Approaches Explained*. New York: Routledge.
- Nord, C. (2021) 'Teaching translation the functional way' [Webinar slide]. Russian New University. 30 Márta. Ar fáil ag: https://www.youtube.com/watch?v=G9yl1oUjOhI&t=2s&ab_channel=%D0%A1%D0%BE%D1%8E%D0%B7%D0%BF%D0%B5%D1%80%D0%B5%D0%B2%D0%BE%D0%B4%D1%87%D0%B8%D0%BA%D0%BE%D0%B2%D0%A0%D0%BE%D1%81%D1%81%D0%B8%D0%B8 (Arna rochtain: 12 Aibreán 2021).
- O'B, L. (1945) 'Book Reviews', *The Irish Monthly*, 73(870), pp. 539–40.
- Ó Briain, L. (1951) *Chuimhní cinn: Cuid 1: Cuimhní an Éirí Amach*. Baile Átha Cliath: Sáirséal & Dill.
- Ó Carra, S. (1990) 'Mo Sheal i dTaibhdhearc na Gaillimhe', *Comhar Teoranta*, 49(11), lgh 49–50.
- Ó Ciarghusa, S. (1933) *Ar mo Mharanadh Dam*. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais.
- Ó Coigligh, C. (2000) 'Aspects of Language and Religion in the Late Nineteenth Century: Rev. James Shea (1870–1959): Itinerant Preacher, Diarist and Poet of the Revival', *Studia Hibernica*, 31, pp. 139–46.
- Ó Coigligh, L. (1972) 'Drámaíocht', *Comhar Teoranta*, 31(1), lgh 17–19.

- Ó Conchubhair, B. (2016) 'Twisting in the Wind — Irish-Language Stage Theatre 1884 – 2014', in Grene, N. (ed.) *The Oxford handbook of modern Irish theatre*. Oxford: Oxford University Press, pp. 251–85.
- Ó Conghaile, M. (2011) 'Gnéithe d'Fhoilsitheoireacht na Gaeilge Inniu', *Comhar*, 71(4), lgh 6–10.
- Ó Conghaile, M. (2015) 'Gandal is Good: Ag Aistriú Martin McDonagh', in Cunningham, J. & Ó Ciosáin, N. (eds) *Culture and Society in Ireland since 1750*. Dublin: The Lilliput Press, pp. 111–30.
- Ó Conghaile, M. (2020) 'Agallamh pearsanta'. Agallamh arna chur ag Jamie Murphy [Zoom], 11 Nollaig.
- O'Driscoll, R. (1972) 'Yeats's Conception of Synge', in Badi Bushrui, S. (ed.) *Sunshine and the Moon's Delight: Centenary Tribute to J.M. Synge, 1871–1909*. Buckinghamshire: Colin Smythe Ltd, pp. 159–70.
- Ó Duibhinn, S. (1970) *An Muircheartaigh, In Ómós Dó*. Baile Átha Cliath: Clódhanna Teoranta.
- Oettinger, A.G. (1960) *Automatic Language Translation: Lexical and Technical Aspects, With Particular Reference to Russian*. Cambridge, MA: Harvard University Press.
- Ó Gallchóir, N. (2021) *Aisteoirí Ghaoth Dobhair 1931–1981*. Gaillimh: Cló Iar-Chonnacht.
- Ó hÓgáin, S. (1972) 'Faoiseamh', *Comhar Teoranta*, 31(4), lch 8.
- Oittinen, R. (1993) *I Am Me — I Am Other: On the Dialogics of Translating for Children*. Tampere: University of Tampere.
- O'Leary, P. (1994) *The Prose Literature of the Gaelic Revival, 1881 — 1921: Ideology and Innovation*. Pennsylvania, USA: Pennsylvania State University Press.
- O'Leary, P. (2004) *Gaelic Prose in the Irish Free State 1922–1939*. Dublin: University College Dublin Press.
- O'Leary, P. (2011) *Writing beyond the Revival: facing the future in Gaelic prose, 1940–1951*. Dublin: University College Dublin Press.
- O'Leary, P. (2017) *An underground theatre: Major playwrights in the Irish language 1930–80*. Dublin: University College Dublin Press.
- O'Leary, P. (2021) *Setting the Stage: Transitional Playwrights in Irish 1910–1950*. Cork: Cork University Press.
- Ó Lochlainn, G. (1966) *Ealaín na hAmharclainne*. Baile Átha Cliath: Clódhanna Teoranta.
- Ó Morónaigh, S. (2021) 'Agallamh pearsanta'. Agallamh arna chur ag Jamie Murphy [Zoom], 12 Iúil.

Ó Muircheartaigh, T. (1937) *You May Revive the Gaelic Language*. Baile Átha Cliath: Craobh an Chéitinnigh do Chonradh na Gaeilge.

Ó Siadhail, P. (1993) *Stair Dhrámaíocht na Gaeilge: 1900–1970*. Conamara: Cló Iar-Chonnacht.

Ó Siadhail, P. & Ó Conghaile, M. (2005) 'An Interview with Micheál Ó Conghaile', *The Canadian Journal of Irish Studies*, 31(2), pp. 54–9.

Ó Siadhail, P. (2007) *An Béaslaíoch: beatha agus saothar Phiarais Béaslaí*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.

Ó Súilleabháin, D. (1984) *Scéal an Oireachtais 1897–1924*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.

O'Toole, F. (1999) 'Introduction', in *Martin McDonagh Plays: 1*. London: Methuen, pp. ix–xvii.

Price, A. (1965) *The Autobiography of J.M. Synge*. Dublin: The Dolmen Press MCMLXV.

Price, A. (1972) 'A Survey of Recent Work on J.M. Synge', in Badi Bushrui, S. (ed.) *Sunshine and the Moon's Delight: Centenary Tribute to J.M. Synge, 1871–1909*. Buckinghamshire: Colin Smythe Ltd, pp. 279–95.

Puurtinen, T. (1995) *Linguistic acceptability in translated children's literature*. Joensuu: University of Joensuu.

Pym, A. (1993) 'Christiane Nord. Text Analysis in Translation. Theory, Method, and Didactic Application of a Model for Translation-Oriented Text Analysis. Translated from the German by Christiane Nord & Penelope Sparrow. A', *Traduction, terminologie, rédaction*, 6(2), pp. 184–90.

Pym, A. (2010) *Exploring translation theories*. New York: Routledge.

Reiss, K. & Vermeer, Hans, J. (1984) *Grundlegung einer allgemeinen Translationstheorie*. Tübingen: Niemeyer.

Reiss, K. & Vermeer, Hans, J. (2013) *Towards a General Theory of Translational Action Skopos Theory Explained*. London: Routledge.

Richards, S. (2003) 'The Outpouring of a Morbid, Unhealthy Mind: The Critical Condition of Synge and McDonagh', *Irish University Review*, 33(1), pp. 201–14.

Richards, S. (2009) 'The Playboy of the Western World', in Mathews P.J. (ed.) *The Cambridge Companion to J.M. Synge*. Cambridge: Cambridge University Press, pp. 28–40.

Roche, A. (1999) 'Friel and Synge: Towards a Theatrical Language', *Irish University Review*, 29(1), pp. 145–61.

Roche, A. (2009) 'Synge and Contemporary Irish Drama', in Mathews P.J. (ed.) *The Cambridge Companion to J.M. Synge*. Cambridge: Cambridge University Press, pp. 173–84.

Rouse, P. (2015) 'Ó Briain, Liam', *Dictionary of Irish Biography Online, Cambridge University Press and Royal Irish Academy*. Ar fáil ag: https://centenaries.ucd.ie/wp-content/uploads/2015/04/%C3%93_Briain-Liam.pdf (Arna rochtain: 21 Márta 2022).

Saldanha, G. & O'Brien, S. (2014) *Research Methodologies in Translation Studies*. London: Routledge.

Schäffner, C. (1999) *Translation and Norms*. Clevedon: Multilingual Matters.

Schleiermacher, F. (1813/1963) 'Ueber die verschiedenen Methoden des Uebersetzen', in H.J. Störig (ed.) *Das Problem des Übersetzens*. Darmstadt: Wissenschaftliche Buchgesellschaft, pp. 38–70.

Snell-Hornby, M. (1988) *Translation Studies: An integrated approach*. Amsterdam: John Benjamins.

Spangler, S.E. (1977) 'Synge's *Deirdre of the Sorrows* as Feminine Tragedy', *Éire-Ireland*, 12(4), pp. 97–108.

Stafford, S. (2002) 'Taibhdhearc na Gaillimhe: Galway's Gaelic Theatre', *Journal of the Galway Archaeological and Historical Society*, 54, pp. 183–214.

Synge M.L. (1972) 'The Autobiography of J.M. Synge', in Badi Bushrui, S. (ed.) *Sunshine and the Moon's Delight: Centenary Tribute to J.M. Synge, 1871–1909*. Buckinghamshire: Colin Smythe Ltd, pp. 121–56.

Titley, A. (2000) 'Children's Books in Irish', *The Big Guide 2: Irish Children's Books*. Coughlan, V. & Keenan, C. (eds) Dublin: O'Brien Press, pp. 103–10.

Titley, A. (2004) 'Neither the Boghole nor Berlin Drama in The Irish Language from then until now', in Titley, A. & Fitz-Simon, C. (eds) *Players and painted stage: aspects of the 20th-century theatre in Ireland*. Dublin: New Island, pp. 111–25.

Titley, A. (2005) 'Turning inside and out: Translating and Irish 1950–2000', *The Yearbook of English Studies*, 35, pp. 312–22.

Titley, A. (2009) 'Synge and the Irish Language', in Mathews P.J. (ed.) *The Cambridge Companion to J.M. Synge*. Cambridge: Cambridge University Press, pp. 92–103.

Toury, G. (1980) *In Search of a Theory of Translation*. Tel-Aviv: The Porter Institute for Poetics and Semiotics.

- Toury, G. (2012) *Descriptive Translation Studies and Beyond*. Philadelphia: J. Benjamins Pub.
- Trisnawati Kana, I. (2014) 'Skopos Theory: A Practical Approach in the Translation Process', *Englisia*, 1(2), pp. 245–55.
- Túinléigh, C. (1988) 'Máirtín i dTaibhdhearc na Gaillimhe', *Comhar*, 47(5), lgh 31–3.
- Tymoczko, M. (1999) *Translation in a postcolonial context: early Irish literature in English translation*. Manchester: St. Jerome Publishing.
- Tymoczko, M. (2007) *Enlarging translation, empowering translators*. New York: St. Jerome Publishing.
- Tynyanov, J. & Jakobson, R. (1928) 'Problemy izuchenija literatury i jazyka', *Novyj Ief*, 12, pp. 36–7.
- Uí Chollatáin, R. (2004) *An Claidheamh Soluis agus Fáinne an Lae, 1899–1932: anailís ar phríomhnuachtán Gaeilge ré na hAthbheochana*. Baile Átha Cliath: Cois Life.
- Uí Chollatáin, R. (2008) *Iriseoirí pinn na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Cois Life.
- Uí Laighléis, G. (2017) *Gallán an Ghúim: caidreamh an stáit le scríbhneoirí na Gaeilge: Máirtín Ó Cadhain, Seosamh Mac Grianna agus Seán Tóibín*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- Uí Laighléis, G. (2021) 'An Gúm agus an Drámaíocht', in Ní Mhuircheartaigh, É., Ní Ghairbhí R & Ó Liathán P (eds) *Ó Chleamairí go Ceamaraí*. Baile Átha Cliath: Cló Léann Gaeilge, lgh 35–52.
- Vandeveld, K. (2006) "'What's All the Stir about?' Gerald MacNamara, Synge, and the Early Abbey Theatre', *Iris Éireannach Nua*, 10(3), pp. 108–21.
- Venuti, L. (1995) *The Translator's Invisibility; A history of translation*. London & New York: Routledge.
- Vermeer, Hans, J. (1978) 'Ein Rahmen für eine allgemeine Translationstheorie', *Lebende Sprachen*, 23(1), pp. 99–102.
- Vermeer, Hans, J. (1983) 'Translation theory and linguistics', in Roinila, P., Orfanos, R. & Tirkonnen-Condit, S. (eds) *Näkökohtia kääntämisen tutki-muksesta*. Joensuu: University of Joensuu, pp. 1–10.
- Vermeer, Hans, J. (1986) *Voraus-setzungen für eine translationstheorie. Einige kapitel kultur- und sprachtheorie*. Heidelberg: Vermeer.
- Vermeer, Hans, J. (1987) 'What does it mean to translate?', *Indian Journal of Applied Linguistics*, 13(2), pp. 25–33.
- Vermeer, Hans, J. (1989) *Skopos und Translationsauftrag — Aufsätze*. Heidelberg: Abt. Allg. Übersetzungs- u. Dolmetschwiss. d. Inst. für Übersetzen u. Dolmetschen d. Univ.

- Vermeer, Hans, J. (1990) "Funktionskonstanz" und "tertium comparationis". Zu zwei Begriffen der Translationstheorie', in Fürst G. (ed.) *Gottes Wort in der Sprache der Zeit. 10 Jahre Einheitsübersetzung der Bibel*. Stuttgart: Akademie der Diözese Rottenburg-Stuttgart, pp. 39–42.
- Vermeer, Hans, J. (1992) 'Describing Nonverbal Behavior in the Odyssey: Scenes and Verbal Frames as Translation Problems', in Poyatos F. (ed.) *Advances in Nonverbal Communication. Sociocultural, Clinical, Esthetic and Literary Perspectives*. Amsterdam & Philadelphia: Benjamins, pp. 285–99.
- Vermeer, Hans, J. (1996) *A skopos theory of translation: some arguments for and against*. Heidelberg: TEXTconTEXT.
- Vermeer, Hans, J. (1998) 'Starting to Unask What Translatology is About', *Target*, 10(1), pp. 41–68.
- Vermeer, Hans, J. (2004) 'Skopos and commission in translational action', in Venuti, L. (ed.) *The Translation Studies Reader. 2nd Edition*. London & New York: Routledge, pp. 227–38.
- Vitez, A. (1982) *Le Devoir de Traduire*. Paris: Actes Sud-Papiers.
- Watchorn, M. (2013) 'Translator Certification in Ireland', *Translation Ireland*, 19(1), pp. 43–63.
- Waters, J. (2001) 'The Irish Mummy: The Plays and Purpose of Martin McDonagh', in Bolger, D. (ed.) *Druids, Dudes and Beauty Queens, The Changing Face of Irish Theatre*. Dublin: New Island, pp. 30–54.
- Watzlawick, P., Beaven, H.J. & Jackson, D.D. (1972) *Menschliche Kommunikation. Formen, Störungen, Paradoxien*. Stuttgart: Huber.
- Weales, G. (2000) 'Feck the Fecking Success', *The Threepenny Review*, 80, pp. 26–7.
- Williams, J. & Chesterman, A. (2002) *The Map — A Beginner's Guide to Doing Research in Translation Studies*. Manchester: St Jerome Publishing.
- Wilss, W. (1982) *The Science of Translation: Problems and Methods*. Tübingen: Gunter Narr.
- Zabel, M.D. (1933) 'Synge and the Irish', *Poetry*, 42 (2), pp. 101–16.

Suíomhanna Gréasáin

An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta (2020). Ar fáil ag: <http://www.drama-gaeilge.com/default.asp?contentID=520> (Arna rochtain: 22 Deireadh Fómhair 2020).

Brian Baer — Teaching the History of Translation Studies — NSTS 2018 (2018) YouTube video, added by Nida Media [Online]. Ar fáil ag: <https://www.youtube.com/watch?v=Q6LboJLwTJs> (Arna rochtain: 23 Deireadh Fómhair 2020).

Cumann Aistritheoirí agus Ateangairí na hÉireann (2019). Ar fáil ag: <https://www.translatorsassociation.ie/en/how-to-join-the-itia> (Arna rochtain: 7 Bealtaine 2019).

Ó Mianáin, Pádraig — Idir bhog agus chrua: Tiomsú an Concise English Irish Dictionary, YouTube video, added by Fiontar & Scoil na Gaeilge [Online]. Ar fáil ag: [An Dr Pádraig Ó Mianáin, 'Idir bhog agus chrua: Tiomsú an Concise English Irish Dictionary'. — YouTube](#) (Arna rochtain: 1 Márta 2021).

Nuachtáin chlóite & ar líne agus tagairtí cartlainne

ED/AnGúm/A0451 (An Gúm) — An Chartlann Náisiúnta, Baile Átha Cliath. (Arna rochtain: 23 Eanáir 2023).

ED/AnGúm/MD014 (An Gúm) — An Chartlann Náisiúnta, Baile Átha Cliath. (Arna rochtain: 23 Eanáir 2023).

ED/AnGúm/N170 (An Gúm) — An Chartlann Náisiúnta, Baile Átha Cliath. (Arna rochtain: 23 Eanáir 2023).

An Claidheamh Soluis (1906) 'Irish acting', 7 Iúil.

An Claidheamh Soluis (1910) 'The Oireachtas', 23 Iúil: 7.

Andrews, K. (2021) 'The Playboy... musical at Galway Summer Garden', *Galway Advertiser*, 20 Lúnasa. Ar fáil ag: <https://www.advertiser.ie/galway/article/116284/the-playboy-musical-at-galway-summer-garden> (Arna rochtain: 20 Iúil 2021).

An Glór (1945) 'Riders to the Sea sa Ghaeilge', 17 Samhain: 4.

Ballina Herald (1948) 'Synge in Irish', 10 Aibreán: 4.

Brown, P. (2013) 'The Cripple of Inishmaan Review', London Theatre, 14 Meitheamh. Ar fáil ag: <https://www.londontheatre.co.uk/reviews/the-cripple-of-inishmaan> (Arna rochtain: 16 Samhain 2020).

City Tribune (1986) 'Baile na Sruthán — Teilifís nó Taibhdhearc', 21 Márta: 4.

City Tribune (1996a) 'Beauty Queen, first impression 'ecstatic'', 2 Feabhra: 2.

City Tribune (1996b) 'Druid embark on tour of the islands', 11 Deireadh Fómhair: 3.

City Tribune (1997a) 'Druid trilogy a resounding success as tributes pour in', 27 Meitheamh: 2.

City Tribune (1997b) 'Survival course in rural isolation and emotional assault', 27 Meitheamh: 8.

Comhar (1990) 'Oidhreacht Mháirtín Uí Chadhain', Deireadh Fómhair: 3.

Connacht Sentinel (1931) 'Taibhdhearc Production', 3 Márta: 4.

Connacht Sentinel (1933) 'Aisteoirí na hIolsgoile — Dhá Dhráma i dTaibhdhearc na Gaillimhe', 20 Meitheamh: 4.

Connacht Sentinel (1996) 'Druid Productions Scoops prestigious writers' award', 15 Deireadh Fómhair: 3.

Connacht Sentinel (1997) 'Latest production at Taibhdhearc 'like Macbeth on acid!', 16 Meán Fómhair: 13.

Connacht Tribune (1929) 'Mr. MacLiammóir and Future Programmes', 5 Deireadh Fómhair: 6.

Connacht Tribune (1942) 'Raidió Éireann', 28 Márta: 11.

Connacht Tribune (1957) 'The Taibhdhearc's latest excursion is to Toledo, Ohio, with "I mBéal Gach Aoinne"', 19 Deireadh Fómhair: 8.

Connacht Tribune (1967) 'Dráma i h-Árainn', 23 Meitheamh: 12.

Connacht Tribune (1973) 'Playboy' at Taibhdhearc', 4 Bealtaine: 8.

Connacht Tribune (1977) 'Night of Fun at the Taibhdhearc', 18 Feabhra: 13.

Connacht Tribune (2002) 'A treat of quality events at Irish language festival', 15 Márta: 33.

Connacht Tribune (2009) 'Dance and theatre', 5 Meitheamh: 57.

Connacht Tribune (2010) 'Well known play gets good production despite obstacles', 22 Deireadh Fómhair: 33.

- Connacht Tribune* (2018a) 'Drámaíocht', 9 Márta: 55.
- Connacht Tribune* (2018b) 'Cripil Inis Meáin sa Taibhdhearc', 23 Márta: 56.
- Connacht Tribune* (2018c) 'Aisteoirí Chois Fharráige ag dul go Boston', 16 Samhain: 62.
- DalGLISH, D. (1997) 'The Cripple of Inishmaan review', *London Theatre*, 18 Eanáir. Ar fáil ag: <https://www.londontheatre.co.uk/reviews/the-cripple-of-inishmaan-1997> (Arna rochtain: 16 Samhain 2020).
- Donegal News* (2000) 'Beauty Queen of Leenane for Gweedore', 17 Márta: 34.
- Evening Echo* (1968) 'Cork Treat for Dramagoers', 14 Meitheamh: 5.
- Evening Echo* (2014) 'Scéalta ó Mhúscraí', 23 Aibreán: 13.
- Evening Herald* (1937) 'An Comhar Drámuíochta', 9 Deireadh Fómhair: 5.
- Evening Herald* (1972) 'The Genius of Synge', 28 Iúil: 9.
- Freeman's Journal* (1910) 'The Abbey Theatre: Production of Mr. J.M. Synge's Posthumous Work', 14 Eanáir: 5.
- Freeman's Journal* (1911) 'The Tinker's Wedding and Where There is Nothing', 21 Samhain: 8.
- Freeman's Journal* (1923) 'Ailleacht Cainte — Foghraíocht is Drámaí', 14 Nollaig: 8.
- Independent* (2019) 'The Cripple of Inishmaan Review', *Independent*, 2 Feabhra. Ar fáil ag: <https://www.independent.ie/entertainment/theatre-arts/the-cripple-of-inishmaan-review-colourful-characters-light-up-this-very-black-comedy-37771026.html> (Arna rochtain: 16 Samhain 2020).
- Irish Examiner* (1910) 'Literary and Scientific Society', 29 Deireadh Fómhair: 12.
- Irish Independent* (1906a) 'The Abbey Theatre', 23 Eanáir: 6.
- Irish Independent* (1906b) 'A Successful Performance', 12 Samhain: 6.
- Irish Independent* (1908) 'A New Play by J.M. Synge', 27 Eanáir: 7.
- Irish Independent* (1931) 'Irish Classic Staged, Gaelic Theatre in Galway', 3 Márta: 6.
- Irish Independent* (1937) 'Déirdre an Bhróin — Dráma Gaedhilge', 13 Deireadh Fómhair: 14.
- Irish Independent* (1962) 'Three Play by Gaeltacht Group', 24 Feabhra: 9.
- Irish Independent* (1968) 'Galway Memories', 7 Meitheamh: 14.

- Irish Independent* (1970) 'Crisp Criticism of Oireachtas Play', 15 Aibreán: 9.
- Irish Press* (1934) 'Déirdre an Bhróin — Synge's Tragedy in Irish at Galway', 18 Nollaig: 9.
- Irish Press* (1937) 'Déirdre an Bhróin', 13 Deireadh Fómhair: 11.
- Irish Times* (1903) 'The Irish National Theatre', 7 Deireadh Fómhair: 7.
- Irish Times* (1906) 'The National Theatre Company', 26 Bealtaine: 9.
- Irish Times* (1907a) 'That Dreadful Play', 30 Eanáir: 9.
- Irish Times* (1907b) 'More Disturbances at the Abbey Theatre', 31 Eanáir: 5.
- Irish Times* (1907c) 'Further prosecutions', 4 Feabhra: 9.
- Irish Times* (1910) 'Our London Letter: Abbey street Theatre', 4 Meitheamh: 10.
- Irish Times* (1996a) 'A new force from Galway again', 6 Feabhra: 8.
- Irish Times* (1996b) 'Drama sails to seven islands', 27 Samhain: 12.
- Irish Times* (1996c) 'Posadh an Tincéara/Chun na Farráige Sios On Tour', 8 Lúnasa: 6.
- Irish Times* (1997) 'The Image Maker', 12 Meitheamh: 13.
- Irish Times* (1999a) 'Gained in translation', 12 Deireadh Fómhair: 12.
- Irish Times* (1999b) 'Subtle staging, outstanding cast', 25 Deireadh Fómhair: 17.
- Irish Times* (2002) 'Ualach an Uaignis', 29 Márta: 12.
- Irish Times* (2003) 'Ualach an Uaignis', 29 Deireadh Fómhair: 13.
- Irish Times* (2005) 'Druid takes main honours as Hynes earns special award', 14 Feabhra: 5.
- Irish Times* (2009) "'Cripil Inis Meáin" enjoys the setting sun', 21 Iúil: 14.
- John Bowman's weekly archive programme* (2022), RTÉ Radio 1, 29 Bealtaine. Ar fáil ag: <https://www.rte.ie/radio/radio1/bowman-sunday-830/programmes/2022/0529/1301818-bowman-sunday-830-sunday-29-may-2022/> (Arna rochtain: 2 Meitheamh 2022).
- Kilkenny People* (1999) 'Gan teideal', 15 Eanáir: 24.
- Limerick Leader* (1935) 'Gaelic Drama — Important Movement', 21 Deireadh Fómhair: 9.
- Limerick Leader* (1944) 'An Casán Garbh — Worthy Production', 20 Samhain: 2.

Stáitse (2005) ‘Óráid Portia ó *The Merchant of Venice*’, in *Iris na Drámaíochta Gaeilge*. Gaillimh: An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta.

Southern Star (1996) ‘Druid to make major tour in Skibbereen’, 19 Deireadh Fómhair: 14.

The Church of Ireland Gazette (1959) ‘J.B.S’, 14 Lúnasa: 1.

The Drogheda Independent (2014) ‘TWO ACTORS’, 4 Bealtaine: 62.

The Herald (Glasgow) (2005) ‘Druid Theatre are staging all six of his works’, 25 Lúnasa: 16.

The Liberator (1928a) ‘At Dingle’, 24 Eanáir: 7.

The Liberator (1928b) ‘Two Plays in Irish’, 5 Meitheamh: 6.

The Nationalist (Tipperary) (1999) ‘Drama group stage black comedy hit’, 9 Eanáir: 9.

The New York Times (1999) ‘The Real Ireland, Some Think’, 25 Aibreán: 5.

The Observer (1996) ‘The weeks in Reviews: BACKSTAGE: He compares himself with the young Orson Welles. Oh dear ...’, 1 Nollaig: 13.

The Times (1997) ‘Outlook miserable and completely bracing’, 24 Meitheamh: 21.

Tuairisc.ie (2021) ‘Sár-aisteoir agus fear lách’ — Tom Sailí Ó Flaithearta ar shlí na fírinne’, 15 Aibreán. Ar fáil ag: <https://tuairisc.ie/sar-aisteoir-agus-fear-lach-tom-saili-o-flaithearta-ar-shli-na-firinne/> (Arna rochtain: 22 Márta 2022).

Tuam Herald (1906) ‘The National Theatre Society of Dublin’, 17 Samhain: 4.

Tuam Herald (1931) ‘Gan teideal’, 7 Márta: 3.

Waterford News and Star (1914) ‘Gan teideal’, 18 Nollaig: 6.

Weekly Irish Times (1904) ‘Irish National Theatre Society’, 24 Nollaig: 13.

Western People (1913) ‘The Irish Literary Revival — The Celtic Temperament’, 3 Bealtaine: 9.